Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# DRÉACHTBHUISÉAD 2024

# DRAFT BUDGET 2024

# CLÁR NA NÁBHAR

TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH ..... 2

TUARASCÁLACHA RANNÁIN LENA N-ÁIRÍTEAR TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR DHUL CHUN CINN PHLEAN CORPARÁIDEACH CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 2020 - 2024 ..... 13

TITHÍOCHT AGUS AN FHREAGAIRT DON GHÉARCHÉIM SAN ÚCRÁIN ..... 15

AN POBAL, FORBAIRT TUAITHE AGUS SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA ..... 50

BONNEAGAR AGUS OIBRÍOCHTAÍ DÓITEÁIN & MÓRSHEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA ..... 120

FORBAIRT AGUS PLEANÁIL EACNAMAÍOCH ..... 154

AN COMHSHAOL, AN T-ATHRÚ AERÁIDE, ACMHAINNÍ DAONNA, TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE AGUS DIGITIÚ ..... 168

AIRGEADAS AGUS MÓTARCHÁIN ..... 184

CLÁR CAIPITIL 3 BLIANA 2024 – 2026 ..... 189

## TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

**CHUIG GACH BALL DEN CHOMHAIRLE**

**DRÉACHTBHUISÉAD DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2024**

**Chuig An Cathaoirleach and gach Ball den Chomhairle**

**Réamhrá:**

Leis seo cuirim Dréachtbhuiséad 2024 faoi bhur mbráid, mar aon le tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn an Phlean Chorparáidigh a chuir na Stiúrthóirí Seirbhíse le chéile maidir le gníomhaíochtaí ina réimsí feidhme.

De réir cheanglais reachtúla Alt 102 agus 103 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú), rinne an Grúpa um Beartas Corparáideach breithniú ar shaincheisteanna maidir leis an nDréachtbhuiséad a ullmhú ar an 20 Samhain agus ag an gceardlann bhuiséid a reáchtáladh ar an 29 Samhain 2023.

Rinne an Chomhairle breithniú agus cinneadh maidir leis an bhfachtóir coigeartaithe áitiúil don Cháin Mhaoine Áitiúil ag an gcruinniú a tionóladh ar an 23 Deireadh Fómhair 2023. Chinn an Chomhairle gan ráta na Cánach Maoine Áitiúla a athrú. Cuireadh fáilte roimh leithdháileadh breise ar mhaoiniú bonnlíne an Chontae tar éis don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar. Mar sin féin, leanfaidh mé orm ag déanamh idirchaidrimh le hoifigigh shinsearacha sa Roinn Tithíochta chun maoiniú breise a lorg do Chontae na Gaillimhe.

Deimhníodh na tréimhsí forordaithe do chruinniú buiséid 2024 agus cúrsaí a bhaineann leis an mbuiséad i gCiorclán Airgeadais 06/2023 dar dáta an 23 Lúnasa 2023. Is í an tréimhse fhorordaithe ar gá an cruinniú buiséid a thionól lena linn ná an 1 Samhain go dtí an 8 Nollaig 2023. Tionóladh na cruinnithe don dréachtphlean buiséadach sna cúig Cheantar Bhardasacha idir an 16 Deireadh Fómhair agus an 17 Samhain 2023, de réir mar ba ghá.

Féadfaidh an Chomhairle, le rún, an Dréachtbhuiséad a leasú ach tá oibleagáid uirthi an Dréachtbhuiséad a ghlacadh fara leasú nó gan leasú agus an ráta bliantúil luachála a bheidh le tobhach a chinneadh i gcomhréir leis an mbuiséad a ghlacfar amhlaidh. Ní mór don Chomhairle an próiseas reachtúil a chur i gcrích laistigh de thréimhse 14 lá. Fágann sin gur féidir an cruinniú reachtúil atá beartaithe don 4 Nollaig 2023 a chur ar atráth, más gá, ach caithfear an próiseas a chríochnú faoin 18 Nollaig 2023.

**An Cháin Mhaoine Áitiúil (LPT):**

Faoin tsamhail nua maoinithe na Cánach Maoine Áitiúla, comhlíonfaidh an Státchiste an maoiniú comhionannaithe ar fad chun a chinntiú go bhfaighidh gach údarás áitiúil, ar a laghad, méid atá coibhéiseach leis an mbonnlíne atá acu. Ós rud é go bhfuil na fáltais réamh-mheasta don Cháin Mhaoine Áitiúil do 2024 níos lú ná bonnlíne na Comhairle, déanfar íocaíocht um chomhionannú le Comhairle Chontae na Gaillimhe de réir mar a leagtar amach thíos. Is é an leithdháileadh a gheobhaidh an Chomhairle ón gCáin Mhaoine Áitiúil in 2024 mar sin, ná €20,309,071. Is mór againn an leithdháileadh seo a chuirfidh leis an maoiniú bonnlíne ach ba mhaith linn a rá mar sin féin, go rabhamar ag súil le leithdháileadh níos airde, mar gheall ar an athbhreithniú a rinneadh le déanaí ar mhaoiniú bonnlíne.

| **Comhairle Chontae na Gaillimhe - Leithdháileadh LPT** | | |
|---|---|---|
| | **2024**<br>**€** | **2023**<br>**€** |
| Bonnlíne | 20,309,071 | 14,517,890 |
| | | |
| LPT coinnithe go háitiúil | 15,299,282 | 14,362,329 |
| Easnamh ón gciste comhionannaithe | 5,009,789 | 155,561 |
| Iomlán an Mhaoinithe LPT le soláthar | 20,309,071 | 14,517,890 |
| | | |
| Maoiniú Breise do 2024 mar gheall ar athbhreithniú bonnlíne | 5,791,181 | |

Go ginearálta, is éard is deontais chomhionannaithe ann ná íocaíochtaí a dhéantar le húdaráis áitiúla a bhfuil boinn chánach níos lú acu (agus/nó riachtanais chaiteachais níos airde acu) mar gheall ar ghníomhaíocht eacnamaíoch níos lú, a eascraíonn de ghnáth as próifíl shocheacnamaíoch agus cúinsí limistéar an údaráis áitiúil. Ós rud é gurb í Comhairle Chontae na Gaillimhe an dara ceantar údaráis áitiúil is mó sa tír ó thaobh an sciar den cheantar atá faoin tuath de, agus cónaí ar níos mó ná 75 faoin gcéad den daonra i gceantair tuaithe, ba cheart, i bprionsabal, go mbeadh aistrithe suntasacha á bhfáil aici chun críocha comhionannaithe.

Tá an Cháin Mhaoine Áitiúil ar an mbeagán foinsí inar féidir leis an gComhairle ioncam suntasach breise a thiomsú tríd an ráta áitiúil a athrú. Chuirfeadh an méadú a bhí molta i mo thuarascáil ar an gCáin Mhaoine Áitiúil dar dáta an 25 Meán Fómhair 2023, €2.3m breise ar fáil chun tacú le seirbhísí atá ann cheana féin agus chun deiseanna breise maoinithe deontais a ghiaráil. Mura n-athrófar an ráta áitiúil, ní athróidh an t-ioncam ón gCáin Mhaoine Áitiúil ach an oiread, mar a thagann méadú seasta ar chostais na seirbhísí poiblí a bhfuil an t-ioncam ón LPT ceaptha tacú leo. Agus an scéal mar atá, ní mór dom aird a thabhairt ar an tionchar a bheidh aige seo ar sheirbhísí poiblí dá bharr.

**Tacaíochtaí ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta**

Sna blianta roimhe seo, d'fháiltigh Comhairle Chontae na Gaillimhe roimh thacaíocht bhreise ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. D'fhág an tacaíocht seo go raibh maoiniú foriomlán tacaíochta ar luach breis is €12m ag Comhairle Chontae na Gaillimhe in 2023, lena n-áiríodh pá, pinsin agus tacaíochtaí eile. Sa bhliain reatha, áfach, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tar éis leithdháileadh sealadach €8,897,619 a fháil maidir leis na costais bhreise a thiocfaidh chun cinn in 2024 mar gheall ar na Comhaontuithe Náisiúnta Pá. Chun críocha faisnéise, leagaim amach miondealú na dtacaíochtaí seo ó 2023 go 2024 anseo thíos.

| | **2023**<br>**€** | **2024**<br>**€** | **Athrú**<br>**€** |
|---|---:|---:|---:|
| **Párolla** | 8,161,780 | 8,897,619 | 735,839 |
| **Fuinneamh agus boilsciú** | 1,752,047 | NIALAS | 1,752,047 |
| **Deontas Speisialta Aonuaire** | 2,755,433 | NIALAS | 2,755,433 |

**Príomhchoigeartuithe Buiséid**

Léirítear sna táblaí buiséid gurb é €173,000,119 an dréachtbhuiséad do 2024 i gcomparáid le €158,884,698 mar a bhí ann in 2023. Tuigfidh comhaltaí go mbaineann formhór an bhuiséid in aon bhliain le costais neamh-lánroghnacha. Áirítear leis na costais seo muirir iasachta, párolla, pinsin, árachas, éilimh reachtúla agus caiteachas contra a fhaigheann tacaíocht go hiomlán nó go páirteach ó ioncam deontais a fhaightear ar bhonn an t-ioncam a bheith sannta do sheirbhís phoiblí ar leith.

Tá an Grúpa um Beartas Corparáideach agus an Chomhairle ina hiomláine tar éis staid reatha airgeadais na Comhairle a phlé go mion agus is ceist thábhachtach í fós, an maoiniú atá ar fáil don Chomhairle. Mar a thug mé le fios i mí Mheán Fómhair, tá gá le maoiniú breise i mbeagnach gach réimse de ghníomhaíocht na Comhairle, lena n-áirítear cothabháil tithíochta agus eastáit, cothabháil bóithre, leabharlanna, glanadh sráide, bearradh ciumhaiseanna, áiseanna snámha, turasóireacht agus forbairt eacnamaíoch.

Faoi Bhuiséad 2024, tiocfaidh méadú ar chaiteachas gach réimse cláir agus cé go mbeidh dúshláin shuntasacha airgeadais os comhair na Comhairle arís in 2024, tá sé i gceist agam tús a chur leis an bhfeachtas earcaíochta foirne a bhfuil géarghá leis mar chuid dár n-iarrachtaí do Phleanáil Straitéiseach um Fhórsa Saothair. Beidh costas párolla níos airde mar thoradh ar an bhfoireann bhreise agus cuirtear é sin san áireamh i nDréachtbhuiséad 2024. Ní mór don Chomhairle foráil a dhéanamh freisin do phinsin agus d'aiscí nua anuas ar na méaduithe do phinsin atá ann cheana féin. Tuigfidh comhaltaí go bhfuil boilsciú ag feidhmiú ar thart ar 5% agus beidh tionchar aige seo ar chostas na n-earraí, na seirbhísí agus na gconarthaí go léir. Tá méadú suntasach tagtha ar chostas an fhuinnimh, rud eile a mbeidh tionchar aige ar Bhuiséad 2024.

Mar gheall ar an ioncam breise, is leathnú atá i mbuiséad foriomlán 2024 ar bhuiséad 2023, rud a chuirfidh ar chumas Chomhairle Chontae na Gaillimhe líon na bhfostaithe agus na seirbhísí a mhéadú in 2024. Beidh roinnt méaduithe dosheachanta caiteachais agus laghduithe ioncaim roimh Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2024. Cé gur leag mé béim ar chuid de na príomhathruithe seo sa Tábla thíos, níl ann ach léiriú táscach agus ní mór don Chomhairle breithniú a dhéanamh ar na Táblaí Reachtúla A-F.

| **Foinsí Ioncaim** | **Dréachtbuiséad 2024 €'000** |
|---|---|
| Deontais agus Fóirdheontais | 79,203 |
| Rátaí | 36,936 |
| Leithdháileadh na Cánach Maoine Áitiúla | 20,309 |
| Cíosanna & Iasachtaí (lena n-áirítear an Scéim Cóiríochta Cíosa) | 11,307 |
| Forchúiteamh Uisce Éireann | 6,990 |
| Táillí Páirceála agus fíneálacha | 742 |
| Ranníocaíochtaí an Údaráis Áitiúil | 8,626 |
| Ioncam ilghnéitheach eile | 8,887 |
| **Iomlán** | **173,000** |

**Clár Oibre 2024**

Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe, mar phríomhúdarás reachtúil sa Chontae, clár suntasach oibreacha agus seirbhísí poiblí a sheachadadh in 2024 ar mhaithe le saoránaigh agus le geilleagar an Chontae.

Ó bunaíodh Fóram Freagartha Phobal na hÚcráine i mí Aibreáin 2022, tá an Stiúrthóireacht Tithíochta ag leanúint ar aghaidh agus le glaonna a fhreagairt ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY) chun cúnamh a chur ar fáil maidir le cóiríocht éigeandála a aimsiú agus a sholáthar. Táimid ag leanúint orainn ag obair leis an Rialtas ar fhreagairt ghéarchéim na hÚcráine, le riaradh an chláir www.offerahome.ie.

Ina theannta sin, forbróidh an Stiúrthóireacht Tithíochta réitigh tithíochta mhodúlacha agus réitigh tithíochta eile le linn 2024 i gcomhar le gníomhaireachtaí eile amhail DCEDIY, an Chrois Dhearg, na Seirbhísí Cóiríochta um Chosaint Idirnáisiúnta (IPAS) agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM). Mar Údarás Tithíochta an Chontae, leanfaidh an Chomhairle seo uirthi ag déanamh gach rud agus is féidir chun tacú le freagairt dhaonnúil na tíre ar chás na dteifeach.

Ina theannta sin, tá ról lárnach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe maidir le tionscnaimh tithíochta éagsúla a chur i bhfeidhm faoi Phlean Gníomhaíochta an Rialtais maidir le tithíocht

agus easpa dídine. Leagtar spriocanna uaillmhianacha amach sa Phlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta chun 1,717 aonad tithíochta sóisialta a sheachadadh idir 2022 agus 2026. Tá dul chun cinn á dhéanamh leis an gclár oibre seachadta tithíochta. Pléann Cuid 5 den chlár le hincháilitheacht roinnt limistéar sa Chontae le haghaidh Tithíocht ar Cíos de réir Costais, agus le teagmháil réamhghníomhach a dhéanamh leis an Roinn (maidir le Tithe Inacmhainne/Tithe Folmha/Léasú agus CALF/CAS), agus le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (AHBanna), gníomhartha lena gcuirfear an clár ag gluaiseacht sa treo ceart. Tá an buiséad atá ar fáil do chothabháil tithíochta agus do bhainistiú eastáit níos lú ná an méid atá ag teastáil, ach tá buiséad €646,615 ar fáil in 2024 chun an t-achar a theastaíonn chun réadmhaoin a athligean ar cíos a laghdú agus chun aonaid fholmha a chur i mbun seirbhíse arís. Tá sé mar sprioc ag Comhairle Chontae na Gaillimhe deireadh a chur leis an easpa dídine (clár nua tithíochta tacaithe), soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú agus tacú le cuimsiú sóisialta. Le linn 2023 seachadadh beagnach 300 aonad tithíochta sóisialta. In 2024, trínár bhfeidhmeanna reachtúla faoi seach a chur i bhfeidhm, leanfaimid orainn ag díriú ar thithíocht shóisialta, inacmhainne agus tionachta measctha a sholáthar. Leanfar ar aghaidh leis an Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta (HAP) a chur chun cinn ar fud an Chontae. In 2024, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh chun a gníomhartha maidir leis an bPlean Cóiríochta don Lucht Siúil a sheachadadh.

Ós rud é nach bhfaighidh an Chomhairle fógra faoina deontais do bhóithre go dtí tús 2024, bunaíodh an dréachtbhuiséad seo ar na leithdháiltí deontais do 2023. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an leithdháileadh in 2024. Mura dtiocfaidh, beidh droch-thionchar ag an mboilsciú ar tháirgeacht na n-oibreacha. Rinne an Chomhairle oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin ar níos mó ná 393km den ghréasán bóithre le maoiniú ó dheontais éagsúla in 2023. Tá €868,000 breise i mbuiséad 2024 do bhóithre áitiúla.

Ina theannta sin, tá foráil curtha san áireamh le haghaidh glantachán sráide. Tacóidh Bonneagar Iompair Éireann (TII) agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) leis an gComhairle in 2024 chun roinnt tionscadal caipitil a bhfuil tábhacht ag baint leo a chur chun cinn.

I mí Eanáir 2023, chuir an Ard-Chúirt an t-iarratas ar fhaomhadh Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe ar ais chuig an mBord Pleanála lena bhreithniú tuilleadh. Táthar ag súil le hiarratais bhreise faisnéise ón mBord Pleanála agus freagróidh Comhairle Chontae na Gaillimhe, agus í ina príomhúdarás ar an tionscadal, freagra ar aon iarratas ar fhaisnéis. Beidh na freagraí sin chomh cuimsitheach agus is féidir agus seolfar iad ar ais chomh luath agus is féidir.

In 2023, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe €3m faoi chiste an Údaráis um Thaisteal Gníomhach d’oibreacha Taisteal Gníomhach ar fud an Chontae. Áirítear leis seo pleananna d’iompar áitiúil, staidéir faoi iompar pobail, tionscadail dearadh uirbeach, suiteáil cosán, lánaí rothaíochta, soilsiú poiblí, páirceáil rothar agus trasrianta coisithe.

Tosóidh an Glasbhealach 28km ó Ghaillimh - Uachtar Ard ag an Ard-Eaglais i gCathair na Gaillimhe agus críochnóidh sé ag bóthar an stáisiúin in Uachtar Ard. Cuireadh tús le Céim 3, Dearadh agus Meastóireacht Comhshaoil, i mí na Samhna 2023. Tógfaidh sé thart ar dhá mhí dhéag an chéim seo a chur i gcrích. Cuirfear iarratas ar chead pleanála isteach chuig an mBord Pleanála ag Céim 4 in 2024 sula ndéanfar an glao ar thairiscintí tógála.

Tógfar stráice 23km idir an Clochán agus Sraith Salach in 2024, ar an nGlasbhealach idir an Clochán – Uachtar Ard. Tá 14km den bhealach críochnaithe agus oscailte don phobal faoi láthair agus tá 6km eile á thógáil. Tá cainteanna ar bun faoi láthair le húinéirí talún chun na tailte a theastaíonn chun an Glasbhealach tábhachtach seo a chur i gcrích a cheannach.

Tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le hOifig na n-Oibreacha Poiblí (OPW) ar iarratais ar Scéim Faoisimh Tuilte d'Órán Mór, do Dhroichead an Chláirín, do Chinn Mhara agus Deisceart na Gaillimhe, chomh maith le Béal Átha na Sluaighe agus an Clochán. Leanfaidh sí ar aghaidh ag lorg maoinithe chun na hoibreacha seo agus mionoibreacha faoisimh tuilte eile a dhearadh agus a sheachadadh. Beidh luach ollmhór ag baint leis na hoibreacha seo do phobail áitiúla, mar is léir ón tionchar a bhí ag Stoirm Debi le déanaí. Faoin gClár Athshlánúcháin Droichead leithdháileadh maoiniú ar 12 dhroichead. B'fhiú €630,000 san iomlán an maoiniú seo in 2023. Tá dearaí agus oibreacha fós ar siúl ina leith agus táthar ag súil go mbeidh na hoibreacha críochnaithe faoi dheireadh mhí na Samhna. Chuireamar aighneacht faoi bhráid na Roinne chun 14 Dhroichead a athshlánú in 2024. Tá €815,000 san iomlán le faomhadh chuige seo.

Cé go bhfuil tábhacht ag baint le feidhm mhuirí na Comhairle, agus 689Km de chósta, 4 oileán a bhfuil daoine ina gcónaí iontu agus go leor céanna, cuanta agus fánáin idir bheag agus mhór sa Chontae, tá ganntanas mór acmhainní i gceist fós. Mar gheall air seo, chuir an Chomhairle leithdháileadh €250,000 ar fáil óna hacmhainní féin in 2023 don chlár leanúnach cothabhála muirí. Earcaíodh Máistir Cuain d'Inis Oírr in 2023 agus cuireadh oibreacha feabhsaithe i gcrích ag céanna ag Baile na Cora, Coillín Árann, Doire Inbhir, An Máimín, Cill Chiarán, Cill Rónáin, Cloch na Rón, Cinn Mhara, Gairfrian, Caiseal, an Pollach agus an Cloigeann le maoiniú ón scéim BALAMI. In 2024, tá sé i gceist againn maoiniú breise a chur ar fáil d'oibreacha éigeandála sa limistéar muirí agus chun cur le saineolas pleanála mara na Comhairle.

Tá gá le hinfheistíocht shuntasach chun árthaigh nua a fháil a thiocfadh in ionad flít iompair na Comhairle atá ag dul in aois anois. Tugadh faoi athbhreithniú ar an gClós Innealra in 2023 agus cuireadh tús le hathsholáthar céimnithe feithiclí. Beidh tuilleadh feithiclí le ceannach in 2024.

In 2024, leanfar ar aghaidh le hoibreacha atá ar bun chun na meaisíní nua grianchumhachtaithe íoc agus taispeáin a shuiteáil ar fud an Chontae. Cuirfidh an obair seo le hathsholáthar na seanmheaisíní pháirceála íoc agus taispeáin a rinneadh cheana féin in 2023. Suiteáladh 57 meaisín nua sa Ghort agus i mBaile Átha an Rí. Déanfar 48 aonad eile a athsholáthar mar chuid den chéim dheireanach in 2024 i mBéal Átha na Sluaighe, sa Chlochán agus sa Chloigeann.

Chun na spriocanna reachtúla Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh atá leagtha síos ag an Rialtas a chomhlíonadh, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta chun na soilse poiblí neamhéifeachtúla go léir sa Chontae a aisfheistiú le haonaid LED atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh de. Tá súil againn go rachaidh an obair seo ar aghaidh go tapa in 2024 agus muid ag obair i gcomhar le Comhairle Contae Mhaigh Eo a bheidh ag feidhmiú mar cheannródaí réigiúnach.

Shínigh Co. na Gaillimhe agus Uisce Éireann máistir-chomhaontú comhoibrithe, le héifeacht ón 20 Meán Fómhair 2023, lena n-aistrítear feidhmeanna seirbhísí uisce na Comhairle chuig Uisce Éireann. Déanfar bainistíocht agus aistriú na foirne a bheidh ag bogadh chuig Uisce Éireann a bhainistiú ar bhealach stuama agus comhordaithe le linn 2024.

Chonaiceamar béim láidir á leagan ar phríomhchuspóirí straitéiseacha Phlean Forbartha an Chontae 2022 – 2028 a sheachadadh le linn 2023. Chonacthas seo i réimsí amhail forbairt gheilleagrach, iompar agus gluaiseacht earraí agus daoine, athrú aeráide, fuinneamh agus

acmhainní in-athnuaite agus turasóireacht. In ainneoin an dul chun cinn seo, tá ganntanas acmhainní fós ann ó thaobh fheidhm phleanála na Comhairle de. Is dúshlán seasta é na riachtanais reachtúla seanbhunaithe agus nua araon a chomhlíonadh dá thoradh seo i.e. dlínse nua pleanála spásúlachta muirí, reachtaíocht agus córais nua náisiúnta pleanála. Agus an dul chun cinn seo ag dul ar aghaidh, ní mór don Chomhairle cothromaíocht a bhaint amach idir an cur chuige forbartha atá acu ar son na hinbhuanaitheachta sa phróiseas cinnteoireachta, agus an dualgas chun an timpeallacht luachmhar atá againn a chosaint.

Ullmhaíodh agus foilsíodh na léarscáileanna Talún Criosaithe Cónaithe ar an 1 Samhain 2022. Tá an próiseas seo ag ídiú acmhainní fós i réimsí amhail achomhairc RZLT agus cúinsí a thagann chun cinn dá bharr, i.e. na léarscáileanna RZLT atá le foilsiú ar an 1 Nollaig 2023. Tá géarghá le hacmhainní breise i limistéir phleanála agus réamhphleanála chomh maith le forbairt gheilleagrach a chur chun cinn ar fud an Chontae.

Tá an córas ríomhphleanála ag feidhmiú anois d'fhormhór na n-iarratas pleanála, na n-aighneachtaí agus na n-iarratas faoi Chuid VIII agus aighneachtaí poiblí.

Agus Contae na Gaillimhe á chur chun cinn ó thaobh forbartha geilleagraí de, leanfaimid orainn ag obair go dlúth le IDA, le Fiontraíocht Éireann agus le páirtithe leasmhara eile chun infheistíocht isteach a mhealladh chun forbairt gheilleagrach a spreagadh agus chun poist a chruthú ar fud Chontae na Gaillimhe. Tá fáil ar bhonneagar agus ar rochtain den scoth mar chuid de Chonair Gheilleagrach Straitéiseach na Gaillimhe, a shainaithnítear i bPlean Forbartha an Chontae. Déanfaimid gníomh chun braislí fiontair móra, luachmhara a mhealladh chuig an mbunachar talún atá curtha le chéile ag IDA, agus ag na Comhairlí Contae agus Cathrach sa cheantar seo. Faoin gCiste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach (URDF) leanfaimid orainn ag obair le hIarnród Éireann agus le comhpháirtithe eile le linn 2024 chun an lúb thrasnaithe ag an nGarrán a chur chun cinn agus chun carrchlós breise agus creatphlean uirbeach a dhearadh do cheantar an Gharráin. Táimid ag súil le feabhsuithe suntasacha nua ag stáisiún Órán Mór in 2024 a thiocfaidh i bhfeidhm go luath in, nó i lár 2025.

Tá iarláithreán Aerfort na Gaillimhe san áireamh i bPlean Forbartha an Chontae agus é mar aidhm againn Campas Nuálaíochta, Gnó agus Teicneolaíochta a dhéanamh de a mheallfaidh agus a dhaingneoidh infheistíocht fhadtéarmach i nGaillimh agus i Réigiún Chonnacht agus a bheidh mar bhonn agus mar thaca le forbairt eacnamaíoch Limistéar Cathrach na Gaillimhe. I gcomhpháirtíocht le IDA, cuirfidh an Chomhairle pleananna d'fhorbairt an láithreáin chun cinn in 2024 agus cuirfear tús le máistirphlean láithreáin a ullmhú mar chuid de chuspóirí Phlean Forbartha an Chontae.

Tá suim mhór leanúnach in Earnáil an Bhia i nGaillimh, i.e. i bhForbairt Champas Nuálaithe BIA i mBaile Átha an Rí, áit a bhfuil an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le Campas Nuálaithe BIA CLG chun céim chaipitil/tógála an tionscadail a chur i gcrích agus chun a chinntiú go gcomhlíonann sí riachtanais na Comhairle, an Phobail agus páirtithe leasmhara níos leithne chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch/fiontraíochta. I Ráithe 1, 2024, osclófar Campas BIA Bhaile Átha an Rí go hoifigiúil agus i gcomhpháirtíocht le BIA, cuirfidh an Chomhairle roinnt iarratas isteach ar mhaoiniú ón AE. Le linn 2024, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair le hearnáil Ealaíon agus Scannánaíochta na Gaillimhe chun tionscnaimh san earnáil chruthaitheach a chur chun cinn ar fud an Chontae.

In 2024, tabharfaidh an Chomhairle tús áite d'athghiniúint uirbeach agus tuaithe. Rachaimid i ngleic le fadhb na maoine folmha agus an dearóilithe sna príomhbhailte agus sráidbhailte sa Chontae. Go dtí seo, d'éirigh le Comhairle Chontae na Gaillimhe maoiniú €2m a fháil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi ghlao 3 den URDF (Ciste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach) chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb na maoine folmha agus ar an dearóiliú i mbailte an Chontae. In 2024, beidh orainn buiséadú a dhéanamh le haghaidh gnéithe cómhaoinithe breise de thionscadail rathúla RRDF agus URDF araon.

Chomh maith leis sin, leanfaimid orainn ag lorg maoinithe do thionscadail in 2024 faoin Scéim um Athghiniúint Tuaithe, Bonneagar Áineasa Lasmuigh (ORIS), Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte, Feabhsú Sráide, Clár, Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (LIS) agus scéimeanna eile de réir mar is cuí. Tá sé mar aidhm ag Beartas na Roinne, Lár an Bhaile ar dTús, do Bhailte agus do Shráidbhailte, tacú le hathghiniúint agus le forbairt bailte agus sráidbhailte, agus chun cur ar chumas an phobail a bheith ag cur fúthu agus a bheith ag obair i dtimpeallacht bhríomhar. Ceapadh Oifigeach Athnuachana Bhaile Chontae na Gaillimhe i Meitheamh 2023. Ainmníodh an Gort mar bhaile píolótach don phlean Lár an Bhaile ar dTús do Chontae na Gaillimhe. Bunaíodh Foireann fhoirmiúil don Bhaile chun cabhrú le plean Lár an Bhaile ar dTús (TCF) a sheachadadh. I measc na n-ionadaithe ar an bhfoireann tá baill ó ghrúpaí pobail áitiúla, daoine a bhfuil cónaí orthu sa bhaile agus úinéirí gnó. D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar an-dearfach ag cur chuige gníomhachtaithe pobail TCF maidir le feabhsú lár an bhaile ar Chontae na Gaillimhe.

Aithnítear sa Phlean Forbartha Contae na féidearthachtaí a bhaineann leis an turasóireacht mar phríomhspreagadh do bhorradh socheacnamaíoch inbhuanaithe ar fud shuíomhanna uirbeacha, tuaithe, oileáin agus cósta an Chontae. Tá Gaillimh ar cheann de na contaetha is rathúla ó thaobh tairbhe eacnamaíochta de maidir le caiteachas turasóireachta. Ullmhaíodh an chéad Straitéis Turasóireachta sa Chontae ina léirítear creat comhoibríoch d'fhorbairt tionscnamh turasóireachta sna blianta amach romhainn. Tacóidh sé seo le scaipeadh cothrom na mbuntáistí Turasóireachta ar fud an Chontae. Tá an Straitéis i gcomhréir le Straitéis Forbartha Turasóireachta Fháilte Éireann agus sainaithneofar príomhthionscadail straitéiseacha mar chuid di, chun toradh turasóireachta Chontae na Gaillimhe a fheabhsú. Tá acmhainní breise á gcur ar fáil sa bhuiséad do chur chun cinn na turasóireachta.

Mar fhreagra ar oibleagáidí na Comhairle faoi "Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sheachadadh, 2030", tá Aonad nua um Ghníomhú ar son na hAeráide bunaithe agam chun dul i ngleic leis an Athrú Aeráide. Earcaíodh Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, Oifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Oifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide. Cuireadh struchtúr nua rialachais i bhfeidhm lena n-áirítear Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide, Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus Foireann Fuinnimh chorparáideach. Is é misean Chomhairle Chontae na Gaillimhe, mar atá leagtha amach i 'Gníomhú Éifeachtach ar son na hAeráide a Sheachadadh, 2030', ná athrú claochlaitheach agus gníomhú intomhaiste ar son na haeráide a sheachadadh ar fud an Chontae ag tosú laistigh dár n-eagraíocht féin, le dea-cheannaireacht agus dea-shampla a léiriú, agus le gníomhaíocht a spreagadh ag leibhéal áitiúil. Tá áthas orm a fhógairt go bhfuil Dréachtphlean Gníomhaíochta Aeráide na nÚdarás Áitiúil 2024-2029 ullmhaithe againn, agus go bhfuil sé ar taispeáint go poiblí faoi láthair. Leagtar amach sa dréachtphlean seo an chaoi a gcuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe raon beart maolaithe, oiriúnaithe agus bearta eile um ghníomhú ar son na haeráide chun cinn, chun cabhrú leis na hoibleagáidí aeráide náisiúnta agus Cuspóir Aeráide náisiúnta

foriomlán an Rialtais a bhaint amach. Mar phríomhúdarás sa Chontae, léireoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe dea-shampla agus dea-cheannaireacht chun gníomhú ar son na haeráide sa Chontae a sheachadadh. Féachfaimid leis seo an t-aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá neodrach ó thaobh dochar don aeráid de, a dhéanamh agus a bhaint amach go rathúil tráth nach déanaí ná deireadh 2050. Riarfaimid Ciste €726,000 um Ghníomhú ar son na hAeráide atá dírithe ar thionscadail nua ghníomhaíochta pobail.

I measc na dtionscadal atá ar siúl nó atá beartaithe tá iarfheistiú fuinnimh soilsithe poiblí, iarfheistiú tithíochta sóisialta, 70 tionscnamh taisteal gníomhach, straitéis luchtaithe a fhorbairt d'fheithiclí leictreacha (EVanna) agus raon tionscnamh bithéagsúlachta. Beidh tionchar mór ag na tionscadail/gníomhartha seo ar chúrsaí aeráide.

Tuigfidh comhaltaí go rímhaith an luach a bhaineann leis na seirbhísí leabharlainne ar fud an Chontae agus an ról atá ag na leabharlanna chun cur le saol an phobail. Tá an caiteachas ar sheirbhísí leabharlainne i nGaillimh i bhfad faoi bhun an leibhéil a theastódh chun freastal ar mhuintir agus ar phobail Chathair agus Chontae na Gaillimhe mar ba chuí. Cé go bhféadfadh sé roinnt ama a thógáil chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh sin, foráiltear do chistí breise sa dréachtbhuiséad chun leabhair bhreise a cheannach do leabharlanna.

Tá tránna agus limistéir snámha a bhfuil Brat Gorm acu ríthábhachtach don taitneamh a bhaineann muintir na Gaillimhe agus cuairteoirí araon as an timpeallacht nádúrtha atá againn, agus don gheilleagar turasóireachta sa Chontae. Is éard a bhí i gceist le Clár Sábháilteachta Uisce 2023 ná painéal de 45 Maor Trá oilte a earcú chun seirbhísí a sholáthar ag 10 láthair sa Chontae. Áiríodh leis seo sé thrá a bhfuil brat gorm acu agus ag sé shuíomh sa Chathair mar chuid de chomhaontú seirbhíse comhroinnte le Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Léiríodh mar thoradh an mheasúnaithe riosca, go bhfuil géarghá le huasghrádú a dhéanamh ar bhaoithe tarrthála agus ar bhearta sábháilteachta agus tá forálacha breise curtha san áireamh sa dréachtbhuiséad do ghardaí tarrthála agus do bhearta sábháilteachta.

Cuireadh córas iarratas Obair Chumaisc Chomhairle Chontae na Gaillimhe i bhfeidhm Dé Luain, an 3 Iúil 2023. Próiseáladh agus ceadaíodh 275 iarratas ina n-iomláine go dtí seo. Beidh an socrú reatha don obair chumaisc i bhfeidhm ar feadh tréimhse thrialach go dtí an 31 Nollaig 2023. Má éiríonn go maith leis, féadfar é a athnuachan ar bhonn bliantúil ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh.

Tá an chibearshlándáil agus cosaint sonraí agus faisnéise na Comhairle fós ina príomhthosaíocht don aonad Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (ICT), agus don eagraíocht ar fad. Tá gá le slándáil ICT a mhéadú chun monatóireacht agus cosaint a dhéanamh ar ár gcórais go léir ó bhagairtí a bhféadfaí a dhéanamh orthu.

Is léiriú intinne agus tacaíochta d'fhorbairt dhigiteach an Chontae í Straitéis Dhigiteach Chontae na Gaillimhe, i dtréimhse ina bhfuil nascacht á méadú agus úsáid níos airde á baint as seirbhísí digiteacha, teicneolaíochtaí digiteacha agus bonneagar digiteach. Chun tacú le Nascacht don phobal, mhéadaigh Comhairle na Gaillimhe an líon pointí Rochtana Wi-Fi poiblí saor in aisce go 41 in 2023 faoin scéim Wifi4eu, anuas ar na 21 phointe rochtana Wi-Fi Poiblí ó láithreacha Pointí Nasctha Leathanbhanda (BCP). Mar chuid de straitéis dhigiteach nua don eagraíocht in 2024, forbróimid suíomh gréasáin idirghníomhach nua-aimseartha a chuideoidh linn seirbhísí a sholáthar do shaoránaigh an Chontae.

**Soláthar foirne:**

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag feidhmiú le foireann níos lú agus le níos lú acmhainní airgeadais ná Údaráis Áitiúla inchomparáide eile a fheidhmíonn le hacmhainní foirne ina bhfuil thart ar 1,000 ar Choibhéis Lánaimseartha (FTE). Is é 829 an líon foirne reatha i gComhairle Chontae na Gaillimhe ar FTE. Dá mbeadh foireann níos mó ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, bheimis in ann rochtain a fháil ar mhaoiniú agus ar thionscnaimh, agus iad sin a ghiaráil agus a úsáid. Ní hamháin go rachadh sé seo chun tairbhe shaoránaigh agus pháirtithe leasmhara Chontae na Gaillimhe, ach chuirfeadh sé deiseanna ar fáil chomh maith chun modhanna oibre éifeachtúla agus nua a ghiaráil ar mhaithe leis an gComhairle féin. Tugadh faoi Phlean Straitéiseach Fórsa Saothair in 2023, chun scrúdú a dhéanamh ar mar a thagann an soláthar foirne reatha, agus ar mar a thiocfaidh an soláthar foirne amach anseo, le gníomhartha sa Phlean Corparáideach 2024 - 2029. Beidh cur i bhfeidhm na moltaí sa Phlean Straitéiseach Fórsa Saothair faoi réir fhorálacha buiséadacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá earcaíocht agus ath-imscaradh foirne dírithe ar na réimsí tosaíochta a bhaineann le Tithíocht, le Forfheidhmiú don Chomhshaol, le hAthrú Aeráide, Forbairt Eacnamaíoch & Pleanáil agus Ceantair Bhardasacha agus díreofar freisin ar phoist bhreise a ceadaíodh don tSeirbhís Dóiteáin ar Áirithíocht in 2024 a chur i bhfeidhm.

**Rátaí Tráchtála:**

Is iad an dá phríomhfhoinse as ar féidir le húdarás áitiúil ioncam a shaothrú ná an ráta LPT agus an ráta luachála bliantúil do rátaí tráchtála a athrú.

I bhfianaise scála an dúshláin airgeadais atá roimh an gComhairle, beidh mé ag iarraidh ar an gComhairle nua méadú 15% ar an ráta cánach maoine áitiúil do 2024 a cheadú a mbeidh tionchar dearfach aige ar Bhuiséad 2025.

Beidh a fhios ag comhaltaí go bhfuil an Oifig Luachála (VO) ag tabhairt faoi chlár náisiúnta athluachála. I gcás Chontae na Gaillimhe, d'eisigh an Oifig deimhnithe luachála deiridh i Meán Fómhair 2023 agus tiocfaidh na luachálacha nua i bhfeidhm ar an 1 Eanáir 2024. Meastar go bhfanfaidh an ARV táscach mar atá á thuar, ag €0.21. D'eisigh an tAire ionstraim reachtúil i mí na Samhna 2023 a thugann éifeacht do luacháil VO i gContae na Gaillimhe.

**Tograí Caiteachais**

| **Caiteachas de réir Grúpa Cláir** | **Buiséad 2023 €** | **Dréachtbhuiséad Measta 2024 €** |
|---|---:|---:|
| Tithíocht agus Foirgníocht | 19,454,462 | 26,104,453 |
| Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre | 56,507,601 | 58,185,189 |
| Seirbhísí Uisce | 15,879,218 | 17,267,038 |
| Bainistíocht Forbartha | 15,647,985 | 16,418,043 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 22,442,670 | 25,205,877 |
| Áineas agus Conláistí | 10,583,291 | 10,983,220 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 2,816,370 | 2,882,581 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 15,553,101 | 15,953,718 |
| **Iomlán** | **158,884,698** | **173,000,119** |

**Conclúid agus Moladh**

Bhí na tacaíochtaí airgeadais ón Roinn Tithíochta, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil riachtanach agus buiséad inoibrithe á dhréachtú do 2024. Cé nach bhfuil a dóthain maoinithe ag an gComhairle fós i gcomparáid le húdaráis áitiúla inchomparáide eile, is ardú suntasach é caiteachas buiséid agus soláthar seirbhíse 2024 ar 2023. Beidh an caiteachas €173m seo a chaithfear ar rialachas agus ar sholáthar seirbhísí poiblí ríthábhachtach do gheilleagar áitiúil Chontae na Gaillimhe. Leanfaidh mé orm anuas air seo, ag dul i mbun idirbheartaíochta le hoifigigh na Roinne chun maoiniú breise a lorg.

Agus Dréachtbhuiséad 2024 á ullmhú agam, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí go léir as ucht a dtacaíochta le linn 2023. Gabhaim buíochas ach go háirithe leis an gComhairleoir Mogie Maher agus leis an gComhairleoir Liam Carroll as ucht a gcúnaimh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an nGrúpa um Beartas Corparáideach agus le ceannairí an Ghrúpa as a gcuid rannpháirtíocht dhearfach agus réamhghníomhach le linn do bhuiséad 2024 bheith á ullmhú.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an gCeann Airgeadais nua, Katie O'Connor, le gach Stiúrthóir Seirbhíse agus le foireann uile na Stiúrthóireachta Airgeadais as a gcuid oibre chun dréachtbhuiséad 2024 a chur le chéile agus a ullmhú. Tá mé faoi chomaoin ag foireann uile na Comhairle as an bhfáilte ar chuir siad romham agus as an tacaíocht ar thug siad dom i mbliana agus mé i gceannas ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe den chéad uair.

Tá mé muiníneach go gcuirfimid clár oibre luachmhar, ar ardchaighdeán i bhfeidhm do shaoránaigh Chontae na Gaillimhe do 2024 agus amach romhainn, le tacaíocht na gComhaltaí agus na foirne.

Dá réir sin, molaim go nglacfar le Dréachtbhuiséad 2024 mar atá á chur i láthair anseo thíos.

Mise, Le Meas,

***<u>An tUasal Liam Conneally,</u>***

***Príomhfheidhmeannach***,

***Comhairle Chontae na Gaillimhe***.

***An 27 Samhain 2023***.

## TUARASCÁLACHA RANNÁIN LENA N-ÁIRÍTEAR TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR DHUL CHUN CINN PHLEAN CORPARÁIDEACH CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 2020 - 2024

Cuireann Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020- 2024, arna ghlacadh ag Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe, creat ar fáil a chuirfidh ar chumas Chomhairle Chontae na Gaillimhe treoir agus forbairt straitéiseach Chontae na Gaillimhe a threorú don tréimhse 2020 - 2024.

Tacóidh na spriocanna straitéiseacha agus straitéisí tacúla a aithnítear sa Phlean le Comhairle Chontae na Gaillimhe a cuid feidhmeanna a chur i gcrích, tús áite a thabhairt dá gníomhartha, agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn.

Tugann na Tuarascálacha Rannáin seo a leanas léiriú ar an dul chun cinn a baineadh amach le linn 2023 maidir leis na spriocanna straitéiseacha agus leis na straitéisí tacaíochta. Ina theannta sin, leagtar na príomh-mholtaí atá le cur chun cinn in 2024 amach sna Tuarascálacha Rannáin, chun comhlíonadh spriocanna straitéiseacha na Comhairle a chur chun cinn tuilleadh.

### SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

**Rannpháirtíocht Pobail & Cuimsiú Sóisialta**

*"An rannpháirtíocht is leithne agus is féidir a éascú do shaoránaigh maidir le cinnteoireacht ar leibhéal áitiúil agus maidir le forbairt inbhuanaithe an phobail agus an chontae."*

**Forbairt Eacnamaíoch agus Fiontraíochta**

*"Chun forbairt leanúnach agus inbhuanaithe eacnamaíoch agus fiontraíochta an chontae a uasmhéadú."*

**Acmhainn Infreastruchtúir**

*"Chun a chinntiú go bhforbrófar an bonneagar fisiciúil agus sóisialta go leordhóthanach chun tacú leis an bhforbairt eacnamaíoch, agus chun an caighdeán saoil a fheabhsú."*

| | |
|---|---|
| **Cumas Eagrúcháin** | *"Chun cumas eagrúcháin a uasmhéadú trí athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar éifeachtúlacht oibríochtúil, ar bhainistíocht airgeadais agus riosca, agus trínár mBaill Foirne agus Comhaltaí Tofa a fhorbairt."* |
| **Cosaint na Timpeallachta agus na hOidhreachta** | *"Chun ár gcomhshaol, ár gcultúr, ár n-oidhreacht agus ár dteanga a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe leis an nglúin seo agus leis na glúnta atá le teacht"* |
| **Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí** | *"Chun a chinntiú go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí ag croílár gach a ndéanfaimid."* |

# TITHÍOCHT AGUS AN FHREAGAIRT DON GHÉARCHÉIM SAN ÚCRÁIN

## SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA - AG SEACHADADH TITHE ∞ AG TÓGÁIL POBAIL

Leanfaidh Roinn Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh lena cuid oibre chun na cuspóirí seo a leanas a bhaint amach:

- Chun cabhrú le daoine agus le teaghlaigh a riachtanais tithíochta a shásamh i bpobal ina bhfuil daoine ar gach aois, a dtagann ó gach cineál teaghlaigh, gach cúlra eitneach agus gach aicme shocheacnamaíoch.
- Tacaíochtaí idirghníomhaireachta a sholáthar go luath agus roghanna tithíocht sheasmhach agus thacaithe a chur ar fáil do dhaoine gan dídean agus do theaghlaigh chun an spleáchas ar chóiríocht éigeandála a laghdú.
- Dlús a chur le soláthar tithíochta sóisialta dea-bhainistithe agus a bheidh á chothabháil go maith a sheachadadh i bpobail inbhuanaithe chun go bhféadfaidh daoine maireachtáil ann, agus an iarracht is mó agus is féidir a dhéanamh chun timpeallacht thógtha atá neamhdhíobhálach don aeráid a uasmhéadú ag an am céanna.
- A chinntiú go mbaintear an leas is mó agus is féidir as an stoc tithíochta atá ann cheana chun feabhas a chur ar chaighdeán an stoic tithíochta agus chun cur le hathnuachan na timpeallachta tógtha.

## TITHÍOCHT DO CHÁCH – PLEAN NUA TITHÍOCHTA D’ÉIRINN

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Is éard atá in “Tithíocht do Chách” ná plean an rialtais chun an soláthar tithíochta a mhéadú go dtí 33,000 in aghaidh na bliana ar an meán le linn na deich mbliana atá romhainn. Foráiltear sa phlean don mheascán is fearr de thithíocht shóisialta, tithíocht inacmhainne agus tithíocht phríobháideach, le díol agus le ligean ar cíos. Tá an plean bunaithe ar cheithre chonair, a chuirfidh bonn faoi chóras tithíochta níos inbhuanaithe:

- tacú le húinéireacht tí agus le hinacmhainneacht a mhéadú.
- deireadh a chur leis an easpa dídine, soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú, agus tacú le cuimsiú sóisialta.
- soláthar tithíochta nua a mhéadú.
- aghaidh a thabhairt ar fhadhb na dtithe folmha agus úsáid éifeachtúil a bhaint as an stoc tithíochta atá ann cheana.

Faoi “Tithíocht do Chách”, mar a sheol an Rialtas é ar an 2 Meán Fómhair 2021, is ionann na spriocanna bliantúla do Chomhairle Chontae na Gaillimhe don tréimhse 2022 go 2026 agus 1,717 aonad nua tithíochta sóisialta san iomlán.

Leanfar na conairí seo a leanas chun **tithíocht shóisialta a thógáil**:

- Scéim tógáil dhíreach na nÚdarás Áitiúil (Tógáil LA), an Scéim Ceannaigh agus Athnuachana.
- Forbairtí tithíochta lándéanta ó fhorbróirí príobháideacha.

- Ceanglais Chuid V maidir le tithíocht shóisialta agus tithíocht inacmhainne.
- Seachadadh i gcomhpháirt le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (AHB).

Leagtar na spriocanna tógála tithíochta sóisialta do thithíocht shóisialta i gContae na Gaillimhe do na 5 bliana amach romhainn anseo thíos. Is ionann an sprioc a dtagraítear dó anseo agus an t-íosleibhéal seachadta a bhfuiltear ag súil leis. Thug an tAire le fios gur chóir d'údaráis áitiúla 60% den seachadadh a sholáthar, agus go soláthróidh AHBanna an chuid eile. Is ar na húdaráis áitiúla a bheidh an fhreagracht deiridh chun na spriocanna seo a bhaint amach, áfach.

<table>
<tr><th>Bliain</th><th>Tithíocht Shóisialta Sprioc Tógála</th><th>Seachadadh Ionchais na Comhairle (60%)</th><th>Seachadadh Ionchais AHB (40%)</th></tr>
<tr><td>2022</td><td>230</td><td rowspan="5">1,030</td><td rowspan="5">687</td></tr>
<tr><td>2023</td><td>351</td></tr>
<tr><td>2024</td><td>358</td></tr>
<tr><td>2025</td><td>385</td></tr>
<tr><td>2026</td><td>393</td></tr>
<tr><td>Total</td><td>1,717</td><td colspan="2">1,717</td></tr>
</table>

Faoi láthair, tá sé i gceist ag Comhairle Chontae na Gaillimhe an sprioc a leagtar amach in "Tithíocht do Chách" a shárú agus cuidiú leis an Rialtas a chuspóir chun 90,000 aonad tithíochta sóisialta a chur ar fáil go náisiúnta a bhaint amach, mar a shonraítear sa phlean.

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM SHEACHADADH TITHÍOCHTA

Ceadaíodh an Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta (HDAP) ar an 1 Iúil 2022 agus foilsíodh é ar shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Déanann an HDAP foráil do sheachadadh inbhuanaithe tithíochta faoi stiúir an Phlean sna láithreacha cearta. Leagann sé amach an bealach ar aghaidh do Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun a spriocanna tithíochta sóisialta agus inacmhainne a bhaint amach ó 2022-2026, ag aithint cén áit agus conas a bhainfear na spriocanna sin amach. Beidh soláthar maith na n-aonad tógála ag Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHBanna) ina phríomhriachtanas don phlean seo. Mar sin féin, tá sé tábhachtach go dtabharfar faoi deara go mbeidh an seachadadh molta seo chun tithe sóisialta agus inacmhainne a sholáthar faoi "Tithíocht do Chách", faoi réir spriocanna Náisiúnta a sheachadadh agus maoiniú a bheith ar fáil. Beidh gach forbairt á dhéanamh faoi réir na gnáthphróiseas faofa agus pleanála.

## TÓGÁIL DHÍREACH AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Tá ardú suntasach tagtha ar sprioc seachadta Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2023 i gcomparáid le sprioc 2022. Is é an sprioc do 2023 ná 351 aonad. 230 a bhí ann in 2022. Le linn 2023, lean an tAonad Tithíochta ar aghaidh ag cur raon tionscadal tithíochta tógáil dhíreach chun cinn. Cuireadh na tionscadail tríd an bpróiseas ceadaithe 4 chéim maidir le dearadh, pleanáil, tairiscint agus tógáil. Cuirfidh Comhairle Chontae na Gaillimhe thart ar 300 aonad tithíochta sóisialta ar fáil in 2023. Is ionann sin agus caiteachas caipitil réamh-mheasta €13,663,847 do sholáthar na n-aonad seo.

Is iad seo a leanas na tionscadail a chuaigh trí chéimeanna éagsúla an phróisis cheadaithe go dtí seo in 2023:

| Suíomh | # Aonaid Tithíochta Sóisialta | Céim DHLGH |
|---|---|---|
| Tithe Aonair Tuaithe | 6 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| Tobar Mhuire, Áth Eascrach | 18 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| Baile an Teampaill, Weir Road, Céim 1 | 14 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| **Iomlán** | **38** | |

## MOLTAÍ DO 2024:

Tá tograí do 42 aonad á n-ullmhú, nó leis an Roinn lena bhfaomhadh faoi láthair, agus tá sé beartaithe iad a sheachadadh in 2024 agus caiteachas caipitil réamh-mheasta de €15,916,849 tuartha do sholáthar na n-aonad seo. Tá go leor dúshlán ag baint le tionscal na tógála fós ar leibhéal náisiúnta. Bíonn ar chonraitheoirí dul i ngleic le boilsciú praghsanna agus leis an moill ar sheachadadh ábhar tógála, le ganntanas ginearálta saothair, agus leis an méadú atá tagtha le déanaí ar rátaí úis maidir le maoiniú a fháil. Tá an tAonad Tithíochta, in éineacht leis an Oifig Comhordaithe um Sheachadadh Tithíochta agus an Roinn, tar éis a bheith ag obair go dian chun na saincheisteanna seo a bhainistiú ar leibhéal áitiúil agus táthar ag súil go n-éireoidh go maith leis an seachadadh i 2024.

| Suíomh | # Aonaid Tithíochta Sóisialta | Céim DHLGH |
|---|---|---|
| Baile an Teampaill, Weir Road, Céim 2 | 15 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| Béal Átha Mó | 8 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| Caisleán Raithin, Ard Raithin | 10 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| Corr an Locha, Baile Liam | 1 | Soláthar ar siúl faoi láthair |
| St. Joseph’s, Béal Átha na Sluaighe | 8 | Cuid 8 Ceadaithe |
| **Iomlán** | **42** | |

## TITHÍOCHT LÁNDÉANTA

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Is cuid thábhachtach den seachadadh tithíochta fós í tithíocht lándéanta faoin gclár nua “Tithíocht do Chách”. Baineann go leor buntáistí leis an tsamhail seachadta seo sa chás go mbíonn dúshláin ann maidir le talamh a fháil a bheidh feiliúnach le haghaidh forbairt tithíochta. Tá an scéim oscailte don Chomhairle agus d’earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta araon.

Foilsíodh fógra ar léirithe spéise d'fhorbairtí tithíochta lándéanta (tithíocht shóisialta agus inacmhainne) i mí Aibreáin 2023 agus arís le déanaí i mí Dheireadh Fómhair 2023. Bhí 12 léiriú spéise i mí na Bealtaine, a bhfuil cead pleanála ag 5 acu. Táimid ag fanacht leis na torthaí léirithe spéise ó mhí Dheireadh Fómhair. Don bhliain 2023 agus do thionscadail tithíochta lándéanta díreacha de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe, is é an caiteachas buiséadaithe foriomlán ná €31,573,308 le haghaidh 105 aonad tithíochta sóisialta atá beartaithe.

Le linn 2023, tá an tAonad Tithíochta chun 105 aonad tithíochta lándéanta san iomlán a fháil, mar a shonraítear anseo thíos.

| **Suíomh** | **# Aonaid Tithíochta Sóisialta** | **Céim** |
|---|---|---|
| An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí (Céim 4) | 16 | Críochnaithe |
| Cnoc Aoil, Dún Leo (Céim 3) | 15 | Nach mór críochnaithe |
| Cúil Dháibhí, Baile Dháibhí Theas, Baile Átha an Rí | 2 | Críochnaithe |
| Bóthar Bhaile Átha Cliath Tuaim | 8 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| Bun an Choill, Maigh Cuilinn | 1 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| Carraig Weir, Tuaim (Céim 2) | 7 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| An Choill Gharbh, Béal Átha na Sluaighe (Céim 1) | 34 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| Radharc an Locha, Gleann na Madadh | 22 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| **Iomlán** | **105** | |

## MOLTAÍ DO 2024:

Táthar ag súil go mbeidh forbairtí tithíochta lándéanta mar chuid mhór dár Soláthar Tithíochta Sóisialta arís in 2024. Tá roinnt moltaí á mbreithniú faoi láthair. Táthar ag súil go rachaidh siad seo ar aghaidh agus go ndéanfar na haonaid a sheachadadh roimh dheireadh an chláir 'Tithíocht do Chách'.

Beidh maoiniú iomlán na dtionscadal tógála tithíochta lándéanta le forchúiteamh ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

## OIBLEAGÁIDÍ FORBRÓIRÍ FAOI CHUID V

De réir Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2001 agus leasuithe, leanann an Roinn Tithíochta le haonaid a fháil mar chuid d'oibleagáidí Forbróirí faoin Acht seo. Ba cheart a thabhairt faoi deara gur leasaíodh reachtaíocht Chuid V i mí Lúnasa 2021 maidir le talamh a ceannaíodh ar an 1 Lúnasa 2021 nó ina dhiaidh. Beidh ceanglas 20% faoi Chuid V ag aon chead pleanála nua d'fhorbraíocht tithíochta ar an talamh sin. Beidh ceanglas 10% i bhfeidhm faoi Chuid V sa chás go bhfuil cead pleanála faighte don talamh cheana féin nó gur ceannaíodh é idir an 1 Meán Fómhair 2015 agus an 31 Iúil 2021, má thugtar cead pleanála don talamh roimh an

31 Iúil 2026. In 2023, gheobhaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe 33 aonad de réir cheanglais Chuid V. Cuirfear 5 aonad eile ar aghaidh a bheidh á seachadadh ag AHBanna (38 san iomlán) agus tá 63 aonad eile beartaithe do 2024 chomh maith.

Méadóidh líon na n-aonad tithíochta a gheobhaidh an Chomhairle faoin sruth seachadta seo sna blianta amach romhainn mar gheall ar leasuithe a rinneadh le déanaí ar an reachtaíocht, a fhorálann go bhfaighidh an t-údarás áitiúil suas le 20% d'fhorbraíocht, agus go mbeidh leath de na hionaid seo ar a laghad d'iarratasóirí ar thithíocht shóisialta.

**Cuid V - 2023**

| **Suíomh** | **# Aonaid Tithíochta Sóisialta** | **Céim** |
|---|---|---|
| An Saileachán (The Willows), Baile Átha an Rí | 8 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| Cnoc Aoil, Dún Leo (céim 2), Béal Átha na Sluaighe | 8 | Críochnaithe |
| Bun an Choill | 7 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| Lorrogate, Baile Átha an Rí | 2 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| Cnoc Óráin, Órán Mór | 4 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| An Choill Gharbh, Béal Átha na Sluaighe | 4 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| **Iomlán** | **33** | |
| **Cuid V (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe)** | | |
| Rivercrest (Tuath), Tuaim | 1 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| Cúirt Cruicéid (CHI) | 1 | Críochnaithe |
| Vicars Coral (Tír an Chóir) (CHI) | 3 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| **Iomlán** | **38** | |

**Cuid V – 2024**

| Suíomh | # Aonaid Tithíochta Sóisialta | Céim |
|---|---|---|
| Vicars Coral (Tír an Chóir) Tuaim | 6 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| An Muine Dubh (Céim 1), Órán Mór | 7 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| An Muine Dubh (Céim 2), Órán Mór | 7 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| An Muine Dubh (Céim 3), Órán Mór | 7 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| Bóthar Mhaigh Cuilinn, Bearna | 12 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| Radharc an Locha, Baile Chláir | 11 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| An Choill Gharbh, Béal Átha na Sluaighe | 4 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| Cnoc Óráin, Órán Mór | 4 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| **Iomlán** | **58** | |
| **Cuid V (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe)** | | |
| An Doireann, Baile Uí Chuirc, Maigh Cuilinn (AHB) (Tuath) | 5 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| **Iomlán** | **63** | |

## COMHLACHTAÍ CEADAITHE TITHÍOCHTA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh ag plé leis an earnáil Dheonach chun cabhair a fháil leis an gcúram chun 40% den soláthar tógála nua a sheachadadh faoi "Tithíocht do Chách". Táthar ag súil leis an leas is fearr agus is féidir a bhaint as líon na n-aonad a bheidh á gcur ar fáil trí na scéimeanna maoinithe CAS (Scéim Cúnaimh Caipitil) agus CALF (Saoráid Réamhíocaíochta agus Léasaithe Caipitil).

Tá roinnt tionscadal i gcomhar le AHBanna socraithe do 2023 chun 120 aonad tithíochta breise a sholáthar le CALF, CAS & Cuid V chun tacú leis an gComhairle freastal ar an riachtanas tithíochta sa Chontae. Táthar ag súil go gcuirfear 114 aonad ar fáil in 2024. Cuireann an fóram AHB struchtúr ar fáil don chomhpháirtíocht idir an Chomhairle agus an earnáil maidir le haonaid tithíochta

sóisialta a sholáthar. Tá an maoiniú in earnáil na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta éagsúil, sa chaoi is go n-úsáidtear cistí poiblí agus airgeadas príobháideach araon chun na tionscadail seo a sheachadadh, ag brath ar an modh seachadta.

### SCÉIM CÚNAIMH CAIPITIL (CAS)

Soláthraíonn an Roinn maoiniú don Scéim Cúnaimh Caipitil tríd an Údarás Áitiúil chun tithíocht a sholáthar. Níor cuireadh aon scéim a bhí arna mhaoiniú ag CAS i gcrích le linn 2023.

### TIONSCADAIL CAS EILE AG DUL CHUN CINN:

| **Suíomh** | **# Aonaid Tithíochta Sóisialta** | **Céim** |
|---|---|---|
| An Doireann, Baile Uí Chuirc (Tuath) | 9 | Ráithe 4 2024 |
| Tuath, An Creagán | 5 | Críoch Réamh-mheasta Ráithe 3 2024 |
| Cumann Tithíochta Peter Triest, Bun na dTobar, Béal Átha na Sluaighe | 4 | Ag dul chun cinn |
| Tithíocht Charraig Dhubh, Bóthar na Sionainne, Port Omna | 5 | Ag dul chun cinn |
| **Iomlán** | **23** | |

### SAORÁID RÉAMHÍOCTHA AGUS LÉASAITHE CAIPITIL (CALF) AGUS MORGÁISTE GO CÍOS (MTR)

Soláthraíonn an tSaoráid Réamhíocaíochta agus Léasaithe Caipitil (CALF) agus an Scéim Morgáiste go Cíos tithíocht shóisialta trí chaiteachas reatha lasmuigh den chlár comhardaithe.

Faoi cheanglais 'Tithíocht do Chách' (4.10), níor mhór don Chomhairle "Athbhreithniú a dhéanamh ar Struchtúr agus Oibriú CALF. Féach an bhfuil gá le mionchoigeartú a dhéanamh ar an gcóras a thacódh leis an earnáil AHB chun tacú le soláthar tithíochta sóisialta thar raon níos leithne Limistéar Údaráis Áitiúil". Is é an cúlra atá leis seo ná go raibh sé an-deacair inmharthanacht a bhaint amach faoin seanmhúnla maoinithe P&A-CALF mar gheall ar chíosanna ísle i gceantair Iarthair agus Iarthuaiscirt na tíre, Contae na Gaillimhe san áireamh. Ina theannta sin, mar gheall ar mhéaduithe ar rátaí úis agus boilsciú tógála araon, bhí sé deacair inmharthanacht a bhaint amach do thionscadail AHB. Seo a leanas príomh-mholtaí an athbhreithnithe:

- Go ríomhfar an méid tosaigh Íocaíochta agus Infhaighteachta (P&A) chun Cóimheas Cumhdaigh maidir le Fónamh d'Fhiachas (DSCR) a bhaint amach a chuirfidh acmhainn leordhóthanach iasachta ar fáil do na AHBanna le híosleibhéal maoinithe CALF 25% (ba chéatadán den chíos margaidh áitiúil a bhí ann roimhe seo).

- Go mbunófaí grúpa oibre Rannach inmheánach chun an fhadhb maidir le giaráil laistigh den earnáil AHB a iniúchadh agus réitigh a mholadh.
- Go ndéanfar iniúchadh ar roghanna maidir le haisíocaíocht luath na hiasachta CALF, faoi réir comhaontú leis an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe.
- Go mbeidh nasc follasach idir iarratais ar thacaíocht airgeadais faoi P&A-CALF agus HDAP Údaráis Áitiúil.

Táthar ag súil go n-éascóidh na bearta seo an Earnáil AHB chun tithíocht dheonach bhreise a sholáthar i bpríomhbhailte na Gaillimhe in 2024.

### TIONSCADAIL A BHFUIL MAOINIÚ CALF Á BHFÁIL ACU ATÁ LE CUR I GCRÍCH IN 2023:

| Suíomh | # Aonaid Tithíochta Sóisialta | Céim |
|---|---|---|
| Clúid, Dún Leo (Céim 1) (Cluain Eisir Riada), Béal Átha na Sluaighe | 24 | Nach mór críochnaithe |
| Clúid, Dún Leo (Cluain Eisir Riada), Béal Átha na Sluaighe (Céim 2) | 14 | Nach mór críochnaithe |
| Gort na Fuinse, Áth Cinn (CÉIM 2) (Clúid) | 14 | Críochnaithe |
| Cúirt Cruicéid (CHI) | 7 | Críochnaithe |
| Vicar Coral, Tuaim (Tír an Chóir) (CHI) Céim 3 | 19 | Nach mór críochnaithe |
| Rivercrest, Tuaim (Tuath) | 16 | Tógáil ar siúl faoi láthair |
| **Iomlán** | **94** | |

Seachadadh na haonaid seo a leanas faoin scéim Morgáiste go Cíos in 2023. Faoin scéim seo, is féidir le húinéirí tí a bhfuil deacrachtaí morgáiste acu seilbh an tí a ghéilleadh agus an teach céanna a ghlacadh ar cíos mar thionóntaí tithíochta sóisialta.

| Scéim | # Aonaid Tithíochta Sóisialta | Céim |
|---|---|---|
| Scéim Morgáiste go Cíos (MTR) Baile Ar Feadh an tSaoil (HFL)<br><br>Morgáiste go Cíos – Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (AHB) | 2 Baile ar Feadh an tSaoil<br><br>1 – Comhlacht Tithíochta Ceadaithe | 1 Críochnaithe<br>1 Le críochnú ar an 17 Samhain 2023 |
| Scéim Morgáiste go Cíos (MTR) Baile Ar Feadh an tSaoil (HFL)<br><br>Morgáiste go Cíos – Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (AHB) | 10 | Ar siúl faoi láthair |

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Tá sé beartaithe go leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag plé go réamhghníomhach leis na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta (AHB) chun teacht ar aonaid bhreise chun tithíocht a sholáthar faoin tsamhail mhaoinithe seo.
- Scrúdóidh an tAonad Tithíochta an acmhainn atá ag AHBanna chun aonaid tithíochta bhreise a sholáthar ar thailte atá i seilbh na Comhairle.

## SOLÁTHAR TITHÍOCHTA INACMHAINNE

Leagadh spriocanna amach ar leibhéal náisiúnta maidir le soláthar tithíochta inacmhainne. Ceadaíodh an Scéim Tosaíochta do shocruithe ceannaigh Tithíochta Inacmhainne i gContae na Gaillimhe ag cruinniú iomlánach na Comhairle Dé Luain an 24 Aibreán 2023. D'fhaomh an tAire é seo ar an 2 Meitheamh 2023.

Chuir an Roinn Comhairle Chontae na Gaillimhe ar an eolas faoi na spriocanna tithíochta inacmhainne don Chontae ar an 30 Márta 2022. Is é an sprioc iomlán ná 226 teach do 2022-2026, agus táthar ag súil go ndéanfar seachadtaí suntasacha faoin Scéim Réamhcheannaigh ach go háirithe.

| Bliain | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | Total |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Sprioc Tithíochta Inacmhainne leagtha amach ag an Roinn** | 15 | 42 | 59 | 55 | 55 | **226** |

Is iad seo a leanas na príomhbhealaí trína gcuirfear tithíocht inacmhainne ar fáil:

- Tógáil Tithíochta Inacmhainne de chuid an Údaráis Áitiúil.
- Cuid V aonaid tithíochta inacmhainne.
- Réamhcheannach Tithíochta Inacmhainne de chuid na Comhairle (aonaid lándéanta a cheannófar ó fhorbróirí).
- Cíos de réir Costais.
- Scéim an Chéad Tí (a éascaíonn d'iarratasóirí tithe a cheannach i bhforbairtí príobháideacha).
- Scéim Iasachtaí Tithíochta (ar a dtugtaí 'Iasachtaí Tithíochta Atógáil Éireann' roimhe seo)

D'fhéadfadh le **Scéim an Chéad Tí** seachadadh suntasach tithíochta a éascú do theaghlaigh, go háirithe má spreagtar forbróirí chun soláthar tithíochta príobháidí a mhéadú mar thoradh ar an scéim. Mar sin féin, tá ról lárnach ag an gComhairle i soláthar tithíochta inacmhainne agus tá sí ag tabhairt faoi thionscadail tógála Údarás Áitiúil agus scéimeanna inacmhainne Réamhcheannaigh (Tithíocht Lándéanta) chomh maith.

Déanfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an maoiniú iomlán ón gClár Caiteachais Reatha um Thithíocht Shóisialta (SHCEP) a fhorchúiteamh.

## MOLTAÍ DO 2024:

Beidh clár Caipitil na nÚdarás Áitiúil fós ina phríomhfhócas in 2024 agus tabharfar tosaíocht do na gnéithe seo a leanas:

- tionscadail tógáil dhíreach na n-údarás áitiúil a chur chun cinn trí chéimeanna deartha, pleanála, tairisceana agus tógála de réir an Phlean Gníomhaíochta Seachadta Tithíochta ceadaithe.
- Láithreáin bhreise a aithint a bhféadfaí a fhorbairt, i gcomhréir leis na riachtanais tithíochta do cheantair éagsúla, chun na féidearthachtaí do chlár tógáil dhíreach a fheabhsú.
- rannpháirtíocht le tógálaithe d'fhonn seachadadh aonad faoi Chuid V a chur chun cinn agus na huimhreacha sin a mhéadú bunaithe ar na ceanglais nua faoi Chuid V.

## ÉADÁLACHA TITHÍOCHTA IN 2023:

Tá trí phríomhchóras ann chun tithíocht a fháil; is iad sin an Éadáil Dhíreach, Oibleagáid Forbróirí faoi Chuid V agus próisis tithíochta lándéanta.

### Éadáil Dhíreach le haghaidh 2023:

| Suíomh | # Aonaid Tithíochta Sóisialta | Céim |
|---|---|---|
| Páirc an Fhrancaigh, Órán Mór | 1 | Ceannach críochnaithe |
| An Úllord, Maigh Locha (TIS) | 1 | Le críochnú i mí na Nollag 2023 |
| Gold Cave, Tuaim | 1 | Ceannach críochnaithe |
| Country Meadows, Tuaim | 1 | Le críochnú i mí na Nollag 2023 |
| Country Meadows, Tuaim | 1 | Le críochnú i mí na Nollag 2023 |
| Páirc na bhFianna, Áth Cinn | 1 | Ceannach críochnaithe |
| Radharc an Chaisleáin, Áth Cinn | 1 | Ceannach críochnaithe |
| Country Meadows, Tuaim (TIS) | 1 | Le críochnú i mí na Nollag 2023 |
| Country Meadows, Tuaim (TIS) | 1 | Le críochnú i mí na Nollag 2023 |
| Bruach na hAbhann, An Cheathrú Rua (TIS) | 4 | Le críochnú i mí na Nollag 2023 |
| Cúl na Cille, Béal Átha Ghártha (TIS) | 1 | Le críochnú i mí na Nollag 2023 |

| | | |
|---|---|---|
| Bolands Court, An Gort (TIS) | 1 | Le críochnú i mí na Nollag 2023 |
| Rathbawn, Béal Átha na Sluaighe (TIS) | 1 | Le críochnú i mí na Nollag 2023 |
| The Maltings, Baile Locha Riach (TIS) | 1 | Ceannach críochnaithe |
| Faiche an Ráschúrsa, An Clochán | 1 | Le críochnú i mí na Nollag 2023 |
| Cluain Rí, Baile Átha an Rí | 1 | Le críochnú i Ráithe 1 2024 |
| **Iomlán** | **19** | **Deireadh na bliana 2023** |

Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe athbhreithniú leanúnach ar infhaighteacht tithe chun freastal ar an riachtanas tithíochta laistigh dá limistéar feidhme. Déantar aonaid phríobháideacha a mheas bunaithe ar an riachtanas tithíochta sa cheantar, comhlíonadh na gcritéar, tuarascálacha Innealtóireachta agus measúnú dlíthiúil. Tá 5 aonad san iomlán ceannaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar chostas €1,345,000 agus tá 14 aonad eile ag na céimeanna deiridh den éadáil ar chostas measta €2,738,000. Mar gheall go mbíonn éadálacha den chineál seo ag brath ar riachtanais shonracha áirithe, bíodh líon na n-aonad athláimhe a gheofar ar an mbonn seo íseal go ceann i bhfad. Ceannófar deich gcinn de na maoine seo faoi Scéim na dTionóntaí in Situ

## PLEAN STRAITÉISEACH FORBARTHA AGUS BAINISTÍOCHTA DO THAILTE TITHÍOCHTA

Tá bainistíocht ghníomhach an bhunachair thalún do thithíocht ar cheann de na gníomhartha éagsúla atá á ndéanamh faoi "Tithíocht do Chách". Dearadh na gníomhartha seo chun dlús a chur le, agus borradh a chur faoin aschur tithíochta.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Leanúint le láithreáin a chur ar aghaidh chuig an gcéim forbartha chomh luath agus is féidir.
- Leanúint ar aghaidh ag cur leis an mbunachar talún atá ar fáil don Chomhairle do thithíocht phoiblí; tithíocht inacmhainne agus shóisialta araon.
- An Plean faofa Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta maidir le clár tógála Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus AHBanna do thithíocht shóisialta agus inacmhainne a chur chun cinn don tréimhse 2022-2026.

Tá an soláthar talún le zónáil R1 fós ina fhachtóir srianta don Chomhairle maidir le riachtanais tithíocht shóisialta a chomhlíonadh. Bíonn na suíomhanna inar féidir le Comhairle Chontae na Gaillimhe Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne a sholáthar ag brath ar an bhfáil ar bhonneagar riachtanach agus ar an liosta ceantar ina bhfuil éileamh ar thithíocht. In 2023, d'aontaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe chun tailte a cheannach. Áirítear leis na tailte sin talamh i bPort Omna, i dTuaim agus in Órán Mór. Déanfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, costas iomlán na dtailte a fhorchúiteamh tar éis do na tailte bheith á bhforbairt

do thithíocht. Tá maoin ar Bhóthar Bhríde i bPort Omna á ceannach chomh maith agus táthar ag súil go gcuirfear an ceannach i gcrích roimh dheireadh na bliana. Tacóidh an ceannach seo leis an togra athnuachana don cheantar.

**MOLTAÍ DO 2024:**

Leanfaidh an tAonad Tithíochta ar aghaidh leis na gníomhartha seo a leanas:

- scéimeanna tithíochta sóisialta inbhuanaithe ar ardchaighdeán a chur chun cinn, faoi réir cead pleanála, ar chodanna oiriúnacha éagsúla den bhunachar talún atá fágtha, i gceantair ina bhfuil éileamh ard ar thithíocht shóisialta. na scéimeanna seo a chur chun cinn i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun pobail inbhuanaithe a sholáthar amach anseo.
- láithreáin a fhorbairt agus a chur chun cinn faoin gCiste Tithíochta Inacmhainne faoi réir fhaomhadh agus threoirlínte na Roinne. tuilleadh suíomhanna a aimsiú agus tograí do thithíocht inacmhainne a chur chun cinn.
- an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an mbunachar talún chun tacú le riachtanais tithíochta, lena n-áirítear tithíocht inacmhainne, agus roghanna cíosa de réir costais. Beidh na gníomhartha seo faoi réir scéimeanna agus sruthanna maoinithe cuí a thabharfaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta isteach
- deiseanna nua a lorg chun tailte straitéiseacha a cheannach a bheidh oiriúnach do thithíocht shóisialta ar ardchaighdeán agus/nó tithíocht inacmhainne, in áiteanna a bhfuil éileamh mór ar thithíocht shóisialta iontu, chun na spriocanna tithíochta faoin gclár "Tithíocht do Chách" a bhaint amach. Beidh sé seo ag teacht leis an bPlean faofa Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta.

## AN TIONSCNAMH LÉASÚ FADTÉARMACH

Tugadh Léasú Fadtéarmach isteach chun seachadadh Tithíocht Shóisialta a éascú faoi Cholún 2 d'Atógáil Éireann. Tá sé ag dul ar aghaidh fós faoi "Tithíocht do Chách" ach ar scála níos lú. Is é an tÚdarás Áitiúil nó AHB atá ina tiarna talún agus níl caidreamh díreach ag úinéir na réadmhaoine leis an tionónta. Déantar an cíos a íoctar leis an tiarna talún a lascainiú go míosúil faoi 15-20% de Luacháil Cíosa an Mhargaidh Oscailte.

- Maireann téarma an Léasa idir 10 agus 25 bliain. Le linn na tréimhse seo is é an tÚdarás Áitiúil a bheidh mar thionóntaí sa réadmhaoin. Beidh cíos ráthaithe ag an Tiarna Talún fiú nuair a bhíonn an foirgneamh folamh.
- Ní bheidh aon fhreagrachtaí cothabhála ó lá go lá ar an Tiarna Talún faoi shocruithe léasa fadtéarmacha.
- Níor cuireadh aon tionscadail léasú fadtéarmach i gcrích in 2023. Ina áit leasú fadtéarmach, tá dhá aonad de na ceithre aonad a bhí molta don léasú fadtéarmach in Country Meadows á gceannach ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus tá na hocht n-aonad in Cricket Court i dTuaim á gceannach ag Comhlacht Ceadaithe Tithíochta (CHI).

## MOLTAÍ DO 2024:

Léasú faoi Chlár an Rialtais "Tithíocht do Chách".

- Faoi láthair níl aon tionscadal léasú fadtéarmach á chur chun cinn do 2024.

Chuir an Rialtas in iúl in 2022 go bhfuil sé i gceist acu deireadh a chur de réir a chéile le húsáid na samhlacha léasaithe reatha faoi 2025. De réir a chéile, cuirfear deireadh leis na socruithe léasaithe reatha le haghaidh seachadadh fadtéarmach agus léasú feabhsaithe agus féachfar chuig samhlacha seachadta nua a chinnteoidh úinéireacht fhadtéarmach tithíocht shóisialta. Feidhmeoidh DHLGH ar bhonn solúbtha, sa chaoi is go mbeidh Údaráis Áitiúla in ann comhaontuithe gearrthéarmacha infhaighteachta cíosa (amhail an Scéim Cóiríochta Cíosa) a úsáid chun freastal ar dhaoine ar an liosta feithimh ar an mbealach is oiriúnaí agus is féidir. D'fhéadfadh athruithe/ceanglais bhreise a bheith ag teastáil maidir le léasú fadtéarmach in 2024.

## TITHE FOLMHA

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Is é ról an Oifigigh um Thithe Folmha ná gníomhaíochtaí a stiúradh agus a chomhordú ar leibhéal áitiúil, chun cuspóir na Straitéise Náisiúnta maidir le Tithe Folmha a Athúsáid a bhaint amach, lena n-áirítear sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh. Ba é an príomhfhócas in 2023 ná tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an Scéim Croí Cónaithe agus tús a chur le suirbhé maidir le réadmhaoin fholamh ar fud Chontae na Gaillimhe. Ciste €50 milliún atá i gCiste Croí Cónaithe (Bailte) chun tacú le daoine cónaí i mbailte agus sráidbhailte in Éirinn trí dheontas a chur ar fáil chun athchóiriú a dhéanamh ar thithe folmha.

Tá an ciste dírithe ar úinéireacht tí, nó ar mhaoin a athchóiriú chun ligean ar cíos, agus tá sé mar aidhm aige dul i ngleic le fadhb na dtithe folmha agus le dearóiliú i gceantair uirbeacha agus tuaithe ar fud na tíre. Tá deontas €50,000 ar fáil do mhaoin a tógadh roimh 2007 atá tar éis a bheith folamh ar feadh 2 bhliain ar a laghad agus a bheidh á húsáid mar phríomháit chónaithe Úinéara/Áititheora nó mar chóiríocht ar cíos. Tá deontas breisithe €20,000 ar fáil freisin do thithe tréigthe a dheimhnítear (i.e. tithe nach bhfuil slán ó thaobh struchtúir de, agus atá contúirteach).

Tá sé ceadaithe faoin scéim seo freisin, tithe nua a thógáil i gceantair Uirbeacha inar féidir leis an Údarás Áitiúil láithreáin a sholáthar a mbeidh seirbhísí ag gabháil leo. Níl aon suíomh seirbhísithe ar fáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi láthair.

Ón 1 Iúil 2023, tá an scéim seo anois ar fáil d'iarratasóirí atá ag iarraidh athchóiriú a dhéanamh ar mhaoin ar Inis Bó Finne, Árainn (Inis Mór), Inis Oírr agus Inis Meáin. Is féidir le daoine ar mhian leo tithe folmha a athchóiriú ar na hoileáin seo iarratas a dhéanamh ar thacaíocht bhreise suas le huasmhéid 20% níos mó ná an gnáth-uasmhéid €50,000. (Suas le €60,000 chun athchóiriú a dhéanamh ar mhaoin fholamh, agus suas le €84,000 sa chás go ndeimhnítear go bhfuil an mhaoin tréigthe).

Amhail deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023, tá 268 iarratas faighte ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ó thús na scéime. Tá 74 iarratas ceadaithe, 2 iarratas ceadaithe i bprionsabal, 14 iarratas tarraingthe siar, agus 136 iarratas eile fós á bpróiseáil. As na 136 iarratas atá á bpróiseáil

fós, iarradh ar 108 iarratasóir tuilleadh eolais a sholáthar agus táthar ag fanacht le 28 iarratas a iniúchadh. Diúltaíodh do 42 iarratas ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear nár theastaigh ón iarratasóir cónaí sa mhaoin ná í a ligean amach ar cíos.

**<u>Nuashonrú ar an Suirbhé maidir le Tithe Folmha:</u>**

Faoi Chonair 4 de chuid "Tithíocht do Chách", ní mór do Chomhairle Chontae na Gaillimhe suirbhé a dhéanamh maidir le Tithe Folmha chun a chinntiú an bhfuil réadmhaoin phríobháideach folamh nó nach bhfuil. Tá sé seo á mholadh d'fhonn comhairle a chur ar na hÚinéirí i dtaobh a roghanna maidir le foirgnimh atá ann cheana féin a athúsáid chun an ráta iomlán tithe folmha a laghdú.

- Tá tús curtha leis an Tionscadal Sonraí Maidir le Tithe Folmha.
- Tá an Roinn Tithíochta tar éis aip léarscáilbhunaithe a fhorbairt. Bunaíodh an aip ar shonraí Geo Directory i ndáil le tithe folmha a tiomsaíodh ó Dhaonáireamh 2016. Aithníodh 1,727 maoin fholamh i gContae na Gaillimhe.
- Is dócha go dtiocfaidh méadú ar an líon seo de réir mar a chuirtear tithe breise leis na sonraí le linn an tsuirbhé.
- Tá bileog eolais á scaipeadh ag an bhfoireann iniúchta agus póstaer á chrochadh acu ar gach réadmhaoin fholamh/thréigthe chun a chur in iúl do na húinéirí gur thug foireann na Comhairle cuairt ar an suíomh agus chun iad a chur ar an eolas faoina roghanna maidir leis an bhfoirgneamh a athúsáid.
- Tá na tithe seo go léir laistigh de limistéar 1km ó lonnaíochtaí toisc gur dóichí go mbeidh riachtanas tithíochta príobháideach nó sóisialta sna ceantair sin.

Amhail Dé Céadaoin, an 8 Samhain, rinneadh suirbhé ar 635 réadmhaoin, agus tá stádas Folamh nó Tréigthe ag 342 acu.

As na 7 bpríomhlonnaíocht mhóra, tá suirbhé déanta ar 6 lonnaíocht anois – Tuaim, Órán Mór, Baile Locha Riach, Béal Átha na Sluaighe, An Clochán agus Baile Átha an Rí. Ba cheart go mbeadh an suirbhé sa Ghort críochnaithe faoi dheireadh mhí na Samhna. As na lonnaíochtaí ar mheánmhéid, tá suirbhé déanta ar 2 lonnaíocht anois. Is iad sin Bearna agus Na Forbacha.

Tá suirbhé le déanamh go fóill ar na lonnaíochtaí ar mheánmhéid seo a leanas: Baile Chláir, Cor an Dola, Leacach, An Turlach Mór, Béal Átha Ghártha, Gleann na Madadh, Maigh Locha, An Creagán, Mionlach, Baile Liam, Áth Eascrach, Maigh Cuilinn, Uachtar Ard, An Cheathrú Rua, An Spidéal, Cill Rónáin, Cloch na Rón, Ros Cathail, Port Omna, Cinn Mhara, Creachmhaoil, Droichead an Chláirín, Cill Cholgáin, Dún an Uchta, An Ghráig, Cill Íomair, Dún Mór, Baile an Doirín, Áth Cinn, Cora Finne, Cluain Bú, Muine Mheá, Baile an Mhuilinn, Mainistir Chnoc Muaidhe agus An Dún Mór.

Meastar go mbeidh an suirbhé críochnaithe faoi dheireadh 2023.

**Orduithe Ceannaigh Éigeantacha (CPOnna) & Maoiniú ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF)**

Seoladh an Clár Gníomhachtaithe CPO (Ordú Ceannaigh Éigeantach) i mí Aibreáin 2023. De réir Chiorclán na Roinne ar an ábhar, is í an sprioc atá roimh Chomhairle Chontae na Gaillimhe ná suirbhé a dhéanamh ar 300+ tithe folmha nó tréigthe a d'fhéadfadh a bheith feiliúnach do cheannach éigeantach. Tá sé mar sprioc ag an gComhairle tús a chur le 27 CPO in 2023 le tacaíocht ó Mhaoiniú na Gníomhaireachta Airgeadais Tithíochta. Tá sé mar chuspóir ag an gComhairle i ndeireadh na dála go mbeidh na tionscadail seo féinmhaoinithe.

Seo a leanas Céimeanna an Chláir Ghníomhachtaithe CPO:

- **Céim 1** – A chinntiú go bhfuil an mhaoin fholamh/tréigthe, nó mura bhfuil.
- **Céim 2** – Úinéir na Maoine a aithint.
- **Céim 3** – Tús a chur leis an bpróiseas agus teagmháil a dhéanamh le húinéir na réadmhaoine – Mar shampla, dá ndéarfadh an t-úinéir go raibh sé i gceist acu iarratas a dhéanamh ar dheontas Croí Cónaithe chun an mhaoin a athúsáid, d'fhágfadh an mhaoin an Clár CPO agus dhéanfadh GCC taifead den toradh sin.
- **Céim 4** – Sa chás nach féidir an t-úinéir a aithint nó nach mian leis nó léi an mhaoin a athúsáid. is féidir le GCC tús a chur leis an gClár gníomhachtaithe CPO a chur i bhfeidhm.
- **Céim 5** – Déantar measúnú ar an maoin le haghaidh éadáil éigeantach.

Tá dhá phíosa reachtaíochta ann faoinar féidir CPO a fhorghníomhú, an tAcht um Láithreáin Thréigthe, 1990 agus Acht na dTithe. Mura meastar go bhfuil an láithreán tréigthe, is féidir é a fháil go héigeantach faoi Acht na dTithe. Má mheastar é a bheith tréigthe áfach, is féidir an láithreán a cheannach faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990. Tar éis na maoine a fháil, cuirfear roinnt oibreacha athchóirithe i gcrích chun gur féidir an mhaoin a chur ar ais ar an margadh oscailte. Go hidéalach, díolfar an mhaoin ansin le cliant nach cliant tithíochta sóisialta é nó í. Mura n-éiríonn leis seo, is féidir an mhaoin a úsáid le haghaidh tithíocht shóisialta nó le haghaidh úsáid pobail. Úsáidfear an t-airgead ó na díolacháin seo chun féinmhaoiniú a dhéanamh d'éadálacha CPO reatha eile agus d'éadálacha CPOnna a dhéanfar amach anseo. Faoi mhúnla maoinithe URDF aithníodh agus tugadh tús áite do roinnt maoine i dTuaim (6), Béal Átha na Sluaighe (9) agus Órán Mór (6). Rinneadh suirbhéanna tosaigh orthu seo chun a dheimhniú an raibh na tithe folamh nó nach raibh.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Iniúchadh a dhéanamh ar fhéidearthachtaí maidir le réadmhaoin fholamh a athúsáid do Thithíocht Shóisialta.
- Réadmhaoin fholamh a n-uaslódáiltear sonraí ina leith ar www.vacanthomes.ie a fhiosrú agus a fháil amach an mbeadh aon cheann acu oiriúnach d'athúsáid.
- Gníomhartha a aithníodh sa Straitéis Athúsáide a chur i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil agus bearta a thabhairt chun cinn chun a chinntiú, chomh fada agus is féidir, go mbainfear úsáid arís as réadmhaoin faoi úinéireacht phríobháideach atá folamh nó nach mbíonn á húsáid ach go hannamh.
- Leanúint ar aghaidh le fógraíocht a dhéanamh ar gach scéim ábhartha sna meáin áitiúla agus ar na meáin shóisialta.
- Sonraí atá cruinn agus cothrom le dáta a chinntiú maidir le líon na dtithe folmha i gContae na Gaillimhe, go háirithe i gceantair uirbeacha ina bhfuil an t-éileamh ar thithíocht níos práinní ná i gceantair eile.
- Leanúint ar aghaidh agus an t-uasmhéid tithe folmha agus is féidir a athchóiriú faoin scéim Croí Cónaithe.
- An fhaisnéis a fuarthas ón suirbhé a úsáid chun tús a chur le teagmháil a dhéanamh le húinéirí chun iarracht a dhéanamh an réadmhaoin a úsáid arís.
- Tús a chur leis an bPróiseas Gníomhachtaithe CPO

## SCÉIM DEISIÚCHÁIN AGUS LÉASAITHE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Forbraíodh an Scéim Deisiúcháin agus Léasa faoi Ghníomh 5.7 d'Atógáil Éireann chun cabhrú le húinéirí maoine príobháideacha agus le AHBanna úsáid a bhaint as stoc tithíochta atá ann cheana féin agus atá folamh, chun tithíocht shóisialta a sholáthar ar fud an Chontae. Is éard atá i gceist leis an scéim seo ná iasacht €80,000 saor ó ús (VAT san áireamh). Ní mór an mhaoin a léasú ansin le hÚdarás Áitiúil nó le AHB. Ní mór na hiasachtaí seo a aisíoc thar théarma an léasa. D'fhéadfadh leis an tréimhse sin a bheith idir 5 agus 25 bliana. Méadaíodh na rátaí seo in 2023.

- Teagmháil leanúnach a dhéanamh le húinéirí maoine, le gníomhairí eastáit agus le haturnaetha chun léirithe spéise sa scéim a mhealladh.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfar ar aghaidh leis an Scéim Deisiúcháin agus Léasa a fhógairt ar bhonn rialta sna meáin áitiúla agus ar na meáin shóisialta.
- Rachaidh úinéirí réadmhaoine a dhéanann fiosrúcháin i dteagmháil leis an Scéim agus tabharfar an fhaisnéis riachtanach ar fad dóibh chomh tapa agus is féidir.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag plé le AHBanna nuair is cuí chun an scéim seo a chur i bhfeidhm.
- Is fiú aird a tharraingt ar an tionchar a bhí ag an Scéim Croí Cónaithe ar Dheisiú agus Léasú. Is scéim deontais í an Croí Cónaithe agus coinníoll ag gabháil léi nach gceadaítear an mhaoin a dhíol ar feadh deich mbliana ón tús. Is iasacht atá sa Scéim Deisiúcháin agus Léasa áfach, agus caithfear í a aisíoc.

## DEONTAIS TITHÍOCHTA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Caitheadh €3,140,373 san iomlán ar Dheontais Oiriúnaithe Tithíochta in 2023, suas go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023:

- 265 Deontas Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta ar luach iomlán €1,532,241
- 112 Deontas Cúnaimh Soghluaisteachta ar luach iomlán €567,563 agus
- 89 Deontas Cúnaimh Tithíochta ar luach iomlán €1,040,569

Is ionann an caiteachas seo ar Dheontais Oiriúnaithe Tithíochta agus méadú 42% ar an gcaiteachas ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2022.

Chuir an Roinn €2,512,298 san iomlán ar fáil do na deontais seo faoi dheireadh Mhí Dheireadh Fómhair 2023. Ceadaíodh comhchistiú ar luach €375,000 ó acmhainní na Comhairle féin i mbuiséad na gCoimisinéirí Ioncaim 2023. Meastar go mbeidh €705,908 san iomlán ag teastáil faoi dheireadh mhí na Nollag 2023.

Táthar ag súil go leithdháilfear an t-easnamh ó Fháltais Chaipitil Inmheánacha in 2023. Táthar ag súil go dtarraingeofar leithdháileadh iomlán mhaoiniú na Roinne anuas faoi dheireadh na bliana.

## MOLTAÍ DO 2024:

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag riar Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, Deontais Áiseanna Soghluaisteachta agus Deontais Chúnaimh Tithíochta ag baint leasa as maoiniú deontais ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a mhéid a cheadaíonn an cómhaoiniú a sholáthraíonn an Chomhairle. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar líon agus ar luach na n-iarratas ar dheontais arís in 2024. Braitheann leithdháileadh na ndeontas ar an ranníocaíocht 20% atá á chur ar fáil i mbuiséad Chomhairle Chontae na Gaillimhe do 2024. Tá an ranníocaíocht 80% a theastaíonn ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta tar éis teacht isteach gach bliain.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go mb'fhéidir nach n-úsáidfí Fáltais Chaipitil Inmheánacha chun ranníocaíocht na nÚdarás Áitiúil do Dheontais Oiriúnaithe Tithíochta a íoc ó 2024 ar aghaidh, de réir mholadh na Roinne. Dá bhrí sin, tá méadú suntasach ar na cistí comhfhreagracha atá beartaithe do Dheontais Cúnaimh Tithíochta i mbuiséad 2024, i.e. €750,000 i gcomparáid leis an €375,000 a leithdháileadh in 2023.

## IASACHTAÍ CEANNAIGH TÍ (IASACHTAÍ CEANNAIGH PRÍOBHÁIDEACHA AGUS TIONÓNTAÍ)

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe cúnamh airgeadais ar fáil chun a chur ar chumas ceannaitheoirí céaduaire teach a cheannach tríd an scéim cheannaigh ag tionóntaí nó ar an margadh príobháideach trí Scéim Iasachta Tithíochta an Údaráis Áitiúil agus iasachtaí atá ann cheana féin tríd an Scéim Atógáil Éireann.

Seo a leanas stádas na nIasachtaí Tithíochta ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023:

**Iasachtaí Tithíochta na nÚdarás Áitiúil**

- Faomhadh 16 Iasacht Tithíochta de chuid an Údaráis Áitiúil i bprionsabal in 2022, ar luach €2,874,102. Tá 11 de na hiasachtaí sin imithe in éag, tarraingíodh anuas 4.36 in 2023 ar luach €700,974 agus tá 0.64 ar luach €85,200 nár íocadh fós.
- Faomhadh 31 Iasacht Tithíochta de chuid an Údaráis Áitiúil i bprionsabal in 2023 ar luach €5,519,795. Tá 5 de na hiasachtaí sin imithe in éag, tá 12 iasacht tarraingthe anuas ar luach €1,803,814 agus tá 14 iasacht nár íocadh fós ar luach €2,649,481.

**Iasachtaí Tithíochta Atógáil Éireann**

- Tarraingíodh 2 Iasacht Tithíochta de chuid Atógáil Éireann anuas in 2023, a ceadaíodh i bprionsabal in 2021, ar luach €175,357.
- Chuaigh 4 Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann ar luach €725,336, ar ceadaíodh i bprionsabal iad in 2022, in éag in 2023.

- Tá 0.5 d'iasacht féin-tógála faoi Atógáil Éireann ar luach €91,243, a ceadaíodh in 2019, nár íocadh fós. Tá gach iasacht eile de chuid Atógáil Éireann tar éis a bheith tarraingthe anuas, nó tá siad tar éis dul in éag. Nuair a tharraingeofar an iasacht féin-tógála seo anuas, bainfidh an tuairisciú ar fad le hIasachtaí Tithíochta an Údaráis Áitiúil amháin.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh le measúnú agus próiseáil a dhéanamh ar gach iarratas ar iasacht tithíochta go tráthúil de réir théarmaí agus choinníollacha scéim Iasachta Tithíochta an Údaráis Áitiúil.

## CAIGHDEÁIN TITHÍOCHTA DO THITHE AR CÍOS

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Na Rialacháin um Chaighdeáin Tithíochta do Thithe ar Cíos - Tháinig Ionstraim Reachtúil 137 de 2019 i bhfeidhm ar an 1 Bealtaine 2019 a tháinig in ionad Ionstraim Reachtúil 17 de 2017.
Tá an Chigireacht freagrach as gach Iniúchadh Reachtúla ar Theaghaisí Cónaithe ar Cíos laistigh de limistéar feidhme Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

- Ba é Sprioc Iniúchta Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2023 ná 1,425 Iniúchadh Céaduaire.
- Amhail deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023, ba é líon na nIniúchtaí Céaduaire ar Chaighdeáin Chónaithe a rinneadh ná 1,305. Bhí an chuid eile le críochnú roimh dheireadh na bliana.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Táthar ag súil go mbeidh thart ar 1,500 Iniúchadh Céaduaire mar sprioc iniúchta do Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2024 ach deimhneofar é sin i Ráithe 1 2024.
- Tabharfar tús áite d'iniúchtaí in áitribh atá á ligean ar cíos agus a bhfuil an t-áititheoir tar éis gearán a dhéanamh maidir leis an áit a bheith i ndroch-chaoi & do spriocanna na Comhairle maidir le hIniúchtaí Céaduaire.


## AN TAONAD IARRATAS MAIDIR LE RIACHTANAS TITHÍOCHTA SÓISIALTA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Tá 3,074 iarratasóir cáilithe ar thaifead na dteaghlach cáilithe faoi láthair. Is féidir breathnú ar phainéil idirghníomhacha Éilimh agus Soláthair Tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag [www.galway.ie/en/services/housing/supplydemand](www.galway.ie/en/services/housing/supplydemand)
- Rinneadh measúnú ar 821 Iarratasóir mar chuid den Achoimre ar Mheasúnachtaí Tithíochta Sóisialta (SSHA). Ceadaíodh 600 de na hiarratasóirí sin agus baineadh 221

iarratasóir den Liosta Feithimh Tithíochta toisc nár fhreagair siad, nach raibh siad incháilithe, nó toisc nár theastaigh uathu a bheith ar liosta feithimh na Comhairle a thuilleadh.

- D'iarr Comhairle Chontae na Gaillimhe ar 770 Seiceáil Garda maidir le 1,066 iarratasóir agus ball teaghlaigh.
- Cuireadh Feabhsúchán Próiseas Gnó (BPInna) i bhfeidhm san aonad lenar baineadh úsáid as uathoibriú, tuairisciú agus foirmeacha inmheánacha ar líne chun feabhas a chur ar sheachadadh seirbhíse. (Sheol GCC an Painéal Soláthair Tithíochta Sóisialta)




APPROVED HOUSEHOLDS BY AREA OF CHOICE & PROPERTY SIZE

| AREA OF CHOICE | 1 Bed | 2 Bed | 3 Bed | 4 Bed | 5 Bed | 6 Bed | Total |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 4 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 5 |
| Athenry and Environs | 189 | 40 | 161 | 21 | 5 | 1 | 417 |
| Ballinasloe North | 87 | 19 | 70 | 16 | 2 | 0 | 194 |
| Ballinasloe South | 114 | 50 | 111 | 16 | 5 | 1 | 297 |
| Connemara | 1 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 3 |
| Connemara Central | 97 | 37 | 78 | 9 | 0 | 0 | 221 |
| Connemara Islands | 6 | 2 | 8 | 0 | 0 | 0 | 16 |
| Connemara North-West | 54 | 8 | 48 | 5 | 0 | 0 | 115 |
| Connemara South-East | 56 | 12 | 33 | 7 | 0 | 0 | 108 |
| Connemara South-West | 35 | 10 | 31 | 1 | 1 | 0 | 78 |
| Galway City East | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| Galway City West | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 3 |
| Galway North | 37 | 6 | 31 | 6 | 1 | 0 | 81 |
| Galway North-East | 41 | 9 | 38 | 6 | 2 | 0 | 96 |
| Gort and Environs | 85 | 15 | 89 | 10 | 2 | 0 | 201 |
| Headford | 52 | 14 | 41 | 8 | 0 | 0 | 115 |
| Loughrea and Environs | 123 | 31 | 102 | 7 | 5 | 0 | 268 |
| Oranmore/Claregalway | 146 | 36 | 140 | 18 | 0 | 0 | 340 |
| **Total** | **1341** | **331** | **1205** | **164** | **29** | **4** | **3074** |

APPROVED HOUSEHOLDS BY AGE RANGE & PROPERTY SIZE

| Age Range | 1 Bed | 2 Bed | 3 Bed | 4 Bed | 5 Bed | 6 Bed | Total |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 18 ~ 27 | 143 | 17 | 149 | 1 | 0 | 0 | 310 |
| 28 ~ 37 | 194 | 28 | 407 | 42 | 9 | 0 | 680 |
| 38 ~ 47 | 207 | 77 | 426 | 68 | 14 | 0 | 792 |
| 48 ~ 57 | 262 | 92 | 170 | 41 | 3 | 2 | 570 |
| 58 ~ 65 | 248 | 62 | 37 | 6 | 1 | 0 | 354 |
| 65+ | 287 | 55 | 16 | 6 | 2 | 2 | 368 |
| **Total** | **1341** | **331** | **1205** | **164** | **29** | **4** | **3074** |

APPROVED HOUSEHOLDS BY BASIS OF NEED & PROPERTY SIZE

| BASIS_OF_NEED | 1 Bed | 2 Bed | 3 Bed | 4 Bed | 5 Bed | 6 Bed | Total |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Concluded that Mortgage is uns | 27 | 10 | 18 | 1 | 1 | 0 | 57 |
| Disability - unspecified | 6 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 8 |
| Disability requirement - intel | 56 | 23 | 24 | 6 | 2 | 0 | 111 |
| Disability requirement - menta | 181 | 26 | 32 | 5 | 2 | 0 | 246 |
| Disability requirement - physi | 102 | 45 | 49 | 14 | 2 | 0 | 212 |
| Disability requirement - senso | 7 | 2 | 6 | 1 | 0 | 0 | 16 |
| Exceptional Medical or Compass | 52 | 18 | 35 | 7 | 2 | 0 | 114 |
| Homeless, Institution, Emergen | 94 | 21 | 79 | 12 | 1 | 0 | 207 |
| Involuntary Sharing | 117 | 18 | 88 | 2 | 1 | 0 | 226 |
| Overcrowded | 2 | 4 | 16 | 16 | 5 | 1 | 44 |
| Requires Rent Supplement to pr | 652 | 136 | 818 | 87 | 11 | 2 | 1706 |
| Unfit | 22 | 5 | 15 | 6 | 2 | 0 | 50 |
| Unsuitable - Particular Househ | 23 | 22 | 24 | 7 | 0 | 1 | 77 |
| **Total** | **1341** | **331** | **1205** | **164** | **29** | **4** | **3074** |

## MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh leis an dul chun cinn maidir le soláthar tacaíochtaí tithíochta sóisialta do dhaoine ar thaifead na dteaghlach cáilithe.
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun iarratasóirí a ainmniú do thithíocht dheonach.
- Cuirfidh an Chomhairle Léasú Bunaithe ar Rogha (CBL) i bhfeidhm chun rannpháirtíocht iarratasóirí tithíochta a éascú.
- Foirm Iarratais ar Thithíocht Shóisialta ar Líne agus foirm SSHA ar líne a fhorbairt agus a sheoladh.
- Tuilleadh forbartha ar an gcóras CRM chun seirbhísí tithíochta eile a éascú.

## AONAD ÍOCAÍOCHTA CÚNAIMH TITHÍOCHTA (HAP)

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023

- Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tar éis tacaíocht a thabhairt do 2,483 tionóntacht HAP ó cuireadh tús leis an scéim i mí Dheireadh Fómhair 2015.

| HAP | |
|---|---|
| Líon iomlán na dTionóntachtaí HAP a socraíodh | 2483 |
| Líon iomlán na dTionóntachtaí Gníomhacha HAP | 1459 |
| Líon na dTionóntachtaí HAP a socraíodh in 2023 | 177 |
| Socruithe Aistrithe Forlíonadh Cíosa 2023 (RS) (2023 amháin) | 26 |

- Is ceist shuntasach fós é an easpa soláthair maoine atá ar fáil d’iarratasóirí HAP.
- Bhí an t-ardú ar chíosanna ar fud chontae na Gaillimhe ina fhachtóir ollmhór d’iarratasóirí chomh maith, toisc go bhfuil an t-údarás áitiúil teoranta d’uasráta cíosa a bhraitheann ar an líon daoine sa teaghlach.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Leanúint ar aghaidh le faighteoirí forlíonadh cíosa fadtéarmacha a aistriú ón Roinn Coimirce Sóisialaí go dtí an scéim HAP, faoi réir theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil.
- Gach iarratas tithíochta nua don scéim HAP a phróiseáil.
- Leanúint ar aghaidh leis an bpróiseas iniúchta do gach maoin faoin Scéim HAP.

## AN SCÉIM CÓIRÍOCHTA CÍOSA (RAS) AGUS LÉASÚ

Tugadh leithdháileadh maoinithe d’údaráis áitiúla agus do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun réadmhaoin chónaithe phríobháideach a léasú nó a ligean ar cíos d’iarratasóirí ar an liosta tithíochta. Tá RAS dírithe go príomha ar dhaoine a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu ar feadh tréimhse níos faide ná 18 mí. Ón 1 Aibreán 2011, meastar go bhfuil a riachtanais tithíochta comhlíonta ag aon iarratasóirí tithíochta atá i gcóiríocht RAS.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Tá cóiríocht á cur ar fáil do 361 teaghlach faoi láthair tríd an Scéim RAS agus an Scéim léasaithe gearrthéarmach (tá an figiúr seo san áireamh le RAS Deonach).

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag riar na Scéime RAS chomh maith lena bheith ag obair chun roghanna soláthair faoi "Tithíocht do Chách" a chur chun cinn

## AONAD NA NDAOINE GAN DÍDEAN

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

Tugadh méadú eile ar líon na dteaghlach atá ag lorg seirbhísí do dhaoine gan dídean faoi deara in 2023, agus méadú suntasach ar líon na dteaghlach agus na ndaoine singile a dteastaíonn Cóiríocht Éigeandála Phríobháideach uathu - cuireadh Cóiríocht Éigeandála Phríobháideach ar fáil do 94 theaghlach, lena n-áirítear teaghlaigh agus daoine singile, ó Eanáir go Deireadh Fómhair 2023.

- Bhí go leor dúshlán ag baint le hinfhaighteacht theoranta Cóiríochta Éigeandála Príobháidí maidir le freagairt do dhaoine gan dídean agus chuir sé éilimh shuntasacha ar acmhainní teoranta an Aonaid Tithíochta.
- Bhí deacracht ag teaghlaigh agus ag daoine singil araon tithe a aimsiú san earnáil cíosa phríobháidigh mar gheall ar easpa infhaighteachta agus líon méadaithe Fógraí Scoir á n-eisiúint.
- Bíonn deacracht bhreise ag teaghlaigh níos mó tithe a aimsiú san earnáil phríobháideach. Tá líon an-teoranta tithe a bhfuil 4/5 sheomra leapa iontu i stoc tithíochta na Comhairle.
- Tháinig an Fhoireann Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean le chéile go rialta chun tithíocht agus na tacaíochtaí gaolmhara do dhaoine atá gan dídean a shocrú, lena n-áirítear daoine aonair ar leithdháileadh tithíocht orthu faoin gclár "Tithíocht ar dTús". Leis an gclár 'Tithíocht ar dTús', cuirtear ar chumas daoine singile a bhfuil stair d'easpa dídine ainsealach agus riachtanais chasta acu, tionóntacht sheasmhach, thacaithe a fháil. Is é Pobal Shíomóin na Gaillimhe a sholáthraíonn tacaíochtaí "Tithíocht ar dTús" agus leithdháileadh tionóntachtaí "Tithíocht ar dTús" ar thriúr breise go dtí seo in 2023. Leanadh ar aghaidh le tacaíochtaí a chur ar fáil don deichniúr tionóntaí ar cuireadh tithíocht ar fáil dóibh faoi "Tithíocht ar dTús" in 2021 agus in 2022. Táthar ag súil go gcuirfear tithíocht ar fáil do bheirt eile faoin gclár faoi dheireadh 2023.
- Is áis atá san Fhreagairt ar Aimsir Fhuar a chuirtear ar fáil go bliantúil do dhaoine a chodlaíonn taobh amuigh nach bhfuil incháilithe do sheirbhísí do dhaoine gan dídean, nó a dhéanann rogha chun codladh taobh amuigh ach amháin le linn na haimsire níos measa I rith an Gheimhridh. Bíonn an tseirbhís ar fáil ón 01 Samhain go dtí deireadh mhí an Mhárta gach bliain. D'aithin Comhairle Chontae na Gaillimhe dhá dhuine dhéag atá ag codladh taobh amuigh i gCathair agus i gContae na Gaillimhe a bhféadfadh gá a bheith acu leis na leapacha seo. Tá an áis "Freagairt ar Aimsir Fhuar" lonnaithe i gCathair na Gaillimhe agus tá sí á bainistiú ag COPE na Gaillimhe thar ceann Chomhairle Cathrach na Gaillimhe. Mar gheall ar an nganntanas cóiríocht oiriúnach atá ar fáil, tá cóiríocht shealadach eile á fiosrú agus á cur chun cinn ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus leas á bhaint as stoc tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe féin agus as an earnáil phríobháideach.

- Ó d'éirigh go maith leis an gclár tacaithe tithíochta comhroinnte sa phobal, a tugadh isteach in dhá theach in 2022, tá an Chomhairle tar éis ceithre mhaoin bhreise a leithdháileadh ar Phobal Shíomóin na Gaillimhe in 2023 ar chomhaontú ceadúnais chun an clár a leathnú. Beidh tithíocht tacaithe á cur ar fáil ag Pobal Shíomóin na Gaillimhe do suas le 14 iarratasóir tithíochta a bhfuil sainriachtanais acu faoi dheireadh 2023.
- Bhunaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe Clár Tithíochta don Aos Óg sa Chontae in 2023. Is é Pobal Shíomóin na Gaillimhe a bhainistíonn an clár seo, agus tá seisear ógánach idir 18 mbliana agus 25 bliain d'aois ina gcónaí i dtrí réadmhaoin de chuid na Comhairle in dhá bhaile Contae atá á ligean ar cíos le Pobal Shíomóin.

Chuir an Roinn Tithíochta maoiniú faoi Alt 10 ar fáil, a chuir ar chumas na Comhairle na cláir seo a chur i bhfeidhm. Tá maoiniú curtha ar fáil freisin le go mbeidh Comhairle Chontae na Gaillimhe in ann Oibrí For-rochtana a earcú, ball foirne breise don fhoireann do dhaoine gan dídean. Tá earcaíocht don phost seo ar siúl faoi láthair.

## MOLTAÍ DO 2024:

- I gcomhar leis an Roinn Tithíochta, tá clár nua tithíochta tacaithe á chur i bhfeidhm ag an gComhairle do theaghlaigh a bhfuil sainriachtanais acu agus atá ina gcónaí i gcóiríocht éigeandála faoi láthair. Ar an gcéad dul síos, ní mór do Chomhairle Chontae na Gaillimhe dhá theaghlach oiriúnacha a aithint agus dhá mhaoin atá oiriúnach dá riachtanais a leithdháileadh orthu faoi chlár 2024. Aithníodh maoin amháin a bheidh feiliúnach chuige seo agus tá athchóiriú á dhéanamh uirthi chun freastal ar riachtanais an teaghlaigh.
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag cur lena cuid acmhainní foirne maidir le heaspa dídine mar fhreagra ar shainriachtanais na gcliant a bhíonn ag plé leis na cláir tithíochta éagsúla. Braithfidh aon mhéadú ar an acmhainn foirne ar mhaoiniú Alt 10 a bheith ar fáil ón Roinn agus ar acmhainní comhfhreagracha airgeadais an Údaráis Áitiúil.
- Táthar ag súil go mbeidh dea-thionchar fós ag an Aimsitheoir Áite HAP, ag an Oifigeach Cothaithe Tionóntachta, agus ag an Oibrí For-rochtana do Dhaoine gan Dídean ar chúrsaí le hidirghabháil luath i bhfeidhm ar dtús a chabhróidh le daoine sula mbeidís gan dídean, agus leis an méid ama a chaitheann daoine i seirbhísí do Dhaoine gan Dídean a laghdú.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh chun comhoibriú leis an gComhairle Cathrach a chur chun cinn agus le gach seirbhís do Dhaoine gan Dídean, lena n-áirítear an Fhreagairt ar Aimsir Fhuar, le go mbeidh cur chuige comhordaithe idirghníomhaireachta i bhfeidhm i leith easpa dídine.
- Leanúint ar aghaidh ag obair i gcomhar leis na hÚdaráis Áitiúla go léir i Réigiún an Iarthair, le Pobal Shíomóin, le COPE agus FSS chun a chinntiú go leanfar ar aghaidh le Samhail 'Tithíocht ar dTús' do Thithíocht i gContae na Gaillimhe, agus go gcuirfear ceithre thionóntacht eile ar fáil in 2024.
- An soláthar tithíochta sa phobal a leathnú go dtí go mbeidh deich maoin mar seo sa Chontae, chun diantacaíochtaí do dhaoine aonair a bhfuil sainriachtanais acu a chur san áireamh.

- Líon na réadmhaoine atá ar fáil faoin gClár Tithíochta don Aos Óg a mhéadú go cúig réadmhaoin, chun tionóntachtaí a chur ar fáil do dheichniúr óg agus leochaileach, ionas nach mbeidh siad gan dídean ag aois óg.
- An Clár nua um Thithíocht Thacaithe do Theaghlaigh a chur i bhfeidhm de réir Chlár Tithíochta na Roinne
- Oibriú i gcomhpháirtíocht leis an Earnáil Dheonach agus go háirithe le COPE, le Pobal Shíomóin na Gaillimhe, le hIontaobhas Peter Mc Verry, AHBanna agus gníomhaireachtaí eile chun cóiríocht dá gcuid féin a sholáthar do theaghlaigh agus d'iarratasóirí tithíochta aonair a dteastaíonn réiteach tithíochta saincheaptha uathu chun freastal ar a riachtanais – Cur chuige bunaithe ar thithíocht a chur chun cinn le haghaidh gach cineál tithíocht shóisialta lena n-áirítear cóiríocht idirthréimhse do theaghlaigh i gcomhar le Pobal Shíomóin na Gaillimhe, le COPE Gaillimh agus le Peter McVerry agus tacaíochtaí á gcur in oiriúint do riachtanais na n-iarratasóirí. Beidh tithíocht thacaithe á cur ar fáil do 3 theaghlach bhreise i dTuaim.
- Leanúint ar aghaidh ag obair le comhlachtaí Reachtúla agus Deonacha trí mheán na Foirne Gníomhaíochta um Dhaoine gan Dídean chun Easpa Dídine a chosc (Tairseach, Tusla srl.) le fócas ar chosaint agus ar chothú tionóntachta.
- Leanúint ar aghaidh le bainistiú cásanna agus béim á cur ar an aistriú go cóiríocht chuí.
- Leanúint ar aghaidh le cóiríocht fhadtéarmach a sholáthar leis na tacaíochtaí riachtanacha ar fad do theaghlaigh agus d'iarratasóirí singil gan dídean.
- Dhá mhaoin tithíochta ina gcuirfí tacaíocht mheánach ar fáil iontu a chur chun cinn tríd an gClár Caipitil.
- Dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an bhFreagairt ar Aimsir Fhuar a sholáthar, chomh maith le tithíocht mheántéarmach ina gcuirfí tacaíocht ar fáil a sholáthar.
- Dul chun cinn a dhéanamh maidir le Tearmann d'Íospartaigh Foréigean Baile a sholáthar le hionchur agus le tacaíocht ó pháirtithe leasmhara éagsúla agus ó mhaoiniú rialtais.

## SEIRBHÍS AIMSITHE ÁITE HAP DO DHAOINE GAN DÍDEAN

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Tugadh isteach Seirbhís Aimsithe Áite HAP do Dhaoine gan Dídean i gComhairle Chontae na Gaillimhe i mí na Samhna 2018. Tá an tSeirbhís tar éis a rolladh amach chuig Údaráis Áitiúla chun cabhrú le teaghlaigh gan dídean lóistín a aimsiú ina bhfuil an margadh cíosa an-dúshlánach mar gheall ar an éileamh ard agus na leibhéil ísle soláthair.

- Fuair 246 teaghlach gan dídean cúnamh ón Aimsitheoir Áite HAP do Dhaoine gan Dídean ó Shamhain 2018 go dtí an lá inniu. Is méadú 51 é seo ar Dheireadh Fómhair 2022.
- Cuireadh 124 teaghlach gan dídean ar aghaidh chuig Aimsitheoir Áite HAP do Dhaoine gan Dídean le linn 2023.
- Teagmháil leanúnach le húinéirí maoine, agus le gníomhairí eastáit chun aonaid chóiríochta a aimsiú.

## MOLTAÍ DO 2024:


- Athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhchásanna easpa dídine agus ar an réadmhaoin atá ar fáil le ligean ar cíos i gContae na Gaillimhe.
- Teagmháil leanúnach a dhéanamh le húinéirí réadmhaoine agus le gníomhairí eastáit chun gach aonad cóiríochta atá ar fáil a aimsiú.

## STRAITÉIS TITHÍOCHTA DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Is é príomhaidhm na Straitéise seo ná comhionannas rochtana do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a phríomhshruthú ar an raon iomlán de roghanna tithíochta atá ar fáil, a oireann do riachtanais an duine aonair agus na dteaghlach.

- Léiríonn bunachar sonraí na n-iarratas ar thithíocht go bhfuil 592 duine ag fulaingt le fadhbanna meabhairshláinte tromchúiseacha agus seasmhacha, agus a bhfuil sainriachtanais acu maidir le cinnteacht tionachta agus rochtain éasca ar sheirbhísí.




APPROVED HOUSEHOLDS BY AREA OF CHOICE & PROPERTY SIZE

| AREA OF CHOICE | 1 Bed | 2 Bed | 3 Bed | 4 Bed | 5 Bed | 6 Bed | Total |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 3 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 4 |
| Athenry and Environs | 47 | 6 | 10 | 1 | 3 | 0 | 67 |
| Ballinasloe North | 30 | 8 | 6 | 3 | 0 | 0 | 47 |
| Ballinasloe South | 37 | 26 | 15 | 4 | 1 | 0 | 83 |
| Connemara Central | 22 | 10 | 12 | 1 | 0 | 0 | 45 |
| Connemara Islands | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 2 |
| Connemara North-West | 12 | 2 | 4 | 2 | 0 | 0 | 20 |
| Connemara South-East | 14 | 3 | 7 | 1 | 0 | 0 | 25 |
| Connemara South-West | 17 | 3 | 2 | 0 | 0 | 0 | 22 |
| Galway North | 12 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 14 |
| Galway North-East | 3 | 1 | 4 | 0 | 0 | 0 | 8 |
| Gort and Environs | 21 | 4 | 9 | 0 | 0 | 0 | 34 |
| Headford | 9 | 4 | 3 | 4 | 0 | 0 | 20 |
| Loughrea and Environs | 32 | 9 | 10 | 0 | 1 | 0 | 52 |
| Oranmore/Claregalway | 43 | 11 | 9 | 4 | 0 | 0 | 67 |
| Portumna and Environs | 13 | 2 | 6 | 2 | 0 | 0 | 23 |
| Tuam | 36 | 7 | 12 | 3 | 1 | 0 | 59 |
| **Total** | **351** | **97** | **112** | **26** | **6** | **0** | **592** |

APPROVED HOUSEHOLDS BY AGE RANGE & PROPERTY SIZE

| Age Range | 1 Bed | 2 Bed | 3 Bed | 4 Bed | 5 Bed | 6 Bed | Total |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 18 ~ 27 | 31 | 6 | 8 | 0 | 0 | 0 | 45 |
| 28 ~ 37 | 71 | 7 | 31 | 10 | 2 | 0 | 121 |
| 38 ~ 47 | 59 | 13 | 42 | 9 | 2 | 0 | 125 |
| 48 ~ 57 | 66 | 17 | 19 | 5 | 1 | 0 | 108 |
| 58 ~ 65 | 58 | 20 | 11 | 0 | 1 | 0 | 90 |
| 65+ | 66 | 34 | 1 | 2 | 0 | 0 | 103 |
| **Total** | **351** | **97** | **112** | **26** | **6** | **0** | **592** |

APPROVED HOUSEHOLDS BY BASIS OF NEED & PROPERTY S

| BASIS_OF_NEED | 1 Bed | 2 Bed | 3 Bed | 4 Bed | 5 Bed | 6 Bed | Total |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Concluded that Mortgage is uns | 27 | 10 | 18 | 1 | 1 | 0 | 57 |
| Disability - unspecified | 6 | 1 | 1 | 0 | 0 | 0 | 8 |
| Disability requirement - intel | 56 | 23 | 24 | 6 | 2 | 0 | 111 |
| Disability requirement - menta | 180 | 26 | 32 | 5 | 2 | 0 | 245 |
| Disability requirement - physi | 102 | 45 | 49 | 14 | 2 | 0 | 212 |
| Disability requirement - senso | 7 | 2 | 6 | 1 | 0 | 0 | 16 |
| Exceptional Medical or Compass | 52 | 18 | 35 | 7 | 2 | 0 | 114 |
| Homeless, Institution, Emergen | 94 | 21 | 79 | 12 | 1 | 0 | 207 |
| Involuntary Sharing | 117 | 18 | 88 | 2 | 1 | 0 | 226 |
| Overcrowded | 2 | 4 | 16 | 16 | 5 | 1 | 44 |
| Requires Rent Supplement to pr | 652 | 136 | 817 | 87 | 11 | 2 | 1705 |
| Unfit | 22 | 5 | 15 | 6 | 2 | 0 | 50 |
| Unsuitable - Particular Househ | 23 | 22 | 24 | 7 | 0 | 1 | 77 |
| **Total** | **1340** | **331** | **1204** | **164** | **29** | **4** | **3072** |

- Tá an t-athbhreithniú ar an Straitéis Míchumais tugtha chun críche agus tá sé réidh agus i bhfeidhm faoi láthair. Tá Plean Gníomhaíochta nuashonraithe ann freisin.
- Athbhunaíodh an Grúpa Stiúrtha um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas i dteannta le foghrúpa ar leith do Mheabhairshláinte ar a bhfuil ionadaithe ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ó sheirbhísí Meabhairshláinte FSS. Bunaíodh foghrúpa maidir le Míchumas Intleachta chomh maith i gcomhar le Bráithre na Carthanachta, Ability West agus Comhairle Chontae na Gaillimhe.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Leanúint ar aghaidh ag obair le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus le soláthraithe seirbhísí Míchumais chun cóiríocht oiriúnach a sholáthar i dtionóntachtaí aonair nó i gcóiríocht chomhroinnte. Tá an Glao don Scéim Cúnaimh Caipitil (CAS) fós oscailte agus fáiltíonn an Chomhairle roimh iarratais ó Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.
- Machnamh a dhéanamh ar an gcur chuige "Tithíocht Inoiriúnaithe Fad Saoil" agus líon áirithe de thithíocht nua na Comhairle a dhearadh chun a bheith oiriúnach do chathaoir rothaí.
- Tuilleadh naisc chumarsáide a fhorbairt go díreach le geallsealbhóirí agus le cliaint maidir lena sainriachtanais.
- Leanúint ar aghaidh leis an bPlean Straitéiseach um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2021-2026 a chur i bhfeidhm.

## CLÁR CÓIRÍOCHTA DON LUCHT SIÚIL

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

Fostaíonn an Chomhairle Oifigeach Idirchaidrimh amháin don Lucht Siúil (TLO) a chuireann tacaíocht agus cúnamh ar fáil thar ceann na Comhairle do 85 teaghlach a bhfuil cónaí orthu i gCóiríocht a Bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil, lena n-áirítear 14 bhá láithreáin stad. Tá ról lárnach ag an TLO maidir le feabhsuithe ar Chóiríocht a Bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil a aithint, a phleanáil, a leathnú agus a chinntiú. Tá athchóiriú agus leathnú Cóiríochta a Bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil faoi threoir an Choiste Chomhairligh Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil, a thagann le chéile ar bhonn ráithiúil. Tá na páirtithe leasmhara seo a leanas ina mbaill ar an gcoiste:

- Baill an Údaráis Áitiúil
- Fostaithe Ghrúpaí Ionadaíocha den Lucht Siúil
- Ionadaithe den Lucht Siúil ón gComhphobal agus
- Baill foirne ó Aonad Tithíochta an Údaráis Áitiúil

- Cuireadh móroibreacha athchóirithe i gcrích ar na 3 theach sa Ghrúpscéim Tithíochta a Bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil i gCluain Tuaiscirt, Béal Átha na Sluaighe. Tógadh síneadh ar cheann de na tithe chun tithíocht ilghlúine a éascú.
- Rinneadh athchóiriú agus oiriúnú ar agus cuireadh síneadh le réadmhaoin i bPort Nig, Béal Átha na Sluaighe chun tithíocht oiriúnach a chur ar fáil do theaghlach ina bhfuil riachtanais bhreise ag ceathrar den teaghlach.
- Cuireadh tús le móroibreacha ar athchóiriú agus uasghrádú ar 11 theach i nGrúpscéim Tithíochta a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil i mBéal Átha Ghártha. Cuirfear oibreacha i gcrích ar 4 theach faoi dheireadh na bliana. Athlonnaíodh gach teaghlach chuig réadmhaoin fholamh fad is a bhí oibreacha ar siúl ina dteach féin.
- Tá athchóiriú mór á dhéanamh ar mhaoin tuaithe a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil i gCluain Chaoin, Áth Tíomáin, agus tá síneadh á chur leis le go mbeidh an áit feiliúnach do theaghlach.

- Tá oibreacha athchóirithe á ndéanamh ar dhá mhaoin tuaithe a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil i mBaile an Gharráin. Tá ceann de na maoine á leathnú agus á oiriúnú chun freastal ar riachtanais duine den teaghlach a úsáideann cathaoir rothaí.
- Cuireadh oiliúint um Shábháilteacht ó Dhóiteán ar fáil ag láithreáin stad i dTuaim agus i gCeapaigh Oighre i mí Iúil 2023 - bhí ionadaí i láthair as 4 den 10 dteaghlach ag an seisiún oiliúna ag Láithreán Stad Thuama agus d'fhreastail 2 den 4 theaghlach ar an seisiún oiliúna ag Láithreán Stad Cheapaigh Oighre. Tá duine ar bith ó na teaghlaigh tar éis a chur in iúl go dtí seo, go mbeidís toilteanach gníomhú mar Mhaor Sábháilteachta Dóiteáin ar cheachtar suíomh. Tá traenáil socraithe arís don 16 Samhain 2023 ag na láithreáin stad ar fad.
- Tá monatóireacht leanúnach agus athsholáthar trealaimh sábháilteachta ó dhóiteán ar siúl ag láithreacha stad i dTuaim agus i gCeapra agus ag 2 bhá i gCluain Órtha, Creachmhaoil.
- Tháinig an Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil le chéile 3 huaire go dtí seo in 2023 chun réitigh tithíochta don Lucht Siúil a phlé agus beidh an ceathrú cruinniú ar siúl i mí na Samhna 2023.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Cuirfear an t-athchóiriú ag na 7 maoin eile ag an nGrúpscéim a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil i mBéal Átha Garbh i gcrích, agus beidh na tionóntaí ar fad in situ faoi dheireadh na bliana.
- Leanfar ar aghaidh le hoiliúint sábháilteachta ó dhóiteáin a sholáthar ag gach láithreán stad.
- Cuirfear oibreacha athchóirithe, sínte agus oiriúnaithe i gcrích ag trí theach i mBaile an Gharráin (2 theach) agus i gCluain Chaoin, Áth Tíomáin agus (1 theach) i mBaile Átha an Rí.
- Tá sé i gceist maoin ag Talamh an Rí, Baile Átha an Rí a oiriúnú agus a leathnú chun é a fheistiú do theaghlach a dteastaíonn maoin ar urlár na talún uathu ar chúiseanna leighis, ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil ón Aonad Cóiríochta don Lucht Siúil. Tá iarratas ar mhaoiniú curtha isteach agus tá sé á bhreithniú faoi láthair.
- Tá tograí le hullmhú agus le cur faoi bhráid an Aonaid um Chóiríocht don Lucht Siúil lena mbreithniú le haghaidh maoiniú d'oibreacha uasghrádaithe agus athchóirithe ag dhá Ghrúpscéim a bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil. Táthar ag súil go gcuirfear tús le hoibreacha in 2024 ag Gort Bríde (7 dteach) agus Baile Dháibhí (6 theach).
- Tá iarratais eile le cur isteach le hathchóiriú a dhéanamh ar 3 theach a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil faoin tuath sa Chreagán agus ag Gallach (2 theach).
- Tá tús le cur le hatógáil réadmhaoine a leagadh tar éis damáiste dóiteáin, ag an nGrúpscéim Tithíochta a bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil ag Cluain Laighean, Béal Átha Garbh, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.
- Cuirfear athfhorbairt ag an Láithreán Stad i dTuaim ar aghaidh agus cuirfear togra agus iarratas ar mhaoiniú faoi bhráid na Roinne in 2024.
- Cuirfear oibreacha athchóirithe ar aghaidh ag an nGrúpscéim Sonrach don Lucht Siúil i gCreagán.
- Déanfaidh an Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil Clár Cóiríochta 5 bliana don Lucht Siúil do 2024 – 2028 a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Críochnófar Daonáireamh Bliantúil an Lucht Siúil.

## SEIRBHÍS OBAIR SHÓISIALTA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Cásanna Obair Shóisialta 2023 (go dtí Deireadh Fómhair, 2023)

| Cásanna á dtabhairt anonn ó 2022 | Cásanna ó liosta 2022 a dúnadh | = | Atreoraithe Nua le linn 2023 | Líon iomlán na gcásanna gníomhacha |
|---|---|---|---|---|
| 186 | 36 | 150 | 158 | **308** |

Príomhfheidhmeanna maidir le Cleachtais Obair Shóisialta: Rannpháirtíocht, Measúnú, Tógáil Caidrimh, Pleanáil (seachadadh seirbhíse a threorú), Cur i bhFeidhm, Meastóireacht, Dícheangal.

Ról an Oibrí Sóisialta maidir le Cúrsaí Tithíochta

Tá forbairt tagtha ar na cúramaí a bhaineann le hObair Shóisialta sna hÚdaráis Áitiúla thar na blianta chun freastal ar riachtanais éagsúla na gcliant mar a tháinig siad chun cinn. Bunaíodh an ról ar dtús sna hÚdaráis Áitiúla sna 1960idí agus leathnaíodh é ó shin. Cé go mbaineadh an ról go sonrach leis an Lucht Siúil ar dtús, freastalaíonn an obair shóisialta anois ar bheagnach gach iarratasóir agus ar thionóntaí reatha atá leochaileach. D'fhéadfadh an tOibrí Sóisialta bheith ag obair leis na hábhair seo a leanas, cuir i gcás:

- Míchumas (Fisiciúil, Céadfach, Intleachtúil) - Grúpa Stiúrtha um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas (HSDG) agus Foghrúpaí
- Daoine scothaosta
- Daoine Fásta Leochaileacha (Cumhdach)
- Obair Idirchaidrimh Leasa Leanaí
- Easpa dídine
- Meabhairshláinte
- An Lucht LGBTQI+ (Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach agus Aiteach agus Idirghnéasach)
- Oibriú le daoine aonair agus grúpaí eile atá leochaileach nó ar an imeall

Ina theannta sin, freagraíonn an fhoireann Obair Shóisialta d'atreoruithe maidir le:

- Measúnaithe Obair Shóisialta
- Idirghabháil i gcás Géarchéime
- Méala agus Bás
- Abhcóideacht
- Imní maidir le hacmhainn na gcliant (Tag: An tAcht um Chinnteoireacht Cuidithe (Cumas), 2015
- Cásanna SOLO (Oifigeach Idirchaidrimh um Chionta Gnéasacha)
- Obair an Oifigigh um Chosaint Leanaí (freagairt eagrúcháin)

Is é aidhm na seirbhíse Obair Shóisialta ná a bheith ag obair le cliaint tithíochta a bhfuil deacrachtaí acu i réimsí sóisialta a saoil. D'fhéadfadh seirbhísí Obair Shóisialta a bheith ag teastáil ina n-aonar nó mar chuid d'idirghabháil ilghnéitheach i gcomhar le foirne ildisciplíneacha agus obair idirghníomhaireachta srl. D'fhéadfadh comhoibriú le comhghleacaithe Tithíochta a bheith i gceist, go háirithe Oifigigh Idirchaidrimh Tithíochta, TLOnna, Daoine gan dídean, agus TEManna.

Measúnú & Idirghabháil Chliniciúil:


- Déanann Oibrithe Sóisialta measúnuithe bunaithe ar fhianaise agus baineann siad úsáid as cur chuige bunaithe ar láidreachtaí chun riachtanais agus idirghabhálacha cuí a chinneadh - a chuideoidh leo bonn eolais a chur faoi sheachadadh seirbhíse.
- Is féidir measúnú a dhéanamh mar chuid d'atreorú tosaigh Obair Shóisialta nó d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le measúnú dá n-athródh riachtanais chliaint atá sa chóras cheana féin (cásanna oscailte obair shóisialta). D'fhéadfadh measúnú 'aonuaire' a bheith i gceist, nó go mbeadh sé mar chuid de 'phróiseas leanúnach' chun riachtanais agus idirghabhálacha pleanála a mheas do chliaint níos fadtéarmaí.
- Déantar measúnuithe nuair a threoraítear cás, nó nuair a atreoraítear cás nuair a thugtar é d'Oibrí Sóisialta ar leith.

Ba cheart an méid seo a leanas a aithint san idirghabháil agus sa mheasúnú:

- Cuspóir soiléir leis an ionchur
- Eolas faoin gcás i.e. cúlra/cúlra sóisialta/tráma a fulaingíodh
- Anailís chliniciúil ar an bhfaisnéis/ar an measúnú sin
- Moltaí

Próiseas Obair Shóisialta (Straitéis)

- Tá straitéis Obair Shóisialta i bhfeidhm laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe ó 2021 i leith
- Tá próiseas atreoruithe i bhfeidhm
- Bíonn atreoruithe bunaithe ar 'riachtanais' – seachas ar 'catagóir'.
- Déanann an t-Oibrí Sóisialta Sinsearach maoirseacht chliniciúil ar chásanna an Oibrí Sóisialta.
- Tá oibleagáidí CORU á gcomhlíonadh.
- Cuntasacht maidir le seirbhísí Obair Shóisialta a sheachadadh.


Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council


SOCIAL WORK

Procedure

*Social Work*
*Housing*
*Galway County Council*

Oifigeach Idirchaidrimh Ainmnithe um Chosaint Leanaí (Oibrí Sóisialta Sinsearach, Tithíocht)

- Tá ról lárnach ag Oibrithe Sóisialta maidir le leanaí agus daoine fásta a chosaint.
- Is é an tOibrí Sóisialta Sinsearach atá ina Oifigeach um Chosaint Leanaí do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- Is éard bhíonn i gceist leis seo ná athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna a ardaíonn foireann uile Chomhairle Chontae na Gaillimhe má léirítear amhras faoi mhí-úsáid leanaí, comhairle a chur ar fáil agus teagmháil a dhéanamh le Tusla más cuí. Athbhreithniú a dhéanamh ar Bheartais i gcomhar le seirbhísí Corparáideacha.
- Tuairiscí a nochtar go cúlghabhálach faoi mhí-úsáid.
- Tá freagracht reachtúil ar Tusla chun freagra a thabhairt ar ábhair imní ó thaobh cosaint leanaí de agus chun measúnú a dhéanamh orthu. *Tagairt. Beartas um Chosaint Leanaí*



## BAINISTIÚ STOC TITHÍOCHTA AN ÚDARÁIS ÁITIÚIL - AONAD COTHABHÁLA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- **Clár Athchóirithe na dTithe Folmha:** Leagadh Clár Athchóirithe na dTithe Folmha 2023 amach i gCiorclán 20-2023 agus cuireadh comhairle ar fáil faoin maoiniú a bheidh á sholáthar ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Cuireadh 49 dteach ar fáil sa leithdháileadh tosaigh agus buiséad €539,000 ag gabháil leis. Níor tháinig aon athrú le roinnt blianta anuas ar an teorainn maoinithe €11k in aghaidh na réadmhaoine atá leagtha síos do na costais athchóirithe ar fad, in ainneoin méaduithe suntasacha atá tagtha ar chostais tógála. Amhail deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023, b'ionann caiteachas chlár athchóirithe na dtithe folmha in 2023 agus €1,226,063. Cuireadh 79 aonad ar fáil sa tréimhse ama sin. Tá maoiniú le lorg do na tithe breise a athchóiríodh in 2023.
  Ó bunaíodh an clár, ní cheadaítear aon mhaoin amháin a mhaoiniú ach aon uair amháin. Tá an cleachtas seo ina dhúshlán don Chomhairle, go háirithe i ndáil le tithe ina mbíonn na tionóntaí ag athrú go minic, amhail Tithe do Dhaoine Scothaosta (OPDanna). Gach bliain fágann líon áirithe tionóntaí a gcuid maoine agus bíonn líon beag maoine folamh dá bharr atá i ndroch-chaoi agus a dteastaíonn móroibreacha uathu. In 2023, chosain an obair athchóirithe ar dhá mhaoin os cionn €80,000. Is dúshlán é do Chomhairle Chontae na Gaillimhe an maoiniú breise os cionn an teorainn €11,000 atá ar fáil ón Roinn Tithíochta a chur ar fáil.
- **Oibreacha Oiriúnaithe ar Stoc Tithíochta na Comhairle:** Déantar oiriúnú ar thithe atá ann cheana féin faoin gclár Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas (DPG) chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais tionóntaí scothaosta agus thionóntaí faoi mhíchumas. Tá éileamh mór ar na hoibreacha seo agus tá an Chomhairle i gcónaí ag iarraidh an maoiniú a fháil chun freastal ar an éileamh. Mar gheall ar an maoiniú seo, cuirtear ar chumas na dtionóntaí cónaí sna tithe ina bhfuil siad cheana féin trí na tithe a oiriúnú chun freastal ar a riachtanais éagsúla. In 2023, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe leithdháileadh maoinithe €959,999 arb ionann é agus 90% de chostas na n-oibreacha ceadaithe. Ní mór do Chomhairle Chontae na Gaillimhe an 10% eile a íoc. Amhail deireadh mhí Dheireadh Fómhair, is ionann an caiteachas iomlán agus €530,005 d'oibreacha a rinneadh ar 41 oiriúnú agus 5 shíneadh. Tá oibreacha breise fós ar siúl.
- **Cothabháil Ghinearálta Tithíochta:** Cuirtear cothabháil tithíochta ar fáil ar bhonn tosaíochta. Caithfear díriú ar an gcothabháil riachtanach, lena n-áirítear pluiméireacht agus leictreachas, leis an maoiniú atá ar fáil. Go dtí seo in 2023, rinneadh 3,142 iarratas ar dheisiúcháin Cothabhála Tithíochta. Measadh gur iarratais bhailí a bhí i 1,146 de na hiarratais sin. Sa tréimhse chéanna, freagraíodh agus críochnaíodh 990 de na hiarratais ar dheisiúcháin.
- **Clár Cothabhála Pleanáilte:** Tá mórchlár cothabhála pleanáilte ar siúl ag Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi láthair. Ar dtús, is é an fócas ná go gcomhlíonfaidh gach teach sóisialta na híoschaighdeáin chíosa. Is é an chéad tosaíocht ná iniúchtaí leictreachais

a dhéanamh ar bhonn tréimhsiúil ar gach teach os cionn 10 mbliana d'aois. Cuirfear na deisiúcháin riachtanacha a aithnítear san iniúchadh i gcrích, agus eiseofar deimhniú do gach teach de réir mar a chríochnaítear an obair. Chomh maith leis na hoibreacha leictreacha, tá córas nua aláraim dóiteáin agus aonocsaíde carbóin á shuiteáil i ngach teach chun na rialacháin tógála reatha a chomhlíonadh. In 2022 rinneadh uasghrádú ar 614 teach faoin gclár cothabhála pleanáilte, chomh maith leis na 110 aonad folamh a athchóiríodh. In 2023 meastar go mbeidh deimhniú leictreachais faighte, agus uasghrádú ar aláraim dóiteáin agus aonocsaíde carbóin déanta, i 650 teach. Is é meánchostas reatha na n-oibreacha seo do 2023 ná €1.3m. Chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil maoiniú €92,732 ar fáil do Chomhairle Chontae na Gaillimhe le haghaidh oibreacha cothabhála pleanáilte in 2023.

- Chomh maith leis na huasghráduithe leictreachais agus aláraim dóiteáin, rinneadh seirbhísiú ar na córais téimh teaschaidéil faoi chonradh cothabhála pleanáilte ag 136 teach in 2022. Meastar go dtiocfaidh méadú mór ar an bhfigiúr seo sna blianta amach romhainn toisc go mbeidh córais téimh teaschaidéil ag gach maoin nua agus iarfheistithe. Meastar go mbeidh seirbhísiú teaschaidéil déanta ar 180 teach in 2023. Is ionann sin agus caiteachas thart ar €36,000 in 2023.

- **Clár Iarfheistithe Fuinnimh:** Sonraítear cláir na n-oibreacha Éifeachtúlachta / Iarfheistithe Fuinnimh mar atá leagtha amach ag an Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil & Oidhreachta i gCiorclán 22-2023. Ceadaíonn sé, i bprionsabal, uasghrádú a dhéanamh ar 89 n-aonad cónaithe go mbeidh Rátáil Fuinnimh BER B2 acu de réir na dtairseach deontais agus na gcritéar maoinithe. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe den tuairim nach bhfuil an sprioc seo uaillmhianach go leor agus gur cheart earraí breise ar nós painéil Gréine PV agus aeráil mheicniúil a mhaoiniú faoin gclár chomh maith. Go dtí seo, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tar éis na painéil agus an aeráil seo a mhaoiniú, ach níl sé seo inbhuanaithe a thuilleadh toisc go bhfuil líon na n-aonad atá á n-iarfheistiú ag méadú ar bhonn bliantúil.
  Cuireadh na haonaid ar fad a moladh le huasghrádú in 2022 i gcrích agus tá oibreacha á dtabhairt chun críche faoi láthair ar thithe a ceadaíodh faoi chlár 2023 i mBéal Átha Ghártha, sa Ghort, in Áth Cinn, i mBaile Locha Riach agus i dTuaim.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Beidh cumas an aonaid tithíochta chun leanúint ar aghaidh ag aistriú aonaid tithíochta folmha ina n-aonaid chóiríochta, ag brath ar mhaoiniú leanúnach ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi Chlár na dTithe Folmha. Ach ós rud é go bhfuil uasteorainn €11,000 in aghaidh an tí ar an maoiniú a chuirtear ar fáil do thithe nár maoiníodh roimhe seo, tá sé ag éirí níos dúshlánaí do Chomhairle Chontae na Gaillimhe an maoiniú ioncaim riachtanach a sholáthar chun tacú le tithe folmha a úsáid arís.
- Cuirfear Tréan-Iarfheistiú Fuinnimh ar 90 teach eile i gContae na Gaillimhe a chun cinn in 2024 faoi réir buiséad measta thart ar €3.4 milliún ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. I measc na n-oibreacha beidh; athsholáthar fuinneoga agus doirse,

suiteáil insliú seachtrach agus suiteáil teaschaidéil. Suiteálfar painéil PV de réir mar is cuí ach beidh sé seo faoi réir acmhainn Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun na painéil a mhaoiniú in éagmais maoiniú leanúnach ón lárchiste.

- Leanfaimid orainn ag tabhairt tosaíochta d'oibreacha oiriúnaithe ar réadmhaoin na Comhairle bunaithe ar riachtanais leighis, agus na hoibreacha sin a chur i gcrích faoi réir an maoiniú faofa a chuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar fáil. Táthar ag súil go gcuirfear síneadh ar 2 theach chun cinn agus go ndéanfar athchóiriú ar 50 teach, ach maoiniú ceadaithe a bheith ar fáil agus é a bheith ar chumas Chomhairle Chontae na Gaillimhe an maoiniú comhfhreagrach a sholáthar.
- Clár cothabhála freagartha a sheachadadh ar bhonn tosaíochta laistigh de shrianta an mhaoinithe atá ar fáil.
- Tá sé beartaithe Faoin gClár Cothabhála Pleanáilte, an chéad bhabhta iniúchtaí leictreachais a chur i gcrích agus córais braite dóiteáin/aláraim dheataigh, aláraim aonocsaíde carbóin, blaincéid dóiteáin a shuiteáil agus deisiúcháin leictreachais a dhéanamh de réir mar is gá. Beidh thart ar 750 teach fágtha faoi dheireadh 2023 agus beidh buiséad measta €1.5 milliún ag teastáil ina leith. Tá sé i gceist chomh maith leanúint ar aghaidh leis an gconradh seirbhíse teaschaidéil. Táthar ag súil go ndéanfar seirbhísiú ar 280 teach ar chostas €56,000.

## TIONÓNTACHT AGUS BAINISTÍOCHT EASTÁIT

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Lean an tAonad Tithíochta ag obair le teaghlaigh leochaileacha chun cabhrú leo a dtionóntachtaí a choinneáil.
- Lean an tOifigeach Forfheidhmithe Tionóntachta ag obair go dian i roinnt réimsí ar fud an Chontae, déantar é seo i gcomhar leis na Gardaí, Ranna eile na Comhairle agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ó ghníomhaireachtaí seachtracha.
- Baineann Straitéis Bainistíochta Tionóntachta agus Eastát na Comhairle le rannpháirtíocht ghníomhach pobail ag leibhéal áitiúil ar bhonn leanúnach le béim ar Iompar Frithshóisialta a aithint go luath agus sáruithe ar Chomhaontuithe Tionóntachta. Lean an Chomhairle ar aghaidh ag plé leis na Gardaí agus tagann an t-aonad le chéile go rialta chun fadhbanna a phlé agus conas is féidir leis an dá eagraíocht oibriú le chéile chun aghaidh a thabhairt ar iompar frithshóisialta.
- Tá TCI á athbhreithniú ag láithreacha éagsúla ar fud an Chontae.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Mar chuid den chur chuige straitéiseach idir-rannach agus idirghníomhaireachta, sainaithneoidh agus díreoidh an tAonad Tithíochta eastáit tithíochta a bheidh mar fhócas ag gníomhaíocht fhairsing bainistíochta eastáit thar 2024.
- Leanfaidh foireann bainistíochta eastáit ag cabhrú le tionóntaí a dtionóntachtaí a choinneáil de réir na Straitéise Cothabhála Tionóntachta.

- Déanfar gníomh forfheidhmithe más gá de réir na Straitéise um Iompar Frithshóisialta.
- Spreagfar agus tabharfar cúnamh do thionóntaí in eastáit, go háirithe in eastáit nuafhorbartha, Cumainn Chónaitheoirí a bhunú chun freagracht a ghlacadh as a gcuid spásanna poiblí.

## SCÉIM CHEANNAIGH AG TIONÓNTAÍ

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Nuair a tugadh an Scéim Ceannaigh Incriminteach do Thionóntaí isteach in 2016, tugadh deis do Thionóntaí Údaráis Áitiúil incháilithe a dtithe Údaráis Áitiúil a cheannach. Tugann *Rialacháin na dTithe (Díol Tithe Údaráis Áitiúil) (Leasú) 2021* éifeacht do leasuithe lena n-áirítear athruithe ar (a) critéir ioncaim íosta d'iarratasóirí agus (b) an tréimhse ama nár mhór d'iarratasóirí tacaíochta tithíochta sóisialta a fháil lena linn, le bheith incháilithe faoin scéim. Tháinig na leasuithe i bhfeidhm ón 1 Feabhra 2022.

Is iad seo a leanas na leasuithe:

i. **Ceanglais ioncam íosta**: Tá an t-ioncam íosta a theastaíonn le go mbeadh iarratasóir incháilithe chun iarratas a dhéanamh faoin scéim laghdaithe ó €15,000 in aghaidh na bliana go dtí €12,500 in aghaidh na bliana. Cinnteoidh an t-athrú seo gur féidir le daoine arb é a bpinsean a bpríomhfhoinse ioncaim iarratas a dhéanamh faoin scéim anois. Ní bhaineann an t-athrú seo ach le pinsin – ní ghlacfar le híocaíochtaí leasa shóisialaigh eile ach mar ioncam tánaisteach.

ii. **An tréimhse a mbíonn tacaíochtaí tithíochta sóisialta á bhfáil lena linn:** Ní mór go mbeadh tacaíocht tithíochta sóisialta á bhfáil ag tionóntaí ar feadh tréimhse deich mbliana, le go measfar iad a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar an Scéim Ceannaigh do Thionóntaí. I gcás comhthionóntachtaí, caithfear tacaíocht tithíochta sóisialta a bheith á fáil ag an mbeirt thionónta ar feadh deich mbliana ar a laghad, sula mbeidh siad incháilithe chun iarratas a dhéanamh.

- Go dtí seo in 2023 tá an tAonad Tithíochta tar éis 14 theach a dhíol faoin scéim ceannaigh do thionóntaí. Is é luach díolacháin na maoine seo ná €982,006. Tá 10 maoin eile ag céim dheireanach den phróiseas ceannaigh.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag próiseáil gach iarratas ceannaigh tionónta ar bhonn tráthúil de réir na Scéime Ceannaigh Incriminteach do Thionóntaí 2016.

## CÍOSANNA TITHÍOCHTA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Is é an fabhrú cíosa seachtainiúil atá iníoctha do na 2952 réadmhaoin atá faoi úinéireacht agus á ligean amach ar cíos ag Comhairle Chontae na Gaillimhe faoi láthair ná €187,816, amhail deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe fós ar an airdeall faoi na hathruithe atá tagtha ar chúinsí airgeadais na ndaoine mar thoradh ar an ngéarchéim costais mhaireachtála atá ann faoi láthair.

### MOLTAÍ DO 2024:

Cuirfear tús le clár rollach athbhreithnithe cíosa do gach tionónta reatha in 2024 faoi réir na hacmhainní foirne atá ar fáil.

## RIALÚ CAPALL

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Lean an Chomhairle dá prótacal a chur i bhfeidhm i gcomhar leis na Gardaí ar Rialú Capall.
- Tá an tAcht um Rialú Capall á athbhreithniú go náisiúnta faoi láthair d’fhonn an reachtaíocht a shimpliú agus a fheabhsú tuilleadh.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ag obair leis na Gardaí chun dul i ngleic le ceist na gcapall strae agus na gcapall tréigthe ar bhóithre poiblí agus ar thalamh faoi úinéireacht na Comhairle.
- Nuair a bheidh an reachtaíocht nua achtaithe, déanfar athdhréachtú ar na Fodhlíthe chun na hathruithe sa reachtaíocht a léiriú.

## AN COISTE UM BEARTAS STRAITÉISEACH

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Tháinig an Coiste um Beartas Straitéiseach do Thithíocht le chéile 5 huaire in 2023. Baineann na réimsí a clúdaíodh leis an bPlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta, leis an Dréachtscéim Tosaíochta do shocruithe Ceannaigh Inacmhainne, le Scéim na dTionóntaí in Situ, Leasuithe ar an Scéim Leithdháilte Tithíochta, Nuashonruithe ar an tsamhail nua CALF chun tithíocht shóisialta a sholáthar.

- tithíocht á cur ar fáil ag AHBanna, Deontais do Thithe Folmha, Deontais Oiriúnaithe Tithíochta, an Clár Gníomhachtaithe CPO, Nuashonrú ar Chothabháil Tithíochta, nuashonrú maidir le heaspa dídine, agus nuashonruithe ó Thascfhórsa Tithíochta Sóisialta na Gaillimhe.

### MOLTAÍ DO 2024:

In 2024, táthar ag súil go ndéanfaidh an Coiste um Beartas Straitéiseach scrúdú ar raon réimsí beartais a bhaineann le Tithíocht, lena n-áirítear, Comhaontuithe Tionóntachta, an Straitéis maidir le Tithe Folmha, Tithe Inacmhainne, Nuashonrú ar an straitéis dhigiteach do phróifílí Tithíochta agus Baile do na bailte móra sa Chontae.

## AN FHREAGAIRT DON GHÉARCHÉIM SAN ÚCRÁIN

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Tá an Rannóg Tithíochta fós ag obair ar an bhfreagairt don ghéarchéim san Úcráin leis an gclár www.offerahome.ie a riaradh. Faoin gclár 'Tairiscint Tí', tá údaráis áitiúla ag déanamh achainí ar thairiscintí tithe, árasán nó tithe saoire lena n-úsáid mar chóiríocht shealadach dóibh siúd a thagann ón Úcráin. Go hidéalach, bheadh áitribh ar fáil ar feadh sé mhí ar a laghad. Is féidir le húinéirí maoine tithe a thairiscint ar www.offerahome.ie nó trí theagmháil a dhéanamh leis an údarás áitiúil ina bhfuil an réadmhaoin lonnaithe – tá sonraí teagmhála tiomnaithe do gach údarás áitiúil ar fáil ag offerahome.ie.
- Ina theannta sin, tá an Rannóg Tithíochta ag leanúint ar aghaidh agus idirchaidreamh á dhéanamh acu leis an Roinn Tithíochta agus DCEDIY chun ábhar tithíochta a sholáthar a d'fhéadadh a bheith ina cóiríocht iláitíochta fhadtéarmach, agus leis an gCrois Dhearg agus IPAS chun cóiríocht geallta a sholáthar le cúnamh ónár gcomhlacht comhpháirtíochta IOM.

### MOLTAÍ DO 2024:

Leanfaidh an Rannóg Tithíochta ar aghaidh leis an bhfreagairt don ghéarchéim dhinimiciúil, gheopholaitiúil seo leis na gníomhartha seo a leanas.

- Treoraithe fadtéarmacha a aithint do DCEDIY.
- An Clár "Tairscint Tí" a riar.
- Oibriú leis an gCrois Dhearg agus le IOM maidir le cóiríocht geallta.
- Teagmháil ghníomhach a dhéanamh leis an bhFóram Freagartha Pobail.
- Oibriú leis an Roinn maidir le tithe folmha a aithint agus cuidiú leo iad seo a mheaitseáil le tionóntaí ón Úcráin.

## AN POBAL, FORBAIRT TUAITHE AGUS SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Lean an rannóg Forbartha Pobail agus Tuaithe ar aghaidh ag treorú agus ag éascú fhorbairt inbhuanaithe an Chontae. Thacaigh an fhoireann le tionscnaimh eacnamaíochta, phobail, shóisialta, chultúrtha agus chomhshaoil ar mhionscála agus ar mhórscála araon. In ainneoin go raibh an fhoireann ag obair le hacmhainní teoranta, tharla gníomhaíocht shuntasach agus díríodh go leanúnach ar a bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le raon leathan páirtithe leasmhara chun an tionchar is mó agus is féidir a bhaint amach. Tá fócas na hoibre ar an taobh eacnamaíoch fós ar na príomhearnálacha amhail bia, turasóireacht, an earnáil chruthaitheach, tacú le gnólachtaí dúchasacha agus FDI a éascú chomh maith le díriú ar ár mbailte agus ár sráidbhailte a athnuachan lena n-áirítear na hearnálacha miondíola agus fáilteachais. Tríd an LCDC, PPN, an Oifig Ealaíon, Éire Ildánach agus Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe chomh maith le tionscnaimh/cláir ar nós SICAP, CSS, CEP, Aoisbhá, Fóram Freagartha Pobail don ghéarchéim san Úcráin, Bailte Slachtmhara agus go leor eile, cabhraíonn an t-aonad le daoine aonair agus le pobail a gcaighdeán maireachtála a fheabhsú.

### EARNÁIL AN BHIA

#### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

- Leanadh ar aghaidh agus ról gníomhach á imirt i gcéim tógála Champas Nuálaithe BIA CLG (BIA). Soláthraíodh foireann don Bhord agus d'fhochoistí éagsúla.
- Tá céim tógála an tionscadail nach mór críochnaithe. Beidh na 9 n-aonad fáis lonnaithe i bhfoirgnimh 2 & 3 agus tá 3 aonad Tosaithe Ardacmhainne (HPSU) críochnaithe agus curtha ar aghaidh chomh maith. Glacadh leis an gcéad tionóntacht i mí na Samhna 2023.
- Tá Foirgneamh 1 ina mbeidh BIA Obair agus BIA Eolas lonnaithe beagnach críochnaithe, agus tá obair maidir leis an gcampas a bheidh á oscailt go hoifigiúil go luath in 2024 á cur chun cinn.
- Reáchtáladh roinnt tionscadal agus cur i láthair ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Aithnítear an tionscadal go náisiúnta agus é ina phíosa bonneagair ríthábhachtach lena gcruthófar éiceachóras uathúil chun tacú leis na hearnálacha bia agus earnálacha gaolmhara eile.
- Glacadh páirt i roinnt iarratas ar éirigh leo ar mhaoiniú AE i gcomhar le Campas Nuálaithe BIA.
- Oibríodh go dlúth le Comhordaitheoir an Phlean Fiontair Réigiúnaigh chun a chinntiú go ndearnadh dul chun cinn ar earnálacha bia agus earnálacha gaolmhara faoin bPlean Fiontraíochta Réigiún an Iarthair (WREP) nua agus go bhfuil ról lárnach ag Campas Nuálaithe BIA maidir le deiseanna agus fás na n-earnálacha a uasmhéadú do réigiún an iarthair níos leithne. Áiríodh leis sin maoiniú ó Fhiontraíocht Éireann a fháil trí BIA a chuirfidh ar ár gcumas tuilleadh deiseanna a thapú don earnáil teicneolaíochta talmhaíochta i nGaillimh agus san Iarthar, gníomh a moladh i bPlean Fiontraíochta Réigiún an Iarthair (WREP).

- Bhí an Chomhairle Contae ina príomhpháirtí maidir leis an iarratas rathúil faoin Tionscnamh Oileán Comhroinnte a chur i bhfeidhm, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Liatroma agus le Comhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon, chomh maith lena cuid oibre i ndáil le Campas Nuálaithe BIA, Mol Bia Dhroim Seanbhó agus Coláiste Réigiúnach an Deiscirt sa Tuaisceart. Cuireadh an tionscadal i gcrích faoi mhí na Samhna 2023.
- Seo a leanas roinnt samplaí den tsraith iomlán Tacaíochtaí Meantóireachta Tráchtála, Teicniúla agus Gnó:
    - Seirbhísí Teicniúla ar fud na Forbartha Táirgí Nua, Do Thairiscint a Mhéadú, Trealamh, Comhábhair, Córais Cháilíochta agus caighdeáin chearta na dtáirgí a chomhlíonadh.
    - Foireann saineolaithe atá ag fás, agus saineolais á gcur acu leis na hearnálacha Tráchtála, Airgeadais, Straitéise Gnó Maoinithe, Miondíola agus Fáilteachais, Eolaíocht an Bhia, Teicneolaíocht Feola, Feoil Chócaráilte Fhuar (Charcuterie), Córais Chumhdaigh, Déiríocht, Imeachtaí agus Seirbhís do Chustaiméirí.
    - I measc na n-imeachtaí samplacha & na gclár a reáchtáladh le linn 2023 bhí:
        - 18.04.23 Sárthaispeántas Fhiontraíocht Éireann
        - 23.04.23 Comhdháil um Athchóiriú Bia | Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) | Corcaigh
        - 11.05.23 - Ceardlann Safefood | Buntreoir Maidir le hAnailís Guaise agus Pointí Rialúcháin Criticiúla (HACCP)
        - 31.05.23 - Cruinniú Mullaigh um Nuálaíocht Bia | Fiontraíocht Éireann | Corcaigh
        - 02.06.23 - Ciste Bia Redesdale | John Stapleton agus Michael Cantwell (a d'Óstáil)
        - 22.06.23, 29.06.23, 06.07.23 – Brógstrapáil | Conas bláthú mar Ghnólacht Nuathionscanta
        - 06.09.23 – Lá Tumoideachais Oileán Comhroinnte
        - 07.09.23 – Imeacht Chomhchruthaithe Oileán Comhroinnte
        - 14.09.23 - Cruinniú Mullaigh an Fhóraim Oscailte do Dheochanna na hÉireann – Athbheochan Bhiotáillí na hÉireann | Athshocraímis
        - 19.10.23 – Comhdháil um Ghníomhú ar son na hAeráide Oileán Comhroinnte

## MOLTAÍ DO 2024:

- Oibriú le Campas Nuálaithe BIA chun a chinntiú go bhfreastalaíonn sé ar riachtanais na Comhairle, an phobail agus na bpáirtithe leasmhara i gcoitinne chun tacú le gníomhaíocht eacnamaíoch/fiontraíochta.
- Bordáil tionóntaí a thabhairt chun críche d'aonaid dorais féin agus oibriú le raon comhpháirtithe chun cur leis an gclár oibreacha atá á seachadadh cheana féin mar a leagtar amach thuas.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar an obair ar acmhainneacht teicneolaíochta talmhaíochta faoin tionscnamh Oileán Comhroinnte agus machnamh a dhéanamh ar rogha maidir le céim 2.
- An Straitéis Bia agus Agrathurasóireachta a chur chun cinn le fócas ar na príomhthosaíochtaí agus na príomhchuspóirí a aithníodh.

- Oibriú leis na húdaráis áitiúla eile chun fás réigiúnach na hearnála a stiúradh agus chun cuspóirí WREP a bhaint amach.
- A bheith in ann an dara céim den tionscnamh Oileán Comhroinnte a chur chun cinn má bhíonn glao ar a leithéid.

## EARNÁLACHA CRUTHAITHEACHA AGUS CULTÚRTHA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

- Lean an Chomhairle ar aghaidh ag tacú leis an Earnáil Closamhairc agus Scannán le roinnt tionscnamh lena n-áirítear comhpháirtíocht le hArdán (Ionad Scannán na Gaillimhe roimhe seo) agus le comhpháirtithe ábhartha eile ar chlár Chathair Scannán UNESCO 2020.
- Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an mbunchiste WRAP agus na tairbhí eacnamaíocha atá ag fabhrú ó infheistíocht, lean an Chomhairle dá tacaíocht do WRAP II ar chiste níos mó é a forbraíodh le hinfheistíocht ón WDC agus ó chomhpháirtithe eile a leanfaidh ag tacú le forbairt na hearnála.
- Rinneadh cur i láthair leis an gCoiste um Beartas Straitéiseach (SPC) d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontair, agus leis an gComhairle Iomlánach, maidir leis na deiseanna do na hearnálacha closamhairc agus scannán amhail UNESCO, WRAP, seirbhísí suímh agus deiseanna amach anseo lena n-áirítear féidearthachtaí maidir le stiúideo ar mhórscála a fhorbairt.
- Rinneadh dul chun cinn ar an bpróiseas chun stiúideo scannán a fhorbairt ag iarláithreán Aerfort na Gaillimhe ar an gCarn Mór. Cheadaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe araon réamhalt 183 chun gur féidir le hiarratasóir an tionscadail iarratas pleanála a chur isteach.
- Cé go raibh tionchar suntasach ag Covid-19 ar an gclár 'Príomhchathair Chultúir na hEorpa' agus d'ainneoin an tionchar a bhí aige le linn bhliain an ainmnithe, bhí roinnt deiseanna ann chun leas a bhaint as an gclár. Bunaíodh an Pailliún Scáthánach ar an bPortach i nDeirgimleach mar chuid de chomhoibriú idir an Chomhairle agus Féile Ealaíon na Gaillimhe. Tharraing sé seo go leor cuairteoirí chuig an gceantar.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Leanúint ar aghaidh ag obair le hIonad Scannán na Gaillimhe agus le páirtithe leasmhara i gcoitinne chun deiseanna a bhaint amach faoi chiste WRAP II.
- Tacú leis an ainmniú mar 'Cathair Chruthaitheach' UNESCO, (lena n-áirítear an Contae). Deiseanna d'fhás eacnamaíoch agus fiontraíochta a fhiosrú tríd an líonra don Earnáil Chruthaitheach agus deiseanna a fhiosrú chun oibriú le réimse eile den chlár 'Cathair Chruthaitheach' amhail Gastranamaíocht.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar an bpróiseas chun an Stiúideo Closamhairc (AV)/Scannán a bhunú ag an gCarn Mór faoi réir an phróisis, agus ceanglais phleanála agus rialála/reachtaíochta eile.
- Leanúint ar aghaidh ag obair leis an raon leathan páirtithe leasmhara chun tacú leis an earnáil.

# TURASÓIREACHT

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023

**Straitéis Turasóireachta:**

Tá Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe sa chéim dheiridh d'fhorbairt an tionscadail agus tá sé beartaithe go nglacfaidh an Chomhairle léi ag cruinniú iomlánach mhí na Samhna. Ciallaíonn glacadh na Straitéise seo go mbeidh creat comhoibritheach i bhfeidhm den chéad uair chun turasóireacht a fhorbairt sna hocht mbliana amach romhainn ar fud an Chontae. Tacóidh an creat seo leis an bhfís seo a leanas a sheachadadh.

*Is é Contae na Gaillimhe an ceann scríbe turasóireachta oidhreachta cultúrtha agus nádúrtha is mó in Éirinn. Is ceann scríbe bríomhar agus comhtháite é ina léirítear meas ar chultúr agus ar thimpeallacht uathúil an Chontae, agus na gnéithe sin á roinnt go bródúil le cuairteoirí ar bhealaí tarraingteacha.*

*Déantar ceiliúradh ar an éagsúlacht, cosnaítear an oidhreacht agus bíonn an contae á threorú ag prionsabail inbhuanaithe.*

Tá an Creat Straitéiseach lena soláthraítear an struchtúr do sheachadadh na Straitéise bunaithe ar cheithre réimse straitéiseacha. Tá príomhghníomhartha agus príomh-mholtaí á sonrú i ngach ceann acu. Tacaítear leis an bhfís freisin agus sé Chrios Forbartha á n-aithint, lena gcinntítear idirghabhálacha níos spriocdhírithe nuair is gá dóibh, chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna ar leibhéal áitiúil.

Beidh seachadadh leanúnach na dtionscadal comhoibritheach reatha agus nua a chuireann deiseanna móra ar fáil d'fhás na turasóireachta ar fud an Chontae fós ina thosaíocht Turasóireachta do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Cuideoidh roinnt prionsabal le gníomhaíochtaí agus le hidirghabhálacha a threorú, rud a chinnteoidh go mbeidh an fás a dhéanfar amach anseo inbhuanaithe. I measc na bprionsabal sin déanfar na gníomhartha seo a leanas:

1. Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tús áite do sheachadadh mórdheiseanna comhoibritheacha le comhpháirtithe straitéiseacha, lena n-áirítear Pleananna Forbartha Eispéireas Cuairteoirí/Ceann Scríbe, Máistirphleananna Turasóireachta, agus na Glasbhealaí, atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo.
2. Tacú le síneadh a chur leis an méid ama agus leis an méid airgid a chaitheann turasóirí, agus iad a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar cheantair nach minic a dtugtar cuairt orthu.
3. Tús áite a thabhairt don sprioc maidir le turasóireacht atá iomlán inbhuanaithe agus do bheith ag teacht le Pleananna náisiúnta agus áitiúla um Ghníomhú ar son na hAeráide.
4. Tacú le cultúr, teanga agus pobail na Gaeltachta.
5. Tús áite a thabhairt do leas a bhaint as sócmhainní nádúrtha agus tógtha atá ann cheana féin, don turasóireacht lasmuigh agus infheistíochtaí leanúnacha, go háirithe i mbonneagar gorm agus glas.
6. Turasóireacht a bhunú mar chroíghníomhaíocht gheilleagrach ar fud an Chontae agus fás na turasóireachta a chur chun cinn - lena n-áirítear i gceantair nach mbíonn cuairt á tabhairt orthu go minic - trí eispéiris agus cinn scríbe turasóireachta atá ann cheana féin agus nua a fhorbairt.

7. Cur chuige creasa a fhorbairt ionas go bhféadfaí idirghabhálacha ábhartha a dhíriú agus a dhéanamh ar leibhéal níos áitiúla.
8. Nuálaíocht a thabhairt isteach agus tacú léi.
9. Feabhas a chur ar chomhoibriú thar thionscail, phobail agus i measc páirtithe leasmhara.
10. Rochtain uilíoch ar eispéiris turasóireachta a fheabhsú.

- Tionóladh Seisiún Faisnéise um Straitéis Turasóireachta in Óstán Choill an Ráithín, Baile Átha an Rí i mí Iúil 2023. Bhí tinreamh ard agus rannpháirtíocht den scoth ann ó thaobh na mball tofa, agus fuarthas go leor eolais mar gheall ar an gcruinniú. Bhí painéal cainteoirí ag an seisiún faisnéise. Ar na cainteoirí bhí comhaltaí ó Fháilte Éireann, Oifigeach Turasóireachta Chathair na Gaillimhe, an Cathaoirleach, an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Stiúrthóir Seirbhísí Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Rinne siad cur i láthair agus léirigh siad an creat uileghabhálach faoina bhfuil an turasóireacht á forbairt sa Chontae.
- Seoladh an Straitéis Turasóireachta agus na doiciméid chomhshaoil lena n-áirítear an Ráiteas Tionchair Natura (NIS) agus an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil (SEA) chuig na comhlachtaí reachtúla agus fuarthas aiseolas i mí na Samhna. Anois agus machnamh déanta ar na doiciméid chomhshaoil, tiocfaidh an straitéis deiridh os comhair na Comhairle lena breithniú agus lena glacadh ag an gcruinniú iomlánach i mí na Samhna.

**Scéimeanna Tacaíochta Pobail (CSS) - Féilte agus Imeachtaí:**

- Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag tacú le féilte agus le himeachtaí. Tá 67 deontas a bronnadh ar phobail tríd an scéim críochnaithe anois. B'ionann tacaíocht Comhairle Chontae na Gaillimhe agus luach €69,250 agus chuir Fáilte Éireann €18,000 breise ar fáil.

**Is é an maoiniú iomlán a leithdháileadh d'imeachtaí Réigiúnacha, Eacnamaíochta agus Féilte go dtí seo in 2023 ná €87,250.**

Is é an cuspóir ná a chinntiú go dtugtar tacaíocht bhreise margaíochta le linn an tséasúir chiúin (taobh amuigh de mhíonna an tSamhraidh) d'fhéilte CSS a fhaigheann tacaíocht faoin scéim.

| **Féilte Réigiúnacha Maoinithe ag Fáilte Éireann** | **Méid Deonaithe** |
|---|---|
| **2023** | **€18,000** |
| Féilte | 8 Deonaithe |
| **Deontais Eacnamaíocha lena n-áirítear maoiniú Féile** | **Méid Deonaithe** |
| **2023** | **Maoiniú Iomlán €69,250** |
| Féilte & Imeachtaí | 48 Deonaithe |
| Tionscnamh Eacnamaíoch | 11 Deonaithe |

**Tionscadail Ghormbhealaí:**

- Tá **Gormbhealach Loch Deirgeirt** creidiúnaithe ó sheol Príomhfheidhmeannaigh na Gaillimhe, an Chláir agus Thiobraid Árann é in 2023. Fuair an tionscadal seo tacaíocht ó Fháilte Éireann agus ó Spórt Éireann agus é faoi stiúir Uiscebhealaí Éireann a d'oibrigh tríd an bpróiseas creidiúnaithe le foireann Turasóireachta ó na trí chontae thart ar Loch Deirgeirt.
- **Gormbhealach Mór an Iarthair:** Tá an chéim taighde agus comhairliúcháin de thionscadal 'Gormbhealach na Coiribe' á bainistiú ag foireann Turasóireachta Chathair agus Chontae na Gaillimhe agus iad ag plé le príomhpháirtithe leasmhara agus grúpaí chun tacú leis an gcomhairliúchán leis an bpobal áitiúil.

**An Ciste um Aistriú Cóir:**

- Chun aistriú cóir i dtreo geilleagar ísealcharbóin i lár na tíre a éascú, bhronn an AE €68 milliún ar Fháilte Éireann ón Scéim Turasóireacht Athghiniúnach chun infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt inbhuanaithe na turasóireachta i lár na tíre agus é mar aidhm ag an Scéim poist a chruthú agus pobail a chothú.
  D'óstáil Fáilte Éireann clinicí 'buail isteach' i mí na Bealtaine i gceantair lár tíre agus i mBéal Átha na Sluaighe. Tá baint ag Aistriú Cóir le Ceantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe agus leis na háiseanna turasóireachta pobalbhunaithe máguaird.
  Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag leanúint ar aghaidh ag cur leis an bhfoireann turasóireachta agus Gníomhaí um Aistriú Cóir á cheapadh do 2024.

**Trí Thogra Glasbhealaigh i gConamara**

**Glasbhealach Gaillimh - Uachtar Ard**

- Beidh an glasbhealach thart ar 28km ar fhad. Tosóidh an bealach san Ardeaglais i gCathair na Gaillimhe agus críochnóidh sé ag bóthar an stáisiúin in Uachtar Ard. Críochnaíodh an tríú Comhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil don tionscadal seo le déanaí i mBealtaine/ Meitheamh 2023 – An Chonair Bhealaigh is Dealraithí a Roghnófar. Tá tús curtha le teagmháil a dhéanamh le húinéirí talún chun bealach a dheimhniú don ghlasbhealach laistigh den chonair bhealaigh is dealraithí a roghnófar.
  Tá an tionscadal ar tí Céim 3 a thosú faoi láthair i mí na Samhna 2023 - Dearadh agus Meastóireacht Comhshaoil. Tógfaidh an chéim seo thart ar 12 mhí le cur i gcrích, agus déanfar iarratas ansin chuig an mBord Pleanála ar chead pleanála i gCéim 4.

**Glasbhealach An Clochán – Uachtar Ard**

- Tá maoiniú faighte le stráice 23km a thógáil idir an Clochán agus Sraith Salach. Tá 14km críochnaithe agus oscailte don phobal faoi láthair agus tá 6km eile á thógáil. Tá plé á dhéanamh le húinéirí talún chun tailte a fháil don chuid den bhealach nach bhfuil socraithe fós.

**Glasbhealach Deirgimleach – Mainistir na Coille Móire**

- Tá maoiniú faighte chun tuarascáil measúnú straitéiseach agus tuarascáil Indéantachta a chur i gcrích maidir leis an bhféidearthacht a bhainfeadh le Glasbhealach a thógáil idir Deirgimleach agus Mainistir na Coille Móire. Tá an tuarascáil measúnaithe straitéiseach le Bonneagar Iompair Éireann (TII) faoi láthair lena faomhadh. Cuirfear tús leis an tuarascáil indéantachta a luaithe a fhaomhfar an tuarascáil mheasúnú straitéiseach.

**Plean Forbartha Ceann Scríbe agus Eispéireas Cuartaíochta (DEDP) Chonamara**

- Tionóladh comhdháil do dhá limistéar DEDP de chuid bhranda Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Roghnaíodh Daingean Uí Chúis agus Conamara & na hOileáin mar gheall ar an staid ina bhfuil siad dá bpleananna forbartha, agus mar gheall ar na cosúlachtaí geografacha agus téamacha sa dá limistéar.
- Seoladh DEDP Chonamara agus na nOileán i mí an Mhárta 2018 agus tá sé ar cheann de na chéad DEDPanna in Éirinn. Dá bhrí sin tá go leor ciall cheannaithe agus taithí ag an bhfoireann le roinnt le foirne DEDP eile. Tá DEDP Dhaingean Uí Chúis, a seoladh i mí Eanáir 2021, thart ar leathbhealach tríd an tréimhse cúig bliana.
- Deis a bhí sa chomhdháil seo chun comhoibriú agus líonrú a spreagadh agus deiseanna a chruthú le haghaidh crosdíola agus le taithí gnó a roinnt.

## Turasóireacht a chur chun cinn:

- Cuireadh ábhar coimeádta le chéile agus rinneadh infheistíocht in ábhar margaíochta d'eagrán 2023 den fhorlíonadh taistil atá bunaithe ar Chontae na Gaillimhe sa Connacht Tribune. Is iris lándaite, ardchaighdeáin é **'Where West'** a scaiptear ar fud an iarthair ó Chonamara go dtí na hOileáin; ó dheisceart go tuaisceart na Gaillimhe; ó Mhaigh Eo Thuaidh go deisceart an Chláir.
- D'fhoilsigh an Chomhairle 4 leathanach in eagrán 2023 den iris **'Go West'** chomh maith. Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe infheistíocht bhliantúil san iris seo de chuid Aerfort Chnoc Mhuire, in éineacht le húdaráis áitiúla eile i Sligeach, Maigh Eo, Ros Comáin agus i gCathair na Gaillimhe. Áirítear le hábhar 2023, eolas chun aird a tharraingt ar fhéilte agus ar imeachtaí a fhaigheann tacaíocht ó GCC agus na gnéithe is fearr den eispéireas cuartaíochta ar fud an Chontae a chur chun cinn, lena n-áirítear Gaillimh Thuaidh/Thoir. Cuirtear grianghrafadóireacht ar ardchaighdeán san áireamh chun Turasóireacht a chur chun cinn sa Chontae.
- D'fhoilsíomar an iris **'This is Galway'** i mí an Mheithimh/Iúil agus Lúnasa/Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair/mhí na Samhna. Dhírigh an t-ábhar ar cheantair Chinn Mhara, an Ghoirt agus Mhaigh Cuilinn agus cuireadh béim ar gach a bhfuil ar fáil sna ceantair sin. Fuarthas aiseolas iontach ó na ceantair seo ar an iomlán. Bhí na gnólachtaí ar luadh san iris iad an-tógtha leis na torthaí agus tá ríméad orthu gur leagadh béim ar ghnólachtaí agus ar nithe díol spéise do chuairteoirí taobh amuigh den Chathair in 'This is Galway'. Baineann óstáin leas as an iris ach go háirithe, mar bhealach chun ceantair ar fud an Chontae a chur chun cinn.

- **Grianghrafadóireacht:** Forbraíodh taisce mhór grianghrafadóireacht turasóireachta do Chontae na Gaillimhe agus uaslódáladh é ar ardán Flicker atá ar fáil go poiblí le go mbeidh daoine a oibríonn in earnáil na turasóireachta in ann leas a bhaint as. Féadfar na híomhánna seo a úsáid chun an t-eispéireas iontach cuartaíochta ar fud an Chontae a chur chun cinn, lena n-áirítear ceantair nach bhfuil go leor daoine ar an eolas fúthu, agus seoda áitiúla.
- **Milwaukee agus an Branda Turasóireachta:** Tá an tionscadal branda Ceann Scríbe Turasóireachta forbartha anois. Cuireadh é faoi bhráid na mball tofa ag an seisiún faisnéise Turasóireachta a tionóladh i mBaile Átha an Rí i mí Iúil. Is í Féile Éireannach Milwaukee an ceiliúradh is mó ar chultúr agus ar oidhreacht na hÉireann sna Stáit Aontaithe agus bíonn sí ar siúl i Loch Michigan in Wisconsin. Rinne baill Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ionadaíocht ar na Comhairlí ag an bhféile agus chuir siad na naisc láidre idir Éirinn agus na Stáit Aontaithe chun cinn ag an ócáid ceithre lá.
- D'oibrigh an fhoireann atá ag obair i réimse na turasóireachta i gComhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar leis an Oifigeach Turasóireachta i gComhairle Cathrach na Gaillimhe agus le Turasóireacht Éireann chun seastán, brait, preab-seastáin, cúlra agus ábhar PR nua na Gaillimhe a dhearadh don ócáid inar cuireadh branda nua na Gaillimhe i láthair.
- Eagraíodh léarscáileanna de Chontae na Gaillimhe, inar léiríodh nithe is díol spéise do chuairteoirí, eolas do chuairteoirí agus léarscáileanna Chonamara. Cuireadh i gcló iad i Milwaukee agus scaipeadh Pinn, Málaí Gualainne agus T-Léinte. Scaipeadh tuilleadh litríochta agus eolais faoi nithe is díol spéise do thurasóirí i gContae na Gaillimhe ag an ócáid chomh maith.

**EuroVelo 1 - Seoladh Oifigiúil Náisiúnta an Rotharbhealaigh**

- D'oibrigh baill foirne i réimse na turasóireachta le Spórt Éireann chun tacú le suíomh gréasáin EuroVelo 1 Éirinn a shocrú don rotharbhealach. Tá an bealach scartha ina stráicí. Tá ceithre stráice i gContae na Gaillimhe agus stráice amháin acu sa Chathair. Bhí cur síos ar gach stráice ag teastáil don suíomh gréasáin, luadh trí phointe spéise le gach stráice agus cuireadh íomhánna oiriúnacha leo. Tar éis an chomhairliúcháin inmheánaigh, uaslódáladh an t-eolas ar an gcóras.
- Bhí an seoladh oifigiúil don suíomh gréasáin ar siúl an 18 Bealtaine 2023 in Ionad Pobail Oileán Mhuire, Contae Loch Garman.

**Slí an Atlantaigh Fhiáin, Ócáid Líonraithe do Thionscail Turasóireachta na Gaillimhe.**

- D'óstáil Fáilte Éireann Ócáid Líonraithe don Tionscadal Turasóireachta ar an láthair do chomhpháirtithe turasóireachta i gCathair na Gaillimhe, i gConamara agus sna hOileáin ar Déardaoin an 4 Bealtaine 2023.
- Thacaigh an t-imeacht le comhpháirtithe turasóireachta chun an deis crosdíola agus atreoraithe a uasmhéadú in 2023. Leanadh formáid struchtúrtha na gcoinnithe líonraithe gasta. D'fhreastail soláthraithe cóiríochta, foirne ó áiseanna/áiteanna is díol spéise do chuairteoirí, agus soláthraithe eispéireas/gníomhaíochtaí ar an ócáid. D'fhreastail foireann Turasóireachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar an ócáid seo, ghlac siad páirt ann agus leanfaidh siad orthu ag obair leis na príomhpháirtithe i réimse na turasóireachta.

## LÍONRAÍ TURASÓIREACHTA AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT IDIR ÚDARÁIS ÁITIÚLA:

- Tacaíocht leanúnach agus tacaíocht theicniúil do Connemara.ie; suíomh gréasáin atá faoi úinéireacht na Comhairle agus atá ina leathanach lamairne do shuíomh Splash4U (comhoibriú leis an Oifigeach Leathanbhanda).
- Glacadh páirt sa tacaíocht leanúnach a tugadh do Phlean Eispéireas Cuartaíochta Loch Deirgeirt.
- Comhpháirtíocht trasghníomhaireachta i bPort Omna maidir le tionscadail turasóireachta agus forbartha
- Leanadh ar aghaidh le gníomhartha i ngach Plean Forbartha Eispéireas Cuartaíochta agus sna pleananna turasóireachta réigiúnacha a chur i bhfeidhm.
- Rinneadh teagmháil leanúnach le hOifigeach Áineasa Tuaithe Ros Comáin agus Oifigeach Turasóireachta Ros Comáin maidir le cur chun cinn Bhealach Ghleann na Suca.
- Comhpháirtíocht na n-údarás áitiúil le Maigh Eo agus Cathair na Gaillimhe ar Ghormbhealach na Coiribe/Loch Measca.
- Comhpháirtíocht le Fáilte Éireann agus le Cathair na Gaillimhe maidir le branda nua ceann scríbe na Gaillimhe a chur chun cinn agus a sheoladh.
- Ionadaíocht do Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar Mháistirphlean Turasóireachta Bheannchair atá nasctha le Máistirphlean Turasóireachta na Sionainne.

## TIONSCADAIL FORBARTHA TURASÓIREACHTA

**Baile Ceann Scríbe an Chlocháin:**

- Leanúint ar aghaidh ag obair ar an athfhorbairt d'Fheabhsú Bhaile Cheann Scríbe agus Lár Baile an Chlocháin, a mbeidh tionchar aige ar fhorbairt turasóireachta.

**Tionscadail Athnuachana:**

- Leanúint ar aghaidh ag obair ar fhorbairt Fhís Phort Omna 2030 agus ar thionscadail eile lena chinntiú go gcuirtear leis an acmhainneacht forbartha turasóireachta.

## MOLTAÍ DO 2024:

- **Straitéis Turasóireachta:** Na cuspóirí agus na gníomhartha atá leagtha amach do bhliain a haon den Straitéis a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn agus grúpa oibre turasóireachta a bhunú.
- **An Ciste um Aistriú Cóir:** Gníomhaire um Aistriú Cóir a cheapadh ar an bhFoireann Turasóireachta i gComhairle Chontae na Gaillimhe.
- **Féile Milwaukee:** Sárthaispeántas a léiriú ar an méid atá ar fáil i gContae na Gaillimhe agus baill foirne den ghrúpa oibre turasóireachta agus de Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur anonn chun freastal ar an bhféile.
- **Feachtas Glasbhealaí Chonamara:** Feachtas margaíochta agus cur chun cinn a chur i bhfeidhm do Ghlasbhealach Chonamara bunaithe ar mhaoiniú ORIS a bronnadh ar Thurasóireacht i gComhairle Chontae na Gaillimhe don tionscadal seo.

- **Baile Ceann Scríbe an Chlocháin:** Roinnt gnéithe de thionscadal Bhaile Ceann Scríbe an Chlocháin a chur i gcrích.
- **Branda Ceann Scríbe:** Suíomh gréasáin a chur chun cinn agus a sheoladh do bhranda nua ceann scríbe na Gaillimhe, i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus le Fáilte Éireann.
- **Indéantacht Ghormbhealach na Coiribe**: An tionscadal seo a chur chun cinn agus tacú leis i gcomhar le Contae Mhaigh Eo agus Cathair na Gaillimhe.
- **Margaíocht:** Leanúint ar aghaidh ag forbairt margaíochta, fógraíochta, na meán sóisialta agus cur chun cinn na turasóireachta i gCo. na Gaillimhe.
- **Plean Forbartha Eispéireas Cuartaíochta (VEDP) Loch Deirgeirt** Gníomhaíochtaí agus líonra VEDP Loch Deirgeirt a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm.
- **VEDP Chósta Chonamara agus na nOileán:** Leanúint ar aghaidh ag obair le gníomhartha agus líonra Chonamara agus na nOileán.
- **VEDP na Boirne:** Tógáil ar rannpháirtíocht leis an VEDP agus deiseanna a lorg d'iardheisceart na Gaillimhe.
- **Féilte agus Imeachtaí CSS** An Scéim Tacaíochta Pobail a mheas agus a bhainistiú: Tionscadail turasóireachta agus féilte agus imeachtaí.
- Tacú le Fáilte Éireann agus le comhpháirtíochtaí gníomhaireachta de réir mar is gá.
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le tionscadail Ghlasbhealaigh agus Ghormbhealaigh.
- Tacú leis an tionscadal forbartha **'Bealach Bhéarra Bhréifne'.**

## CONAIR EACNAMAÍOCH AN ATLANTAIGH

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

**"More to Life" - Feachtas, 2024 chun níos mó daoine a spreagadh chun an t-aistriú a dhéanamh go Contae na Gaillimhe**

Taispeánfar Contae agus Cathair na Gaillimhe i Sraith 3 de Moving West 2024. Tugann an tsraith léargas dúinn ar an méid atá le tairiscint ag Cathair agus Contae na Gaillimhe maidir le stíl mhaireachtála, áiseanna lasmuigh, bia, cultúr agus caighdeán maireachtála. Beidh ionadaíocht leathan ó fhostóirí dúchasacha agus ó fhostóirí infheistíocht dhíreach eachtrach (FDI) i gCathair agus i gContae na Gaillimhe mar chuid den Chlár faoi Ghaillimh, atá maoinithe ag Comhairle Contae agus Cathrach na Gaillimhe, agus beidh an tAire Heather Humphreys páirteach ann freisin.

Beidh Contae Mhaigh Eo, Sligigh, Liatroma, Ros Comáin agus Dhún na nGall le feiceáil i Sraith 3 chomh maith. Is tionscnamh é seo de chuid Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh.






- Oibríodh le Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) agus le líonra Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh (AEC) ar thionscadail réigiúnacha, lena n-áirítear moil a fhorbairt ar fud an AEC.
- Glacadh páirt i bpróisis Straitéise AEC agus Straitéis Mol AEC.
- Ullmhaíodh banc íomhá do Chontae na Gaillimhe lena n-áirítear íomhánna a bhaineann le fiontraíocht.

## MOLTAÍ DO 2024:

**Beidh Contae agus Cathair na Gaillimhe páirteach i Sraith 2024 agus léireofar na nithe seo a leanas:**

- Gnásanna nua cianoibre a éascaíonn an t-aistriú go Contae na Gaillimhe.
- Aird a tharraingt ar líon na ndeiseanna gairme atá ar fáil, agus atá ag méadú, agus ar an stíl mhaireachtála atá sa Chontae. Aird a tharraingt ar WesternJobs.ie a chuireann deiseanna fostaíochta sa réigiún chun cinn.
- Oibriú laistigh d'aon socruithe athbhreithnithe don CEA tar éis an athbhreithnithe ag an Roinn.
- Tacú le forbairt na mBraislí Cruthaitheacha sa réigiún.
- Oibriú leis an WDC agus contaetha CEAC eile chun an tIarthar a chur chun cinn mar áit tharraingteach chun cónaí agus oibriú ann.
- Oibriú le tionscadail chun tacú le hathnuachan lár na mbailte lena n-áirítear forbairt moil agus aghaidh a thabhairt ar fholúntas/tréigean i mbailte agus i sráidbhailte.
- Leanúint ar aghaidh ag obair leis an Oifigeach Leathanbhanda chun deiseanna do phobail a aithint agus a bhaint amach.
- Oibriú le WDC, an leis líonra AEC agus le húdaráis áitiúla eile chun tionscnaimh réigiúnacha a sheachadadh lena n-áirítear gníomhaíochtaí faoi Phlean Fiontraíochta Réigiún an Iarthair, mar is cuí.
- Tacú le forbairt na hEarnála Bia agus le moil a nascadh agus béim ar leith ar Champas Nuálaithe BIA mar spreagadh don fhás agus nuálaíochta sa réigiún.

## FORBAIRT AGUS TACAÍOCHTAÍ DO MHOIL OIBRE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

- D'fheidhmigh an rannóg Forbartha Pobail & Tuaithe mar phointe teagmhála faisnéise agus comhairleach, chun moil Phobalbhunaithe sa Chontae a éascú chun leas a bhaint as an scéim náisiúnta maoinithe www.connectedhubs.ie.
- Rinneadh infheistíocht i gcomhar le Seirbhísí Corparáideacha in uasghráduithe riachtanacha ag Ionad Gnó Bhéal Átha na Sluaighe i Seomraí Oifige san Ionad Leabharlainne athchóirithe i mBéal Átha na Sluaighe, Sráid an Chumainn, lena n-áirítear rialaitheoirí cianrochtana a éascaíonn solúbthacht oibre do chliaint. Tá seomraí cruinnithe agus seomraí ar urlár a dó ar fáil ar cíos agus ar léas.
- Rinneadh dul chun cinn ar fhorbairt na mol oibre mar chuid de na tionscadail RRDF faofa atá ann cheana i mBaile Locha Riach, Port Omna, Tuaim agus Baile Átha an Rí (Nuálaí BIA) chomh maith leis an iarratas Chatagóir 2 don Ghort a chur san áireamh mar chuid den togra.
- Eagraíodh agus óstáladh ócáid faisnéise agus líonraithe i mí Eanáir 2023 dar téama 'dea-obair do 2023 agus ina dhiaidh sin'. I measc na n-aíonna a bhí páirteach bhí an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe, Grow Remote, foireann www.connectedhubs.ie de chuid Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Choimisiún Forbartha an Iarthair, chomh maith le hionchur lárnach ó Mhol Oibriúcháin i gContae na Gaillimhe.

### MOLTAÍ 2024:

- Tograí reatha do mhoil oibre a chur chun cinn mar chuid de thionscadail RRDF.
- Deiseanna nua a aithint do mhoil sa chontae agus oibriú leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun iad a sheachadadh.
- Cliaint a dhaingniú chun an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as Seomraí Oifige Ionad Gnó Bhéal Átha na Sluaighe ag Ionad Leabharlainne Bhéal Átha na Sluaighe.
- Seirbhísí comhairleacha leanúnacha a sholáthar ar www.connectedhubs.ie agus tacaíochtaí a spriocdhíriú chun ionaid bhreise chianoibre a bhunú sa Chontae agus oibriú le hÚdarás na Gaeltachta atá i gceannas ar an Líonra Mol G-teic sa Ghaeltacht.

## TIONSCNAIMH AGUS STRAITÉIS GHINEARÁLTA UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCH

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

- Cuireadh le forbairt an athbhreithnithe ar na doiciméid agus ar na beartais Náisiúnta agus Réigiúnacha
- Leanúint leis an mBeartas "Ár dTodhchaí Tuaithe" a chur i bhfeidhm.

- Cuireadh an Straitéis Náisiúnta Áineasa Taobh Amuigh, VEDP Loch Deirgeirt agus Plean Fiontraíochta Réigiún an Iarthair san áireamh sna cáipéisí beartais turasóireachta réigiúnacha.
- Forbraíodh agus cuireadh tograí straitéiseacha chun cinn do thionscadail RRDF chun athghiniúint a spreagadh i mBaile Átha an Rí, sa Chlochán, sa Ghort, i mBaile Locha Riach, i bPort Omna agus i dTuaim.
- Oibríodh le Fáilte Éirinn chun tacú le cruthú post, le gnólachtaí dúchasacha agus chun an poitéinseal infheistíochta in IDI a chur chun cinn don earnáil bia.
- Oibríodh leis an IDA chun Contae na Gaillimhe a chur chun cinn mar láthair d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Forbairt an Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 6 bliana a threorú de réir na dtreoirlínte náisiúnta i gcomhar leis an SPC d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Fiontar.
- Leanúint ar aghaidh le cur chuige straitéiseach a ghlacadh maidir le hathghiniúint na mbailte sa Chontae.
- Cur le forbairt an Mháistirphlean d'iarshuíomh Aerfort na Gaillimhe ar an gCarn Mór.
- Leanúint ar aghaidh ag obair le Fáilte Éireann agus leis an nGníomhaireacht Forbartha Tionscadail (IDA) chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus le poist a chruthú.
- Tograí a chur isteach agus oibriú le láithreacha ainmnithe faoin gclár maoinithe "An Ciste um Aistriú Cóir" de réir mar a fhorbraíonn an clár in 2024.

## SCÉIMEANNA MAOINITHE TUAITHE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

#### SCÉIM ATHNUACHANA BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE

Tugadh isteach an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte (TVRS) in 2016. Tacaíonn sí le tionscadail chaipitil bheaga agus mheánmhéide a fheabhsaíonn an timpeallacht i lár bailte agus sráidbhailte. Bíonn maoiniú deontais idir €20,000 agus €500,000 ar fáil do thionscadail. Tá sé maoinithe ag an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe.

Leagtar béim ar leith i Scéim 2023 ar dhul i ngleic le saincheisteanna amhail tithe folmha agus dearóiliú agus chun a bheith ag tacú le tionscadail a mhéadóidh líon na ndaoine a thagann chuig lár na mbailte, amhail ionaid nua do shiopadóireacht, páirceanna, clóis súgartha agus spásanna glasa. Ó 2020 i leith, tá an scéim TVRS tar éis aistriú ó bhonneagar ginearálta go suíomhanna aonair, réadmhaoine ar féidir iad a athúsáid agus fearann poiblí agus moil a bhíonn á dtreorú ag dearadh. I mbliana, beidh fócas sa scéim ar Mhargaí Lár Bailte agus Sráidbhailte de réir Chlár an Rialtais. Bainfear é seo amach trí bhonneagar a sholáthar chun tacú leis na margaí lasmuigh seo a éascú.

Mar aitheantas ar aicmiú réigiún an Iarthuaiscirt ag Coimisiún an AE mar Réigiún atá ag Athrú agus d'fhonn aghaidh a thabhairt go réamhghníomhach ar éagothromaíochtaí réigiúnacha, beidh feidhm eisceachtúil ag cúnamh deontais ar luach 95% de chostas iomlán an tionscadail maidir le contaetha i réigiún an Iarthuaiscirt lena n-áirítear Contae na Gaillimhe. Ní mór don 5% den chistiú meaitseála atá fágtha a bheith i bhfoirm síntiús airgid agus is féidir leis an Údarás Áitiúil agus/nó an pobal agus/nó síntiúis dhaonchairdiúla é a thabhairt.

De réir bheartais an Rialtais maidir le 'Ár dTodhchaí Tuaithe' agus 'Lár an Bhaile Ar dTús', leagadh béim mhór ar athbheochan agus ar athghiniúint lár an bhaile faoi TVRS 2023. Chun é seo a chomhlánú agus a fheabhsú, tá sraith maoinithe ar leith á forbairt faoi láthair do thacaíochtaí a bhaineann le Lár an Bhaile ar dTús. Tiocfaidh sé seo in ionad na tacaíochta a bhí ar fáil roimhe seo d'fhorbairt Pleananna Baile de chineálacha éagsúla agus tacaíocht Forbartha Tionscadail a tairgeadh faoi TVRS 2021 agus 2022. Tá sé beartaithe an pacáiste tacaíochta seo a sheoladh sna míonna amach romhainn, agus táthar ag súil go mbeidh comhtháthú láidir tionscadail mar thoradh air ar fud na sruthanna maoinithe atá ar fáil faoin gClár Infheistíochta d'Fhorbairt Tuaithe.

Ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe páirt i bpróiseas EOI (Léiriú Spéise) i Meán Fómhair 2023 agus chuir siad 6 thionscadal ar ghearrliosta a chuirfear faoi bhráid na Roinne Forbartha Pobail agus Tuaithe i mí na Samhna 2023. Fuair na tionscadail seo a leanas tacaíocht leanúnach riaracháin agus theicniúil in 2023. Tháinig méadú ar na costais a bhaineann le go leor tionscadal agus dá bhrí sin, rinneadh iniúchadh ar leasuithe a bhféadfaí a dhéanamh maidir le gníomhaíochtaí tionscadail agus ar roghanna le haghaidh tuilleadh maoinithe.

| **Clár TVRS 2019** | **Deontas Ceadaithe** | **Stádas** |
|---|---|---|
| Órán Mór | €200,000 | Críochnaithe |
| Béal Átha Glúinín | €100,000 | Ar siúl faoi láthair – An Chéim Dheiridh cur chun feidhme |
| **Clár TVRS 2020** | **Deontas Ceadaithe** | **Stádas** |
| Baile Chláir – Síneadh san Ionad Pobail & Mol | €200,000.00 / Tionscadal Curtha Siar agus Príomhdheontas Saortha – Tairiscint Deontais Nua 2023 - 30k | Forbairt Tionscadail - Curtha i gCrích |
| Port Omna – Inrochtaineacht agus nasc chuig Páirc Foraoise Phort Omna | €100,000 | Críochnaithe |
| Na Creaga – Feabhsúcháin sa Sráidbhaile & Ionad Oidhreachta | €90,000 | Ar siúl faoi láthair |
| Leitir Móir - Uasghrádú don Halla & Páirc Pobail agus Spás do Thaibhithe Taobh Amuigh | €100,000 | Ar siúl faoi láthair |
| **Clár TVRS 2021** | **Deontas Ceadaithe** | **Stádas** |
| An Líonán – Páirc Pobail i gcomhar le Cumann Forbartha an Líonáin | €250,000 | Críochnaithe |
| Bearna Dhearg – Inrochtaineacht agus Feabhsuithe do Choisithe | €100,000 | Críochnaithe |
| Beart Forbartha Tionscadail - Maoin GCC - Teach Cúirte na Gráige i gcomhar le Coiste Forbartha Pharóiste na Gráige. | €50,000 | Ar siúl faoi láthair |
| Iniúchtaí Sráidbhaile / Tionscadal Seicliosta | €48,000 | Ar siúl faoi láthair |

| Clár TVRS 2022 | Deontas Ceadaithe | Stádas |
|---|---|---|
| Béal Átha na Sluaighe - Mol Lár an Bhaile a Athchóiriú | €250,000 | Ar siúl faoi láthair |
| Feachtas Brandála & Margaíochta Comhsheilbhíochta | €50,000 | Ar siúl faoi láthair |
| Saoráid Ilúsáide a Fhorbairt i mBaile Átha an Rí ag Lána an Bhúrcaigh - Sráid an Gheata Thuaidh. | €50,000 | Ar siúl faoi láthair |
| Uasghrádú a dhéanamh & Feabhas a chur ar aghaidheanna siopaí & ar an sráid-dreach | €100,000 | Ar siúl faoi láthair |
| Staidéar Indéantacha Chaisle chun Ionad Inbhuanaithe Ísealcharbóin a Fhorbairt | €50,000 | Ar siúl faoi láthair |
| Uasghrádú a dhéanamh & Feabhas a chur ar aghaidheanna siopaí & Sráid-dreach sa Spidéal | €100,000 | Ar siúl faoi láthair |

## MOLTAÍ DO 2024:

- Tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do gach tionscadal atá ar siúl faoin gclár TVRS lena n-áirítear na síntí faofa faoi chláir 2019 - 2022 agus tionscadail leanúnacha a ceadaíodh faoi chlár 2023.
- Tionscadail eile a d'fhéadfaí tabhairt fúthu a aithint ar fud an Chontae trí theagmháil leanúnach a dhéanamh le heagraíochtaí pobail, le coistí agus le comhghleacaithe in oifigí agus Ranna Ceantair Bhardasacha eile agus tríd an bPróiseas Léirithe Spéise foirmiúil i Ráithe 2 2024.
- Tacú le rolladh amach na bPríomhstraitéisí lena n-áirítear spriocanna sa CDP, Straitéis Turasóireachta agus Clár Athnuachana Tuaithe, tionscadail fhéideartha a shainaithint chun na spriocanna seo a bhaint amach agus an cumas iad seo a fhorbairt ina bhfeidhmchláir chaipitil lena n-áirítear Réadmhaoin atá folamh nó tréigthe faighte ag an gComhairle le haghaidh athúsáide pobail.
- Leanúint ar aghaidh ag aithint deiseanna maoinithe faoin Straitéis "Ár dTodhchaí Tuaithe" chun cabhrú le cuspóirí forbartha tuaithe a sheachadadh, a thiocfaidh leis an straitéis

lonnaíochta agus leis an straitéis do cheantair tuaithe scaipthe mar a leagtar amach sa Phlean Forbartha Contae.

- Leanúint ag obair leis an Líonra Rannpháirtíochta Poiblí chun Scéimeanna a chur chun cinn agus chun dul i dteagmháil leis an Earnáil Phobail agus Dheonach maidir le deiseanna maoinithe.
- Leanúint ar aghaidh agus athbhreithniú á dhéanamh ar roghanna le haghaidh feabhsuithe digiteacha agus nuálaíochtaí inár soláthar seirbhíse (lena n-áirítear córais iarratais ar líne). Oibriú le córas faisnéise geografaí (GIS)/ le teicneolaíocht faisnéise (IT) agus le comhordaitheoirí seirbhíse eile chun a chinntiú go ndéantar feabhsuithe leanúnacha inár gcórais tuarascála agus riaracháin chun neamhéifeachtúlachtaí a laghdú agus rochtain ar fhaisnéis maidir le scéimeanna tuaithe a uasmhéadú.

## CLÁR

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

- Lean an fhoireann ar aghaidh ag tacú leis na tionscadail a faomhadh in 2021. As na 7 dtionscadal a faomhadh tá 4 cinn críochnaithe agus tá oibreacha ar na 3 cinn eile le críochnú roimh dheireadh R1 2023.
- In 2022, bronnadh maoiniú CLÁR ar luach €612,864 ar 15 thionscadal ar fud an Chontae. Taispeántar achoimre ar na tionscadail ceadaithe sa tábla seo thíos.

| CLÁR 2023 | Deontas Ceadaithe | Stádas |
|---|---|---|
| Comhairle Cheantar na nOileán Teo - Pictiúrlann pobail agus mol 'buail isteach' don óige a fhorbairt i Halla Pobail Thír an Fhia lena mbeidh leabharlann, duga caife & spás do chluichí san áireamh. | €41,827 | Ar siúl faoi láthair |
| Club CLG Mhaigh Locha - Rian siúil/reatha 1.1km a thógáil timpeall imlíne an láithreáin. Feabhsuithe a dhéanamh ar pháirceáil agus ar shoilsiú ar an láithreán chomh maith. | €50,000 | Ar siúl faoi láthair |
| Comhairle Pobail an Chloiginn agus an Chladaigh Dhuibh - Feabhsú ar dhromchla agus ar imeall na cúirte peile ag Ionad Pobail an Chloiginn | €36,492 | Críochnaithe |

| | | |
|---|---|---|
| Bord Bainistíochta Scoil Náisiúnta Chill Chríost - Áis charrpháirceála a fhorbairt chun rochtain a éascú ar raon siúil pobail agus ar an bpáirc. | €50,000 | Ar siúl faoi láthair |
| Ionad Pobail Chluain Bheirn Teo - Feabhsúcháin ar rochtain bóthair, a éascóidh úsáid mhéadaithe agus inrochtana ar na seirbhísí pobail atá ann cheana féin. Oibreacha gaolmhara tírdhreachtaithe a dhéanamh agus limistéar a fhorbairt do phailneoirí. | €50,000 | Críochnaithe |
| Club CLG an Ghoirt - Cosán imlíne inrochtana 850m a fhorbairt timpeall an tsuímh 20 acra d'úsáid an phobail. | €45,000 | Críochnaithe |
| Club CLG Áth Eascragh/Fhothannaí - Carrchlós atá ann cheana féin a dhéanamh réidh, feabhsúcháin a dhéanamh ar inrochtaineacht ar láithreáin, ar dhraenáil, ar dhromchlú agus ar línte na páirce. | €49,500 | Críochnaithe |
| Club Rugbaí Bhéal Átha na Sluaighe - Rian siúil a fhorbairt timpeall imlíne an tsuímh, a bhfuil dhá pháirc ann. | €32,400 | Críochnaithe |
| Grúpa Forbartha Pobail Chluain Tuaisceart - Limistéar páirceála a athdhromchlú agus a athlíneáil, uasghrádú a dhéanamh ar shoilse, CCTV a shuiteáil, aghaidh foirgnimh a phéinteáil, uasghrádú a dhéanamh ar an gcóras téimh, tá suíocháin agus gairdín á bhforbairt freisin | €30,267 | Críochnaithe |
| Ionad Oideachais Pobail Glinsce & Caisil - áiseanna páirceála inrochtana sábháilte a fhorbairt ag an ionad oideachais. | €27,000 | Ar siúl faoi láthair |
| Comhairle Chontae na Gaillimhe - Feabhsúcháin ar chlós súgartha an phobail i bPort Omna | €36,473 | Críochnaithe |
| Forbairt Pobail na Sceachánaí - Uasghrádú ar limistéar páirceála do charranna ag Ionad Pobail na Sceachánaí atá ann cheana féin | €50,000 | Críochnaithe |
| Páirc Pobail Chill Liatháin - Uasghrádú lena n-áirítear oibreacha ar raon siúil agus ar shoilsiú timpeall imlíne na bpáirceanna. Áirítear | €45,000 | Ar siúl faoi láthair |

| | | |
|---|---|---|
| feabhsuithe ar dhraenáil ag an láithreán agus suiteáil spás chun suí ann leis na pleananna chomh maith. | | |
| Coiste Clós Súgartha Pháirc Uí Choileáin - Áiseanna a fheabhsú ag clós súgartha an phobail | €18,904 | Críochnaithe |
| Scoil Náisiúnta Dhomhnach Phádraig - Siúlbhealach pobail agus clós súgartha beag a fhorbairt ar thailte na scoile a bheidh inrochtana don phobal i gcoitinne. | €50,000 | Ar siúl faoi láthair |

## MOLTAÍ DO 2024:

- Maoirseacht a dhéanamh ar na tionscadail ó 2022 atá fágtha agus iad a chur i gcrích roimh dheireadh Ráithe 1 2024.
- Oibreoidh an fhoireann go dlúth le grúpaí pobail agus ceannairí tionscadal chun seachadadh na dtionscadal ceadaithe faoi Scéim CLÁR 2023 a éascú.
- Tionscadail a d'fhéadfaí tabhairt fúthu ar fud an Chontae a aithint trí theagmháil níos fearr a dhéanamh le coistí forbartha áitiúla agus le comhghleacaithe in oifigí agus Ranna Ceantar Bardasach eile.

## BAILTE & SRÁIDBHAILTE - SCÉIM NÁISIÚNTA SRÁID-DREACHA

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

- Ainmníodh Tuaim, Port Omna agus An Spidéal don Scéim Feabhsúcháin Sráide in 2022-2023. Ceadaíodh do Chomhairle Chontae na Gaillimhe iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú agus uasmhéid de €100,000 á leithdháileadh ar iarratasóirí rathúla i ngach baile.

- Ba é cuspóir foriomlán Scéim Sráid-Dreacha Thuama ná díriú ar tharraingteacht Chearnóg an Mhargaidh agus Lár an Bhaile a fheabhsú trí fheabhas a chur ar chuma fhoriomlán an tsráid-dreacha. Thug an tionscadal seo cuireadh d'áitribh sa tSráid Ard, ar Shráid na Siopaí, ar Shráid an Easpaig, Sráid an Bhiocáire agus Bóthar Bhaile Átha Cliath iarratas a dhéanamh ar chómhaoiniú Sráid-Dreacha ar bhealach comhordaithe. Díríodh ar réadmhaoin in aice a chéile chun aghaidheanna na siopaí a ghlanadh, a dheisiú agus a phéinteáil. Faoi réir an buiséad a bhí ar fáil, ba é an cuspóir ná cómhaoiniú a chur ar fáil do 35-40 Úinéir agus Tionónta réadmhaoine chun tabhairt faoi uasghrádú a dhéanamh ar aghaidheanna a siopaí ar thaobh na sráide. Bhí an Scéim seo ag teacht le Máistirphlean Thuama a thug an Fhoireann Athnuachana agus Foireann Bhaile Thuama chun cinn.

- Bhí an Scéim ar siúl ó Dheireadh Fómhair 2022 go Deireadh Fómhair 2023. Faoi lár mhí Dheireadh Fómhair 2023, ba é an leibhéal cur i gcrích agus tarraingt anuas rathúil ná 78% de na tairiscintí a rinneadh. D'éirigh le 32 den 41 tairiscint an maoiniú a chur i gcrích agus a tharraingt anuas le linn na tréimhse seo. Ba ionann an leibhéal tarraingt anuas rathúil i Scéim Feabhsúcháin Sráid-Dreacha 2021 agus 70% ar an meán de na tairiscintí a rinneadh. Cuireadh an Scéim chun cinn i sraith Ceardlanna Poiblí, agus trí na Comhaltaí Tofa, Bailte Slachtmhara Thuama, Grúpaí Gnó agus Club na Leon Thuama. Rinneadh teagmháil le ceantálaithe chun eolas faoin Scéim a thabhairt d'úinéirí a raibh réadmhaoin acu le díol. Tá roinnt Tithe Folmha fós ar díol ar phríomhláithreáin i Lár an Bhaile, ach táthar ag súil go gcabhróidh an leibhéal rannpháirtíochta agus an fócas ar fheabhsúcháin i Lár an Bhaile le deiseanna rannpháirtíochta áitiúla amach anseo d'infheistíocht chaipitil ar scála níos mó a mhealladh chun an ríocht phoiblí agus an sráid-dreach a athnuachan agus a uasghrádú.

| Bailte – Feabhsúcháin Sráid-Dreacha | Líon na dtairiscintí a rinneadh | Méid a Tairgeadh | Líon na dTairiscintí a éilíodh | Méid an Deontais íoctha ag ráta 80% nó 70% de réir na tairisceana | % Éilithe de Mhéid an Deontais a Tairgeadh |
|---|---|---|---|---|---|
| **Tuaim** | 41 | €106,285 | 32 | € 77,280 | 80% |

## MOLTAÍ DO 2024:

- Faoi réir fhaomhadh na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD), leanfaidh an fhoireann ar aghaidh ag déanamh idirchaidrimh le hiarratasóirí rathúla faoin Scéim Feabhsúcháin Sráide do Phort Omna agus don Spidéal. Tar éis aiseolas a fháil ó DRCD, tá tréimhse ama níos réadúla aontaithe don Spidéal chun oibreacha a chur i gcrích.

- Leanúint ar aghaidh ag aithint deiseanna maoinithe faoin Straitéis "Ár dTodhchaí Tuaithe" chun cabhrú le cuspóirí forbartha tuaithe a sheachadadh, a thiocfaidh leis an straitéis lonnaíochta agus leis an straitéis do cheantair tuaithe scaipthe mar a leagtar amach sa Phlean Forbartha Contae.

## SCÉIM UM BONNEAGAR ÁINEASA AMUIGH FAOIN AER (ORIS)

Cuidíonn an Scéim um Bonneagar Áineasa Amuigh faoin aer (ORIS) leis an gcuspóir straitéiseach maidir le geilleagar agus le pobail tuaithe a neartú mar atá leagtha amach i straitéis Tionscadal Éireann 2040. Is é cuspóir na Scéime ná maoiniú a chur ar fáil chun bonneagar nua áineasa amuigh faoin aer a fhorbairt agus chun an bonneagar áineasa amuigh faoin aer atá ann cheana i gceantair tuaithe a dheisiú, a fheabhsú nó a chur chun cinn.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

- Leanadh ar aghaidh leis an obair chun a cinntiú go déanfaí roinnt tionscadal a faomhadh sna blianta roimhe seo a sheachadadh. Áiríodh leis seo, Conair Nasctha Chill Chornáin, Lúb-bhealach Phort Omna, Tionscadal na Siúlóidí Baile Locha Riach, Éiceapháirc Oirthear na Gaillimhe, Siúlóid Abhainn an Ghoirt, Conairí Siúil Ghleann na Madadh.

## FUARTHAS MAOINIÚ BHEART 1 DO NA TIONSCADAIL SEO A LEANAS - 2022

| Beart | Ainm an Tionscadail | Imlíne | Suim a Ceadaíodh |
|---|---|---|---|
| Siúlóidí Lábacha Fhoraois na Ceathrún Báine | Uasghrádú ar an gcosán ag Foraois na Ceathrún Báine | An Cheathrú Bhán, Contae na Gaillimhe | €29,250 |
| Cothabháil Ghlasbhealach Chonamara | Cothabháil ghinearálta ar na 15km de Ghlasbhealach Chonamara atá curtha i gcrích ar feadh an stráice idir baile an Chlocháin agus sráidbhaile Shraith Salach. Áireofar leis na hoibreacha bearradh féir ar chiumhaiseanna agus bearradh crann tarchrochta. | Conamara, Contae na Gaillimhe | €28,350 |
| Margaíocht Ghlasbhealach Chonamara | Ábhair mhargaíochta agus cur chun cinn ar stráice Ghlasbhealach Chonamara a shíneann ón gClochán go Sraith Salach | Conamara, Contae na Gaillimhe | €27,000 |
| Conairí Siúil Ghleann na Madadh | Is é an togra atá beartaithe ná an dara lúb de dhá lúb-bhealach siúil timpeall ar Phortach Fhrais - Chluain Con i nGleann na Madadh. | Gleann na Madadh, Contae na Gaillimhe | €21,072 |
| Siúlóid Abhainn an Ghoirt | Áirítear leis an tionscadal seo uasghrádú a dhéanamh ar sheanbhóthar sráidbhaile go mbeidh sé ina chonair | An Gort, Contae na Gaillimhe | €27,424 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | aicme 2, agus lúbchonair 3.5km ó Lár Bhaile an Ghoirt a chríochnú agus a chlárú. | | |
| Bealach Siúil Choillte Mhuine Mheá | Feabhas a chur ar chosáin shiúil, reatha agus rothaíochta Choillte Mhuine Mheá lena n-áirítear uasghrádú comharthaíochta agus cosáin, agus bonneagair mhargaíochta a fhorbairt don chosán. | Muine Mheá, Contae na Gaillimhe | €27,000 |

## MAOINIÚ M2 & M3 FAIGHTE DO NA TIONSCADAIL SEO A LEANAS 2022

| Beart | Ainm an Tionscadail | Imlíne | Suim a Ceadaíodh |
|---|---|---|---|
| Forbairt Tionscadail | Éiceapháirc Oirthear na Gaillimhe - Béal Átha na Sluaighe | Éiceapháirc a bhfuil conairí siúil inti a fhorbairt ar iar-láithreán líonta talún. Beidh réimse eispéireas ar fáil ar an láthair lena n-áirítear eispéireas Áineasa agus Caitheamh Aimsire; Bithéagsúlachta agus Oidhreachta; Sláinte agus Folláine; Cleachtais Oideachais agus Inbhuanaithe. | €50,000 |
| Forbairt Tionscadail | Páirc Áineasa Faoin Aer Phort Omna | Máistirphlean iomlán d’fhorbairt Pháirc Foraoise agus Limistéir Snámha Phort Omna sa todhchaí a chur le chéile. Áireofar i measc na bpleananna, | €49,950 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | criosanna nua gníomhaíochta agus áineasa, mol do chuairteoirí, spás do thaibhléiriú agus fearann poiblí níos fearr. (féach ar an doiciméad tacaíochta a ghabhann leis seo) | |
| M2 | Siúlóid Sléibhe na gCreag | Is éard a bheidh i gceist le tionscadal na Siúlóide Sléibhe na gCreag ná conair a chruthú i gceantar suaimhneach in Oirthear na Gaillimhe | €200,000 |
| M2 | Na Siúlóidí Baile Locha Riach | Céim eile de Thionscadal na Siúlóidí a chur i gcrích. Leis seo, déanfar balla na Siúlóidí a dheisiú, áit phóraithe do bhreac agus bithéagsúlacht sa cheantar a fheabhsú | €200,000 |
| M2 | Conair Choill Chill Ráine | Conairí atá ann cheana a uasghrádú agus a fheabhsú ar mhaithe leis an bpobal ar fad agus leis an turasóireacht. Conair ilrochtana nua a chruthú a bheidh oiriúnach dóibh siúd a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. | €103,950 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| M3 | Uasghrádú Chonair Bhealach an Iarthair | Uasghrádú agus feabhsú a dhéanamh ar na 4 Stráice de Chonair Bhealach an Iarthair atá ann cheana féin chun feabhas a chur ar aimsiú bealaigh, ar mhargaíocht, ar dhromchla cosáin agus uasghrádú carrchlóis. | €425,250 |

## MOLTAÍ DO 2024:

- Leanúint ar aghaidh ag tacú le seachadadh scéimeanna atá faofa cheana féin.
- Oibriú leis na páirtithe leasmhara éagsúla chun a chinntiú go nglacfar cur chuige straitéiseach maidir le ORIS.
- Iarratais a chur isteach faoi ORIS 2024.

Rinneadh foráil do na bearta seo a leanas faoi **ORIS 2023**:

- Beart 1: Suimeanna Deontais do Dheisiúcháin/d'Fhorbartha/ do Chur Chun Cinn agus Margaíochta ar Scála Beag: Suas le seacht dtionscadal in aghaidh an Údaráis Áitiúil ar luach €30,000.
- Beart 2: Suimeanna Deontais do Dheisiúcháin/ d'Uasghrádú agus d'Fhorbartha nua Conairí/Áiseanna ar Mheánscála: Suas le trí thionscadal in aghaidh an Údaráis Áitiúil ar luach €200,000.
- Beart 3: Suimeanna Deontais do Dheisiúcháin/ d'Uasghrádú Straitéiseacha agus d'Fhorbartha nua straitéiseacha do Chonairí/Áiseanna ar Mhórscála: Suas le tionscadal amháin in aghaidh an Údaráis Áitiúil ar luach €500,000.
- Beart Forbartha an Tionscadail: Costais Forbartha do Thionscadail Straitéiseacha ar Mhórscála – Dhá thionscadal suas le luach €50,000.
- Tugadh maoiniú do 2022 do na tionscadail a luaitear anseo thíos agus beidh dul chun cinn á dhéanamh orthu fós in 2024.

Cuireadh na tionscadail seo a leanas faoi bhráid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail faoin Scéim um Bonneagar Áineasa Amuigh faoin Aer 2023. Táthar ag súil go n-eiseofar cinneadh faoi dheireadh na bliana nó faoi Ráithe 1 2024, agus cuirfear tús leis na Tionscadail ina dhiaidh sin.

| Beart | Ainm an Tionscadail | Imlíne | Suim ar Iarradh Uirthi |
|---|---|---|---|
| M2 | Grúpa Scéalta & Slite Choillte Gharrán an Chaisleáin | Tá sé mar aidhm ag Grúpa Scéalta & Slite Choillte Gharrán an Chaisleáin forbairt a dhéanamh ar Choillte agus ar Bheairicí Gharrán an Chaisleáin mar Chonairí Dúlra, Conairí Stairiúla agus mar Ionad Taispeántais Oidhreachta. Tá an inrochtaineacht ag croílár na forbartha. | €47,821 |
| M2 | Páirc Oidhreachta Glinsce | Deisiúcháin agus Uasghrádú a dhéanamh ar 2km de na Conairí atá ann cheana féin chun inrochtaineacht a fheabhsú ag Páirc Oidhreachta Glinsce. | €200,000 |
| M2 | Ionad Pobail an Mhháma - Carrchlós | Carrchlós a thógáil a éascóidh rochtain do charranna agus do bhusanna dóibh siúd ar mhian leo dul ag siúil ar bhealach an iarthair. Cuirfear páirceáil chuí agus shábháilte ar fáil do réimse imeachtaí áineasa pobail agus tráchtála. | €172,582 |
| M3 | Bealach Siúil Pháirc Rinn Mhíl | Is áis den scoth í Páirc Rinn Mhíl ach níl soilse feistithe ar na conairí siúil atá ann cheana féin. Tógfar 2.5km de shiúlbhealaí lasta leis an tionscadal seo. Ar na príomhghnéithe nua eile a bheidh ann, beidh gairdín na gcéadfaí agus comharthaíocht léirmhínitheach don lios. | €351,000 |

## FORBAIRT POBAIL AGUS CUIMSIÚ SÓISIALTA

## COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL (LCDC)

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

- Bhí 4 chruinniú ag an LCDC go dtí seo i mbliana chomh maith le cruinnithe na bhfochoistí a dhéileálann leis an gClár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), le Sláinte agus Folláine, agus le Measúnuithe Maoinithe, a bhfuil de chúram orthu measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar chláir agus moltaí a dhéanamh don LCDC.

- Tá dul chun cinn déanta ar an obair ar Ráiteas Socheacnamaíoch a bheidh mar bhonn leis an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (LECP) ag brath ar an bpróiseas comhairliúchán poiblí.

- D'ullmhaigh an Fochoiste Sláinte agus Folláine Plean maidir leis an gclár Éire Shláintiúil a bheidh mar bhonn faoin leithdháileadh maoinithe faoi Bhabhta 4 de Chiste Éire Shláintiúil agus cuireadh faoi bhráid an LCDC iomlán é. Ba í an phríomhcheist a tháinig chun cinn le linn na gcomhairliúchán ná an easpa gníomhaíochtaí sóisialta agus áineasa ag leibhéal an phobail nár bhain le spórt ná nach mbeadh iomaíocht i gceist leo. Ardaíodh ceisteanna freisin maidir leis na deacrachtaí fisiciúla rochtana ar áiseanna atá ann cheana féin, go háirithe do Dhaoine faoi Mhíchumas. Dá bhrí sin, roghnaigh an LCDC "Fachtóirí Folláine" mar réimse fócais tosaigh do mhaoiniú Bhabhta 4. Díreoidh tionscadail ar chéatadán na ndaoine a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíocht shóisialta nó áineasa amháin nó níos mó uair sa tseachtain ar a laghad, a mhéadú. Cuirfear béim ar leith ar dhaoine scothaosta, ar dhaoine faoi mhíchumas, agus ar ghrúpaí eile a raibh leibhéal íseal rannpháirtíochta acu.

- Fuair an LCDC leithdháileadh €300,432 tríd an gCiste Tacaíochta Pobail, faoin gClár Feabhsúcháin Pobail. Mar a bhí i mblianta roimhe seo, roinneadh an Ciste idir costais oibriúcháin / reatha agus deontais chaipitil bheaga. Rinneadh 274 iarratas ar mhaoiniú, líon i bhfad níos mó ná an líon a bheadh an LCDC in ann freastal orthu. Leithdháileadh 49% den chiste i dtreo costais reatha chun cabhrú le hinbhuanaitheacht áiseanna pobail le linn na tréimhse seo ina raibh costais fuinnimh ag ardú. Leithdháileadh 51% ar dheontais chaipitil, agus béim ar leith ar dheontais ar scála beag ar luach €1,000 nó níos lú chun cabhrú le grúpaí beaga den ghnáthphobal chun mionphíosaí trealaimh a fháil, de réir éiteas an Chiste. De réir chinneadh an LCDC, bhí na deontais mheánmhéide dírithe ar áiseanna agus ar chonláistí a fheabhsú a chuideodh le daoine faoi mhíbhuntáiste nó a mbeadh tairbhe shóisialta fhorleathan acu don phobal. D'éirigh le 193 iarratas san iomlán maoiniú a fháil faoin gCiste Tacaíochta Pobail agus tarraingíodh anuas na deontais go léir in 2023.

- Chomhaontaigh an LCDC ar Phlean Bliantúil chun SICAP a sheachadadh in 2023 a ndearnadh athbhreithniú air ag an bpointe lár bliana. Áirítear sa Phlean Bliantúil raon tacaíochtaí agus tionscnamh chun cur le cumas grúpaí pobail agus fiontar sóisialta freastal ar spriocghrúpaí agus ar phobail, chomh maith le hoiliúint agus le tacaíochtaí aonair chun cur ar chumas daoine aonair rochtain a fháil ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil, ar oideachas agus oiliúint, agus ar dheiseanna fostaíochta nó féinfhostaíochta. Roghnaíodh cláir ina ndírítear ar Mheabhairshláinte mar ábhar Cás-Staidéir chun obair SICAP a léiriú in 2023.

- Cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair do chlár SICAP 2024-2028 agus de réir chinneadh an LCDC, tá sé bunaithe ar an gContae a roinnt ina 3 Chuid chun an Clár SICAP a sheachadadh, i.e. Gaillimh Thoir, Gaillimh Thiar, agus Oileáin na Gaillimhe.

- Is clár píolótach nua €2m é an Clár um Chumasú Pobail (ECP) a dhíríonn ar 14 cheantar bheaga a bhfuil an leibhéal díothacht shocheacnamaíoch is airde acu (arna thomhas ag Innéacs Díothachta Phobal HP). Is é cuspóir an chláir ná chun dul i ngleic leis an díothacht agus le heisiamh sóisialta trí úsáid a bhaint as cur chuige forbartha pobail, trí chaidreamh a fhorbairt le páirtithe leasmhara / grúpaí pobail agus trí chomhoibriú le gníomhaireachtaí reachtúla agus le struchtúir eile chun freagraí saincheaptha ar dhúshláin aitheanta a chur i bhfeidhm. Oibreoidh an ECP go dlúth le tionscnaimh eile atá maoinithe ag an rialtas ach go háirithe, amhail Comhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail/ An Comhchoiste Póilíneachta, Tascfhórsaí Áitiúla Drugaí, Ceartas Óige, Éire Shláintiúil, srl.

  Is é an ceantar beag atá roghnaithe do Chontae na Gaillimhe ná Ceantair Beag Uirbeach Bhéal Átha na Sluaighe ID 067017010 (áit a bhfuil Ardán Naomh Ghrealláin & Páirc Naomh Treasa). Tá rátáil díothachta -30.93 ag an gceantar. Fágann sé seo go bhfuil sé ar cheann de na ceantair is mó díothachta sa tír. Leithdháileadh buiséad bonnlíne ar gach limistéar beag a roghnaíodh don tionscadal píolótach chun Oibrí Rannpháirtíochta Pobail a earcú agus chun forchostais agus costais riaracháin eile a chlúdach, chomh maith le costais dhíreacha cláir a bhaineann le gníomhaíochtaí rannpháirtíochta pobail, daoine a nascadh le seirbhísí, agus gníomhaíochtaí eile a thagann faoin réimse pleanála riachtanas áitiúil. Tá an leithdháileadh buiséid bunaithe ar an daonra i ngach ceantar beag agus titeann Béal Átha na Sluaighe Uirbeach isteach i mBanda 3, le leithdháileadh ar luach €140,000. Is é Forbairt Tuaithe na Gaillimhe CLG atá ina Fheidhmitheoir Cláir agus tá Plean Oibre agus Buiséad forbartha aici chun saincheisteanna agus réitigh chriticiúla sa sprioclimistéar a aithint.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Beidh forbairt próifílithe daonra bunaithe ar shonraí Dhaonáireamh 2022 agus bailchríoch a chur ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail nua 6 bliana 2022-2028 ar na príomhchúramaí cláir. Beidh na cuspóirí agus na gníomhartha a shainaithneofar mar chuid den phróiseas seo mar bhonn le tosaíochtaí chlár maoinithe LCDC chun díriú ar dhíothacht agus ar eisiamh sóisialta.

## FÓRAM FREAGARTHA PHOBAL NA HÚCRÁINE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

- Cuimsíonn Fóram Freagartha Phobal na hÚcráine ionadaithe ó na gníomhaireachtaí go léir a bhfuil sé de chúram orthu tacaíochtaí a chur ar fáil amhail an Roinn Coimirce Sóisialaí, FSS, GRETB, An Garda Síochána, Tusla agus an Coiste Seirbhísí do Leanaí agus Daoine Óga, Coiste Cúraim Leanaí na Gaillimhe, Nasc Áitiúil, An Chrois Dhearg, Ionad d'Oibrithe Deonacha, Comhlachtaí Forbartha Áitiúla agus oifigigh ó ranna ábhartha na n-údarás áitiúil. Bíonn cumarsáid rialta leis an bhFóram chun eolas a roinnt maidir le hionaid chóiríochta nua agus reatha, agus maidir le nuashonruithe eile ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY), lena n-áirítear seisiún eolais a tionóladh le déanaí maidir le tithíocht mhearthógtha a sholáthar sa Pholl Buí, Béal Átha na Sluaighe.

- Cuireadh in iúl do Chomhairle Chontae na Gaillimhe gur tugadh €1.3m dóibh faoin gCiste Aitheantais Pobail do phobail a raibh líon ard teifeach as an Úcráin i measc an phobail ag an am. Scaipeadh Foirm Léirithe Spéise ar gach ceantar ábhartha den Chontae, agus d'oibrigh baill foirne ón rannóg Forbartha Pobail &Tuaithe leis na pobail chun tionscadail chaipitil a fhorbairt a thabharfadh aghaidh ar easnaimh bhonneagair agus a rachadh chun tairbhe an phobail i gcoitinne amach anseo. Cuireadh 33 thionscadal san iomlán ar 19 láthair faoi bhráid na Roinne agus ceadaíodh iad le haghaidh maoinithe, faoi réir a seachadta le linn 2023 agus 2024.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Beidh Foireann Thiomnaithe Imeasctha i bhfeidhm in 2024, a thacóidh le cuimsiú fadtéarmach na n-Iarratasóirí Cosanta Idirnáisiúnta, na dTeifeach Athlonnaithe Dídeanaithe, agus na nDaoine a bhfuil Cosaint Shealadach acu i bpobail áitiúla. Táthar ag súil go leathnófar ról agus sainchúramaí an Fhóraim Phobail a i gcomhréir le cúram níos leithne na Foirne Imeasctha seo.

## FÓRAM AGUS TIONSCNAIMH UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

- Tháinig an Comhaontas Aoisbhá le chéile 3 huaire go dtí seo i mbliana chun Plean Oibre don Chomhchlár Aoisbhá i gCathair & i gContae na Gaillimhe a aontú agus a chur chun cinn. Ina theannta sin, forbraíodh tionscnaimh chun Bealtaine agus An tSeachtain um Aosú Dearfach a cheiliúradh, agus cuireadh nuashonruithe ar fáil don Chomhaontas Aoisbhá maidir leis an Tionscadal um Thithe Aoisbháúla Sláintiúla agus nuashonruithe ar fhorbairtí ón gClár Náisiúnta Aoisbhá. Ainmníodh Seó Bóthair na nOileán Sláintiúil, a seachadadh trí na cláir Éire

Shláintiúil agus SICAP, ar an ngearrliosta do Ghradam Náisiúnta Aitheantais Aoisbhá. Rinne Grúpa Oibre a bhunaigh FSS & Comhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe athbhreithniú ar an Eolaire Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta, a foilsíodh go deireanach in 2015. Tá sé le seoladh ag ócáid faisnéise poiblí do dhaoine aosta i mí na Samhna 2023.

- Tháinig Comhairle na nDaoine Scothaosta don Chontae le chéile 5 huaire le linn 2023 agus bhí baint mhór acu leis an eolas atá le cur isteach san Eolaire Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta a phrofáil.
- Cuireann an Rannóg Pobail tacaíocht ar fáil freisin do struchtúir idirghníomhaireachta eile a chuireann cuimsiú sóisialta chun cinn, lena n-áirítear an Grúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil, Grúpa Idirghníomhaireachta LGBTIQ+, agus Comhairle na nÓg.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfaidh Rannóg an Phobail ar aghaidh ag tacú le gach fóram idirghníomhaireachta chun tacú le cuimsiú sóisialta, le comhtháthú agus le héagsúlacht le cláir agus le tionscnaimh mhaoinithe a chur chun cinn.

## LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POIBLÍ (PPN)

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

- Leanann PPN Chontae na Gaillimhe ar aghaidh le tuiscint a fhorbairt ar ról ríthábhachtach na PPNanna i bpróisis dhaonlathacha agus cuireann sé oiliúint ar fáil d'ionadaithe a thoghtar ar raon coistí agus struchtúr comhairliúcháin.
- Lean an PPN ar aghaidh ag cur lena bhallraíocht i rith na bliana agus faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair, sheas Ballraíocht PPN ag 1,258 ballghrúpa scaipthe ar fud na 3 Cholún; Grúpaí Pobail & Deonacha, Grúpaí um Chuimsiú Sóisialta agus Grúpaí Comhshaoil.
- Thacaigh PPN Chontae na Gaillimhe le raon oiliúna chun cur le cumas na mballghrúpaí, lena n-áiríodh oiliúint maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, Garraíodóireacht Inbhuanaithe & Leabhráin eolais bithéagsúlachta, agus oiliúint eile chun cur le cumas na ngrúpaí ó thaobh rialachas grúpaí de.
- D'eagraigh PPN Chontae na Gaillimhe 2 Chruinniú Iomlánacha dá bhallraíocht iomlán. Cuireadh seisiún eolais ar fáil maidir leis na polasaithe éagsúla árachais atá ar fáil do bhaill phobail agus oibrithe deonacha.
- Lean an PPN ar aghaidh ag tacú le Máistirphlean Fuinnimh Chontae na Gaillimhe, lena n-áiríodh oiliúint a chur ar fáil d'fhorbairt Iniúchtaí Fuinnimh, arna chómhaoiniú an Rannóg Pobail, chun an maoiniú atá ar fáil do ghrúpaí pobail a uasmhéadú.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfaidh an PPN ag aghaidh ag feidhmiú mar fhóram faisnéise do Ghrúpaí Ball. Éascóidh an PPN seisiúin eolais maidir le scéimeanna maoinithe agus feidhmeoidh sé mar fhóram comhairliúcháin le haghaidh beartais do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

- Chun tacú le forbairt acmhainne na ngrúpaí áitiúla, déanfar anailís rialta ar riachtanais oiliúna chun riachtanais a aithint.

## SCÉIMEANNA TACAÍOCHTA POBAIL

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

- Comhordaíonn an Rannóg Pobail an fhógraíocht agus an phróiseáil a dhéantar i ndáil leis na Scéimeanna Tacaíochta Pobail do ranna ábhartha na Comhairle. In 2023, ba é an leithdháileadh foriomlán faoi na Scéimeanna ná €273,750. Leithdháileadh an maoiniú seo, mar aon le maoiniú breise €18,000 d'fhéilte/imeachtaí ó Fháilte Éireann, mar seo a leanas:

| | Eacnamaíoch | Pobal | Cultúrtha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Líon na nIarratas a fuarthas | 77 | 110 | 106 | 293 |
| Líon na nIarratas a fuair maoiniú | 66 | 55 | 103 | 224 |
| Leithdháileadh Iomlán | €87,250 | €103,800 | €100,700 | €291,750 |

- I gcomhréir leis na blianta roimhe seo, cuirtear na leithdháiltí faoi na Scéimeanna Tacaíochta Pobail faoi bhráid an Chruinnithe Iomlánaigh lena bhfaomhadh faoin Scéim Tacaíochta ábhartha, agus déantar gach iarratas a rannú de réir na gCeantar Bardasach freisin. Seo a leanas na sonraí ábhartha maidir le hiarratais 2023, arna rannú de réir na gCeantar Bardasach:

| Ceantar Bardasach | Líon na n-iarratas a fuarthas | Líon na n-iarratas nár éirigh leo | Leithdháileadh Iomlán in aghaidh an Cheantair Bhardasaigh. |
|---|---|---|---|
| Ar fud an Chontae | 16 | 2 | €39,200 |
| Baile Átha an Rí-Órán Mór | 26 | 3 | €25,349 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Béal Átha na Sluaighe | 66 | 15 | €54,562 |
| Conamara | 101 | 15 | €97,146 |
| Baile Locha Riach | 50 | 13 | €46,650 |
| Tuaim | 34 | 5 | €28,843 |

### MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfar ar aghaidh ag díriú ar na Scéimeanna Tacaíochta Pobail chun tacú le gníomhaíochtaí deonacha ar fud an Chontae agus chun forbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta a chur chun cinn.

## GRADAIM POBAIL

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

- Tionscnamh bliantúil is ea Gradaim an Chathaoirligh chun aitheantas a thabhairt do thiomantas daoine aonair agus grúpaí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí pobail agus deonacha gan phá, agus don tionchar suntasach a bhíonn aige seo ar an gcaighdeán maireachtála sa phobal. Reáchtáladh Gradaim an Chathaoirligh do 2023 i gcomhar le Bál an Chathaoirligh a bhí ar siúl in Óstán Meadowcourt, Baile Locha Riach, Dé Sathairn an 27 Bealtaine. Chuir an Cathaoirleach, an Comhairleoir Michael Maher agus Bean an Tí don tráthnóna, Bernadette Prendergast, fáilte roimh gach duine a bhí i láthair ag an ócáid. Bhronn siad gradam a coimisiúnaíodh go speisialta agus a bhí deartha agus lámhdhéanta ag Sean Mahony ar na buaiteoirí, chomh maith le duais airgid €500. Ba iad buaiteoirí na gCatagóirí Gradaim, atá comh-urraithe ag an PPN agus ag an gComhairle Contae, ná:
    - Gradam Ealaíon agus Cultúir – Féile Amharclannaíochta Ghleann na Madadh
    - An Gradam Um Rannchuidiú is Fearr don Oidhreacht – Grúpa Oidhreachta Bhaile an Mhuilinn
    - Gradam Comhshaoil & Gníomhaithe ar son na hAeráide – Comhaontas na Coiribe Thoir
    - Gradam um Chuimsiú Sóisialta – CURVE
    - Gradam Spóirt – Bothán na mBan Thuama
    - Gradam Foilsitheoireachta Oidhreachta – Emma Laffey – “An Bhean Ghlúine”
    - Gradam na Gaeilge - Ceoltoirí Óga Chois Fharraige
    - Gradaim Mórtas Ceantair – Grúpa Siúil Abhainn an Ghoirt, Forbairt Tuaithe na gCreag
    - Gradam Aitheantais na mBailte Slachtmhara – Cumann Forbartha Pobail na Mainistreach
    - Gradam Speisialta – Cumann Cuimhneacháin Aleen Cust

- Roghnaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe Grúpa Siúil Abhainn an Ghoirt agus Forbairt Tuaithe na nCreag chun ionadaíocht a dhéanamh do Chontae na Gaillimhe ag Gradaim Mórtas Ceantair Uile-Oileáin 2023. Thacaigh baill foirne ó Ranna éagsúla, Comhaltaí Tofa, ionadaithe polaitiúla agus gairmithe eile leis na grúpaí ar Lá na Moltóireachta. Bhí Searmanas Bronnta Mórtas Ceantair Uile-Oileáin ar siúl ar Aoine an 10 Samhain in Ard Mhacha.

  Ainmníodh Grúpa Forbartha Tuaithe na gCreag, a bhí ainmnithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe, mar bhuaiteoir iomlán sa chatagóir 'Gníomhú ar son na hAeráide & Bithéagsúlachta' mar aitheantas ar a thiomantas chun bithéagsúlacht a chur chun cinn, chun oideachas a roinnt, feasacht a ardú, agus bithéagsúlacht a fheabhsú laistigh den sráidbhaile i dtuaisceart na Gaillimhe. Beidh Grúpa Forbartha Tuaithe na gCreag anois i measc Baile Mór Síol Anmchadha (2022), Inis Méain (2018), Comhairle Pobail na Fairche (2016) agus an Clochán (2012) mar bhuaiteoirí foriomlána an chomórtais bhliantúil mhór le rá. Ainmníodh rannpháirtí eile de chuid Chontae na Gaillimhe, Grúpa Siúil Abhainn an Ghoirt, i gcomórtas na bliana seo sa chatagóir Folláine Pobail mar aitheantas ar an bhforbairt leanúnach atá déanta acu ar lúbshiúlóid 3km sa bhaile i nGaillimh Theas ina gcuirtear bithéagsúlacht chun cinn agus a bhfuil limistéir scíthe agus droichead coise nua ann.

- Tháinig feabhas leanúnach ar na marcanna a bronnadh ar Ghrúpaí Bailte Slachtmhara ar fud Chontae na Gaillimhe i dtorthaí Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara Supervalu bliain i ndiaidh bliana, agus na grúpaí i mbun obair fhíorluachmhar ina bpobail féin.

  Bhain muintir Bhaile an Mhuilinn an chéad áit sa Chontae amach arís, mar aon leis an mBonn Óir, agus bronnadh an dara háit sa Chontae agus stádas Bonn Airgid ar an Mainistir arís. Bronnadh an tríú háit sa Chontae ar mhuintir an Spidéil arís agus choinnigh siad an Bonn Cré-Umha a bhain siad amach den chéad uair anuraidh. Bronnadh Gradam do Dhianiarracht ar mhuintir Chrois na Tulaí don fheabhas is mó ar mharcanna ó chomórtas na bliana seo caite.

  Chomh maith le Gradaim na mBonn, tá roinnt Catagóirí Gradam Speisialta i gComórtas na mBailte Slachtmhara chun aitheantas a thabhairt do shármhaitheas i réimsí áirithe den chomórtas. B'údar mór bróid é do Chontae na Gaillimhe gur bhain siad éacht amach arís sa réimse seo mar a bhain roimhe. Bronnadh duaiseanna speisialta ar na grúpaí seo a leanas ag an Searmanas Bronnta:

  - Ba iad Bailte Slachtmhara Bhaile Liam buaiteoir foriomlán an Ghradaim Oidhreachta Náisiúnta.
  - Ba iad Bailte Slachtmhara Mhuine Mheá buaiteoir foriomlán Ghradam an Tascfhórsa um Bruscar Guma Coganta.
  - Bhuaigh Scoil Náisiúnta Pholl na bhFia Thiar Gradam Réigiúnach Scoileanna Supervalu.
  - Tugadh ardmholadh d'Fhorbairt Pharóiste na Gráige as ucht na hoibre a rinne siad maidir le Plean Uile-Éireann um Pailneoirí.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfar ar aghaidh le hobair chun tráthúlacht na nGradam áitiúla a chuíchóiriú chun nascadh le Gradaim náisiúnta agus chun na Gradaim áitiúla a chomhtháthú le searmanais ábhartha eile nuair is féidir. Leanfar ar aghaidh le tacaíochtaí agus oiliúint spriocdhírithe a chur ar fáil do Ghrúpaí Bailte Slachtmhara le go mbeidh siad in ann leanúint ar aghaidh agus a gcuid marcanna sa Chomórtas Náisiúnta ag feabhsú, agus chun dul i ngleic le saincheisteanna ar leith ina mbailte agus sráidbhailte faoi seach.

## GNÍOMHAÍOCHT AGUS CULTÚR NA NEALAÍON A CHUR CHUN CINN AGUS A FHORBAIRT

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA DO 2023:

- Deontais Ealaíon (Scéim Tacaíochta Pobail – Cultúr): Rinne an Oifig Ealaíon deontais ealaíon do ghrúpaí deonacha agus d'eagraíochtaí a riaradh, a bhreithniú agus a thacú le go mbeidh siad in ann tabhairt faoi fhorbairt na nEalaíon sa Chontae. Bronnadh 48 ndeontas - leithdháileadh buiséad ar luach €60,000.
- Comhairle agus Abhcóideacht: Cuireadh eolas agus comhairle proifisiúnta leanúnach maidir leis na healaíona ar fáil do ghrúpaí pobail, d'ealaíontóirí agus d'eagraíochtaí sa chontae. Cuireadh deiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha ar fáil, ar pleanáladh iad i gcomhar le hAmharcealaíona Éireann, le Féile Amharcealaíon Tulca, le Seónna Sorcais Ealaíon Sráide na hÉireann (ISACS) agus Create (An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Chleachtas Comhoibrithe Ealaíon).
- Ealaín Phoiblí: Bunaíodh Grúpa Bainistíochta Ealaíne Poiblí chun maoirseacht a dhéanamh ar scéimeanna. Scéimeanna atá ar siúl faoi láthair: Tionscadal Múrmhaisithe Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) Thuama agus Dhá Scéim Faoisimh Tuilte OPW; i gCreachmhaoil agus i mBaile Chláir.
- Scéim Tacaíochta d'Ealaíontóirí: Tugadh tacaíodh do 11 ealaíontóir atá lonnaithe sa Chontae atá ag obair sna réimsí ealaíne seo a leanas; damhsa, ceol, litríocht, na hamharcealaíona agus na healaíona traidisiúnta - buiséad €26,000.
- Cónaitheachtaí d'Ealaíontóirí: Maoinigh an Oifig Ealaíon 4 chónaitheacht iomlána i mbliana d'ealaíontóirí atá lonnaithe i gContae na Gaillimhe. An léiritheoir amharclannaíochta Emma O'Grady in Áras Éanna (Inis Oírr), na healaíontóirí damhsa Linda Schirmer agus Jessie Keenan le Tionscadal Damhsa na Gaillimhe agus an t-ealaíontóir ealaíne sráide agus mórthaibhsithe Noeline Kavanagh ag Interface (Gleann Eidhneach).
- Cónaitheacht d'Ealaíontóirí Damhsa – Bronnadh Scéim Chónaithe d'Ealaíontóirí Damhsa ar Magdalena Hylak chun a bheith ag obair le 3 phobal i gContae na Gaillimhe ag deireadh 2023/ go luath in 2024.
- D'éirigh le hEalaíontóir Cónaithe ar an Imeall iarratas a stiúradh agus a chur chuig IRIS (Scéim Tionscnaimh Chónaithe Idirnáisiúnta na Comhairle Ealaíon) i gcomhar le hÁras Éanna. Rachaidh beirt ealaíontóirí as Gaillimh (Noelle Gallagher agus Daniel Mocci) chun cuairt a thabhairt ar dhá chomhpháirtí dár gcuid san Ísiltír, sa tSeirbia, sa Danmhairg agus san Fhionlainn in 2023/2024.
- I gcomhpháirtíocht leis an Ardán agus Clár Ealaíona Scannán Chathair na Gaillimhe tairgtear Sparánacht Misleór agus dhá Sparánacht do Ghearrscannán Faisnéise do dhéantóirí scannán

atá lonnaithe i gContae na Gaillimhe. Bronnadh Deontas Gearrscannán Faisnéise Misleór ar an scannánóir Kathleen Ward atá lonnaithe i dTuaim. Bronnadh Sparánacht Ghearrscannán Faisnéise Chontae na Gaillimhe ar an scannánóir Jenny Roche atá lonnaithe i Maigh Cuilinn.

- Tacaíochtaí Forbairt Ghairmiúil Leanúnach d'Ealaíontóirí – Chuireamar sraith seisiún líonraithe agus oiliúna d'Amharcealaíontóirí ar fáil i gcomhar le VAI agus i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Scéim Ealaíontóirí sna Scoileanna: D'éirigh le 5 scoil áit a fháil i Scéim Ealaíontóirí sna Scoileanna don bhliain 2023. Seo a leanas na scoileanna ar éirigh leo: Scoil Náisiúnta na bhForbacha, Scoil Náisiúnta Naomh Breandán Port Omna, Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig Béal Átha na Sluaighe, Scoil Náisiúnta Bhaile Chláir agus Scoil Náisiúnta Inis Meáin.
- Tionscadal Veain Soghluaiste Leabharlainne le Chris Judge. Bhí an tionscadal seo ar siúl in dhá scoil i nGaillimh agus cuireadh tús le ceardlanna chun clúdach nua a dhearadh agus a sheachadadh do veain leabharlainne na scoile.
- Bíonn Féile Leabhar na bPáistí ar siúl i mí Dheireadh Fómhair ar fud Chontae na Gaillimhe, arna mhaoiniú ag clár na hOifige Ealaíon agus arna sheachadadh ag Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe.
- Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe/Sorcas Pobail na Gaillimhe, Comhpháirtíocht Shorcas Thuama – tacaíodh le clár Sorcas Óige, 1 lá sa tseachtain ag déanamh teagmháil le 50 duine óg in Earrach 2023, 2 lá sa tseachtain i bhFómhar 2023 ag déanamh teagmháil le 70 duine óg agus sparánacht lánaimseartha nó pháirtaimseartha á fáil ag 20% de na rannpháirtithe go léir chun rochtain/Cuimsiú agus Éagsúlacht a chur chun cinn. Tá an Sorcas Pobail tiomanta do Chlár Oiliúint Ghairmiúil a reáchtáil sa Chontae chomh maith chun oideachasóirí nua sorcais a fhorbairt go háitiúil.
- Oibríodh le Macnas agus le scoil idirbhliana i mBaile Átha an Rí chun páirt a ghlacadh in ócáid Macnas le haghaidh Oíche Chultúir.
- Tacaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe go mór leis an gclár Music Generation sa Chontae. Cuireann an clár réimse leathan teagasc agus oideachas ceoil ar fáil do leanaí thar réimse leathan seánraí ceoil agus teicneolaíochta ceoil.
- Cláir Ealaíon don Aos Óg: Leanadh ar aghaidh ag cur tacaíochtaí cláir eile ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga i gcomhpháirtíocht lenár gcomhpháirtithe gairmiúla: Féile Idirnáisiúnta Ealaíne Baboró do Leanaí, Sorcas Pobail na Gaillimhe, Macnas, Branar Téatre do Pháistí, Tulca, Cónaitheacht Ceoil na Gaillimhe, Fleadh Scannán Sóisear na Gaillimhe agus Ionad Scannán na Gaillimhe a chuireann taispeántais i láthair agus a théann ar camchuairt sa chontae.
- Seachtain Farraige Chonamara – tacaíodh le daoine óga oibriú le healaíontóirí chun freagairt do cheisteanna tromchúiseacha a bhaineann le hathrú aeráide.
- Tacaíodh leis an bhFéile 'Something in the Water' in Áth Cinn. Bhí an chéad fhéile Something in the Water ar siúl in ionaid ar fud Áth Cinn ón 6-8 Deireadh Fómhair 2023. Bhí meascán den scoth den ailtireacht, ceardaíocht, damhsa, litríocht, ceol, scéalaíocht agus imeachtaí agus ceardlanna amharcealaíne mar chuid chlár.
- Tacaíodh le Féile Amharclannaíochta 'Fit-up' Oirthuaisceart na Gaillimhe in Oirthuaisceart Chontae na Gaillimhe chun 3 dhráma aonghnímh a thabhairt ar camchuairt chuig 6 amharclann, ionad pobail agus hallaí baile sa Sceachánach, sa Droichead Nua, i nDún Mór, i bFothannach, Tuaim agus i Mainistir Chnoc Muaidhe.
- Áiteanna Cruthaitheacha Thuama: Tacaíodh go díreach leis an gclár Cistithe 'Fréamhú' atá ar fáil d'ealaíontóirí agus do ghrúpaí pobail chun oibriú ar thionscadal ealaíon; agus iarracht a dhéanamh tionchar dearfach a imirt ina gceantar féin.

- Tugadh cuireadh do ghrúpaí pobail áitiúla, do dhaoine cruthaitheacha agus d'ealaíontóirí den uile chineál mar chuid den deireadh seachtaine pobail 'West's Awake' i dTuaim, a bheith mar chuid de thaispeántas cruthaitheachta agus tallainne Thuama. Bhí an deireadh seachtaine arna chomhordú ag Áiteanna Cruthaitheacha Thuama le tacaíocht ó Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe, na Saw Doctors agus an pobal áitiúil, bhí ardán áitiúil i mbaile Thuama agus imeachtaí ar siúl sa bhaile a bhí feiliúnach do theaghlaigh le linn dheireadh seachtaine na ceolchoirme Saw Doctors.
- Comhoibríodh go díreach le Blue Teapot chun oiliúint a fhorbairt d'ealaíontóirí chun oibriú le leanaí faoi mhíchumas i scoileanna ar fud an chontae do 2023. Comhoibríodh le hIonad Skylark chun clár agus cónaitheacht ealaíontóra a mhaoiniú d'ealaíontóir faoi mhíchumas.
- Tacaíodh leis an Stiúideo Mór, an Glao Oscailte ar Chónaitheachtaí Ealaíontóra (3 Chónaitheacht). Is stiúideo ealaíne de chuid Bhráithre na Carthanachta é Stiúideo Mór atá lonnaithe in Órán Mór agus feidhmíonn sé in éineacht le hionad Bráithre na Carthanachta i nGaillimh, 'Limelight Creative Arts'. Oibreoidh na healaíontóirí seo le grúpa ealaíontóirí a bhfuil riachtanais bhreise acu chomh maith, agus tacóidh ealaíontóirí atá ag obair i Stiúideo Limelight leis seo.
- Oíche Chultúir 2023; Maoiníodh 40 imeacht i 18 láthair ar fud an Chontae. I measc na n-imeachtaí agus na gceardlann bhí ceardaíocht, litríocht, ceol, filíocht, sráidealaín agus mórthaibhsiú, amharclannaíocht, na healaíona traidisiúnta agus amharcealaín.
- Oíche Chultúir Dhéanach 2023: D'éirigh leis an gComhairle maoiniú breise a fháil ón gComhairle Ealaíon chun oibriú le Macnas agus le hIonad Ealaíon & Oidhreachta Bhaile Átha an Rí chun **Siúil le Crom**, a chur i láthair, imeacht de chuid Oíche Chultúir Dhéanach.
- Coimisiún an Chláir um Éagsúlacht Chultúrtha - oibríodh le Cúirt chun clár a chur ar fáil do ghrúpaí mionlaigh ag Féile Cúirt 2024.
- Na hEalaíona sna Blianta Scothaosta: Tacaíodh le 3 thionscadal le grúpaí agus le healaíontóirí aosta i mBaile Locha Riach, i bPort Omna agus i mBaile Átha an Rí i réimse na filíochta, na scriptscríbhneoireacht agus na n-amharcealaíon.
- Tacaíodh le hÁras Éanna (Ionad Ealaíon ar Inis Oírr) in 2023.
- Clár Éire Ildánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Stiúradh, bainistíodh agus riaradh Clár Éire Ildánach 2023 agus bhíomar i mbun coimeádaíochta agus pleanála díreach ar chlár Chruinniú na nÓg 2023 (lá náisiúnta cruthaitheach do leanaí) i gContae na Gaillimhe.
- Earcaíodh agus fostaíodh Oifigeach Rannpháirtíochta don chlár Éire Ildánach ar conradh. Is post cúig bliana é seo atá páirtmhaoinithe trí lárchiste Éire Ildánach.
- Sparánachtaí Éire Ildánach 2023 - Bronnadh 13 sparánacht ar réimse leathan tionscadal cruthaitheach ar luach €58,150.
- Éire Ildánach - Tionscadail na Foirne Cultúir 2023: Bronnadh maoiniú ar 9 dtionscadal faoi stiúir Fhoireann Chultúir Chontae na Gaillimhe, lena n-áirítear Tionscadal Gheataí na Gaillimhe, Comicon 2023, Timpeall an Tí agus Seachain an Drisiúr agus Conair Bia Nuálaíochta BIA.

## GNÍOMHARTHA BEARTAITHE DO 2024:

- Deontais Ealaíon: Tá An Oifig Ealaíon le deontais ealaíon a riaradh, a bhreithniú agus tacú leo le haghaidh grúpaí deonacha agus eagraíochtaí chun tabhairt faoi fhorbairt na nEalaíon sa Chontae leis an Scéim Tacaíochta Pobail (Cultúr) 2024. Is tacaíocht ríthábhachtach atá sna

Deontais Ealaíon do go leor eagraíochtaí pobail agus deonacha a sholáthraíonn cláir ealaíon sa Chontae agus tacaíonn siad le raon fíorleathan clár.

- Comhairle Ealaíon agus Abhcóideacht: Seirbhís leanúnach faisnéise agus comhairle ealaíon ghairmiúil a sholáthar do ghrúpaí pobail, d'ealaíontóirí, d'eagraíochtaí gairmiúla ealaíon agus d'fhéilte sa chontae.
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt clár Saothar Ealaíne Poiblí agus coimisiúin in 2024 tríd an ngrúpa Bainistíochta Ealaíne Poiblí mar fhreagairt ar an líon suntasach tionscadal.
- Leanfaimid ag obair i gcomhpháirtíocht le hArdán (Ionad Scannán na Gaillimhe) chun tacú le hEalaíontóirí Chontae na Gaillimhe chun tacaíocht meantóireachta agus sparánachta a fháil chun gearrchláir fhaisnéise a fhorbairt.
- Sparánachtaí d'Ealaíontóirí: Sparánachtaí a thairiscint d'Ealaíontóirí chun obair a fhorbairt agus chun sármhaitheas agus iomaíocht ghéar a chinntiú ar phainéil phiarmheasúnaithe do gach dámhachtain.
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach – leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag dearadh agus ag seachadadh sraith deiseanna CPD bunaithe ar an anailís ar riachtanais ealaíontóirí a rinneamar in 2023.
- Clár Meitheal, leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú le clár Branar tar éis na céime píolótaí rathúla chun tacú le healaíontóirí atá lonnaithe i gContae na Gaillimhe saothar a chruthú do lucht féachana óg ar fud na dtaibhealaíon.
- Ar na Cónaitheachtaí d'Ealaíontóirí a dtabharfar tacaíocht dóibh in 2024 beidh: Áras Éanna, Tyrone Guthrie, Ionad Cultúrtha Éireann i bPáras, Tionscadal Damhsa na Gaillimhe, agus Interface i nGleann Eidhneach.
- Féile 'Book It' 2024: Leanfar ar aghaidh leis an gclár i rith mhí Dheireadh Fómhair 2024. Tabharfar scríbhneoirí agus imeachtaí léitheoireachta chuig scoileanna agus leabharlanna ar fud an Chontae.
- Ealaíontóirí sna Scoileanna, cuirfear seisear ealaíontóirí scoile ar chónaitheachtaí scoile in 2024, agus chomh maith leis sin oibreoidh an Chomhairle le hEalaíon na Gaeltachta chun snáithe a chruthú sa scéim d'ealaíontóirí Gaeilge agus scoileanna Gaeltachta chun dul i ngleic le bearna atá aitheanta againn sa Chontae.
- Cruthóimid coimisiún taibhealaíon d'ealaíontóirí óga idir 13-19 mbliana d'aois sa chontae. Beidh tacaíocht ó ealaíontóirí gairmiúla agus léiritheoir mar chuid den chlár. Cuirfear an saothar seo i láthair os comhair lucht féachana ag féile ealaíon sa Chontae. Bainfear leas as múnla Broei, tionscadal radacach Arcadia 2023 ó Fryslan, an Ísiltír, mar ábhar inspioráide don Choimisiún.
- Clár Óige Cruthaitheach - oibreoidh an Chomhairle le Sorcas Pobail na Gaillimhe, le Macnas agus le ceannairí léirithe Ceol Beo chun tacú le deiseanna léirithe d'Ealaíontóirí óga Chontae na Gaillimhe
- Tóstal Óige Sheachtain na Mara – oibreoimid i gcomhpháirtíocht le Seachtain na Mara arís chun clár ealaíon faoi stiúir an aosa óig a fhorbairt leis an téama 'Gníomhú ar son na hAeráide'.
- Leanfar ar aghaidh ag tacú le Sorcas Pobail na Gaillimhe Thuama in 2024 agus iad ag forbairt clár níos fadtéarmaí a léireofar amach anseo. Tabharfar sparánacht lánaimseartha nó páirtaimseartha chuig 20% de na rannpháirtithe ar fad chun rochtain/Cuimsitheacht agus Éagsúlacht a chur chun cinn.
- Erasmus+ Culture Up 2024: Tabharfaidh Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi iarratas nua Erasmus + chun tacú le cultúr i gceantair tuaithe le comhpháirtithe Eorpacha

faoi roinnt téamaí a thacóidh le tógáil acmhainne do na pobail, na healaíontóirí agus na heagraíochtaí atá againn. Díreoidh an tionscadal seo go príomha ar thacaíocht a thabhairt do na pobail éagsúla agus tuaithe atá againn.

- In 2024, déanfaimid athbhreithniú ar Ealaíon agus Míchumas. Cuirfidh na cláir a dhéanfaimid i gcomhar lenár gcomhpháirtithe sna réigiúin bonn eolais faoinár dtosaíochtaí do 2024/2025 maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i gcláir ealaíne a thacóidh lenár dtosaíochtaí comhaontaithe chun infheistíocht a dhéanamh sna comhthéacsanna sin.
- Na hEalaíona sna Blianta Scothaosta: Déanfaimid cruthaitheacht agus rannchuidiú daoine scothaosta i gContae na Gaillimhe a ghabháil le coimisiúin ealaíontóirí thar raon leathan foirmeacha ealaíne. Rachaimid i dteagmháil le heagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta ar nós Aostacht agus Deiseanna, Aoisghníomhaíocht Éireann agus Comhairle Daoine Scothaosta na Gaillimhe.
- Féilte: Beimid ar thús cadhnaíochta maidir le féilte agus imeachtaí a sheachadadh agus tacú leo, chun eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán a reáchtáil agus a choimisiúnú chun an pobal agus na féilte a fheabhsú agus a bheochan, lena n-áirítear Féile Fit up Oirthuaisceart na Gaillimhe agus ‘Something in the Water’ 2024. Cabhróimid le hiarratais ar mhaoiniú na Comhairle Ealaíon a dhéanamh chomh maith.
- Oibreoimid go díreach le Coiste Stiúrtha Áiteanna Cruthaitheacha Thuama chun maoiniú agus tacaíocht a thabhairt do thionscadail ealaíon faoi stiúir an phobail i dTuaim in 2024 agus iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle Ealaíon faoin Scéim Áiteanna Cruthaitheacha 2024.
- Cúirt- leanúint ar aghaidh ag obair le Féile Cúirt ar an Tionscadal um Scríbhneoireacht Chruthaitheach agus Léiriú Focal Labhartha Shining Light ar an gclár idirchultúrtha a forbraíodh leo agus le baill a bhfuil cónaí orthu i soláthar díreach.
- Leanfar ar aghaidh ag tacú le hÁras Éanna agus lena chlár leathnaithe gairmiúil ar Inis Oírr.
- Oibreoimid i gcomhpháirtíocht le Music Generation Chontae na Gaillimhe chun tacú le Clár Oideachais Ceoil i gcomhar le GRETB in 2024.
- Oíche Chultúir 2024 - leanfar ar aghaidh ag tacú le go leor imeachtaí d’Oíche Chultúir 2024. Beimid ag cinntiú go mbeidh tacaíochtaí airgeadais breise ar fáil chun an clár éagsúil agus an-rathúil seo a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla.
- Clár Éire Ildánach 2024 na Comhairle: Déanfaimid Clár Éire Ildánach, Sparánachtaí Éire Ildánach 2024 a stiúradh, a bhainistiú agus a riaradh agus beimid i mbun coimeádaíochta agus pleanála díreach ar chlár Chruinniú na nÓg 2024 i gcontae na Gaillimhe.
- Tionscadal Oileán Comhroinnte 2024: Tacófar leis an tionscadal ‘Birds of a Feather’ i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae an Chláir agus grúpaí ban i mBéal Átha na Sluaighe, in Inis Bó Finne, sa Chlár agus i mBéal Feirste.

## COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT ÁITIÚIL

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

Fuaireamar agus d’urraíomar maoiniú ó Spórt Éireann, ó Chuntais Dhíomhaoine, ó FSS, Údaráis Áitiúla, An Ghníomhaireacht Náisiúnta Iompair, agus Gaillimh Shláintiúil i measc eile chun cláir spóirt agus gníomhaíocht fhisiciúil a sheachadadh do gach spriocghrúpa i nGaillimh.

I measc na ngníomhaíochtaí a reáchtáil an tOifigeach Forbartha Spóirt Pobail (CSDO) bhí: Seachtain na Rothar 2023, Parkrun Inis Meáin, Ióga, Seaschéaslóireacht do thosaitheoirí óga agus

fásta i mBaile Locha Riach (tréimhse 3 seachtaine), an clár 'Marathon Kids', an tseachtain 'HER Outdoors' ar fud na Gaillimhe, cláir 'Buggy Buddies' sa Chathair agus sa Chontae, na cláir Fir ag Bogadh agus Mná ag Bogadh i gceantair faoi mhíbhuntáiste (Tuaim/Béal Átha na Sluaighe) agus Clár Snámhaithe Tearmainn.

- I measc na ngníomhaíochtaí a reáchtáil an tOifigeach Forbartha Cuimsithe Spóirt (SIDO) bhí: Am Eachaí an Obhair, Trí-atlan Cuimsitheach, seachtain um Aosú dearfach, clár agus comórtas cuimsitheach boccia, an clár 'Horses Connect', Seisiúin Maidí 'Activator' agus Oiliúint do Theagascóirí, Oiliúint Réidh le Dul do Dhaoine Fásta Breacaosta agus do Ghrúpaí Míchumais, Iasachtaí Trealaimh do ghrúpaí
- Ba é an 8 Iúil Lá Náisiúnta Súgartha agus d'oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht le Comhairle Chontae na Gaillimhe, le Gaillimh Shláintiúil, agus le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe chun an lá a cheiliúradh. Eagraíodh preabghníomhaíochtaí ar fhaiche Naomh Ghrealláin. Eagraíodh an ócáid seo chun súgradh inbhuanaithe saor in aisce a spreagadh. Rinneadh athchóiriú ar an gclós súgartha san eastát le stionsail chlós súgartha mar chuid de na heagrúcháin. Fuarthas maoiniú €3,000 don ócáid ón Roinn Comhionannais.
- Mar thoradh ar mhaoiniú a fuarthas ó FSS agus maoiniú de chuid Gaillimh Shláintiúil sa chontae, bhí Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe (GSP) in ann na himeachtaí seo a leanas a chur ar fáil; Comórtais Bhoccia, Oiliúint Siúil le maidí 'Activator', triail-seisiúin ghníomhaíochtaí i rith na Seachtaine um Aosú Dearfach, cláir oiliúna Good2Go do dhaoine fásta breacaosta agus cláir Eachaíochta do dhaoine faoi mhíchumas.
- Bhí Seachtain Spóirt na hEorpa ar siúl idir an 23 agus an 30 Meán Fómhair. D'iarr GSP ar gach club agus ar ghrúpaí pobail a gcuid gníomhaíochtaí a chlárú le linn na seachtaine agus reáchtáladh Trí-atlan Cuimsitheach do dhaoine fásta faoi mhíchumas intleachta le linn na seachtaine seo chomh maith.
- D'éascaigh Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe an Scéim Tacaíochta Fuinnimh Spóirt a bhí dírithe ar Chlubanna agus áiseanna faoi úinéireacht an Phobail nach gcáilíonn faoi láthair don Scéim Shealadach Tacaíochta Fuinnimh do Ghnóthaí (TBESS) ná do scéimeanna tacaíochta rialtais eile trí DRCD, údaráis áitiúla agus eile.
- Reáchtáil Comhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe roinnt tacaíochtaí do chlubanna agus d'eagraíochtaí ar nós 58 gCúrsa Cumhdaigh, 12 Chúrsa Garchabhrach, Ceardlanna Feasachta Míchumais mar aon le sraith seimineár Gréasáin inar pléadh earcaíocht agus coinneáil oibrithe deonacha, agus conas éagsúlacht agus na meáin shóisialta a bhainistiú.
- Cruinnithe eagraithe agus éascaithe de ghrúpa stiúrtha GSP agus de ghrúpaí oibre ábhartha le linn 2023.
- Fuair an GSP maoiniú €124,000 ó Chuntais Dhíomhaoine in 2023. Tacóidh an maoiniú seo go sonrach le Maoiniú do Mhol Spóirt Pobail agus le Tionscadal na gCathracha Gníomhacha.

### MOLTAÍ DO 2024

- Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú CORE agus é a fháil ó Spórt Éireann chun oibríochtaí ginearálta Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe do 2024 a mhaoiniú agus leas a bhaint as Deiseanna Maoinithe na gCuntas Díomhaoin. Iarratas a dhéanamh ar dheiseanna maoinithe eile i rith na bliana amhail Aosacht agus Deiseanna, Éire Shláintiúil agus maoiniú FSS.
- Cláir éagsúla a thabhairt isteach a dhíreoidh ar spriocghrúpaí sonracha na Comhairle amhail mná agus cailíní, daoine faoi mhíchumas, grúpaí faoi mhíbhuntáiste agus daoine breacaosta.

- Cláir Oiliúna amhail na cláir seo a leanas a chur ar fáil; Clár do Chothromaíocht ar Rothar, clár d'Fhoghlaim na Rothaíochta, Clár Lúthchleasaíochta sa Halla Spóirt, Good 2 Go, Cúrsaí de chuid Míchumas agus Gníomhaíocht Éireann (ADI), ceardlanna um Chóitseáil Leanaí agus ceardlanna Inniúlacht Fhisiciúil.
- Ceardlanna Cumhdaigh Spórt Éireann a chur ar fáil.
- Cúrsaí Garchabhrach Spóirt a chur ar fáil
- Cláir a sheachadadh do ghrúpaí éagsúla a mbíonn leibhéal íseal rannphpáirtíochta acu nó easpa deiseanna rannpháirtíochta ar fáil dóibh.
- Deiseanna spóirt agus gníomhaíochta coirp a sheachadadh le linn Sheachtain na Rothar.
- Cúrsaí oiliúna cóitseála a chur chun cinn ar na meáin shóisialta do gach spórt agus spóirt mhionlaigh ach go háirithe
- Tacú le scoileanna Brat Scoileanna Gníomhacha a bhaint amach
- An Cód Rialachais don Spórt a chomhlíonadh arís
- Leanúint ar aghaidh ag déanamh ionadaíochta, ag moladh agus ag tacú le comhghuaillíochtaí amhail grúpaí Daoine Scothaosta, Grúpaí do dhaoine faoi Mhíchumas, grúpaí Beartais Náisiúnta, grúpaí oibre, agus Gluaiseacht Lucht Siúil na Gaillimhe.
- Bunachar Sonraí Éire a Spreagadh chun Gnímh a chur chun cinn.

## SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Soláthraíonn Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe seirbhísí iasachtaithe, rochtain ar ríomhairí, priontáil, scanadh, seirbhís iarratais, spásanna staidéir, nuachtáin agus irisí. Cuirimid spásanna gníomhaíochta agus imeachtaí ar fáil do ghrúpaí pobail, do scoileanna, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha áitiúla, grúpaí ealaíon agus cruthaitheacha agus ranna Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- Cuirimid rogha acmhainní ar líne ar fáil freisin atá ar fáil saor in aisce do bhaill chláraithe leabharlainne, lena n-áirítear:
    - Borrowbox - ríomhleabhair agus closleabhair.
    - Rang Uilíoch - Soláthraíonn an acmhainn seo raon cúrsaí ar réimse leathan ábhar agus breis is 500 cúrsa ann lena n-áirítear Ióga, Grianghrafadóireacht Dhigiteach, Bunscileanna Ríomhaireachta, scileanna Excel, agus go leor eile.
    - RíomhIrisí: Is é Libby an feidhmchlár a úsáidimid le haghaidh ríomhirisí. Tá rogha níos mó ná 3,000 irisleabhar ar fáil agus rochtain orthu saor in aisce ach cárta leabharlainne a bheith ag duine.
    - Press Reader - Cuireann Press Reader clúdach nuachta domhanda ar fáil. Le Press Reader is féidir le duine: Rochtain a fháil ar na nuachtáin agus irisí is fearr ó níos mó ná 120 tír. Ailt a íoslódáil agus a shábháil le léamh as líne am ar bith agus áit ar bith. Ábhar i suas le 18 dteanga iasachta a aistriú.
    - Medici TV -Is é Medici TV an cainéal ceoil clasaiceach is mó le rá ar domhan. Cuireann sé an ceol clasaiceach is fearr ar fáil do lucht féachana ar fud an domhain. Craoltar breis agus 150 ócáid bheo gach bliain agus tá an chartlann ar éileamh is mó de cheol clasaiceach acu, ar féidir teacht uirthi agus féachaint uirthi ar gach gléas.

- Cuireann Comics Plus rochtain neamhtheoranta, chomhuaineach ar fáil ar na mílte greannán digiteach, úrscéalta grafacha agus manga ó níos mó ná 100 foilsitheoirí.
- Cuireann LOTI do pháistí rochtain ar fáil ar na mílte leabhar ar líne agus ar an aip i níos mó ná 30 teanga, an Úcráinis san áireamh.
- Nessy – Ardán tacaíochta foghlama ar líne do leanaí a fhoghlaimíonn ar bhealach difriúil.

- I measc na n-imeachtaí rialta a bhíonn ar siúl i rith na bliana tá- Clubanna leabhar, Grúpaí ceardaíochta, Grúpaí filíochta, grúpaí Ban agus Ciorcail Chomhrá Gaeilge.
- Rinneadh ceiliúradh agus cur chun cinn sna Leabharlanna do na hócáidí seo a leanas: Seachtain na Gaeilge, Seachtain na hOidhreachta, an tSeachtain um Aosú Dearfach, Seachtain an Spáis, Féile na Bealtaine, Deich mBliana na gCuimhneachán, Cruinniú na nÓg, ComicCon Bhéal Átha na Sluaighe, agus imeachtaí Éire Ildánach.
- Bhí clár iomlán imeachtaí leanaí ag an tseirbhís leabharlainne ar fud na leabharlanna brainse go léir lena n-áiríodh:
  - Cuairteanna scoile
  - Cuairteanna grúpa cúram leanaí
  - Léim isteach san Am Scéalaíochta
  - Dúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh
  - Féile Leabhar na bPáistí
  - Am Teaghlaigh ag do Leabharlann
  - Amanna ríme
  - Cruinniú na nÓg

**An Dúshlán Léitheoireachta Samhraidh "Réaltaí an tSamhraidh"**

Is clár léitheoireachta náisiúnta samhraidh do pháistí é Réaltaí an tSamhraidh. Bhí sé ar siúl i mbliana ón 12 Meitheamh go dtí deireadh mhí Lúnasa. Tugtar cuireadh do gach páiste ar fud na tíre páirt a ghlacadh san eachtra agus taitneamh a bhaint as an spraoi agus an pléisiúr a bhaineann leis an léitheoireacht agus leis an scríbhneoireacht i rith an tsamhraidh. Ní bhíonn aon iomaíocht i gceist le Réaltaí an tSamhraidh agus meastar go bhfuil an clár críochnaithe ag gach páiste a léann leabhar/ríomhleabhar amháin fiú – agus tá sé go hiomlán saor in aisce!

Bhí roinnt ceardlanna cruthaitheacha ar siúl againn i rith an tsamhraidh sna leabharlanna brainse chomh maith: ó Am Scéalaíocht go Jenga, Saorspraoi le Lego, ceardlanna Mósáice, ceardlanna Iontaobhas na Madraí, Ealaín Stampála agus go leor eile. D'óstáil **Leabharlann an Taoibh Thiar** ceardlanna scríbhneoireachta, ealaíne gainimh agus cuilte chomh maith le seisiúin scéalaíochta draíochtúla agus go leor eile. Bhí ríméad ar bhaill leabharlainne de chuid phobal na hÚcráine go ndearnadh Lá Neamhspleáchais na hÚcráine a cheiliúradh le saothar ealaíne a chruthú sa leabharlann. Reáchtáladh **Ceardlanna Iontaobhas Madraí** i gCill Íomair, i mBaile Locha Riach, i dTuaim, Órán Mór, Béal Átha na Sluaighe, Port Omna, Leabharlann Chathair na Gaillimhe agus sa Bhaile Bán an samhradh seo. Bhain na páistí agus a dtuismitheoirí taitneamh as tráthnónta lán spraoi, drámaíochta agus rólghníomhaíochta. Tharla seisiúin cheoil agus scéalaíochta Leamhan agus Féileacán sna brainsí beaga chomh maith.

**Féile Leabhar na bPáistí "Bookit!"** Is Féile Leabhar do Pháistí í seo a bhíonn ar siúl gach Deireadh Fómhair ar fud Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe agus bunscoileanna éagsúla le tacaíocht ó Oifigí Ealaíon Chontae agus Chathair na Gaillimhe. Is ceiliúradh í an fhéile ar leabhair agus ar an

léitheoireacht agus is deis í chun bualadh le húdair nua agus le húdair seanaitheanta a bhfuil cion ag a léitheoirí orthu. Áiríodh leis na himeachtaí:

**'Stories on the Move' le Jay Ryan**

Ghlac Jay Ryan - nach bhfuil aon réamhrá ag teastáil uaidh mar dhuine de na scéalaithe drámatúla is fearr in Éirinn don aos óg – páirt i sraith seisiún scéalta idirghníomhacha ar bord Leabharlann Taistil na Gaillimhe agus d'inis sé scéalta faoina bheith ina chónaí i measc na Sióg!

Bhuail an tSeirbhís Leabharlainne Taistil isteach ag Cluain Fearta, Scoil Náisiúnta Chill Tormóir agus Scoil Náisiúnta Bhaile Mór Síol Anmchadha.

**Turas tríd an Antartach le Michael Smith**

Tá suim fad-saoil ag Michael Smith údar 'Tom Crean: Ice Man, The Adventures of an Irish Antarctic Hero' agus beathaisnéis Ernest Shackleton dar teideal 'Shackleton: The Boss - The Remarkable Adventures of a Heroic Antarctic Explorer', i dtaiscéalaíocht réigiúin na bpol. Thug sé an slua go léir leis mar a thug sé ar thuras tríd an Antartach muid agus mar a chuir sé roinnt taiscéalaithe mór le rá in aithne dúinn.

Scoileanna a bhí páirteach: Scoil Náisiúnta an Chreagáin, Scoil Náisiúnta an Bhaile Nua & Scoil Náisiúnta na mBuachaillí, Baile Átha an Rí.

**Stair na hÉireann Beo: Athléiriú meánaoiseach le Mike Moylan**




Spreagadh stair na hÉireann beo nuair a chonaic buachaill óg mé ag i mbun athléiriú meánaoiseach. Bhí cathéide orm agus d'iarr sé orm an bhféadfadh sé an éide a thriail air féin. Bhí mé sásta géilleadh dó, agus rith sé liom go mb'fhéidir go gcabhródh an cur chuige praiticiúil seo le páistí a bheith ag foghlaim ar scoil chomh maith. Chuireamar an chéad seó i láthair in 1999 agus d'éirigh go seoigh leis. Níorbh fhada go raibh scoileanna eile ag iarraidh seó na Lochlannach a fheiceáil. Bhí an seó i mbéal an phobail, agus tháinig borradh ar ár seirbhís dá bharr. Cuireadh tréimhsí eile leis an seó, ón gClochaois go dtí an lá atá inniu ann. Is é an bunsmaoineamh ná na páistí a ghléasadh i gcultacha ón tréimhse staire, agus ligean dóibh triail a bhaint as uirlisí, earraí tí, airm agus cathéide. Sa tslí seo, is iad na páistí féin, réaltaí an tseó. Foghlaimíonn siad le linn an eispéiris agus baineann spraoi leis an bhfoghlaim! Bíonn an cur chuige foghlama seo agus níos simplí dóibh siúd a mbíonn deacrachtaí foghlama acu agus bíonn sé níos fusa dóibh cuimhneamh ar an eolas.

Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe: Scoileanna a ghlac páirt: Gaelscoil, Scoil Croí Naofa & Scoil Náisiúnta na Críche

**Kamishibai, ceardlanna ceoil Mbira & scéalaíochta le Fiona Dowling**

Is scéalaí agus amharcealaíontóir Francach Éireannach í Fiona Dowling atá lonnaithe i gContae Mhaigh Eo. Ina cuid seisiún scéalaíochta, in éineacht le scéalta béaloidis ó gach cearn den

domhan a insint, is minic a úsáideann Fiona Kamishibai (amharclannaíocht páipéir ón tSeapáin), scéalta líníochta agus fillte páipéir, tomhais, amhráin idirghníomhacha a mbíonn glaoch agus freagairt iontu, chomh maith le scéalta a bhíonn á dtionlacan ceol mbira (pianó ordóg ón tSiombáib). Chuala na páistí scéalta faoi chréatúir bheaga agus faoi fheithidí; cuid acu ar a raibh sciatháin, agus cuid eile nach raibh: Cuireann an Seilide Simon, An Chuileog Philzer, Tim, an fear is lú ar domhan agus a gcairde go léir siamsaíocht ar fáil don lucht éisteachta. (Insítear na scéalta le puipéid, le páipéir fillte agus le Kamishibai).

Leabharlann Thuama: Ag Foghlaim Le Chéile Thuama, Belmont, Saighleán, Cill Chonla, Bunscoil na Tríonóide, Gaelscoil Thuama - Leabharlann Bhaile Locha Riach: Naíonra Pobail Bhaile Locha Riach, Scoil Náisiúnta Naomh Ita, Scoil Náisiúnta an Bhalláin, Leabharlann Dhún Mór: Scoil Náisiúnta Dhún Mór, Maigh Locha, Scoil Náisiúnta Ghleann na Madadh.

Cuairteanna scoile: Scoil Náisiúnta na Gráige - Scoil Náisiúnta Liatroma – Scoil Náisiúnta Chillín a Díoma.

**Ficsean stairiúil le Brian Gallagher**

Scríobhann Brian Gallagher ficsean stairiúil do pháistí. I measc a chuid leabhar tá; Winds of Change, One Good Turn, Friend or Foe, Stormclouds, Secrets and Shadows, Taking Sides, Across the Divide, Arrivals and Pawns. Labhair Brian faoina thaithí lena bheith ina scríbhneoir gairmiúil. Rinne sé cur síos ar na mionsonraí praiticiúla a bhaineann le leabhar a scríobh ón gcéad smaoineamh ar aghaidh; plota a bhreacadh, na carachtair a chruthú, an clúdach a dhearadh, agus gach céim eile go dtí go bhfoilseofar an leabhar. Léigh Brian cuid den leabhar os ard sa seisiún agus bhí seisiún Q&A ina dhiaidh.

**Leabharlanna a bhí páirteach**: Béal Átha na Sluaighe, Baile Locha Riach, Baile Átha an Rí, Cill Íomair, Port Omna, Cathair na Gaillimhe, An Taobh Thiar.

**Scoileanna a bhí páirteach**: Scoil an Bhaile Nua & Scoil Croí Naofa, Gaelscoil Bhaile Locha Riach, Scoil Croí Naofa, Scoil Náisiúnta Chill Íomair, Scoil Náisiúnta Phort Omna, Scoil Iognáid, Coláiste Éinde.

**Serena Molloy - Údar**

D'eisigh Serena Molloy, arb as Loch Garman ó dhúchas di ach a bhfuil cónaí uirthi i nGaillimh anois, a céad úrscéal i mbliana *Wider than the Sea*, leabhar speisialta, den scoth, de réir léirmheasanna. Scéal a fheileann do léitheoirí a bhfuil disléicse orthu atá san úrscéal seo, a bhaineann le cairdeas, le dóchas agus le féinfhollasú.

Leabharlann an Bhaile Bháin: Scoil Chaitríona, An Rinn Mhór, Scoil Náisiúnta Radharc na Mara.

Leabharlann Áth Cinn: Scoil Mhuire na Dea Chomhairle.

Leabharlann Órán Mór: Scoil Mhuire, Órán Mór.

**Patricia Forde**

Ar an Ochtú lá dhéag do mhí Dheireadh Fómhair, seoladh leabhar nua le Patricia Forde i Leabharlann an Spidéil. An Mac Tíre Deireanach leabhar atá bunaithe ar eachtraí a tharla le linn aimsir na meánaoise, nuair a bhí Oilibhéar Cromail i nGaillimh.

Scoil Éinne, rang 6

**Picnic na dTeidithe & Ceardaíocht Leabhar le Hayley Aldous**



Is múinteoir ealaíne Dara leibhéal agus maisitheoir í Hayley Aldous atá lonnaithe i nGaillimh.

Éascaíonn sí ceardlanna ealaíon agus ceardaíochta.

**Picnic na dTeidithe** Leabharlann Phort Omna, an scoil a bhí páirteach: Scoil Náisiúnta Phort Omna.

**Ceardlanna Ceardaíochta Leabhar** Scoileanna a bhí páirteach: Scoil Náisiúnta Phort Omna.

**Cruthaitheacht & Léitheoireacht le E.R. Murray**

Scríobhann Eilís úrscéalta do pháistí agus d'aosaigh óga chomh maith le gearrfhicsean agus le haistí pearsanta. Ar na leabhair atá scríofa aici tá, *The Book of Learning – Nine Lives Trilogy 1*, *The Book of Shadows – Nine Lives Trilogy 2, The Book of Revenge – Nine Lives Trilogy 3* agus *Caramel Hearts.* Freastal ar cheardlann le hElizabeth le haghaidh seisiún idirghníomhach, ardfhuinnimh ina dtógtar muinín na rannpháirtithe agus ina spreagtar an chruthaitheacht.

**Leabharlann Órán Mór:** Scoileanna a bhí páirteach: Scoil Náisiúnta Buachaillí Órán Mór & Scoil Náisiúnta Cailíní Órán Mór.

Leabharlann an Ghoirt: An scoil a bhí páirteach: Scoil Náisiúnta an Ghoirt.

**Fearghas MacLochlainn agus An Slipéar Gloine**





Léigh Fearghas Mac Lochlainn sleachta spraíúla as a leabhar draíochtúil, An Slipéar Gloine? i Leabharlann na Ceathrún Rua ar a 11am agus arís an tráthnóna céanna ag Leabharlann an Spidéil óna 2 go 3pm.

Léigh Fearghas Mac Lochlainn sleachta spraíúla as a leabhar draíochtúil, An Slipéar Gloine i Leabharlann na Ceathrún Rua agus níos déanaí an tráthnóna céanna i Leabharlann an Spidéil óna 2 go 3pm.


**Duine ar bith don Eolaíocht?**

**Ceardlanna eolaíochta a bhfuil casadh scanrúil iontu......**





Leabharlann Chathair na Gaillimhe: Scoileanna a bhí páirteach, Scoil na Trócaire & Scoil Náisiúnta Pharóiste San Nioclás. D'óstáil Leabharlann an Taoibh Thiar eispéiris dírithe ar na céadfaí agus ceardlanna STEM thart ar Oíche Shamhna.

***"There's a Pig up my Nose"* leis an údar John Dougherty**




- **Cruinniú na nÓg:** D'óstáil **Leabharlann na Ceathrún Rua** ceardlanna Róbataice agus Códaithe a léirigh na gnéithe éagsúla a bhaineann le róbat a dhearadh. Tionóladh roinnt imeacht i **Leabharlann Bhaile Locha Riach**, lena n-áiríodh déanamh leabharmharcanna, ceardlanna LEGO agus tógáil róbat le hábhair athchúrsáilte. Bhí líníochtaí cailc acu sa charrchlós freisin lenar spreagadh na bpáistí an spás poiblí a mhaisiú le dath. Spreagadh údair agus maisitheoirí na todhchaí ag **Leabharlann Órán Mór** ag an gceardlann spraíúil, idirghníomhach déanta greannán. D'óstáil leabharlann Thuama sraith ceardlann déanta priontaí arna n-éascú ag an ealaíontóir Jennifer Cunningham.

- **Deich mBliana na gCuimhneachán:**




- 1923: Taispeántas agus sraith cainteanna, coimsiún agus cónaitheachtaí a bhí in *Respond, Reflect, Rejoice: Through the Lens of our Literary and Artistic Creatives* in omós do na healaíontóirí a chruthaigh saothar ealaíne le linn na tréimhse achrannaí seo i stair na hÉireann. Díreoidh an tionscadal seo ar Elizabeth Bowen, Sean O'Casey, W.B. Yeats, Mainie Jellet agus Liam O'Flaherty.

- **"Machnamh" - I gCuimhne ar Mhná 1923** Is údar bróid do Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, do Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe agus do Mhúsaem Cathrach na Gaillimhe "Machnamh" a chur i láthair, clár ina ndéantar comóradh ar mhná iontacha 1923 mar chuid de thionscnamh 'Deich mBliana na gCuimhneachán 2012 - 2023', le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is ómós ó chroí atá sa tionscadal ilghnéitheach seo, atá á fhorbairt ó mhí Lúnasa 2023, do na mná a mhúnlaigh stair na hÉireann le linn ré chinniúnach. Chuir sé ardán ar fáil le haghaidh plé domhain, cónaitheachtaí d'ealaíontóirí, agus d'iniúchadh cruthaitheach ar shaol agus ar thionchar na mban seo.

- **Léamh Mór na Gaillimhe 2023:** Clár bliantúil imeachtaí is ea Léamh Mór na Gaillimhe a bhíonn á eagrú ag Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe le linn mhí na Samhna. Is é an cuspóir atá leis ná ár n-oidhreacht liteartha, ár stair agus ár gcultúr uathúil a chur chun cinn, agus meas a chothú ar a héagsúlacht agus ar a saibhreas. Gach bliain, déantar comóradh ar phearsa liteartha, ar ócáid stairiúil nó ar sheánra liteartha mar chuid de Mhórléamh na Gaillimhe le léamh saothar, le filíocht, le taispeántais, cainteanna agus cuimhní cinn maidir leis an saol i nGaillimh agus in Éirinn le linn tréimhse ar leith. Is é *Timpeall an Tí agus Seachain an Drisiúr* an teideal atá ar chlár na bliana seo. I measc na gceoltóirí agus na n-éascaitheoirí atá againn tá an t-amhránaí /scríbhneoir amhrán Ultan Conlon; ceoltóirí ó Ghaillimh Thoir, Clann Fahy agus Patsy Broderick; ceoltóirí ó Ghaillimh Thuaidh, Áine Sheridan, Claire Keville agus ceoltóirí eile; Scéalaithe Aindrias De Staic agus Máirín Mhic Lochlainn




- *Is í sprioc atá taobh thiar de **Timpeall an Tí agus Seachain an Drisiúr** ná aird a tharraingt ar an traidisiún saibhir scríbhneoireachta ceoil agus amhránaíochta i nGaillimh Thuaidh agus Thoir; chun iniúchadh a dhéanamh ar ghuthanna scéalaíochta éagsúla i nGaillimh Theas & i gConamara agus ar na hOileáin; chun cuimhní cinn an lucht féachana scothaosta faoin am atá caite a athmhúscailt agus chun an ghlúin óg a spreagadh chun luach an Chomóraidh Chultúir seo a aithint agus páirt a ghlacadh ann.*




- *Cuimsíonn clár na bliana seo dhá cheann de na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach i Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae na Gaillimhe 2023 – 2027; chun rochtain agus rannpháirtíocht an phobail ar na traidisiúin a bhaineann le ceol, scéalaíocht agus amhránaíocht a leathnú agus ar an dara dul síos, Gaillimh a cheiliúradh agus a chur chun cinn mar Chontae Cruthaitheach.*

- **Éire Shláintiúil ag do Leabharlann** leanann ar aghaidh le sraith cainteanna i rith na bliana ar ábhair éagsúla: Ceardlanna folláine, Cainteanna faoi Ghalar Alzheimer, faoin Néaltrú agus faoi Chúram Maolaitheach, cainteanna faoin uathachas, faoi Mhíchumas óige, faoi Ghalar Néarón Luadrach, Teiripe Urlabhra & Teanga, Galar Parkinson agus Diaibéiteas.

In 2023, tugadh an aclaíocht fhisiciúil isteach mar chuid den chlár i roinnt láithreacha leabharlainne inar cuireadh seisiúin ióga cathaoireach ar siúl; i mBaile Locha Riach, i mBéal Átha na Sluaighe, i gCathair na Gaillimhe, sa Ghort, Sa Taobh Thiar agus i dTuaim.

Chuaigh Éire Shláintiúil i do Leabharlann i gcomhpháirtíocht leis an Oideasóir Sóisialta nuacheaptha do Chathair na Gaillimhe chomh maith agus óstáladh seisiúin fholláine, ceardlanna ceardaíochta agus comhráite faisnéise faoi mheabhairshláinte, faoi chothú agus straitéisí chun déileáil le dúlagar.

**Seirbhísí Céadfacha:** Tá méadú tagtha ar líon na seisiún a tharlaíonn sa seomra céadfach i Leabharlann an Taoibh Thiar agus éascaíodh seisiúin theiripe Súgartha bunaithe ar LEGO mar chuid de na seirbhísí céadfacha leanúnacha sa leabharlann. Seachadadh an dara céim de bhréagáin agus d’ábhair chéadfacha i bhFómhar na bliana 2023. Tá bailiúchán fairsing de bhréagáin chéadfacha agus d’ábhair thacaíochta i ngach Leabharlann Bhrainse Phoiblí i nGaillimh anois.

- **Taispeántais Ealaíne-** Bhí roinnt taispeántas ealaíne ar siúl i rith 2023 i leabharlanna brainse éagsúla.
- **Imeachtaí ceoil:** Soundbites- ceolchoirmeacha saor in aisce ag am lóin i Leabharlann Thuama.

Welcome Notes - Seisiúin Theiripe Ceoil i Leabharlann an Taoibh Thiar. Leathnaíodh an clár seo go leabharlann an Bhaile Bháin freisin, chomh maith le preabsheisiúin i halla pobail Áth Cinn do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu.

Music Alive - Seisiúin cheoil atá feiliúnach do Dhaoine Breacaosta i Leabharlanna Bhéal Átha na Sluaighe agus Uachtar Ard.

Comhpháirtíocht straitéiseach nua le Music Generation Chathair na Gaillimhe le seoladh an Chláir Ceoil Luathbhlianta, agus le Seisiúin Ríme a bhíonn ar siúl ar bhonn seachtainiúil i leabharlanna na Cathrach i mBaile Bhán, sa Taobh Thiar agus i gCathair na Gaillimhe in éindí le grúpaí tuismitheoirí agus lapadán.

- **For-rochtain:** Bhí an-áthas orainn páirt a ghlacadh i roinnt gníomhaíochtaí for-rochtana le linn 2023. Is tionscnamh de chuid Fhorbairt Tuaithe na Gaillimhe agus GRETB é **An Nasc a Dhéanamh** a bhfuil sé mar aidhm aige aird a tharraingt ar chúrsaí oideachais agus oiliúna atá ar fáil i gceantair áitiúla. Deis iontach a bhí anseo do chuardaitheoirí poist, do phobal na hÚcráine, do dhaoine óga, agus do theaghlaigh a d'fhreastail ar na haontaí i dTuaim, i mBéal Átha na Sluaighe, sa Chlochán agus sa Ghort, chun eolas a fháil faoi na tacaíochtaí leabharlainne a chuireann baill foirne ar fáil dóibh.





- D'fhreastail foireann Leabharlann Phoiblí na Gaillimhe ar imeachtaí for-rochtana i gCathair na Gaillimhe, i dTuaim agus ag craobhchomórtais Treabhdóireachta Ghleann na Madadh chomh maith.
- In 2023, d'fhreastail baill foirne ar chruinnithe le grúpaí pobail amhail Botháin na mBan, Ionaid Soláthar Díreach, Grúpaí Gníomhaíochta Lucht Scoir, Botháin na bhFear, Grúpaí um Ghníomhú ar son na hAeráide agus go leor eile.
- Seisiúin eolais do mhuintir na hÚcráine, seisiúin Fan & Spraoi do leanaí ar fud líonra na leabharlainne brainse.
- Cumann Bodhar na hÉireann – Eagraíodh ócáid ar líne inar insíodh scéal do pháistí bodhra ar líne le Teanga Chomharthaíochta na hÉireann.

**MakerSpace an Bhaile Bháin:** Ar Chéadaoin an 5 Aibreán, sheol iar-Mhéara Chathair na Gaillimhe, an Comhairleoir Clodagh Higgins, an stiúideo nua cruthaitheach Makerspace i Leabharlann an Bhaile Bháin. Is é seo an chéad Makerspace i Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe atá maoinithe ag Éire Ildánach Chathair na Gaillimhe agus atá cómhaoinithe ag GRETB faoin gComhpháirtíocht Óige Chruthaitheach.

**MakerSpace Chathair na Gaillimhe:** Seoladh Makerspace Leabharlann na Cathrach le comhpháirtíocht straitéiseach le Seirbhísí Óige Foróige i bhFómhar 2023. Mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht nua seo, bhí sé ar chumas Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe tionscnamh nua don leabharlann a thabhairt isteach; club óige STEM.

- **Féile Ealaíon an Taoibh Thiar** ag Leabharlann an Taoibh Thiar, bhí na nithe seo a leanas mar chuid de na gníomhaíochtaí a reáchtáladh- Scéalta, amhránaíocht agus rím, Oragámaí, Biongó Bonanza, Ceardaíocht, Déanamh Priontála, Teicnic Róbataic, eispéiris RF, Ceardlann Drámaíochta, Ceardlann Fairy Door, ceardlanna LEGO.
- **Club Leabhar Coireachta Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe** Tharla an chéad chruinniú den Chlub Leabhar Coireachta úrnua "The Bookworms" i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe i mí an Mhárta. Tiocfaidh na daoine seo a bhfuil dúil acu i bhficsean coireachta le chéile uair sa mhí chun rogha leabhar coireachta, bleachtaireachta nó rúndiamhra a phlé.
- **Oíche Chultúir** Bhí Oíche Chultúir ar siúl ar an 22 Meán Fómhair 2023. Is ócáid phoiblí bhliantúil uile-oileáin í ina ndéantar ceiliúradh ar chultúr, ar chruthaitheacht agus ar na healaíona. Is oíche í chun ár gcultúr saibhir, éagsúil a chur chun cinn agus chun a thaispeáint go dtuigtear an luach a bhaineann leis, agus go gcothaítear an cultúr sin i saol na ndaoine. D'óstáil Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe imeachtaí agus gníomhaíochtaí amhail ceardaíocht, ceol, seisiúin filíochta, podchraoladh ......

  An Taobh Thiar- Deileadh Adhmaid le Mairtín Mac Donnacha.
  Cathair na Gaillimhe – Podchraoladh & Scéalaíocht.
  An Baile Bán – Oíche Filíochta le Rita Ann Higgins.
  Órán Mór – Ciorcal seisiúin ceoil.
  Béal Átha na Sluaighe – An Amharclann is Airde is Lú.
  Leabharlann Thuama – taispeántas Jennifer Cunningham 'Bringing the Magic'
  Baile Locha Riach – 'Oíche Chultúir' le Lilis Ó Laoire & Róisín Seoighe.
  Leabharlann an Ghoirt – Oíche na ceardaíochta traidisiúnta.

- **Mo Mhála Beag Leabharlainne -** Tugadh cuireadh do gach páiste a thosaigh ar scoil in 2023 mála leabhar a bhailiú dóibh féin ina leabharlann áitiúil. Dáileadh breis agus 3,000 mála ar leanaí ar fud an chontae. I ngach mála beag leabharlainne bhí:
  - Trí leabhar, maidir le scoil a thosú, maidir le cairde a dhéanamh agus maidir lena bheith muiníneach ionat féin agus ar do chompord leat féin.
  - Scéal-cárta faoi chuairt a thabhairt ar an leabharlann.
  - Cárta poist a d'fhéadfadh an páiste a scríobh nó tarraingt air agus a sheoladh chuig an múinteoir nua nó a thabhairt chuig an múinteoir ar an gcéad lá ar scoil.
  - A gcárta leabharlainne féin agus clúdach cárta speisialta 'Mo Leabharlann Bheag'.
  - Tá málaí leabhar ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.
- **Leabhair Roimh Dhul a Luí –** Chun Am Teaghlaigh a cheiliúradh sa Leabharlann tugadh cuireadh do pháistí faoi bhun 5 bliana d'aois cuairt a thabhairt ar an leabharlann agus leabhar saor in aisce a phiocadh suas i nGaeilge nó i mBéarla. Moltar do thuismitheoirí leabhar a léamh dá bpáistí sula dtéann siad a luí i rith an gheimhridh.
- **EMBL (Saotharlann Bhitheolaíochta Mhóilíneach na hEorpa) TREC (Cóstaí na hEorpa a Thrasnú)** I mí Mheán Fómhair tháinig na foirne bád agus tástála EMBL go Gaillimh mar chuid dá dturas ag trasnú chóstaí na hEorpa, ag déanamh staidéir ar éiceachórais agus ar

a bhfreagairt ar an gcomhshaol. Ba mhór an onóir do Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe fáilte oifigiúil a chur roimh an t-oifigeach rannpháirtíochta pobail, an Dr. Michele Fontana chuig Cathair agus Contae na Gaillimhe. Chuir an Cathaoirleach Liam Carroll, Leas-Chathaoirleach an Comhairleoir. Dr Evelyn Parsons, in éineacht le Leabharlannaí an Chontae Jo Vahey, tús le 5 lá d'imeachtaí leabharlainne i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe ar an 9 Meán Fómhair.

- **Seirbhís taistil Leabharlanna na Gaillimhe** Ar an 1 Aibreán, 1960, sheol Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe an chéad seirbhís leabharlainne taistil sa Chontae. Sa lá atá inniu ann, tá an tseirbhís níos gnóthaí ná riamh le 59 stad i mbailte agus sráidbhailte, lena n-áirítear cuairteanna a thugtar ar 4 naíonra agus ar 3 theach altranais. 63 bliain níos déanaí, tá ríméad orainn go bhfuil an tseirbhís ríomhairithe go hiomlán anois agus go bhfuil cártaí Leabharlann Phoiblí na Gaillimhe á n-eisiúint do bhaill leabharlainne ar féidir leo iad a úsáid in aon leabharlann ar fud na hÉireann.
- **Leabharlanna Aoisbhácha:** Mar chuid den tionscnamh chun feabhas a chur ar ár seirbhísí poiblí do dhaoine aosta inár gContae, tá stádas Aoisbhá bainte amach againn inár mbrainsí leabharlainne go léir in 2023. Tá ball foirne ag gach leabharlann atá ina Seaimpín Aoisbháúil, tá áiseanna léitheoireachta, suíocháin inrochtana agus seilfeanna leabhar ardaithe/íslithe ag gach leabharlann chun rochtain do chách a fheabhsú. D'óstáil leabharlanna imeachtaí don tionscnamh Teach Sláintiúil Aoisbháúil agus do thaispeántais na Laochra Áitiúla le linn na Seachtaine um Aosú Dearfach.
- Leanadh ar aghaidh leis an **tSeirbhís poist** do dhaoine lagamhairc i gcomhar le An Post ar feadh 2023

### Gníomhaíochtaí um Ghníomhú ar son na hAeráide

Chun tacú leis an tSeachtain um Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG), d'eagraigh agus d'óstáil Leabharlanna Poiblí na Gaillimhe roinnt imeachtaí chun tacú le Gníomhú ar son na hAeráide. D'óstáil Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe Imeacht Caomhnaithe Fuinnimh Inbhuanaithe le go leor eolais d'úinéirí tí maidir le hiarratais ar dheontais, painéil ghréine, córais aisghabhála teasa agus go leor eile.



- **Fearais Chaomhnaithe Fuinnimh Baile –** Mar thoradh ar an ardéileamh, fuarthas 5 fhearas breise do leabharlanna chun iad a thabhairt ar iasacht do bhaill na leabharlainne. Cuireadh ranganna teagaisc ar líne ar fáil freisin agus ceardlann turgnamh caomhnaithe fuinnimh do leanaí. Seoltar aiseolas chuig CODEMA chun na fearais agus an tseirbhís a fheabhsú tuilleadh.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfar leis an obair, bunaithe ar an maoiniú atá ar fáil, chun na Seirbhísí Leabharlainne i nGaillimh a chothabháil agus a fheabhsú, nuair is féidir, de réir Straitéis nua na Leabharlainne Náisiúnta Poiblí 2023- 2027....*Is í an Leabharlann an Áit: Eolas, Caitheamh Aimsire, Inspioráid.*
- Leanfar leis na feachtais Éire Shláintiúil agus An Ceart chun Léamh a rolladh amach ar fud líonra na mbrainsí leabharlainne, ag baint leasa as sruthanna maoinithe náisiúnta, agus é mar aidhm againn raon seirbhísí a chinntiú i mbrainsí uirbeacha agus tuaithe araon.
- Leanfar le hiarrachtaí chun úsáid na teicneolaíochta a fheabhsú, lena n-áirítear teicneolaíochtaí féinseirbhíse, agus cuirfear an pacáiste acmhainní ar líne chun cinn tuilleadh.
- Leanfar ar aghaidh le leabharlanna brainse i Seirbhís na Gaillimhe a ríomhairiú, faoi réir leibhéal na foirne agus acmhainní airgeadais.
- Osclófar Leabharlann an Chlocháin mar 'Leabharlann Oscailte Do mo Chuid' in 2024.
- Leanfar ar aghaidh le flít feithiclí na leabharlainne a chothabháil agus le roghanna uasghrádaithe a fhiosrú.
- Leanfar ar aghaidh leis na hiarrachtaí chun cur leis an gciste leabhar atá ar fáil chun Stoc na Leabharlainne a cheannach.
- Leanfaidh Leabharlanna na Gaillimhe ar aghaidh ag forbairt an clár imeachtaí, ag dul i dteagmháil le daoine aonair agus le pobail trí na brainsí, ag baint leasa as deiseanna maoinithe náisiúnta de réir mar is féidir, lena n-áirítear Éire Ildánach, agus iad ag feidhmiú laistigh de shrianta an mhaoinithe áitiúil.
- Leanúint ar aghaidh ag aithint riachtanais na bpobal nua agus seanbhunaithe agus iarracht a dhéanamh freastal orthu dá réir.
- A chinntiú go bhfuil gach pobal áitiúil ar an eolas faoina seirbhís leabharlainne áitiúil agus faoina bhfuil le tairiscint ag gach leabharlann.
- A chinntiú nuair is féidir go n-eagraíonn/n-óstálann gach leabharlann brainse raon gníomhaíochtaí lena n-áirítear taispeántais, léamha, clubanna leabhar, léachtaí agus ceol dá bpobal.
- Tionscadal Oileán Comhroinnte: Obair le Leabharlanna an Chláir ar an tionscadal *Birds of a Feather* i gcomhpháirtíocht le grúpaí ban i mBéal Átha na Sluaighe, i mBéal Feirste, in Inis Bó Finne agus sa Chlár.
- Leanfaidh Ionad Díreach na hEorpa ag Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe ar aghaidh chun faisnéis a chur ar fáil faoin Aontas Eorpach agus rochtain a chur ar fáil ar fhoilseacháin agus ar bhróisiúir ó institiúidí an Aontais Eorpaigh.

## CLÁR SÁBHÁILTEACHTA UISCE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Ceapadh Oifigeach buan Forbartha Sábháilteachta Uisce.
- Mar chuid den Chlár Sábháilteachta Uisce 2023 earcaíodh painéal de 45 gharda trá oilte chun seirbhísí a sholáthar ag 10 n-ionad sa Chontae [lena n-áirítear sé Thrá a bhfuil Brat Gorm acu] agus ag 6 shuíomh sa Chathair mar chuid de Chomhaontú Seirbhíse Comhroinnte le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Cuireadh tús leis an tSeirbhís ar an 28 Bealtaine agus lean sí ar aghaidh go dtí an 11 Meán Fómhair 2023.
- Rinneadh botháin nua a shuiteáil agus suíomhanna nua Trá Brat Gorm a bhainistiú.
- Rinneadh uasghrádú ar threalamh agus réitíodh sceideal ullmhúcháin, deisiúcháin agus cothabhála do bhotháin - a comhaontaíodh agus a seachadadh.
- Tar éis faomhadh a fháil ón Chomhairle, tugadh maoiniú de €6,000 do Chomhairle Sábháilteachta Uisce na hÉireann.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Clár Sábháilteachta Uisce a chur i bhfeidhm, ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil, ar bhonn séasúrach lena n-áirítear oiliúint ionduchtaithe.
- Clár na nGardaí Trá a chur chun cinn trí úsáid a bhaint as suíomhanna gréasáin, meáin shóisialta agus áitiúla.
- Leanúint ar aghaidh, faoi réir maoinithe agus faomhadh na Comhairle, le ranníocaíocht airgeadais a sholáthar do Shábháilteacht Uisce na hÉireann.
- Leanúint ar aghaidh le Nótaí Treorach Shábháilteacht Uisce Éireann a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú.
- Torthaí ó Mheasúnuithe Riosca a chur i bhfeidhm.
- Maoiniú a sholáthar chun lóistín a chur ar fáil do ghardaí tarrthála ar na hOileáin le linn an tséasúir snámha.
- Leanúint ar aghaidh le forbairt an Oifigigh Sábháilteachta Uisce (Cúrsaí).
- Comhdháil Bhliantúil na nOifigeach Forbartha Sábháilteachta Uisce don bhliain 2024 a óstáil i nGaillimh.
- Baoithe tarrthála a athsholáthar mar fhreagairt ar thorthaí an mheasúnaithe riosca.
- Athbhreithniú & Nuashonrú a dhéanamh ar na Fodhlíthe Trá.

## ÁINEAS AGUS CONLÁISTÍ - PÁIRCEANNA, PÁIRCEANNA IMEARTHA, RAONTA REATHA, SPÁSANNA OSCAILTE AGUS CLÓIS SÚGARTHA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Is le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus le Comhairle Cathrach na Gaillimhe Páirc Rinn Mhíl, Meáraí, Órán Mór, agus bíonn an suíomh á bainistiú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Is suíomh ainmnithe é ar 'Shlí an Atlantaigh Fhiáin'. Baineann cónaitheoirí, cuairteoirí agus eagraíochtaí áitiúla amhail Grúpaí Gasógaíochta úsáid fhorleathan as. Bíonn

an clár cothabhála a sheachadadh i gcomhpháirtíocht le grúpaí áitiúla agus tá sé cómhaoinithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Leanadh ar aghaidh le lamháltas a thabhairt chun sólaistí a sholáthar i bPáirc Rinn Mhíl ó Mhárta go Deireadh Fómhair.

- Fearann an Pháláis, Tuaim - Cuireadh Clár Cothabhála d'Fhearann an Pháláis, Tuaim i bhfeidhm i gcomhar le Scéim Fostaíochta Pobail urraithe ag an gComhairle. D'éirigh le Fearann an Pháláis an Brat Glas agus Gradam Oidhreachta Glas An Taisce a choinneáil in 2023. Rinneadh Iniúchadh Insiúltachta Aoisbháúil agus cuireadh roinnt tionscadal i gcrích dá bharr seo amhail binsí breise a bheidh ina bpointí scíthe do dhaoine aosta in áiteanna nach raibh binsí ann roimhe. Cuireadh tús le hoibreacha chun cosáin sa pháirc a leathnú, chun rochtain shábháilte a chur ar fáil do choisithe agus d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí agus chun Comharthaíocht 'Activator' a shuiteáil don pháirc le maoiniú ón gCiste Éire Shláintiúil.
- Béal Átha na Sluaighe - Leanadh ar aghaidh le Clár Cothabhála Bhéal Átha na Sluaighe sa bhaile le haghaidh páirceanna agus spásanna oscailte in 2023.
- Rinneadh timpeallán cuimsitheach a shuiteáil agus cuireadh deisiúcháin i gcrích ar an trealamh clós súgartha a bhí ann cheana ag clós súgartha an údaráis áitiúil ag Bóthar an Ghoirt Baile Locha Riach, tar éis gur éiríodh leis an iarratas ar mhaoiniú ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA).
- Tá Comhaontú Ceadúnais i bhfeidhm le Club Peile Ceilteach Thuama, chun páirceanna uile-aimsire Chomhairle Chontae na Gaillimhe a oibriú i dTuaim.
- Bhí Páirc Áineasa Dhún Leo, Raon Reatha Bhéal Átha na Sluaighe lánfheidhmiúil i rith na bliana.
- De réir na ngealltanas a tugadh roimhe seo faoin bPolasaí Súgartha, cuireadh cúnamh ar fáil do na clóis súgartha le maoiniú díreach agus le soláthar árachais. Go dtí seo, forbraíodh 79 gclós súgartha san iomlán sa Chontae faoin bpolasaí seo. Bhí an Beartas um Chlóis Súgartha Saor ó Thobac, a seoladh in 2013, i bhfeidhm in 2023.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Leanúint ar aghaidh le cothabháil agus uasghrádú clós súgartha faoi úinéireacht agus oibriú na Comhairle faoi réir maoiniú a bheith ar fáil, agus iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú atá ar fáil faoi CLÁR agus ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (DCYA).
- Oiliúint Iniúchta clós súgartha breise a chur ar fáil do bhall eile den choiste don 64 chlós súgartha atá á reáchtáil ag an bpobal.
- Déanfar cláir chothabhála na bPáirceanna, lena n-áirítear bearradh féir, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm de réir na n-acmhainní atá ar fáil do Pháirc Rinn Mhíl, Órán Mór, Fearann an Pháláis, Tuaim, Páirc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe, Páirc na mBó i nDroichead an Chláir agus spásanna áineasa agus oscailte eile. Tabharfar tosaíocht, faoi réir na hacmhainní atá ar fáil, do pháirceanna poiblí agus do limistéir áineasa.
- Córas áirithinte ar líne agus eochaircheap a shuiteáil do Pháirc Dhún Leo chun amanna oscailte agus dúnta na háise a leathnú.
- Leanúint ar aghaidh leis an gcothabháil a theastaíonn i bPáirc Rinn Mhíl faoin bPlean Coillearnach.
- Eachroim a fhorbairt mar cheann scríbe suntasach turasóireachta.
- Iarracht a dhéanamh leanúint de thacaíocht riaracháin agus chomhairleach a sholáthar do ghrúpaí pobail ar mian leo tograí le haghaidh áineasa a chur chun cinn agus rochtain a fháil ar mhaoiniú atá ar fáil chomh fada agus a cheadaíonn acmhainní foirne.

# IONAID FÓILLÍOCHTA – TUAIM AGUS BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Lean Coral Leisure Teo. ar aghaidh le bainistiú agus le hoibriú na nIonad Fóillíochta i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe tar éis gur cuireadh síneadh leis an gComhaontú Ceadúnais do 2023. Bíonn baill foirne shinsearacha sna Seirbhísí Corparáideacha le Coral Leisure i mbun cathaoirleachta ar Choiste Idirchaidrimh fós, le breithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm leanúnach an Chomhaontaithe Cheadúnais.
- Coinníodh bainistíocht na n-ionad fóillíochta agus costais ghaolmhara faoi athbhreithniú ag teacht le costais mhéadaithe fuinnimh agus úsáid mhéadaithe i ndiaidh na paindéime agus bhí ról lárnach ag an gcoiste idirchaidrimh maidir le monatóireacht a dhéanamh ar an gcéanna lena n-áirítear an tacaíocht airgeadais bhreise a theastaigh ón gComhairle.
- Leanann Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh ag déanamh maoirseachta ar chothabháil riachtanach agus ar oibreacha feabhsúcháin a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht ag an dá ionad.
- Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Ionad Fóillíochta i mbliana i gcomhpháirtíocht le Biúró Fuinnimh an Tuaiscirt ar Bhord Farraige an Atlantaigh agus le roinnt Údarás Áitiúil i Réigiún an Iarthair mar chuid de straitéis chun an spleáchas ar charbón a laghdú do na hIonaid Fóillíochta seo.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfar ar aghaidh ag déanamh mion-athbhreithniú leanúnach ar bhainistíocht na n-ionad fóillíochta agus ar na costais ghaolmhara le linn 2024 agus leanfaidh an coiste idirchaidrimh ar aghaidh le príomhról a imirt ó thaobh monatóireachta agus maoirseachta de.
- Leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le huasghrádú áiseanna seomra feistis, mar thoradh ar an Deontas Caipitil Spóirt a ceadaíodh in 2020 d'Ionad Fóillíochta Thuama agus Bhéal Átha na Sluaighe. Tá sé beartaithe Conraitheoir a cheapadh don tionscadal seo i Ráithe 4 2023 agus táthar ag súil go gcuirfear na hoibreacha i gcrích i Ráithe 1-2024.
- Tá iarratas ar mhaoiniú tríd an gclár EXEED d'oibreacha feabhsúcháin fuinnimh ag dul ar aghaidh. Tá faomhadh Chéim 1 faighte do na hionaid agus tá faomhadh Chéim 2 á chur chun cinn. Táthar ag súil go dtabharfar infheistíocht €1m do gach ionad.

## ÁISEANNA NA COMHAIRLE AR MHAITHE LE SOCHAR EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL ÁITIÚIL, LE HOIDHREACHT AGUS LE HOIBRÍOCHTAÍ ÁISEANNA LÉIRMHÍNITHE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Cuireadh maoiniú ar fáil d'oibriú Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí atá suite i Séipéal Naomh Muire i Lár Bhaile Átha an Rí. Tá an tIonad faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ar fholéas don Chumann Forbartha a dhéanann maoirsiú ar bhainistíocht an Ionaid. Fostaítear Bainisteoir Ionaid agus foireann san Ionad le scéimeanna éagsúla.
- Tá Ionad Cuairteoirí Chath Eachroim 1691 faoi úinéireacht agus á oibriú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. Bíonn an tIonad ar oscailt ar bhonn séasúrach. In 2023, d'oscail sé ó Bhealtaine go dtí an 4 Meán Fómhair 2023. I rith an tséasúir, reáchtáil an t-ionad an tSiúlóid Staire Bhliantúil 'Walk About and Talk About' faoi Chath Eachroma le linn Sheachtain na hOidhreachta.
- Ceadaíodh pleanáil Chuid VII agus Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán d'fhoirgneamh Leabharlann Órán Mór le haghaidh oibreacha feabhsúcháin rochtana. Táthar ag súil le bogadh ar aghaidh go dtí céim an Doiciméid Chonartha agus an Próiseas Tairisceana in 2024.
- Rinneadh iarrachtaí leanúnacha chun an áis iontach i bPáirc Rinn Mhíl a chothabháil agus a fheabhsú i gcomhar leis an scéim Fostaíochta Pobail áitiúil.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Faoi réir an maoiniú atá ar fáil, leanfar ar aghaidh le tacaíocht airgeadais a sholáthar chun tacú le hoibriú Ionad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí agus Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma chun líon na gcuairteoirí a mhéadú agus na ceantair seo a chur chun cinn mar chuid d'infheistíochtaí foriomlána na Comhairle sa turasóireacht agus chun tacú leis an ngeilleagar áitiúil.
- Faoi réir maoinithe, déanfar oibreacha feabhsúcháin rochtana ar fhoirgneamh Leabharlann Órán Mór a chur chun cinn de réir cheaduithe Chuid VIII don Deimhniú Pleanála agus don Deimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán.
- Faoi réir faomhadh maoinithe, táthar ag súil le comhairleoirí a cheapadh chun tabhairt faoi thuarascáil bhainistíochta fhoriomlán do Pháirc Rinn Mhíl lena n-áirítear nuashonrú ar an bPlean Bainistíochta Foraoise.

## GNÍOMHAÍOCHT UM MÍCHUMAS

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA 2023:

- Mar chuid de Chlár Áineasa agus Conláistí na Comhairle, rinneadh cothabháil ar roinnt trealamh spórtlainne taobh amuigh agus trealamh aclaíochta a mbeidh úsáideoirí cathaoir rothaí in ann iad a úsáid, i bPáirc Dhún Leo, i mBéal Átha na Sluaighe, i bhFearann an Pháláis, i dTuaim agus Ascaill an Chaisleáin, Port Omna.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí chun rochtain ar sheirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas a fheabhsú go leanúnach.
- Tacú le Rochtain fheabhsaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas ar Shaoráidí Áineasa agus Taitneamhachta, faoi réir ag maoiniú a bheith ar fáil.

## OIBRIÚ MARGAÍ AGUS CORRTHRÁDÁIL AGUS IARRATAIS AR SCANNÁNAÍOCHT SA CHONTAE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Eisíodh Ceadúnais Corrthrádála le haghaidh trádála i roinnt bailte agus sráidbhailte ar fud an Chontae lena n-áirítear: Baile Átha an Rí (6), Béal Átha na Sluaighe (10), An Clochán (8), An Gort (8), Baile Locha Riach (2), An Creagán (10), Dún Mór (2), Áth Cinn (1), Port Omna (2), Tuaim (9), Gleann na Madadh (1); i gcomhréir le Fodhlíthe Corrthrádála.
- I measc na gCeadúnas Corrthrádála eile a eisíodh bhí Féile Bhéal Átha Ghártha, (23), Dún Mór (27), Seó an Chlocháin (8), Féile Ealaíon an Chlocháin (3), Aonach an Mháma (11)
- Próiseáladh 12 iarratas chomh maith ó dhéantóirí scannán srl. chun maoin phoiblí a úsáid le haghaidh scannánaíochta.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Leanúint ar aghaidh ag eisiúint Ceadúnais Chorrthrádála.
- Leanúint ar aghaidh le trádáil a chur chun cinn nuair a bhíonn bánna folamh, trí theagmháil a dhéanamh leo siúd ar na liostaí feithimh agus leanúint ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar shonraí le Tuairisceáin Phleananna Oibre Corrthrádála na Maor Pobail.
- Leanúint ar aghaidh ag éascú fiosrúcháin agus ag eisiúint ceadanna mar is cuí do Chomhlachtaí Meán agus Léiriúcháin ar mian leo scannánaíocht a dhéanamh sa Chontae.

## AN GHAEILGE A CHUR CHUN CINN

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Leanadh ar aghaidh le ranganna Gaeilge (bunleibhéal agus meánleibhéal) a chur ar fáil d'fhoireann an údaráis áitiúil agus bhí ranganna ar fáil freisin do Chomhairleoirí a léirigh spéis iontu. Bhí na ranganna seo ar fáil ar líne.
- Deontais Tacaíochta Pobail – Cuireadh an Ghaeilge san áireamh go sonrach mar chatagóir sa Scéim Tacaíochta Pobail in 2023. Ceadaíodh deontais ar scála beag ar luach €5,000 do thograí

de chuid Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha chun tacú le cur chun cinn agus le méadú úsáid na Gaeilge.

- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt do chur chun cinn na Gaeilge i bpobail ar fud an Chontae trí urraíocht a dhéanamh ar Ghradam Ghlór na nGael, a bronnadh ar Chomhar Chuigéal, Conamara, Contae na Gaillimhe, i Márta 2023.
- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile, á gcur ar an eolas faoin Scéim Teanga agus ag cinntiú gur cuireadh bearta na Scéime i bhfeidhm nuair a bhí ar chumas na Comhairle amhlaidh a dhéanamh. Cuireadh tacaíocht agus comhairle ar fáil, chomh maith le seirbhísí promhaidh.
- Leanadh ar aghaidh le faisnéis agus comhairliúchán a chur ar fáil d’fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le dualgais, ceanglais agus reachtaíocht teanga, lena n-áirítear dátheangachas a chinntiú ar www.galway.ie / www.gaillimh.ie, faoi réir scéim teanga na Comhairle.
- Lean an Chomhairle ar aghaidh ag comhoibriú leis an gCoimisinéir Teanga, agus í ag déileáil le ceisteanna a d’ardaigh baill den phobal, maidir le seirbhísí agus reachtaíocht Gaeilge.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Leanúint le faisnéis a sholáthar d’fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar fad maidir le dualgais, obleagáidí agus reachtaíocht teanga, lena n-áirítear faisnéis chun dátheangachas a chinntiú ar www.galway.ie / www.gaillimh.ie, ag teacht lenár scéim teanga.
- Leanúint le feasacht teanga agus ábhar tacaíochta teanga chuí a sholáthar d’fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe, chun cur le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge.
- Leanúint ar aghaidh ag soláthar agus ag tógáil ar líon na ranganna/cúrsaí Gaeilge a chuirtear ar fáil i rith na bliana d’fhoireann agus do Chomhaltaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ag díriú go háirithe ar chumas cainte i nGaeilge agus ar chúrsaí tumoideachais a bhféadfaí a sholáthar sa Ghaeltacht, faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.
- Leanúint ar aghaidh le Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais a bhronnadh i gcomhar le Coláistí Gaeilge sa Chontae.
- Leanúint ar aghaidh le Scoil Samhraidh an Phiarsaigh.
- Leanúint ar aghaidh le catagóir na Gaeilge do dheontais tacaíochta pobail agus Gradaim an Chathaoirligh a chur chun cinn, ar bhonn tosaíochta.
- Rannpháirtíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe a threorú i ngníomhaíochtaí agus imeachtaí le linn Sheachtain na Gaeilge i Márta 2024.
- Leanúint ar aghaidh le hidirchaidreamh a dhéanamh le grúpaí pobail chun an Ghaeilge a chur chun cinn.

## BAINISTÍOCHT ÁISEANNA – RÉADMHAOIN NA COMHAIRLE / SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Lean Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh ag soláthar seirbhísí feighlíochta agus bainistíochta áiseanna do líonra oifigí, leabharlanna agus imeachtaí cathartha na Comhairle.
- Lean an tAonad ar aghaidh ag comhlíonadh na riachtanas faoin gClár Bainistíochta Sábháilteachta i réimsí amhail tástáil PAT, tástáil thréimhsiúil suiteálacha leictreacha, measúnuithe VDU, cothabháil ar na córais chosanta ó thintreach, córais sábháilteachta ó dhóiteáin lena n-áirítear ullmhacht éigeandála na bhfoirgneamh agus Measúnuithe Riosca Statacha.
- Tá monatóireacht agus bainistíocht éifeachtúlachta fuinnimh fós mar thosaíocht san aonad áiseanna. Bunaíodh Biúró Fuinnimh nua dar teideal 'Atlantic Energy' le déanaí le comh-mhaoiniú ó Údaráis Oifigiúla sa réigiún agus SEAI. Ceapadh Oifig Biúró Fuinnimh i gComhairle Chontae na Gaillimhe chun tacú leis an eagraíocht an t-ídiú fuinnimh inmheánach iomlán a laghdú.
- Rinneadh athbhreithniú leanúnach ar riachtanais athchóirithe fhoirgnimh oifige na Comhairle chun soláthar cóiríochta oifige agus seomra cruinnithe breise a éascú.
- Lean an tAonad ar aghaidh ag tabhairt faoi phróisis soláthair do raon conarthaí a bhaineann le bainistíocht conláistí chun luach airgead na Comhairle a chinntiú agus an caighdeán seirbhíse a chothabháil.
- Tá pleananna ar siúl chun gineadóir leictreachais cúltaca nua a shuiteáil i gcomhpháirtíocht le Roinn na Seirbhíse Dóiteáin, atá ag glacadh le príomhról an tionscadail seo, i gcomhar leis an Rannóg IT.
- Bhí measúnuithe Riosca Legionella leanúnach agus clár monatóireachta i bhfeidhm maidir le cóiríocht oifige agus leabharlainne.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfar ar aghaidh leis an athbhreithniú leanúnach ar chonarthaí cothabhála chun na laghduithe costais a baineadh amach le blianta beaga anuas a choinneáil, agus féachfaimid le tuilleadh laghduithe costais a bhaint amach.
- D'fhonn oibriú laistigh de na buiséid atá ar fáil, d'fhéadfadh sé a bheith riachtanach cothabháil na n-áiseanna oifige agus leabharlainne a theorannú chun díriú ar riachtanais tosaíochta sláinte agus sábháilteachta, agus ar chórais oibriúcháin ríthábhachtacha.
- Beidh sé ina shíor-dhúshlán, soláthar cóiríochta cuí a chur ar fáil in Áras an Chontae. Tá éilimh áitíochta i roinnt réimsí sa Cheanncheathrú ag sárú na n-acmhainní atá ar fáil. Dá thoradh seo, aistríodh roinnt áiteanna san fhoirgneamh, lena n-áirítear an seanspás saotharlainne, seomraí cruinnithe, seomraí oiliúna agus araile, go cóiríocht oifige. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais ghnó agus chustaiméirí na heagraíochta ar bhonn meántéarmach agus ar bhonn fadtéarmach, ionas go mbeidh dóthain spáis oifige ar fáil chun na seirbhísí seo a sholáthar amach anseo.
- Beidh sé mar aidhm ag an Aonad ídiú fuinnimh a laghdú a thuilleadh ar fud na n-oifigí agus na leabharlanna. Déanfar seo i gcomhar le hOifigeach nuacheaptha an Bhiúró Fhuinnimh.

- Faoi réir maoinithe, déanfar seirbhís bia te a fhorbairt sa cheaintín agus chuirfear feabhas ar an réimse beatha atá ar fáil in Ionad Centrepoint chomh maith.

## TAIFID AGUS CARTLANNA A BHAINISTIÚ

Oibríonn Rannóg na gCartlann chun cúram, caomhnú, bainistiú agus rochtain ar chartlanna na Comhairle a chinntiú. Acmhainn thábhachtach atá sna cartlanna do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Cuidíonn siad leis an gComhairle a cuspóir chun a bheith trédhearcach agus cuntasach a bhaint amach. Is acmhainní agus uirlisí tábhachtacha iad freisin le haghaidh taighde, oideachais agus turasóireacht chultúrtha. Is acmhainní luachmhara oidhreachta cultúrtha iad a dteastaíonn cúram ar leith uathu. Tugann an Rannóg comhairle beartais don Chomhairle chomh maith, maidir le cúram agus bainistiú a cuid taifead.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Leanadh ar aghaidh ag soláthar príomhsheirbhísí cartlainne, ó thaobh rochtana agus caomhnaithe de. Is ionann sin agus sealúchas cartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chothabháil agus a nuashonrú le liostaí tuairisciúla agus leis an gcatalóg ar líne, agus le tairseacha cartlainne éagsúla; monatóireacht ar dhálaí comhshaoil na cartlainne agus rinneadh iarracht a chinntiú go leanfar de chosaint, caomhnú agus bainistíocht na n-áiseanna stórála, in ainneoin nach gcomhlíonann saoráidí stórála caighdeáin caomhnaithe atá inghlactha go hidirnáisiúnta.
- Leanadh ar aghaidh leis an gclár próiseála ábhar cartlainne agus bailiúcháin[1]. Is í an ghníomhaíocht seo an bhunchloch idir rochtain agus úsáid; atá freagrach as nasc éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar lenár sealúchais, ar an gcéad dul síos cuireann ár liostaí tuairisciúla agus ár gcatalóg ar líne an nasc seo ar fáil mar a dhéanann ár suíomh Gréasáin, mar aon le hiontrálacha ar thairseacha cartlainne éagsúla.
- Cuireadh seirbhísí ar fáil do léitheoirí, amhail ceisteanna taighde a fhreagairt agus comhairle agus treoir a sholáthar do thaighdeoirí.
- Leanadh ar aghaidh leis an gclár chun cúltaca slándála agus ionaid thagartha a sholáthar do na bailiúcháin[2]. Is acmhainn hfíorluachmhar é líon suntasach agus éagsúlacht na mbailiúchán sa Chartlann atá ar fáil sna Cartlanna Digiteacha, acmhainn a théann chun tairbhe an phobail taighde agus rochtain 24/7 ag lucht féachana domhanda ar chuid mhaith de bhailiúcháin na Comhairle.
- Cuireadh tús le tionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhailiúchán mór léarscáileanna agus líníochtaí a choinnítear lasmuigh den láithreán maidir lena gcoinneáil nó lena ndiúscairt, a shocrú agus a liostú.
- Leanadh ar aghaidh leis an bpróiseas chun córas bunachar sonraí na Cartlainne a uasghrádú (i.e. aistriú ó Adlib go Bailiúcháin Axiell).
- Rinneadh coimisiúnú chun roinnt léarscáileanna barúntachta OS mórthomhais (1841) a chaomhnú.
- Cuireadh comhairle ar fhoireann aonaid de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe de réir mar ba ghá agus tugadh cúnamh dóibh maidir le dea-chleachtas bainistíochta taifead. Oibríodh le haonaid éagsúla chun Sceidil Choinneála intí a nuashonrú, agus Deimhnithe Diúscartha a thiomsú agus a chur i ngníomh.

- Leanadh ar aghaidh leis an mbunachar sonraí bainistíochta taifead Arclink a úsáid, chun cabhrú le bainistiú taifead laistigh den eagraíocht a sheoltar chuig stóráil sheachtrach.
- Leanadh ar aghaidh le bainistiú aistrithe taifead neamhreatha (cóip chrua) chuig stóráil, aisghabhálacha taifead agus tuairisceáin: Próiseáladh 1,081 iarratas ó mhí Eanáir go dtí an 9 Samhain 2023 (09/11/2023). Tá níos mó ná 141,370 iontráil ar bhunachar sonraí ArcLink anois.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Díriú ar bhailiúcháin na cartlainne a phróiseáil, agus rochtain agus comhairle a chur ar fáil do thaighdeoirí.
- Leanúint ar aghaidh leis an gclár chun cúltaca slándála agus ionaid thagartha do na bailiúcháin a sholáthar.
- Leanúint ar aghaidh le feasacht maidir le bailiúcháin Chartlanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn.
- Grádú chóras bunachar sonraí na Cartlainne a chríochnú (i.e. aistriú ó Adlib go Bailiúcháin Axiell).
- Leanúint ar aghaidh leis an tionscadal chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhailiúchán mór léarscáileanna agus líníochtaí a choinnítear lasmuigh den láithreán, maidir lena gcoinneáil nó a ndiúscairt, a shocrú agus a liostú.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh le leas a bhaint as stóráil tráchtála do thaifid neamhreatha agus déanfar bainistiú ar aisghabháil agus ar aischur na dtaifead a choinnítear i stóráil lasmuigh den láthair.
- Leanúint ar aghaidh le hidirchaidreamh a dhéanamh leis na hAonaid éagsúla laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun rangú comhad agus sceidil coinneála taifead a fhorbairt, a chothabháil agus a chur i bhfeidhm agus chun comhairle a chur orthu maidir le dea-chleachtas bainistíochta taifead. Spreagfar an fhoireann i ngach Aonad chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar a gcuid sceidil ar bhonn rialta agus chun na sealúchais taifead neamhreatha a choinnítear lasmuigh den láithreán a liostú agus a bhainistiú go gníomhach.
- Teagmháil a dhéanamh le Seirbhísí Corparáideacha agus le Seirbhísí Leabharlainne mar a théitear sa tóir ar chóiríocht mhalartach, fheabhsaithe do stór na Cartlainne agus do Stór Taifead.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le Seirbhísí Corparáideacha, leis an tSeirbhís Leabharlainne, agus le daoine eile mar chuid den iarracht chun beartas um chaomhnú digiteach agus cartlann dhigiteach a fhorbairt, agus chun a chinntiú go ndéantar bainistíocht chuí ar thaifid dhigitghinte.

# CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Tá Clár Rollach Toghthóirí i bhfeidhm anois tar éis thosach feidhme an Achta um Athchóiriú Toghcháin 2022 ar an 13 Deireadh Fómhair 2022.
- Tionscadal Nuachóirithe an Chórais Chlárúcháin do Thoghthóirí Rialtais Áitiúil (LGERS) - (An Bunachar Sonraí Náisiúnta um Chlárú Toghcháin) - Tá sé beartaithe ag gach údarás áitiúil a gcuid sonraí a aistriú chuig bunachar sonraí lárnach náisiúnta comhroinnte clárúcháin

toghthóirí faoi dheireadh 2025. Chuige seo, tá an Chomhairle i mbun oibre chun an caighdeán sonraí a fheabhsú:
Cruinneas - Tá sonraí breise ag teastáil anois ó gach toghthóir lena n-áirítear Uimhreacha PSP, Dátaí Breithe agus Éirchóid, Cuimsitheacht - Daoine a bhaint ón gClár Toghthóirí tar éis báis (RIPanna) agus réamhchlárú a dhéanamh do dhaoine idir 16 agus 17 mbliana d'aois.
Tá feachtas feasachta poiblí tar éis a bheith ar siúl le linn 2023, i gcomhar leis an Roinn agus le feachtas náisiúnta, lena dtugtar cuireadh don phobal a gcuid sonraí ar an gClár a nuashonrú. Baineadh leas as craoltóireacht teilifíse agus raidió, na meáin shóisialta agus na meáin chlóite áitiúla, bileoga eolais agus scoileanna chuige seo.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Leanúint ar aghaidh leis an obair atá ar siúl leis an gClár Rollach agus le nuashonruithe córas.
- Leanfar ar aghaidh leis an obair ar an Tionscadal um Nuachóiriú Toghcháin le feachtais áitiúla do dhaoine i nGaillimh chun a gcuid sonraí ar Chlár na dToghthóirí a nuashonrú www.checktheregister.ie
- Eagróidh an Chomhairle na Toghcháin Áitiúla a bheidh ar siúl i mí an Mheithimh 2024. Bunófar grúpa oibre i R4 2023 chun pleanáil a dhéanamh do Thoghcháin Áitiúla 2024.
- Ullmhú don Reifreann atá beartaithe do Ráithe 1 2024.
- Cuirfear tús leis an obair chun athruithe ar athbhreithniú teorann toghcháin a chur i bhfeidhm mar thoradh ar mholtaí an Choimisiúin Toghcháin, Tuarascáil Athbhreithnithe Toghcheantair 2023: Dáilcheantair agus Toghcheantair Pharlaimint na hEorpa.

## PLEANÁIL AGUS TACAÍOCHT CHORPARÁIDEACH / IONADAÍOCHT ÁITIÚIL / CEANNAIREACHT SIBHIALTA

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

- Cuireadh seirbhísí riaracháin ar fáil don Phríomhfheidhmeannach, do Chathaoirleach na Comhairle, do Chomhaltaí Tofa, don Ghrúpa um Beartas Corparáideach agus do Chruinnithe na Comhairle.

## SEIRBHÍSÍ ARNA SEACHADADH DO CHRUINNITHE IOMLÁNACHA NA COMHAIRLE AGUS DO CHOMHALTAÍ NA COMHAIRLE

- Cláir a Ullmhú do Ghnáthchruinnithe agus do Chruinnithe Speisialta agus Bliantúla den Chomhairle Iomlánach, Míreanna Cláir a chomhordú leis na Rannáin go léir, na Cruinnithe a éascú agus na Miontuairiscí a thaifeadadh.
- Cláir Oibre, Miontuairiscí agus doiciméadú cláir a fhoilsiú ar an Eislíon.
- Cruinnithe den Ghrúpa um Beartas Corparáideach a éascú.

- Léirithe Suime a éascú maidir le freastal ar Imeachtaí Oiliúna agus Comhdhálacha.
- Tuarascálacha a chur le chéile don Chomhairle de réir an Achta Rialtais Áitiúil chun Tinreamh Comhaltaí ag Imeachtaí Oiliúna agus Comhdhálacha a Údarú.
- Oiliúint inmheánach a eagrú de réir Phlean comhaontaithe Oiliúna agus Forbartha Chomhairle Chontae na Gaillimhe do Chomhaltaí.
- Éilimh Taistil agus Cothabhála Comhaltaí a bhaineann le freastal ar Chúrsaí Oiliúna agus ar Chomhdhálacha a phróiseáil.
- Na gníomhartha seo a leanas a éascú; Achoimrí ar Chomhdhálacha ar fhreastail na Comhaltaí orthu a chur isteach, na Tuarascála don Chlár Oibre a ullmhú agus Achoimrí a fhoilsiú ar an Láithreán Gréasáin.
- Bunachar Sonraí Tinrimh na gComhaltaí ag Cruinnithe uile na Comhairle a chothabháil, lena n-áirítear Cruinnithe Iomlánacha, SPC, Ceantar Bardasach, CCP, Coiste Comhairliúcháin Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil, Coiste Forbartha Pobail Áitiúil, Coiste um Shábháilteacht ar Bhóithre le Chéile.
- Tiomsú an Chláir Phoiblí de gach Tinreamh agus Íocaíochtaí na gComhairleoirí a éascú.
- An Clár Eitice do Chomhairleoirí a chothabháil.
- An próiseas do Chomhaltaí maidir le Dearbhuithe Síntiús a thabhairt ar ais a éascú.
- Thacaigh an Fhoireann Chorparáideach le hÓcáidí Cathartha a éascú mar fhreagra ar mholtaí ón gComhairle Iomlánach.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le húsáid na teicneolaíochta chun cruinnithe a éascú.
- Ullmhaíodh an Plean Corparáideach, ráiteas straitéise don údarás áitiúil laistigh de 6 mhí ó Chruinniú Bliantúil 2024, de réir alt 134(1) den Acht Rialtais Áitiúil 2001.
- Scéim SPC a ullmhú, tar éis na dToghchán Áitiúil a bheidh ar siúl i Meitheamh 2024 de réir alt 48 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus alt 48(1A) d'Acht 2001, arna leasú le halt 41(a) den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

## AN COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA A ÉASCÚ

Bíonn Comhchoiste Póilíneachta (CCP) i bhfeidhm ag Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhar le bainistíocht áitiúil an Gharda Síochána. Is feidhm reachtúil sannta í, an Choiste seo a oibriú, de réir Alt 35(4) agus 36(1) d'Acht an Gharda Síochána 2005 agus de réir Treoirlínte Athbhreithnithe CCP a eisíodh in 2014.

Déantar cur síos ar an bhfeidhm a bhíonn ag Comhchoiste Póilíneachta in alt 36(2) d'Acht an Gharda Síochána, ina sonraítear: *"Is é feidhm an chomhchoiste póilíneachta ná bheith ina fhóram do chomhairliúcháin, do phlé agus do mholtaí maidir le hábhair a bhaineann le póilíneacht i limistéar riaracháin an údaráis áitiúil".*

Tionóladh cruinnithe den Chomhchoiste Póilíneachta ar an 30 Eanáir, an 3 Aibreán, an 19 Meitheamh, an 4 Meán Fómhair agus an 6 Samhain 2023.

## SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHRAÍONN SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA DON EAGRAÍOCHT

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Clár Eitice a Chothabháil don Fhoireann Ábhartha.
- Tacaíocht arna soláthar ag Seirbhísí Corparáideacha chun Tairiscintí a Fháil, a Chlárú agus a Oscailt don eagraíocht tríd an gcóras eTenders.
- Déan cothabháil ar Chlár Orduithe an Phríomhfheidhmeannaigh, agus na hOrduithe arna nUimhriú ag Seirbhísí Corparáideacha do gach Rannóg.
- Lean Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh ag feidhmiú mar idirghabhálaí d'Oifig an Ombudsman maidir le ceisteanna a d'ardaigh an Oifig maidir le soláthar seirbhíse Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Déantar gach comhfhreagras a chomhordú trí Sheirbhísí Corparáideacha, agus tá córas rianaithe i bhfeidhm.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfaidh Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta don Chathaoirleach, do chomhaltaí tofa agus d'eagrú Chruinnithe Iomlánacha na Comhairle.
- Déanfar an Chomhairle Clár Eitice na Foirne agus na gComhaltaí a chothabháil agus éascóidh sí do na Comhaltaí na dearbhuithe síntiús a thabhairt ar ais.
- Foilseoidh an tAonad sonraí na nÍocaíochtaí go léir a dhéantar le Comhaltaí Tofa, lena n-áirítear maidir le Comhlachtaí Seachtracha a bhfuil na Comhaltaí ainmnithe dóibh.
- Tacóidh an tAonad go gníomhach le ról an Ghrúpa um Beartas Corparáideach.
- Leanfaidh an tAonad ar aghaidh leis an gComhchoiste Póilíneachta a éascú, mar aon le cruinnithe eile de réir mar is gá
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag comhlíonadh a ceanglais reachtúla maidir le reachtaíocht um Chosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol agus leanfaidh sí ar aghaidh chun na fiosrúcháin Ombudsman a thagann isteach chuig an gComhairle a éascú.
- Leanfaidh Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh agus éascóidh siad glacadh, oscailt agus taifeadadh na dTairiscintí a fhaigheann an Chomhairle.
- Soláthrófar Réiteach Bogearraí um Chomhlíonadh Riosca Rialachas Corparáideach. Déanfar an córas a shaincheapadh chun próisis láimhe atá ann cheana a chuíchóiriú maidir le gníomhaíochtaí riosca ar fud na heagraíochta agus chun rochtain dhíreach a sholáthar ar fhaisnéis riosca, ar shonraí agus ar thuairisciú láithreach ar bhonn fíor-ama.

## COSAINT SONRAÍ

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) i bhfeidhm ar an 25 Bealtaine 2018, agus é mar aidhm aige cur chuige caighdeánach a chur i bhfeidhm maidir le Cosaint Sonraí ar fud Bhallstáit uile an Aontais Eorpaigh. Leagtar oibleagáidí fairsinge amach i GDPR maidir le rialaitheoirí sonraí agus le próiseálaithe sonraí agus soláthraíonn sé cosaintí neartaithe don duine is ábhar do na sonraí. Tá GDPR ina iomláine ina cheangal de réir an dlí agus éilíonn sé prionsabail phríobháideachais a úsáid laistigh de gach gné d'oibríochtaí gnó: amhail Príobháideacht trí Réamhshocrú, Príobháideacht trí Dhearadh, trí Cuntasacht agus trí Thrédhearcacht. Cé go bhfuil GDPR infheidhme go díreach mar dhlí i ngach Ballstát den Aontas Eorpach, ceadaíonn sé go dtabharfaí tuilleadh éifeachta do shaincheisteanna áirithe sa dlí náisiúnta. In Éirinn, is é an dlí náisiúnta, a thugann, i measc nithe eile, tuilleadh éifeachta don GDPR, ná an tAcht um Chosaint Sonraí 2018.

Tugadh deis do gach ball foirne freastal ar sheisiúin traenála agus seisiúin eolais faoi na dualgais a ghabhann leis an reachtaíocht seo i ndáil le Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Sanntar an tOifigeach Cosanta Sonraí (DPO) do Sheirbhísí Corparáideacha agus is é an pointe teagmhála é do gach Iarratas Rochtana Ábhar a fhaigheann Comhairle Chontae na Gaillimhe. Feidhmíonn an DPO mar phointe teagmhála na Comhairle le hOifig an Choimisiúin um Chosaint Sonraí chomh maith.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Leanadh ar aghaidh le tosaíocht a thabhairt d'fheidhmiú an Phlean Comhlíonta um Chosaint Sonraí le linn 2023. Díríonn an Plean Comhlíonta seo ar na 7 bPrionsabal um Bainistíocht Sonraí, ar Oibleagáidí Rialaithe Sonraí, agus ar Chearta na nDaoine is Ábhar do na Sonraí. Chun an Plean a chur chun cinn, leanadh ar aghaidh leis an mbéim ar Fheasacht agus Oiliúint Foirne a mhéadú agus ar Bheartais agus Nósanna Imeachta a chur i bhfeidhm in 2023, lena gcruthaítear timpeallacht níos trédhearcaí, níos sláine agus níos iontaofa do na sonraí pearsanta go léir faoinár gcúram.
- Cuireadh an tArdán Bainistíochta Sonraí (PrivacyEngine) i bhfeidhm ar fud na heagraíochta mar uirlis éifeachtach chun comhlíonadh GDPR a bhainistiú agus a chinntiú. Cuireadh feabhsuithe ar an Ardán i bhfeidhm le linn 2023 agus cuireadh feidhmiúlacht nua leis, lena n-áirítear Teimpléid Cláir Oibre. Tá Príomhchosantóir ainmnithe i ngach Aonad den Chomhairle agus bíonn an duine sin freagrach as riachtanais Chosanta Sonraí an Aonaid a chomhordú.
- Lean gach aonad gnó ar aghaidh ag forbairt Fógraí Príobháideachta maidir le gach gníomhaíocht phróiseála agus ag cur na gComhaontuithe Próiseála Sonraí riachtanacha i bhfeidhm a rialaíonn próiseáil sonraí pearsanta sa chás go n-iarrtar ar Phróiseálaí sonraí pearsanta a phróiseáil de réir threoracha na Comhairle.
- Is modúl oiliúna ar líne ionsuite é PrivacyEngine ar baineadh leas as chun cúrsaí oiliúna d'fhostaithe a chruthú agus a bhainistiú chun feasacht mhéadaithe\tuiscint a chinntiú agus rioscaí a laghdú ag an am céanna.
- Seachadadh cúrsaí oiliúna ar líne um Chosaint Sonraí/GDPR do thart ar 800 fostaí in 2023 ar na hábhair seo a leanas:

    - Iarratais Daoine ar a Sonraí
    - Cosaint Sonraí trí Dhearadh agus Réamhshocrú
    - Beartas um Chosaint Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe & Nósanna Imeachta don Chianobair
    - Fógra maidir le Sárú Sonraí
    - Cuirtear oiliúint DGPR ar líne ar fáil do gach fostaí nua Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar chuid dá n-ionduchtú don Chomhairle.
    - Chuir an DPO Oiliúint Feasachta ar Chosaint Sonraí ar fáil ar an láthair do gach ball foirne a bhíonn ag obair lasmuigh ag trí ionad ar fud an Chontae i ráithe 1 de 2023.
    - Chuir an DPO Oiliúint Feasachta ar Chosaint Sonraí ar an láthair ar fáil do gach ball foirne a bhíonn lonnaithe san oifig i ráithe 1 de 2023.
- Chuir an DPO Ceardlann Oiliúna um Chosaint Sonraí/GDPR ar fáil do na Gardaí Tarrthála Trá roimh shéasúr an tsamhraidh.
- Fuarthas 10 n-iarratas um Chearta Ábhar Sonraí suas go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023; glacadh le 9 n-iarratas, diúltaíodh do 1 iarratas toisc nach raibh fáil ar na sonraí pearsanta ar iarradh orthu.
- Fuarthas 2 iarratas ón nGarda Síochána de réir Alt 41. (b) den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Glacadh le 1 iarratas agus diúltaíodh do 1 iarratas toisc nach raibh fáil ar na sonraí pearsanta ar iarradh orthu.
- Fuarthas 2 iarratas inmheánacha de réir Alt 60 (3) (a) (iv) den Acht um Chosaint Sonraí 2018. Glacadh le 1 iarratas agus diúltaíodh do 1 iarratas toisc nach raibh fáil ar na sonraí pearsanta ar iarradh orthu.
- Leanadh ar aghaidh leis an Nuachtlitir Foirne um Chosaint Sonraí, atá deartha chun feasacht ar shaincheisteanna Cosanta Sonraí a chur chun cinn ar fud na heagraíochta, a fhoilsiú in 2023, agus eisíodh eagrán ag deireadh gach ráithe.
- Déantar Acmhainní Inlín na Foirne um Chosaint Sonraí a nuashonrú ar bhonn leanúnach, agus cuirtear naisc úsáideacha agus pointí tagartha ar fáil ann chun comhlíonadh cheanglais Chosaint Sonraí a chinntiú i ngach aonad gnó.
- Fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe Cinneadh Deiridh na gCoimisinéirí Cosanta Sonraí (DPC) maidir le Fiosrúchán an DPC ar cuireadh tús leis in 2018 maidir leis an úsáid a bhaineadh Comhairle Chontae na Gaillimhe as CCTV agus teicneolaíochtaí faireachais eile.
- Ina Chinneadh Deiridh, Chuir an DPC roinnt Cumhachtaí Ceartaitheacha do Chomhairle Chontae na Gaillimhe i bhfeidhm, lena n-áirítear iad seo a leanas:
    - Cosc sealadach ar phróiseáil sonraí pearsanta a fhaightear ó cheamaraí CCTV agus ó cheamaraí ANPR ag roinnt áiteanna, go dtí go bhféadfaí bunús bailí dlí a aithint chuige seo.
    - Cosc sealadach ar phróiseáil sonraí pearsanta ó cheamaraí inchaite, go dtí go bhféadfaí bunús bailí dlí a aithint chuige seo.
    - Ordú do Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta sa Chomhairle a chur i gcomhréir le forálacha GDPR agus na gníomhartha a shonraítear sa chinneadh a chur i bhfeidhm.

Tá an Chomhairle ag obair le cinntiú go gcloítear le Cumhachtaí Ceartaitheacha an DPC.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Beidh Plean Comhlíonta an Tionscadail mar thosaíocht do 2024 arís. Díreofar ar Phrionsabail Bhainistíochta Sonraí, ar Oibleagáidí Rialaithe Sonraí agus ar Chearta Ábhar Sonraí, le tacaíocht ó Fheasacht agus Oiliúint mhéadaithe, agus ó Bheartais agus Nósanna imeachta lena gcruthaítear timpeallacht níos trédhearcaí, níos sláine agus iontaofa do na sonraí pearsanta go léir atá faoinár gcúram.
- Leanfaidh an DPO ar aghaidh ag gníomhú mar phointe teagmhála leis an bpobal maidir le hIarratais Daoine ar a Shonraí agus aon fhaisnéis eile a lorgaítear agus le hOifig an Choimisiúin um Chosaint Sonraí chomh maith.
- Is é an tArdán Bainistíochta Sonraí PrivacyEngine a éascóidh an bhainistíocht ar gach gné de chosaint sonraí laistigh den eagraíocht arís, chun comhlíonadh a léiriú agus fíorluach gnó a sheachadadh, agus déanfar príomhthosaíochtaí de chosaint sonraí agus príobháideachas.
- Leanfar ar aghaidh le hoiliúint GDPR ar líne a sholáthar d'fhostaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe le PrivacyEngine chun feasacht agus tuiscint mhéadaithe a chinntiú agus rioscaí á laghdú ag an am céanna.
- Déanfaidh gach Aonad an Taifead ar Ghníomhaíochtaí Próiseála a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn leanúnach.
- Leanfar ar aghaidh leis an obair chun Fógraí Príobháideachta a fhorbairt agus chun a chinntiú go bhfuil gach Comhaontú Próiseála Sonraí i bhfeidhm i ngach aonad gnó.
- Leanfaidh an DPO ar aghaidh ag cur tacaíochta agus comhairle ar fáil d'aonaid ghnó maidir le Measúnuithe Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) a dhéanamh maidir le haon phróiseáil nua ar dócha go mbeidh riosca ard do shonraí pearsanta mar thoradh uirthi.
- Leanfaidh an DPO ar aghaidh le treoir a thabhairt maidir le Cosaint Sonraí agus GDPR d'aonaid ghnó laistigh de Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus ag an am céanna ag tacú agus ag éascú obair na dteagmhálaithe Cosanta Sonraí i ngach aonad gnó.

## SAORÁIL FAISNÉISE/ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOIN GCOMHSHAOL

Sanntar an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise/Rochtain ar Fhaisnéis faoin Oifigeach Comhshaoil do Sheirbhísí Corparáideacha agus is é an pointe teagmhála é do Chinnteoirí um Shaoráil Faisnéise (FOI) agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (AIE) agus Oifigigh Achomhairc san eagraíocht agus freisin an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus Oifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil. Déantar gach Iarratas um Shaoráil Faisnéise agus AIE a fhaightear a phróiseáil agus a rianú trí Sheirbhísí Corparáideacha agus coinnítear Loga Nochta d'iarratais FOI.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA UM SHAORÁIL FAISNÉISE IN 2023:

Fuarthas 110 iarratas suas go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023. Eisíodh cinntí mar seo a leanas:

- ceadaíodh 26, ceadaíodh cuid de 31, diúltaíodh do 24, aistríodh 3, tarraingíodh 4 siar, tarraingíodh 16 siar agus déileáladh leo lasmuigh de Shaoráil Faisnéise, 6 ag fanacht le cinneadh.

### ROCHTAIN AR FHAISNÉIS FAOIN GCOMHSHAOL GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Fuarthas 33 iarratas go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023. Eisíodh cinntí mar seo a leanas:

- ceadaíodh 13, ceadaíodh cuid de 9, diúltaíodh do 2, tarraingíodh 1 siar, tarraingíodh 2 siar agus déileáladh leo lasmuigh de AIE, 6 ag fanacht le cinneadh.

## DUALGAS NA HEARNÁLA POIBLÍ

Ceanglaítear le hAlt 42(2) (a) den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 ar eagraíocht "measúnú ar na saincheisteanna cearta daonna agus comhionannais a chreideann sí a bheith ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta agus na beartais, pleananna agus gníomhartha atá i bhfeidhm nó atá beartaithe a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin a leagan amach ina plean straitéiseach."

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Roimh an timthriall pleanáil chorparáideach atá le teacht, chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe tionscnamh chun cinn chun Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine (an Dualgas) a chur i bhfeidhm. Bunaíodh grúpa oibre traseagraíochta chun na coinníollacha a chruthú a bheadh riachtanach chun an Dualgas a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil. Is é an príomhchúram atá ar an ngrúpa oibre ná na coinníollacha a chruthú chun an Dualgas a chur i bhfeidhm. Is éard a bhí i gceist leis sin ná oibriú le comhairleoir seachtrach chun bunchlocha tábhachtacha a fhorbairt maidir leis na nithe seo a leanas:

- Ráiteas luachanna maidir le comhionannas agus le cearta an duine a chruthú chun fráma agus tagarmharcanna a sholáthar lena gcuirfear an Dualgas i bhfeidhm;
- Measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna maidir le comhionannas agus le cearta an duine a bhaineann le feidhmeanna Chomhairle Chontae na Gaillimhe, an chéad chéim a éilítear faoin Dualgas; agus
- Plean Forfheidhmithe don Dualgas a dhearadh do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Cinnteoidh an tionscnamh go leanfar ar aghaidh le beartais agus le cleachtais chuimsitheacha agus go gcuirfear bonn eolais faoi chur i bhfeidhm an Dualgais sa timthriall nua pleanáil chorparáideach seo.

I mí Iúil 2023, ghlac an Fhoireann Bainistíochta le Plean Forfheidhmithe Dualgas na hEarnála Poiblí do Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2024:**

Sainaithnítear tosca cumasúcháin sa Phlean Forfheidhmithe Dualgas na hEarnála Poiblí a ghlac Comhairle Chontae na Gaillimhe chun Dualgas na hEarnála Poiblí a chur i bhfeidhm agus leagtar na gníomhartha tosaíochta is gá a chur i bhfeidhm amach ann. Cuirfear an obair sin chun cinn in 2024.

Baileoidh an Grúpa Oibre Corparáideach nuashonruithe ó na hAonaid agus déanfaidh siad tuairisciú ar an gcur chun feidhme ar bhonn leanúnach leis an bhFoireann Bainistíochta agus le saoránaigh sa Tuarascáil Bhliantúil.

Cuirfear nuashonruithe ar fáil do na Comhaltaí Tofa sa Tuarascáil Bainistíochta mhíosúil chomh maith.

## SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ, CUMARSÁID AGUS NA MEÁIN SHÓISIALTA

Lean Seirbhísí Corparáideacha ar aghaidh ag comhordú gníomhaíochtaí seirbhísí custaiméara sa Chomhairle, agus an Fhoireann Seirbhísí do Chustaiméirí ar an gcéad phointe teagmhála don phobal. Táthar ag leanúint leis an Deasc Seirbhísí do Chustaiméirí a oibriú chun láimhseáil éifeachtúil atreoraithe/cuardaigh a chur ar fáil do chustaiméirí agus iad ag dul isteach in Áras an Chontae. Tá an tseirbhís ghutháin fós á hoibriú as seo, le tacaíocht ón Ionad Cumarsáide Seirbhísí do Chustaiméirí ar an dara hurlár in Áras an Chontae chomh maith.

- Tá úsáid mhéadaithe na Meán Sóisialta (Twitter, Facebook agus Instagram) ag fás agus ag forbairt i gcónaí.
- Rinneadh na Meáin Shóisialta a chomhtháthú le Feachtais Fógraíochta agus Feachtais Chur Chun Cinn eile de chuid na Comhairle agus tugadh aird ar leith ar úsáid na Meán Sóisialta le linn imeachtaí drochaimsire. Tháinig méadú ar líon na dteachtaireachtaí a postáladh thar ceann na foirne agus fócas ar Oibreacha Bóthair, ar imeachtaí a chur isteach ar Sheirbhísí Uisce agus ar imeachtaí eile a tharla ó lá go lá ar fud an Chontae.
- D’fhorbair an Rannóg Chumarsáide an clár don fheachtas náisiúnta Twitter ‘Do Lá Comhairle’, arna chomhordú ag LGMA.

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

- Tá na seoltaí ríomhphoist, customerservices@galwaycoco.ie agus gaeilge@cocogaillimh.ie fós ina lárphointí rochtana ar fhaisnéis don Fhoireann agus do Chustaiméirí araon. Iarrtar ar bhaill foirne eolas a sholáthar maidir le tionscadail, feachtais, imeachtaí, oibreacha srl. ionas go mbeidh an Fhoireann Seirbhísí do Chustaiméirí ar an eolas faoi na himeachtaí atá ar siúl ar fud na Comhairle agus go mbeidh ar a gcumas ceisteanna a fhreagairt ina leith. Is féidir leis an bpobal i gcoitinne na seoltaí ríomhphoist seo a úsáid freisin le haghaidh ceisteanna ginearálta. Aithnítear na ceisteanna agus seoltar iad chuig na rannóga ábhartha de réir mar is cuí le go mbeidh an rannóg ábhartha in ann freagra díreach a chur ar ais.
- Soláthraíodh faisnéis maidir le seirbhísí agus oibríochtaí na Comhairle agus tugadh comhairle faoi conas a d’fhéadfadh an pobal dul i dteagmháil leis an bhfoireann agus le seirbhísí.
- Is iad Seirbhísí do Chustaiméirí an pointe lárnach teagmhála thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe do thairseach nua an Rialtais do Chomhairliúcháin Phoiblí.

- Leanann Seirbhísí do Chustaiméirí ar aghaidh ag cothabháil an chórais rochtana dorais agus charrchlóis thar ceann an Aonaid Foirgníochta agus Áiseanna.
- Tugadh isteach córas teileafóin nua Luware Nimbus le go mbeidh sé níos fusa rochtain a fháil ar na baill foirne go léir.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Leanúint ar aghaidh le comhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí de réir spriocanna agus spriocanna comhaontaithe sa Straitéis um Sheirbhísí Ardchaighdeáin do Chustaiméirí.
- Brandáil agus teimpléid chaighdeánacha tuairisce a fhorbairt le húsáid ag gach ball foirne i gComhairle Chontae na Gaillimhe
- Leanúint ar aghaidh le cruinnithe Ghrúpa na nOifigeach Seirbhísí do Chustaiméirí a thionóladh, le comhroinnt faisnéise agus le comhghníomhaíochtaí ar fud rannóga na Comhairle.
- Leanúint ar aghaidh ag díriú ar fhorbairt úsáid na Comhairle Contae as na Meáin Shóisialta mar fhoinse eolais agus mar bhealach cumarsáide éifeachtach do chustaiméirí.

## GNÍOMHAÍOCHT INIÚCHTA INMHEÁNACH

Is gníomhaíocht neamhspleách, oibiachtúil dearbhaithe agus comhairliúcháin í an t-iniúchadh inmheánach, atá deartha chun luach breise a chur ar oibríochtaí na heagraíochta agus iad a fheabhsú. Cabhraíonn sé le heagraíocht a cuspóirí a bhaint amach trí chur chuige córasach smachtaithe a thabhairt isteach chun éifeachtúlacht an phróisis bhainistíochta riosca, rialaithe agus rialachais a mheas agus a fheabhsú.

Tá an tAonad Iniúchta Inmheánach freagrach as dearbhú a sholáthar do Phríomhfheidhmeannach na Comhairle maidir le leordhóthanacht agus héifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh agus bhainistíocht riosca na Comhairle. Tá clár oibre an Iniúchta Inmheánaigh á stiúradh ag an bplean Iniúchta Inmheánach bliantúil a dhréachtaítear i gcomhar leis an bhFoireann Feidhmiúcháin agus leis an gCoiste Iniúchta.

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

- Tugadh sé thuarascáil Iniúchta chun críche de réir an Phlean Iniúchta Inmheánaigh 2023, agus tá cúig athbhreithniú iniúchta inmheánach fós ar siúl.
- Rinneadh seiceáil ar bhonn ráithiúil ar fháltais na hoifige airgid, ar lóisteálacha agus ar admhálacha cealaithe.
- Déantar seiceáil ar bhonn thréimhsiúil i gceanncheathrú na hOifige Mótarchánach (MTO) in Áras an Chontae agus déantar seiceálacha ar bhonn leathbhliantúil ag MTO na Ceathrún Rua agus i mBéal Átha na Sluaighe.
- Déantar athbhreithniú bliantúil ar fháltais agus ar lóisteálacha reilige.
- Seiceáil thréimhsiúil ar phionóis úis ar íocaíocht phras.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Plean Iniúchta Inmheánach 2024 a dhréachtú le faomhadh ag an gCoiste Iniúchóireachta agus ag an bPríomhfheidhmeannach
- Athbhreithniú a dhéanamh ar mholtaí a rinneadh ar Thuarascálacha Iniúchta 2023.
- Obair an Choiste Iniúchta /riarachán cruinnithe agus rannpháirtíocht ag cruinnithe líonra na nIniúchóirí Inmheánacha réigiúnacha agus náisiúnta a éascú.
- Iniúchtaí a thabhairt chun críche de réir Phlean Iniúchta 2024.
- Na ceanglais faoin Dearbhú Cáilíochta den Chód Caiteachais Poiblí a chomhlíonadh.
- Leanúint ar aghaidh leis an obair ar chomhlíonadh beartais agus ar thástálacha luach ar airgead.
- Monatóireacht a dhéanamh ar bhonn ráthúil ar cheannacháin, ag baint úsáide as Cártaí Ceannaigh ar Luach Íseal agus Cártaí Breosla.
- Seiceáil a dhéanamh ar bhonn thréimhsiúil san Oifig Mótarchánach agus Airgid/Pionóis Úis ar Íoc Pras & sruthanna ioncaim ilghnéitheacha eile faoi réir na hacmhainní atá ar fáil.

## SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEACHA DLÍ

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Lean an Roinn ar aghaidh ag soláthar seirbhísí dlí agus comhairleacha do gach réimse clár agus don lucht stiúrthóireachta. I measc na seirbhísí seo bhí éadáil agus díol maoine, réimse cleachtais atá tar éis filleadh ar na gnáthleibhéil ó phaindéim Covid agus stiúradh dlíthíochta chun ionchúisimh forfheidhmithe Cúirte Dúiche, na Cúirte Cuarda agus na hArdchúirte a thabhairt san áireamh, lena n-áirítear Athbhreithniú Breithiúnach. Réimsí suntasacha oibre don Aonad Gníomhaire Dlí ab ea iad éadálacha talún, CPOnna ar bhealaí idir-uirbeacha, agus scéimeanna leathnaithe bóithre a thabhairt chun críche chomh maith.
- Rinneadh an nuashonrú is cuimsithí ar an gCóras Bainistíochta Cásanna le blianta beaga anuas, a éascaíonn úsáid teimpléid chun sreafaí oibre a chruthú chun seirbhísí dlí a sheachadadh go héifeachtúil agus go costéifeachtach. Tugadh an nuashonrú seo chun críche i mí na Samhna 2023.
- Leanadh ar aghaidh leis an obair ar Chlár Tailte na Comhairle, i gcomhar le comhpháirtithe in aonaid eile amhail IT, Airgeadas agus Tithíocht. Tá dul chun cinn suntasach déanta i dtéarmaí an Chláir Leasa Maoine, agus go deimhin maidir le seanchomhaid a Chartlannú. Baineadh leas as an gCianobair chuige seo, cleachtas a chabhraigh le hardtáirgiúlacht foirne a chinntiú sa réimse seo i gcúinsí Obair Chumaisc. Ceadaíodh maoiniú don chóras nua bainistíochta IS agus chuaigh Oifig na nGníomhairí Dlí i dteagmháil le soláthraithe seirbhíse éagsúla d’fhonn tabhairt isteach an chórais nua seo a thabhairt chun críche. Ceadaíodh soláthar foirne d’Aonad Cláraithe Leasa Maoine nua chomh maith, agus aithníodh baill foirne tosaigh. Tá sé seo ag teacht le riachtanais an Iniúchóra Rialtais Áitiúil.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Díriú ar agus leanúint ar aghaidh leis na hiarrachtaí chun seirbhísí éifeachtúla comhairleacha dlí a sholáthar do gach réimse clár ar fud na heagraíochta.
- Leanúint ar aghaidh leis an iarracht shuntasach chun riachtanais na Comhairle a chomhlíonadh i dtéarmaí na Rialachán nua um Chosaint Sonraí, chun Mapáil Sonraí agus Rialú Riosca a chur san áireamh. Tá ionadaí sonrach GDPR agus FOI ceaptha againn don aonad ó fhoireann aturnaetha na Comhairle chuige seo. Cuirfear oiliúint nuashonraithe ar bhaill foirne laistigh den aonad i rith na bliana i gcomhar le hAcmhainní Daonna.
- Leanfar ar aghaidh ag cruthú sreafaí oibre don Chóras Cásbhainistithe, ag cur tuilleadh feabhais ar sholáthar oibre agus ar acmhainn. Beimid ag féachaint freisin leis na buntáistí a bhaineann leis an gcóras tábhachtach seo a uasmhéadú de réir mar a leanann forbairt chleachtas Cianoibre fhoireann na Comhairle ar aghaidh. Leanfaidh an fhoireann ar aghaidh lena n-iarrachtaí chun an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an gcóras seo in 2024 tar éis dóibh oiliúint shonrach uasghrádaithe a fháil go déanach in 2023.
- Cinnteoimid go gcuirfear an oiliúint chuí ar bhaill foirne na Comhairle, le go mbeidh siad cothrom le dáta maidir le forbairtí sa Dlí Rialtais Áitiúil agus i mBainistíocht Oifige.
- Beidh an obair leanúnach ar Chlár na dTailte fós ina réimse tosaíochta oibre agus é mar aidhm dheiridh don Chomhairle, na taifid maidir le húinéireacht réadmhaoine a bheith iomlán cothrom le dáta. Is príomhsprioc d'Oifig na nGníomhairí Dlí i Ráithe 1 de 2024 é cur i bhfeidhm an chórais nua Bainistíochta IS agus bunú an Aonaid Chláir leasa Maoine nua a chur i gcrích.
- Beidh earcaíocht chun foireann na bhfostaithe Gníomhaire Dlí a ais-líonadh agus a chur i gcrích, ríthábhachtach go luath in 2024 chun soláthar éifeachtúil seirbhísí dlí agus comhairleacha don chomhairle a chosaint agus a chinntiú.

## BONNEAGAR AGUS OIBRÍOCHTAÍ DÓITEÁIN & MÓRSHEIRBHÍSÍ ÉIGEANDÁLA

Níl fógra faighte fós maidir le deontais do 2024 ó Bhonneagar Iompair Éireann (TII) agus ón Roinn Iompair, (DOT). Mar sin tá na figiúirí atá san áireamh sa bhuiséad do 2024 i gcomhréir le leithdháileadh deontais 2023. Dáiltear leithdháiltí Deontais Bóthair i measc an Cheantair Bhardasaigh bunaithe ar líon KM na mbóithre laistigh den cheantar agus i gcomhréir leis an gClár Oibreacha Bóthair 3 bliana (is í 2024 an bhliain deiridh den Chlár).

**Fad na mBóithre in aghaidh an Cheantair Bhardasaigh**

| Ceantar Bardasach | Mótarbhealach | Príomhbhóthar Náisiúnta | Bóthar Náisiúnta den Dara Grád | Réigiúnach | Áitiúil |
|---|---|---|---|---|---|
| **Baile Átha an Rí/Órán Mór** | 31.82 | 2.17 | 29.86 | 86.15 | 555.40 |
| **Béal Átha na Sluaighe** | 16.85 | 0.00 | 30.13 | 218.37 | 1,350.98 |
| **Conamara** | 0.00 | 0.00 | 109.60 | 229.40 | 1,142.68 |
| **Baile Locha Riach** | 51.26 | 0.00 | 60.34 | 271.68 | 1,626.50 |
| **Tuaim** | 14.15 | 20.95 | 61.41 | 94.06 | 937.44 |
| **Iomlán** | **114.08** | **23.12** | **291.34** | **899.66** | **5,613.00** |

### BÓITHRE NÁISIÚNTA - GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023

Cuireadh maoiniú ar fáil in 2023 chun dul chun cinn agus seachadadh leanúnach an ghréasáin Bóithre Náisiúnta ar fud an chontae a éascú. Tá na tionscadail seo a leanas á mbainistiú ag Oifig Thionscadal na mBóithre Náisiúnta agus déantar na costais a bhaineann leis an gclár seo a fhorchúiteamh, ina n-iomláine, ó Bhonneagar Iompair Éireann:

| Uimhir Bhóthair Náisiúnta. | Rannóg an Bhealaigh |
|---|---|
| N6 | Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe |
| N59 | Clochán go dtí an Teach Dóite |
| N59 | Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn |
| N59 | An Teach Dóite go hUachtar Ard |
| N63 | Athailíniú Lios go dtí an Mainistir |
| N17 | Athailíniú Bhaile an Mhuilinn go Gort na Gonaide |
| N84 | Gaillimh go dtí an Currach Mór |
| Glasbhealaí | Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Luain<br>Glasbhealach Chonamara |

| | |
|---|---|
| Taisteal Gníomhach | AT- N63 Sráidbhaile Mhainistir Chnoc Muaidhe<br>AT-N67 Baile an Doirín go hÓrán Mór<br>AT-N67 Sráidbhaile Chinn Mhara<br>AT-N67 Ó dheas ó Bhaile an Doirín |

- N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe (GCRR) - I mí na Nollag 2021, cheadaigh an Bord Pleanála an N6 GCRR (le coinníollacha agus modhnuithe). Rinneadh trí Athbhreithniú Bhreithiúnacha ag déanamh agóide i gcoinne chinntí an Bhoird Pleanála a cheadaigh an N6 GCRR, agus i mí Eanáir 2023 rinne an Ard-Chúirt orduithe deiridh sna 3 shraith imeachtaí sin a chuir cinntí an Bhoird Pleanála ar neamhní. Chuir an Ard-Chúirt na hiarratais ar fhaomhadh an N6 GCRR ar ais chuig an mBord Pleanála lena mbreithniú tuilleadh.

- Tá cead pleanála tugtha don stráice ón Teach Dóite go hUachtar Ard agus tá sé á chur ar aghaidh in dhá chéim. Céim 1 - An Teach Dóite go Bun an Choill críochnaithe. Bhí Céim 2 - Bun an Choill go dtí an Clár Mór ina hábhar plé leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus le hIascach Intíre Éireann (IFI). Tá éadáil talún don scéim seo fós ag dul ar aghaidh.

- Taispeánadh 'Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Luain – Rogha Bealaigh' ag imeachtaí Faisnéise Poiblí i gceithre ionad i Márta 2023 agus rinneadh dul chun cinn ar an obair do dhearadh Chéim 3. I Ráithe 3, chuir RPS Consulting Engineers comhairle ar Chomhairle Contae na hIarmhí (an Príomhúdarás). Lorg siad foirceannadh frithpháirteach faoin gconradh le héifeacht láithreach. Tá Comhairle Contae na hIarmhí *thar ceann na n-údarás áitiúil rannpháirteach agus TII* ag fiosrú cineálacha éagsúla cur chuige chun an scéim a chur chun cinn trí na próisis deartha agus meastóireachta comhshaoil. Tá teagmháil á dhéanamh leis an bpobal agus idirchaidreamh á dhéanamh le húinéirí talún faoi láthair.

- N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn – Cuireadh deireadh leis an bpróiseas tairisceana don scéim seo ag deireadh 2021 nuair a ceapadh Wills Bros Ltd mar phríomhchonraitheoir. I measc phríomhghnéithe na scéime seo tá 4.6km de charrbhealach singil Chineál 1, athailíniú Bhóithre Chaladh an Chnoic & Homefarm ar feadh 1.3km, 1.7km de bhóithre feirme/cóiríochta, 2 thimpeallán chomhréidhe agus 8 struchtúr ina bhfuil 5 dhroichead, 2 íosbhealach agus 1 lintéir.
  Rinneadh dul chun cinn maith ar oibreacha i rith 2023 agus ba é príomhfhócas na ngníomhaíochtaí tógála i rith na bliana ná an créfort ar fad, struchtúr droichead agus íosbhealach, draenáil, oibreacha fóntais, dromchlú pábhála agus oibreacha cóiríochta a chur i gcrích. Táthar ag súil go gcuirfear críoch shubstaintiúil leis an scéim seo i dtreo dheireadh na bliana agus go n-osclófar an scéim ina dhiaidh sin do thrácht. Seachnófar sráidbhaile

Mhaigh Cuilinn mar thoradh seo agus gheofar réidh leis an mbrú tráchta sa sráidbhaile, a bhíodh ar cheann de na sráidbhailte is measa i nGaillimh ó thaobh plódú tráchta de.

- N63 Scéim Athailínithe Lios go Mainistir – D'fhaomh an Bord Pleanála an Scéim i mBealtaine 2023. Tá comhairleoirí do Chéimeanna 5,6 & 7 le ceapadh faoi mhí na Nollag 2023 agus beidh doiciméid tairisceana tógála á n-ullmhú in 2024.

- N84 Gaillimh go dtí an Currach Mór – Ceapadh comhairleoirí i mBealtaine 2023 chun Céimeanna 0,1,2 de Threoirlínte Bainistithe Tionscadal (PMGanna) TII a dhéanamh. Meastar go gcríochnófar Céim 0 faoi dheireadh 2023.

- N17 Baile an Mhuilinn go Gort na Gonaide – Cuireadh iarratais ar fhaomhadh CPO agus Ráiteas Tionchair Natura faoi bhráid an Bhoird Pleanála agus ceadaíodh an dá iarratas i Márta agus Deireadh Fómhair 2022 faoi seach. Tá an CPO deimhnithe. Tá éadáil talún ar siúl. Tá imscrúdú talún agus imscrúduithe Seandálaíochta ar bun.

- Gaillimh go dtí an Clochán (Glasbhealach Chonamara) – tá tógáil ar bun ar stráicí idir an Clochán agus Sraith Salach.

- Gaillimh go hUachtar Ard (Glasbhealach Chonamara) – tá comhairleoirí ceaptha chun an scéim seo a chur chun cinn trí chéimeanna 0-4 de Threoirlínte Bainistithe Tionscadal TII. Ag Céim 2 faoi láthair. Ag fanacht le Faomhadh Geata ó TII chun tús a chur le táirgí insoláthartha Chéim 3.

- Tugadh faoin gclár bliantúil athdhromchlaithe agus cothabhála do na bealaí Náisiúnta sa chontae de réir an bhuiséid d'oibreacha cothabhála Bhonneagar Iompair Éireann.

- Tugadh faoi chlár iomlán oibreacha Forleagan Pábhála ar an nGréasán Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Tánaisteacha Náisiúnta i gcomhthéacs leithdháiltí deontas 2023 ó Bhonneagar Iompair Éireann.

- Scéimeanna Taisteal Gníomhach (AT) – Tá 4 scéim Taisteal Gníomhach á gcur chun cinn ag an NRPO faoi láthair: N67 Ó dheas ó Bhaile an Doirín AT, N63 Sráidbhaile Mhainistir Chnoc Muaidhe AT, N67 Sráidbhaile Chinn Mhara AT agus N67 Sráidbhaile Bhaile an Doirín AT.

## BÓITHRE NÁISIÚNTAMOLTAÍ DO 2024

- N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn – Faoi réir Críoch Substaintiúil a bhaint amach d'oibreacha tógála na scéime, déanfar monatóireacht ar na hoibreacha le linn na tréimhse dliteanais lochtanna agus beidh ar an gConraitheoir aon fhabht & locht a thiocfaidh chun solais a dheisiú agus a chur i gcrích. Ullmhófar agus comhaontófar cuntas deiridh. Leanfar ar aghaidh le dul i ngleic leis na lonnaíochtaí talún atá fágtha chomh maith.
- N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe – Tá an scéim curtha ar ais chuig an mBord Pleanála. Táthar ag súil le hIarratas ar Eolas Breise ón mBord Pleanála. Déanfaidh

Comhairle Chontae na Gaillimhe an t-iarratas a fhreagairt chomh críochnúil agus chomh tapa agus is féidir aon iarratas den sórt seo a fhreagairt.

- Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Luain - Teagmháil leis an bpobal agus idirchaidreamh le húinéirí talún le leanúint ar aghaidh. Céim 3, dearadh, agus meastóireacht comhshaoil ar an rogha bealaigh le leanúint ar aghaidh nuair a choimisiúnaítear Comhairleoirí.

- An N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara – Leanfar ar aghaidh ag tabhairt aghaidh ar lonnaíochtaí talún nach bhfuarthas go fóill in 2024.

- N59 Bun na Cille go Claremont - Leanfar ar aghaidh leis na ráitis mhodha do chéim na tógála a chur chun cinn. Leanfar ar aghaidh le réamhchonarthaí le haghaidh oibreacha imscrúdaithe talún agus le suirbhéanna topagrafacha agus imscrúduithe seandálaíochta a chur chun cinn agus a chur i gcrích.

- N63 Athailíniú ón Lios go dtí an Mhainistir – Táthar ag súil go gcuirfear cáipéisí tairisceana tógála chun cinn in 2024.

- N63 Mainistir Chnoc Muaidhe go Cnoc an Eanaigh – Leanfar ar aghaidh le lonnaíochtaí talún nach bhfuarthas go fóill a chur chun cinn i rith 2024.

- An N84 ó Ghaillimh go dtí an Currach Mór – Déanfaidh na comhairleoirí an Tionscadal seo a chur chun cinn trí Chéim 1 & Céim 2 de PMGanna TII in 2024.

- N17 Scéim Athailínithe Bhaile an Mhuilinn go Gort na Gonaide – leanúint ar aghaidh le héadáil talún agus dearadh mionsonraithe a chur chun cinn, agus ullmhú na gcáipéisí tairisceana tógála a chur i gcrích.

- Glasbhealach ó Ghaillimh go dtí an Clochán - An stráice 6km ón gClochán go Sraith Salach a chur i gcrích agus a oscailt don phobal. Tá éadáil talún ar bun faoi láthair.

- Tabharfar faoin gclár bliantúil athdhromchlaithe agus cothabhála a chuimseoidh gnáthchothabháil, cothabháil geimhridh, cothabháil droichead agus cothabháil soilsiú bealaí tráchta laistigh de theorainneacha an mhaoinithe atá ar fáil ó Bhonneagar Iompair Éireann.

- Ina theannta sin, leanfar ar aghaidh le clár na n-oibreacha Forleagan Pábhála ar an nGréasán Náisiúnta Príomhbhóithre agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád faoi réir leithdháiltí deontais 2024 ó Bhonneagar Iompair Éireann.

- Scéimeanna Taisteal Gníomhach (AT) – leanúint ar aghaidh leis na scéimeanna seo a leanas a chur chun cinn tríd an bpróiseas toilithe pleanála; N67 ó dheas ó Bhaile an Doirín AT, N63 Sráidbhaile Mhainistir Chnoc Muaidhe AT, N67 Sráidbhaile Chinn Mhara AT agus N67 Baile an Doirín go dtí Órán Mór AT.

## OIBREACHA COTHABHÁLA AGUS FEABHSAITHE BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA

B'ionann leithdháileadh iomlán deontais 2023 do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla agus **€39,329,263** agus rannaíodh an leithdháileadh deontais seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

| Catagóir an Deontais | Leithdháileadh 2023 |
|---|---|
| **Deontas Feabhsúcháin Athchóirithe** | **€20,455,000** |
| **Deontas um Chothabháil Athchóirithe** | **€2,986,500** |
| **Cothabháil Athchóirithe Forlíontach** | **€2,346,500** |
| **Deontas Cothabhála Lánroghnach** | **€5,659,500** |
| **Deontais Feabhsúcháin Shonracha – Clár Athshlánaithe Droichead** | **€630,000** |
| **Deontais Feabhsaithe Sábháilteachta Ísealchostais** | **€418,400** |
| **Deontais Feabhsúcháin Shonracha** | **€1,000,000** |
| **Bóithre Straitéiseacha Réigiúnacha agus Áitiúla** | **€1,100,000** |
| **Teorainneacha Luais – Tithíocht/Comharthaíocht** | **€79,830** |
| **Oiliúint** | **€128,000** |
| **Oibreacha Draenála** | **€1,397,500** |
| **Scéim Rannpháirtíochta Pobail** | **€1,131,840** |
| **Iarbhóithre Náisiúnta** | **€775,000** |
| **An t-Innéacs um Chaighdeán Dromchla Pábhála (*PSCI): Tacaíocht Suirbhé** | **€ 52,000** |
| **Oiriúnú Aeráide & Athléimneacht** | **€1,131,840** |
| **FORIOMLÁN** | **€39,329,263** |

***An t-Innéacs um Chaighdeán Dromchla Pábhála***

## FEABHSÚ ATHCHÓIRITHE (RI) - GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023

Leithdháil an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maoiniú **€20,455,000** le haghaidh oibreacha atógála bóithre ar bhóithre Neamh-Náisiúnta in 2023. Leithdháileadh an maoiniú seo mar seo a leanas agus éascaíodh oibreacha feabhsúcháin ag 241 láthair ar fud an Chontae dá bharr:

| ***Feabhsú Athchóirithe 2023*** | | |
|---|---|---|
| **Ceantar Bardasach** | **Líon na suíomhanna** | **Leithdháileadh** |
| **Baile Átha an Rí/Órán Mór** | 17 | €2,014,984 |
| **Béal Átha na Sluaighe** | 46 | €4,929,024 |
| **Conamara** | 86 | €4,309,437 |
| **Baile Locha Riach** | 45 | €5,961,815 |
| **Tuaim** | 47 | €3,239,741 |
| **Iomlán** | **241** | **€20,455,000** |

Ba í 2023 an dara bliain den chlár bóithre Ilbhliantúla (RI) 2022-2024. Cuireadh an clár seo le chéile i gcomhar leis na comhaltaí tofa agus d'fhaomh na Comhairlí Ceantair Bhardasacha é i mí Dheireadh Fómhair 2021. Bhí an clár seo mar bhonn leis na hoibreacha beartaithe d'oibreacha Feabhsúcháin Athchóirithe don tréimhse trí bliana 2022 go 2024.

### FEABHSÚ ATHCHÓIRITHE (RI) - MOLTAÍ LE HAGHAIDH 2024:

Cuirfear clár oibreacha feabhsúcháin athchóirithe i gcrích nuair a gheofar fógra i ndáil le maoiniú 2024 agus déanfar é a mhionsonrú i gClár Bliantúil na mBóithre 2024.

## COTHABHÁIL ATHCHÓIRITHE (RM) - GNÍOMHAÍOCHTAÍ IN 2023:

Leithdháil an Roinn Iompair **€5,333,000** le haghaidh Cothabháil Athchóirithe (cóiriú dromchla). Leithdháileadh é mar seo a leanas agus éascaíodh oibreacha cóirithe dromchla ag 152 láthair ar fud an Chontae dá bharr:

| *Cothabháil Athchóirithe 2023* | | |
|---|---|---|
| **Ceantar Bardasach** | **Líon na Suíomhanna** | **Leithdháileadh** |
| **Baile Átha an Rí/Órán Mór** | 12 | €525,344 |
| **Béal Átha na Sluaighe** | 44 | €1,285,088 |
| **Conamara** | 38 | €1,123,551 |
| **Baile Locha Riach** | 32 | €1,554,356 |
| **Tuaim** | 26 | €844,661 |
| **Iomlán** | **152** | **€ 5,333,000** |

## COTHABHÁIL ATHCHÓIRITHE (RM) - MOLTAÍ DO 2024:

Cuirfear clár oibreacha cothabhála athchóirithe i gcrích nuair a gheofar fógra maidir le maoiniú 2024 agus déanfar é a mhionsonrú i gClár Bliantúil na mBóithre 2024.

## SCÉIMEANNA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL

Mar chuid de leithdháileadh do Bhóithre Réigiúnacha & Áitiúla 2023, cheadaigh an Roinn Iompair maoiniú ar luach **€1,131,840** agus cuireadh 20 tionscadal ón liosta tosaíochta a cuireadh isteach in 2021 chun cinn dá bharr. Tá obair ar siúl go fóill do na scéimeanna seo, agus táthar ag súil lena dtabhairt chun críche faoin spriocdháta leithdháilte maoinithe ar an 30 Samhain 2023.

Lorg an Roinn iarratais ar Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail 2024/2025 faoi Chiorclán RW13/2023. Tá aighneacht curtha faoi bhráid na Roinne le haghaidh maoinithe do 2024 agus 2025 ar luach **€5,519,224**. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag fanacht ar athbhreithniú ón Roinn ar iarratais a cuireadh isteach. Cuirfear clár oibreacha do 2024 i gcrích nuair a gheofar fógra maidir le maoiniú 2024.

## IARBHÓITHRE NÁISIÚNTA

Fuarthas **€775,000** san iomlán in 2023 do dhá stráice ar leith d'iarbhóthar náisiúnta an R446 idir Gaillimh agus Baile Átha Cliath. Cuireadh na hoibreacha seo i gcrích. Tá aighneacht curtha faoi bhráid na Roinne le haghaidh maoinithe in 2024 faoin gcatagóir deontais seo ar luach **€1,625,000** do na bóithre seo a leanas; R446 (iar-N6 - dhá stráice), R458 (iar-N18 - dhá stráice) agus R354 (iar-N63 - stráice amháin).

## DEISIÚCHÁIN AR BHÓITHRE DEN TRÍÚ GRÁD (DG)

Leanadh ar aghaidh le hinfheistíocht i ndeisiú bóithre áitiúla den tríú grád in 2023 agus cuireadh leithdháileadh áirithe ón Deontas Lánroghnach (DG) ar leataobh do na bóithre sin go sonrach. Leithdháileadh **€900,000** san iomlán go sonrach ar an gcatagóir seo a chuir ar chumas na Comhairle oibreacha feabhsúcháin athchóirithe a dhéanamh ar 41 bhóthar áitiúla den tríú grád i gContae na Gaillimhe.

| **Clár Beartaithe um Athshlánú Droichead 2024**<br>***Faoi réir fhaomhadh na Roinne** | | | |
|---|---|---|---|
| ***Tosaíocht*** | ***Uimhir Bhóthair*** | ***Ainm agus Suíomh an Droichid*** | ***2024 Caiteachas Beartaithe €*** |
| **1** | R336 | Droichead Thír na Cille | €20,000 |
| **2** | R446 | Droichead na Suca (Thoir) | €20,000 |
| **3** | L-53221 | Droichead Chromghlinn Thoir 4 | €20,000 |
| **4** | L-3111 | Droichead na Leice Léithe | €20,000 |
| **5** | L-6143 | Droichead Machaire 1 | €200,000 |
| **6** | L-3117 | Droichead Chorr Mhic Dhuach (An Chloch) | €200,000 |
| **7** | L-6447 | Droichead Chill tSeanbhoithe 2 | €40,000 |
| **8** | L-46031 | Droichead an Phoill Bhuí | €30,000 |
| **9** | L-2307 | Droichead an tSráidbhaile Nua | €30,000 |
| **10** | L-6331 | Droichead Bhaile an Rí | €15,000 |
| **11** | L-2314 | Droichead Thuaim an Chait | €25,000 |
| **12** | L-7152 | Droichead Bhaile na nUltaí | €20,000 |
| **13** | L-2208 | Droichead Belmont 1 | €25,000 |
| **14** | L-85381 | Droichead Creig an Róistigh 2 | €150,000 |
| ***Iomlán*** | | | ***€ 815,000*** |

Tá sé beartaithe leanúint ar aghaidh ag leithdháileadh cuid ar leith den Deontas Lánroghnach ar oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre den Tríú grád. Cuirfear clár oibreacha cothabhála athchóirithe i gcrích nuair a gheofar fógra i ndáil le maoiniú 2024.

## ATHSHLÁNÚ AGUS DEISIÚCHÁN DROICHEAD

Maoiniú 12 droichead (7 ndearadh & oibreacha ag 5 shuíomh) ar luach **€630,000**, san iomlán, faoin gClár Athshlánúcháin Droichead in 2023. Tá na dearaí agus na hoibreacha seo ar siúl faoi láthair. Cuirfear iad i gcrích faoi dheireadh mhí na Samhna. Aontaíodh ath-leithdháileadh maoinithe leis an Roinn i mí Lúnasa 2023 nuair a tháinig sé chun solais nach bhfuarthas cinneadh in am maidir le pleanáil ABP do cheann de na droichid (Droichead Fhormaoile, Seanadh Phéistín). Baineadh úsáid as an maoiniú ath-leithdháilte chun 2 dhroichead eile a athshlánú agus chun fásra a bhaint ag 21 dhroichead. Cuireadh oibreacha deisiúcháin droichead i gcrích ar 14 dhroichead eile, ar leithdháileadh maoiniú **€395,000** orthu ón Deontas Lánroghnach.

I gcomhréir le ciorclán RW17/2023, tugadh cuireadh do gach údarás áitiúil iarratais a chur isteach ar oibreacha athshlánaithe agus deisiúcháin droichead. Ní ceart go sáróidh an maoiniú luach níos mó ná 130% de leithdháileadh 2023. Bunaithe air seo agus ar na hacmhainní atá ar fáil chun na hoibreacha a dhéanamh in 2024, cuireadh aighneacht faoi bhráid na Roinne le haghaidh 14 dhroichead (4 dhearadh & obair ag 10 suíomh) lena gceadú, arbh fhiú **€815,000** san iomlán iad. Tá sonraí faoi na tionscadail athshlánaithe droichead atá beartaithe do 2024 leagtha amach sa tábla thíos.

Tá sé i gceist ag an gComhairle leanúint ar aghaidh le foráil a dhéanamh i ndáil le leithdháileadh an Deontais Lánroghnaigh le haghaidh deisiúcháin droichead ar luach suas le **€395,000** do 2024. Beidh sé seo ag brath ar an leibhéal maoinithe a chuiridh an Roinn ar fáil. Léireofar sonraí iomlána na n-oibreacha faofa i gClár na mBóithre 2024.

Ní mór méid oibre a bheith curtha i gcrích le haghaidh iarratas ar mhaoiniú deontais, chun féidearthacht agus srianta a bhaineann le tionscadal ar leith a mheas. Cinnteoidh infhaighteacht buiséid chun tabhairt faoin obair seo go mbeidh píblíne inbhuanaithe d'oibreacha tosaíochta i bhfeidhm.

## DEONTAIS FEABHSÚCHÁIN SHONRACHA (SIG)

Fuarthas leithdháileadh sonrach deontais feabhsúcháin ar luach **€1,000,000** san iomlán do thionscadail in 2023:

- R374 Cabhsaí agus Droichid
- R332 Cill Bheanáin
- R339 Belville

Lorgóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe maoiniú chun leanúint ar aghaidh leis na scéimeanna seo in 2024. Tá iarratas curtha faoi bhráid na Roinne chomh maith ar Dheontas Feabhsúcháin Sonrach nua do Chuan na Loinge i gConamara.

## DEONTAIS STRAITÉISEACHA BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA

Cuireadh leithdháileadh ar luach **€ 1,100,000** ar fáil do Chuarbhóthar Thuaidh Bhaile Átha an Rí in 2023. Deimhníodh CPO do Chuarbhóthar Thuaidh Bhaile Átha an Rí – Stráice an Iarthair níos luaithe in 2023. Eisíodh fógraí gnóthaíochta eisithe leis na húinéirí talún lena mbaineann siad. I rith na bliana, d'fhaomh an Roinn uasghrádú ar cheann de na poist innealtóireachta ar an scéim seo agus ceapadh innealtóir buan chun seachadadh an tionscadail seo a éascú.
Tá tús curtha leis na doiciméid tairisceana le haghaidh na n-oibreacha tógála ar an stráice seo a ullmhú. Tá dearadh mionsonraithe á dhéanamh fós don stráice thoir i dtreo Bhóthar Mhuine Mheá. Ceapadh Iarnród Éireann chun dearadh mionsonraithe an droichid iarnróid a chur i gcrích. Dheimhnigh an Roinn a tiomantas leanúnach don tionscadal seo agus táthar ag súil le leithdháileadh in 2024.

## SCÉIMEANNA FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚLA (LIS)

I mí an Mhárta 2023, d'fhaomh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail leithdháileadh tosaigh ar luach **€954,736** do LIS chomh maith le leithdháileadh ar luach **€250,000** do na hoileáin. Go luath i mí Lúnasa 2023, leithdháileadh **€563,523** breise do Chontae na Gaillimhe, mar aon le **€226,000** eile do phobail na n-oileán. Cuireadh 41 tionscadal i gcrích faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil ón leithdháileadh foriomlán **€1,994,259** don bhliain 2023 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD).

Mar gheall ar an éileamh atá ar an scéim, meastar go leanfar le maoiniú LIS in 2024. Beidh an maoiniú a mbeidh fáil air ag brath ar leithdháileadh maoinithe ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Tá meastachán do Bhuiséad 2024 a áirítear faoi Fho-Sheirbhís B0406 bunaithe ar an leithdháileadh tosaigh a fuarthas in 2023.

## BÓITHRE NEAMHNÁISIÚNTA - ACMHAINNÍ DÍLSE

Mar gheall ar an easnamh sa leithdháileadh buiséadach do chothabháil bóithre áitiúla le himeacht ama, tháinig laghdú suntasach ar leibhéal na n-oibreacha cothabhála ar éirigh leis an gComhairle a dhéanamh. Tá tionchar ag brúnna boilscithe mar aon le costais fuinnimh ardaithe ar phraghsáil agus ar chostais. Chuir na costais bhoilscithe ardaithe seo isteach go háirithe ar roinnt gnéithe riachtanacha den chothabháil, lena n-áirítear draenáil, bearradh ciumhaiseanna, agus athnuachan comharthaí agus marcanna. Maoinítear cothabháil bóithre áitiúla ó acmhainní na Comhairle féin agus ón Deontas Lánroghnach.

B'ionann an tsuim a cuireadh ar fáil ó acmhainní dílse na Comhairle in 2023 agus **€8,526,786** lenar áiríodh soláthar **€2,200,000** do shoilsiú poiblí.

Cuirfear leithdháileadh Bhuiséad na mBóithre Áitiúla 2024 faoi bhráid na Comhairle lena fhaomhadh i gcomhthéacs Chlár na mBóithre 2024. Beidh an leibhéal discréide a bheidh ar fáil don Chomhairle maidir le leithdháileadh maoinithe in 2024 do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla srianta ag ceanglais an Mheamraim ar Dheontais do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla arna eisiúint ag an Roinn Iompair.

## ATHRÚ AERÁIDE

I rith 2023, cuireadh leithdháileadh náisiúnta ar fáil d'údaráis áitiúla faoi chláir deontais cothabhála agus athnuachana bóithre réigiúnacha agus áitiúla na Roinne don scéim um Oiriúnú Aeráide agus Athléimneacht. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna tionscadail incháilithe ach gan a bheith teoranta dóibh –

(i) bearta coisctheacha ar nós oibreacha draenála chun tuilte a mhaolú
(ii) oibreacha ag droichid chun ualaí hiodrálacha méadaithe de bharr maidhm thuile a chur san áireamh
(iii) bearta cosanta do bhóithre a bheadh i mbaol drochaimsire, ar nós bearta cobhsaíochta claífoirt chun an bóthar a chosaint agus chun sciorradh a chosc
(iv) an leibhéal nó an bóthar a athrú chun tuilte a mhaolú, bearta cosanta imeall an bhóthair
(v) ballaí farraige nó ballaí coinneála a athsholáthar/a dheisiú.

Tugadh leithdháileadh ar luach **€1,169,193** i mBuiséad 2023 do 27 dtionscadal.

Tá aighneacht le haghaidh maoiniú do 2024 á hullmhú le haghaidh oibreacha sa chatagóir seo.

## SOILSIÚ POIBLÍ

Cuireadh **€2,200,000** ar fáil, ó chistí na Comhairle féin, i mbuiséad 2023 chun costas an chláir soilsithe phoiblí i gContae na Gaillimhe a mhaoiniú, lena n-áirítear na costais chothabhála, fuinnimh agus uasghrádaithe. Chuir TII maoiniú ar luach **€113,665** chun costas na n-oibreacha agus na cothabhála a dhéantar ar shoilsiú poiblí ar an nGréasán Bóithre Náisiúnta a chlúdach.

Chun comhlíonadh na spriocanna reachtúla Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh arna leagan síos ag an Rialtas Láir a bhaint amach, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta dá soilse poiblí neamhéifeachtúla go léir a aisfheistiú le haonaid LED atá tíosach ar fhuinneamh agus tá tiomantas tugtha aici maidir leis seo do sheachadadh an tionscadail seo mar chuid den Tionscadal Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh Soilsithe Poiblí. Tá an tionscadal seo á chur chun cinn ar bhonn réigiúnach. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ar údarás amháin de na 10 n-Údarás Áitiúla atá páirteach laistigh de Réigiún an Iarthuaiscirt agus tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag feidhmiú mar phríomhúdarás don réigiún. Tá gach comhaontú riachtanach chun páirt a ghlacadh sa tionscadal i bhfeidhm. Chuaigh an Conradh do Réigiún an Iarthuaiscirt amach chun tairisceana sa dara leath de 2022. Bhíothas ag súil go mbronnfaí conradh faoi dheireadh Ráithe 1 2023. Mar thoradh ar dhúshláin dhlíthiúla, áfach, bhí moill leis an Litir Ghlactha a eisiúint chuig an rogha tairgeora a bhí aitheanta. Faoi réir réiteach an scéil sin, táthar ag súil go mbronnfar an conradh i Ráithe 1 2024 agus go gcuirfear tús le gníomhaíocht ar an talamh go luath ina dhiaidh sin.

## BAINISTÍOCHT TRÁCHTA

**Pleananna Bainistíochta Tráchta**

Faoi na scéimeanna Taisteal Gníomhach, tá sraith staidéar iompair pobail á gcur chun cinn do roinnt áiteanna agus táthar ag súil go ndéanfar Pleananna Bainistíochta Tráchta ina dhiaidh sin.

## BEARTA FEABHSAITHE TRÁCHTA

Tá **€10,000**, gan costais tacaíochta seirbhíse san áireamh, luaite sa bhuiséad chun 'Seachtain na Rothar' a chur chun cinn i gContae na Gaillimhe.

## FEABHSÚ INNEALTÓIREACHTA UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

### BEARTA LEASÚCHÁIN AR CHOSTAS ÍSEAL

Níl fógra faighte ag an gComhairle fós, faoi cheannteidil B01 – B04, maidir le luach an deontais a chuirfear ar fáil d'oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal in 2024. Fuarthas leithdháileadh ar luach **€418,400** in 2023 ón Roinn Iompair agus tá na tionscadail atá le cur i gcrích in 2023 á leagan amach sa tábla thíos.

| Uimhir Bhóthair | Cur síos ar Shuíomh na nOibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta | Cur síos ar an Scéim atá Beartaithe | Costas € |
|---|---|---|---|
| **R348/R446** | Doire Uí Dhónaill Beag | Athdhearadh agus leagan amach iomlán nua a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Iniúchadh Sábháilteachta ag an acomhal seo | €40,000 |
| **R466** | Maigh Mhaola (Órán Mór go Creachmhaoil) | Comharthaíocht a réiteach agus Fásra a bhearradh | €20,000 |
| **R446** | Órán Beag (Órán Mór go Creachmhaoil) | Athdhearadh agus leagan amach iomlán nua a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear Iniúchadh Sábháilteachta ag an acomhal seo | €40,000 |
| **L4304/L43042** | Loch Toirc | Fálta teorann a bhogadh siar chun an líne amhairc a fheabhsú | €30,000 |
| **R363/L3210** | Corr an Chuaille | Fálta teorann a bhogadh siar chun an líne amhairc a fheabhsú | €30,000 |
| **R374** | Casla go Béal an Daingin, An Cheathrú Rua Thiar | Stodaí bóthair, rachtáin, comharthaíocht, líneáil | €45,000 |
| **R341** | Deirgimleach | An balla ag an lúb a bhogadh siar chun an bóthar a fheabhsú | €40,000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **L1322/L5383/L5382** | An Bhuaile Bheag Thoir | Tógáil a dhéanamh ar imeall an acomhail chun an radharc a laghdú trí limistéar an bhóthair le cosc a chur ar charranna teacht isteach thar a chéile, comharthaí a aimsiú. Comharthaí faisnéise eile, comharthaí rialála, comharthaí rabhaidh níos mó agus marcálacha bóthair a shuiteáil | €30,000 |
| **R380/R460** | Sraith lúbanna géara, agus bóthar caol mar gheall ar uchtbhallaí droichead (6 cinn) agus an bealach isteach Baile an Ghoirt (4 cinn) Líon iomlán, 10. | Comharthaí Brathlasta Feithicle a shuiteáil ag na bealaí isteach chuig guaiseacha agus lúba scoite | €44,900 |
| **L4322** | Cill Íomair go Bóthar Chill Tormóir ag Crois na nDoiriú | Ailíniú ingearach an taobh-bhóthair a athailíniú chun fosadh 5m a chur ar fáil. Faoi láthair, níl aon radharc ag na tiománaithe atá ag teacht amach ó na taobhbhóithre ar an mbóthar | €25,500 |
| **L2212** | Dealgain, Feabhas a chur ar Amhairclínte | An fál agus ciumhais a bhogadh siar | €20,000 |
| | | | **€418,500** |

Tá aighneacht curtha faoi bhráid na Roinne don bhliain 2024 ar luach **€682,500** thar ceann na gCeantar Bardasach (MDanna) go léir agus cuirfear clár oibreacha le chéile nuair a gheofar fógra faoi mhaoiniú 2024.

## FEABHSUITHE INNEALTÓIREACHTA EILE

Cuireadh leithdháileadh **€79,830** ar fáil in 2023 chun comharthaíocht luasteorainn a athsholáthar, cuireadh leithdháileadh **€33,290** ar fáil chun comharthaíocht luasteorainn a sholáthar in eastáit tithíochta, agus cuireadh leithdháileadh **€12,540** ar fáil do chomharthaíocht rothaíochta.

Déanfar aighneacht sna seachtainí amach romhainn le haghaidh maoiniú do 2024. Cuirfear clár le chéile nuair a gheofar fógra faoi mhaoiniú 2024.

Leanfaidh an tAonad ar aghaidh ag cur Luasteorainneacha Oibreacha Bóthair i bhfeidhm; i gcomhar leis na Gardaí agus le Bonneagar Iompair Éireann, de réir mar a mheastar a bheith riachtanach chun seachadadh cláir oibre éagsúla na Comhairle a éascú.

## CUR CHUN CINN AGUS OIDEACHAS AR SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Tabhaítear roinnt costas faoin gceannteideal seo, lena n-áirítear Scéim na Maor Scoile Sóisearacha, feachtais phoiblíochta lena n-áirítear An tSeachtain um Shábháilteacht ar Bhóithre, An tSeachtain Eorpach um Shoghluaisteacht, an Cúrsa 'Drive for Life', Oiliúint Rothaíochta do Scoileanna Náisiúnta a chuireann feasacht maidir le saincheisteanna sábháilteachta ar bhóithre chun cinn ar mhaithe leis an bpobal le béim ar úsáideoirí soghonta bóthair.

Tá Coiste Sábháilteachta ar Bhóithre le Chéile de Chomhairle Chontae na Gaillimhe comhdhéanta d'ionadaithe ón gComhairle Contae, ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, ón nGarda Síochána, ó Bhonneagar Iompair Éireann, agus ón Taisce. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire i rith na bliana agus rinneadh comhscrúdú ar na roghanna atá ar fáil chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú d'úsáideoirí soghonta bóthair (VRUnna). Áirítear leis na húsáideoirí seo coisithe, rothaithe, baill den phobal a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta acu, agus tiománaithe.

## PÁIRCEÁIL CARRANNA

Áirítear soláthar buiséid faoi B09 do chostais tacaíochta seirbhíse le haghaidh oibriú agus cothabháil na n-áiseanna páirceála ar an tSráid (6 shuíomh) agus Lasmuigh den tSráid (6 shuíomh) a chuirtear ar fáil ar fud an Chontae mar aon le costais forfheidhmithe páirceála.

Tá oibreacha ar bun ar na meaisíní nua Íoc agus Taispeáin grianchumhachtaithe ar fud an Chontae. Meastar go mbeidh seachadadh agus suiteáil na n-aonad go léir críochnaithe faoi dheireadh 2023.

## CLÁR CAIPITIL TACAÍOCHTA DO BHÓITHRE

Íoctar na costais riaracháin (i.e. costais indíreacha) maidir le tacú leis an gClár Caipitil Bóithre as an mbuiséad ioncaim. Áirítear sa bhuiséad seo na costais foirne a bhaineann le tacaíocht a sholáthar don chlár, chomh maith le cuid de na costais tacaíochta seirbhíse.

## SEIRBHÍSÍ GNÍOMHAIREACHTA AGUS INCHÚITITHE

Is féidir leis an gComhairle ráta forchostais comhaontaithe a ghearradh ar gach post a dhéanann a foireann. Íocann an t-ioncam a fhaightear ón muirear forchostais na costais a bhaineann le pá saoire, pá breoiteachta agus costais árachais. Déantar gach iarratas ar cheadúnais chun an bóthar poiblí a oscailt a thaisceadh tríd an gcóras náisiúnta MRL, arna bhainistiú ag an Oifig um Bainistíocht Bóithre. Próiseálann Rannóg Bóithre na Comhairle na ceadúnais do Chontae na Gaillimhe agus ón gcóras MRL agus cuireann sí coinníollacha agus táillí leis an gceadúnas. Cuirtear ioncam ó Cheadúnais Oscailte Bóthair agus oibreacha a rinneadh do chomhlachtaí eile san áireamh laistigh den cheannteideal buiséid seo.

## EASTÁIT TITHÍOCHTA NEAMHCHRÍOCHNAITHE

Bíonn an rannóg Tógáil i gCúram i dteagmháil go gníomhach le Cónaitheoirí, le Forbróirí agus le Sealbhóirí Bannaí chun eastáit tithíochta a chríochnú de réir na gcaighdeán riachtanach a bhaineann le tógáil i gcúram agus/nó le scaoileadh bannaí.

Go dtí seo, tá eastát amháin curtha i gcrích faoi réir na caighdeáin riachtanacha le haghaidh scaoileadh bannaí, tá 8 n-eastát eile tar éis a bheith Tógtha i gCúram agus tá 8 n-eastát eile le breithniú ag na Comhaltaí Tofa le haghaidh Tógáil i gCúram faoi dheireadh na bliana.

Tá an Chomhairle gafa faoi láthair le breis agus 60 forbairt atá ag céimeanna éagsúla den phróiseas Tógáil i gCúram. Féadfaidh Forbróir nó Forbróirí um Scaoileadh Banna/Thógáil i gCúram an obair ar na heastáit seo a dhéanamh go díreach, nó féadfaidh an Rannóg um Thógáil i gCúram an obair a dhéanamh tar éis airgead na mbannaí a fháil.

Tagann na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Rannóg um Thógáil i gCúram ó Bhannaí a shannadh go sonrach d'fhorbraíochtaí, agus/nó ó mhaoiniú a fhaightear trí Réiteach Suímh le hUisce Éireann. Bíonn oibreacha ar eastáit stairiúla níos sine ar fud an Chontae á maoiniú le leithdháileadh buiséid de chuid na Comhairle d'eastáit Stairiúla Neamhchríochnaithe. Cuireann sé seo ar chumas na Rannóige um Thógáil i gCúram oibreacha deisiúcháin a dhéanamh chun na heastáit seo a thabhairt chuig an gcaighdeán riachtanach chun iad a Thógáil i gCúram.

Téann an Rannóg um Thógáil i gCúram i dteagmháil le Sealbhóirí Bannaí chun airgead a scaoileadh chun oibreacha ar eastáit a chríochnú agus le Forbróirí agus/nó páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go gcríochnaítear eastáit de réir na gcaighdeán riachtanach ar mhaithe le cách, agus ar mhaithe leis na cónaitheoirí ach go háirithe.

Bíonn dul chun cinn na n-oibreacha ar eastáit faoi réir an maoiniú atá ar fáil, faoi réir rannpháirtíochta le tríú páirtithe agus faoi réir chastacht na hoibre, lena bhféadfadh comhaontuithe cead slí a bheith i gceist.

### MOLTAÍ 2024:

Leanfaidh an rannóg um Thógáil i gCúram ar aghaidh chun iarratais Tógáil i gCúram a mheas agus a phróiseáil. Faoi réir na hacmhainní atá ar fáil, déanfar gach iarracht a chinntiú go gcuirfear forbartha i gcrích faoi réir na gceanglas pleanála agus faoi réir na caighdeáin riachtanacha do Thógáil i gCúram.

Sa chás go n-aithnítear saincheisteanna neamhchomhlíontachta, cuirfear na Ranna ábhartha ar an eolas fúthu le go mbeidh siad in ann na himeachtaí cuí a chur i bhfeidhm.

## SEIRBHÍSÍ GNÍOMHAIREACHTA AGUS INCHÚITITHE

### SCÉIM FOSTAÍOCHTA POBAIL

I rith 2023, bhí 5 Scéim Fostaíochta Pobail fós ag feidhmiú. Bhain sráidbhailte agus bailte leas as oibreacha amhail cothabháil sráidbhailte; tírdhreachú; bearradh féir agus tógáil ballaí cloiche. Is iad seo a leanas na Scéimeanna Fostaíochta Pobail: An Clochán/ Cloch na Rón; Maigh Cuilinn/Uachtar Ard; An Gort agus an Ceantar Máguaird; An Baile Mór/ An Mhainistir agus Tuaim agus an Ceantar Máguaird.

Leanfaidh na 5 Scéim Fostaíochta Pobail ar aghaidh ag feidhmiú agus ag soláthar oibreacha amhail cothabháil sráidbhaile; tírdhreachú; bearradh féir agus tógáil ballaí cloiche in 2024.

## COSTAIS DRAENÁLA TALÚN

### COTHABHÁIL LIMISTÉIR DRAENÁLA TALÚN

### DRAENÁIL ARTAIREACH

Chomhlíon an Chomhairle a freagracht reachtúil as cothabháil oibreacha draenála áirithe sa Chontae leis an Aonad Bonneagair agus Oibríochtaí agus le hOifigí Cheantar Bardasach na Comhairle. Tá dhá Cheantar Draenála dhéag faoi chúram na Comhairle agus tá dhá Cheantar Draenála i gContae na Gaillimhe a théann isteach i limistéir Chomhairle Contae Ros Comáin agus Chomhairle Contae an Chláir. Ba é an buiséad a soláthraíodh don obair seo in 2023 ná **€175,000.**

### OIBREACHA AGUS STAIDÉIR AR MHAOLÚ TUILTE

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí le linn 2023 chun oibreacha atá dírithe ar an mbaol ó thuilte a laghdú amach anseo a aithint agus a chur chun cinn. Tá oibreacha ar siúl ag 4 shuíomh faoin scéim mionoibreacha do 2023, agus na tionscadail seo le bheith críochnaithe den chuid is mó faoi dheireadh na bliana. Forbraíodh clár oibreacha do 2024 bunaithe ar scéimeanna atá ceadaithe cheana féin. Déanfar iarratais bhreise lena mbreithniú agus lena gceadú ag Oifig na nOibreacha Poiblí bunaithe ar riachtanas aitheanta.

Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag déanamh idirchaidrimh leis an OPW faoi scéimeanna mionoibreacha amach anseo atá á mbreithniú faoi láthair agus é mar aidhm acu maoiniú a fháil do na scéimeanna seo.

Tá soláthar ar luach **€450,000** déanta faoin gceannteideal seo chun oibreacha den chineál seo a dhéanamh. Féadfaidh leis an OPW 90% de chostais na n-oibreacha seo a fhorchúiteamh.

Ní mór méid oibre a bheith curtha i gcrích le haghaidh iarratas ar mhaoiniú deontais, chun féidearthacht agus srianta a bhaineann le tionscadal ar leith a mheas. Cinnteoidh infhaighteacht buiséid chun tabhairt faoin obair seo go mbeidh píblíne inbhuanaithe d'oibreacha tosaíochta i bhfeidhm.

## OIBRIÚ AGUS COTHABHÁIL CÉANNA AGUS CUANTA

### OIBRÍOCHTAÍ CÉANNA AGUS CUANTA

Chuir an Chomhairle leithdháileadh ar luach **€250,000** óna hacmhainní féin ar fáil in 2023 don chlár cothabhála muirí leanúnach maidir le thart ar 100 áit tuirlingthe aitheanta i gContae na Gaillimhe atá faoi chúram Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá oibreacha éagsúla i gceist leis seo lena n-áirítear deisiúcháin sábháilteachta ar chéimeanna rochtana, ar ráillí, agus deisiúcháin ar fhánáin. Áirítear leis na hoibreacha seo algaí a bhaint ó chéanna i gContae na Gaillimhe, faoi réir an buiséad atá ar fáil. Áiríodh **€50,000** leis an leithdháileadh chun Máistir Cuain a earcú d'Inis Oírr.

Ina theannta sin, bhí gá le tuarascálacha éagsúla a choimisiúnú faoi chéanna agus faoi chuanta faoin leithdháileadh seo. Teastaíonn siad seo faoi réir nósanna imeachtaí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara chun bonn eolais a chur faoi oibreacha. Clúdaíonn DAFM 95% de chostais tógála faoi scéim maoinithe BALAMI. Críochnaíodh oibreacha feabhsúcháin a maoiníodh faoin scéim seo in 2023 ar chéanna ag Baile na Cora, Coillín Árann, Doire Inbhir, An Máimín, Cill Chiaráin, Cill Rónáin, Cloch na Rón, Cinn Mhara, Gairfrian, Caiseal, Pollach agus An Cloigeann.

De réir an chláir chothabhála agus deisiúcháin, rinneadh deisiúcháin ar shoilse loingseoireachta agus baineadh siolta agus bacainní eile ó fhánáin ag líon beag áiteanna, faoi réir na hacmhainní airgeadais a bhí ar fáil.

Tá gá le buiséad méadaithe ar luach **€300,000** d'Oibriú agus Cothabháil Céanna agus cuanta in 2024. Tá gá leis seo chun feabhas a chur ar chóras cothabhála atá srianta go mór, rud a fhágann go mbeidh méadú iomlán **€50,000** ar leithdháileadh buiséid 2023. Tá sé beartaithe an maoiniú breise a úsáid chun na costais a bhaineann le tuarascálacha tosaigh comhairleoirí éagsúla a chlúdach, lena n-áirítear measúnuithe slándála, córas sábháilte oibre do chéanna na n-oileán a bhfreastalaíonn báid farantóireachta paisinéirí orthu, agus tuarascálacha ábhartha comhshaoil agus innealtóireachta a choimisiúnú chun tionscadail a chur ar aghaidh chuig an gcéim phleanála chun leas a bhaint as maoiniú DAFM amach anseo.

Forbraíodh córas cothabhála den chéad chéim agus beidh gá le maoiniú cothabhála breise le cur i bhfeidhm in 2024. Is céim chun tosaigh é an méadú **€50,000** seo sna céimeanna atá á nglacadh chun buiséad nach bhfuil chomh srianta céanna a chur ar fáil.

Tá thart ar 60 múráil do chuairteoirí lonnaithe i gceantair éagsúla amhail Cill Rónáin, an Caoláire Rua, Cuan an Chlocháin, An Sruthán, Cloch na Rón, Cill Chiarán agus An Máimín, a dteastaíonn athsholáthar slabhraí agus seaicilí uathu gach 2 bhliain. Rinneadh cothabháil i mbliana ar thart ar 20 múráil. Tá soláthar ar luach **€20,000** do 2024 déanta faoin gceannteideal seo chomh maith, chun leanúint ar aghaidh leis an gcothabháil ar mhúrálacha luamh.

Cuireadh buiséad **€200,000** ar fáil in 2023 chun Cuan Chill Rónáin a chothabháil. Bhí sé seo ag teastáil chun cothabháil leanúnach a dhéanamh ar an gcuan agus chun táillí dlí a íoc maidir leis an Teach Trádstórais ar an gcéibh.

Beidh an buiséad seo ar luach **€200,000** ag teastáil arís in 2024 chun Cuan Chill Rónáin a chothabháil chun na costais athfhillteacha amhail pá, mionoibreacha agus araile a chlúdach, agus úsáidfear an t-iarmhéid chun na táillí dlí atá fágtha a chlúdach agus oibreacha a dhéanamh ar an trádstóras ar an gcéibh. Beidh ceanglas ann freisin aon torthaí ó phlean oibríochta an chórais sábháilteachta don chéibh a chur i bhfeidhm.

Tá fadhb leanúnach tar éis a bheith ann maidir leis an mbealach a chuirtear maoiniú seachtrach ar fáil d'oibreacha Céanna agus Cuanta. Chuir sé seo srian leis an gcumas chun an maoiniú ab fhearr agus ab fhéidir a aimsiú. Ní mór do thionscadail a bheith ag an staid lena bhféadfaí oibrithe a fhostú agus tús a chur leis an obair ('réidh le sluasaid'), agus ní chlúdaítear ach costais tógála (go leibhéal 95% faoin tsamhail BALAMI). Dá dheasca seo, táimid tar éis a bheith teoranta do thionscadail atá measartha simplí a chur chun cinn, nach bhfuil ceaduithe reachtúla ag teastáil uathu agus nach bhfuil costais amhail measúnuithe comhshaoil nó eile ag baint leo. Ós rud é gur struchtúir iad go leor de na céanna agus na cuanta atá faoi chosaint, go bhfuil go leor acu suite i gceantair atá íogair ó thaobh an chomhshaoil de agus go mbeidh ceadúnas

imeall trá ag teastáil le haghaidh oibreacha ar bith faoin líne bharr láin, is léir go bhfuil gá le hobair shuntasach i go leor cásanna chun tionscadal a thabhairt go céim réidh le sluasaid agus beidh costas i gceist leis seo freisin. Faoi láthair gearrtar aon chostais mar seo a thabhaítear ar an gCód Cothabhála Céanna agus Cuan, foinse maoinithe atá faoi bhrú cheana féin. Tá gá le soláthar maoinithe ar leith ó acmhainní Chomhairle Chontae na Gaillimhe féin má táimid le bheith in ann an leas is fearr agus is féidir a bhaint as an maoiniú atá ar fáil le haghaidh oibreacha athchóirithe ar chéanna agus ar chuanta.

Seirbhísí Uisce

## CLÁR INFHEISTÍOCHTA CAIPITIL

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Lean an Chomhairle ar aghaidh le Clár Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann a chur i bhfeidhm de réir an Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe. Tugann Uisce Éireann tosaíocht do thionscadail chun bonneagar criticiúil a sholáthar a chabhróidh le comhlíonadh na Treorach um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus na Creat-Treorach Uisce a bhaint amach. Leagtar tosaíochtaí infheistíochta amach i bPlean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann a ullmhaítear gach cúig bliana ar a laghad agus a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin um Rialáil Fóntais chun maoiniú a fhaomhadh. In 2023, rinneadh dul chun cinn ar na hoibreacha seo a leanas:

- Síníodh conradh le Coffey Construction Ltd. do thionscadal Líonra Fuíolluisce Bhaile Átha an Rí. Cuireadh tús leis an tógáil i mí Eanáir 2023, agus táthar ag súil go mbeidh ar a laghad 90% de phíblínte críochnaithe faoi dheireadh 2023.

- Dheimhnigh An Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantach do shuíomhanna molta agus do cheadanna slí an Ionaid Chóireála Fuíolluisce i gCloch na Rón i Márta 2022. Tá an cinneadh seo ina ábhar d'athbhreithniú breithiúnach faoi láthair, agus táthar ag fanacht leis na torthaí.

- Táthar ag fanacht le cinneadh maidir leis an CPO d'éadáil an tsuímh d'Ionad Cóireála Fuíolluisce na Ceathrún Rua go dtí go bhfaighfear toradh an athbhreithnithe bhreithiúnaigh.

- Tá tógáil na n-ionad cóireála fuíolluisce sa Spidéal agus in Áth Eascrach le Coffey Water Ltd críochnaithe agus beidh an dá mhonarcha lánfheidhmeach roimh dheireadh 2023.

- Tá réamhphleanáil agus dearadh d'ionad cóireála fuíolluisce nua i nDún an Uchta á chur chun cinn.

- Tá Iarratas pleanála le cur isteach roimh dheireadh na bliana don Ionad Cóireála Fuíolluisce atá beartaithe do Bhéal Átha Ghártha.

- Tá iarratas pleanála le cur isteach roimh dheireadh na bliana don Ionad Cóireála Fuíolluisce atá beartaithe don Chreagán.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Táthar ag súil go mbeidh Líonra Fuíolluisce Bhaile Átha an Rí críochnaithe go hiomlán i Ráithe 3, 2024. Cuirfidh an líonra críochnaithe, na stáisiúin caidéalaithe agus an obair mheicniúil agus leictreach, acmhainn a bhfuil géarghá léi ar fáil sa líonra píopaí bailithe fuíolluisce laistigh de bhaile Bhaile Átha an Rí.

- Rachaidh pleanáil agus dearadh don ionad cóireála fuíolluisce nua i gCloch na Rón ar aghaidh chuig céim na pleanála nuair a chuirfear an próiseas CPO i gcrích.

- Tá dearadh mionsonraithe d'ionad cóireála fuíolluisce nua ag Dún an Uchta le cur i gcrích.

- Táthar ag súil go rachaidh Ionaid Chóireála Fuíolluisce Bhéal Átha Ghártha agus an Chreagáin chun tairisceana faoi chonradh amháin i Ráithe 1 2024.

## BAINISTÍOCHT AGUS COTHABHÁIL SCÉIMEANNA UISCE AGUS FUÍOLLUISCE

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Tháinig deireadh leis an gComhaontú Leibhéal Seirbhíse (SLA) idir an Chomhairle agus Uisce Éireann ar an 5 Bealtaine 2023 nuair a tháinig Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe (MCA) ina áit. Rinneadh foráil don MCA faoi Pháipéar Beartais an Rialtais – "Uisce Éireann – I dtreo fóntais náisiúnta rialaithe seirbhísí uisce faoi úinéireacht phoiblí" dar dáta Feabhra 2021 agus doiciméad de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre "Creat um Sheachadadh Seirbhísí Uisce sa Todhchaí" dar dáta Meitheamh 2022. Ón dáta éifeachta, an 20 Meán Fómhair 2023, mar a fhoráiltear dó faoin MCA, tá Uisce Éireann iomlán freagrach as feidhmeanna seirbhísí uisce, seachas Uisce Tuaithe, agus tá foireann seirbhísí uisce uile na nÚdarás Áitiúil faoi bhainistíocht agus rialú díreach Uisce Éireann anois. Is é síniú an MCA an chéad chéim shuntasach i scaradh iomlán na Comhairle agus Uisce Éireann. Tá amlíne leagtha amach anois chun go gcríochnófar aistriú deiridh na foirne le linn, nó roimh Nollaig 2026. Tá tús curtha leis seo agus tá Uisce Éireann tar éis roinnt ball foirne a earcú cheana féin trí chomórtais oscailte. Tá tús curtha cheana féin leis an aistriú díreach go hUisce Éireann do na baill foirne sin ar mian leo aistriú. Caithfear bainistiú a dhéanamh ar phróiseas aistrithe na foirne atá ag aistriú go hUisce Éireann ar bhealach pleanáilte agus comhordaithe faoin MCA, chun a chinntiú gur féidir leis an dá eagraíocht leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh a ndualgas faoi seach.

### MOLTAÍ DO 2024:

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag feidhmiú an MCA. Táthar ag súil go gcuirfear tuilleadh tionscnamh claochlaithe i bhfeidhm mar thoradh ar fhoilsiú an chreata thuasluaite agus go bhfágfaidh tuilleadh baill foirne an t-údarás áitiúil le linn 2024.

## CAOMHNÚ UISCE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Leanadh ar aghaidh le hoibríochtaí laghdaithe sceite pleanáilte agus frithghníomhacha ar fud an Chontae in 2023 i gcomhar leis an gClár Líonra Uisce (WNP). Rinne criúnna saothair díreacha agus criúnna conraitheora na hoibreacha agus iad ag obair thar ghníomhaíochtaí éagsúla an WNP. Rinneadh an-dul chun cinn maidir le laghdú sceite, go háirithe nuair a thógtar an méadú suntasach ar na leibhéil sceite a tharla mar gheall ar an sioc crua i mí na Nollag 2022 san áireamh.

- Áiríodh leis seo na hoibreacha seo a leanas: Aimsiú agus Deisiú, Athchur Luaidhe, Méadrú agus Bainistiú Brú, Athshlánú Príomhlíonra, Díchoimisiúnú Príomhlíonra agus An Chéad Deisiú. Cuirfear 8.7km breise d'athshlánú príomhlíonra i gcrích in 2023, rud a mhéadóidh fad iomlán athshlánaithe na bpríomhphíopaí i gceantair ina mbíonn ráta ard sceite nó ina raibh gá le hoibreacha ar cháilíocht uisce go dtí seo, go dtí thart ar 46km. Áiríodh leis na hoibreacha feisteas agus naisc píblíne go léir a fheistiú agus boscaí teorann méadair a shuiteáil ag gach nasc. Ina theannta sin, coimisiúnaíodh 4 Chomhla Bhrúlaghdaithe (PRVanna) (agus rialtóirí lae agus oíche ag cuid acu) ar fud an chontae in 2023. Tá siad sin ag feidhmiú anois agus tá coigilteas suntasach uisce ann mar thoradh orthu. Táthar ag leanúint ar aghaidh ag díriú ar thaobh-sceitheadh custaiméirí faoin gClár Chéad Deisiú.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Rachaidh oibreacha laghdaithe sceite chun cinn ar fud an Chontae agus díreofar acmhainní ar thaobh-sceitheadh poiblí agus príobháideach sa líonra.

- Sainaithníodh réimsí nua athshlánaithe agus cuireadh iad leis an bpacáiste oibreacha sa Chlár Laghdaithe Sceite. Táthar ag fanacht ar dhearadh do na stráicí breise seo sa líonra faoi láthair agus cuirfear iad leis an gclár tógála do 2024.

## CLÁR UISCE TUAITHE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Ní raibh aon Chlár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe i bhfeidhm i rith na bliana toisc gur cuireadh béim ar thionscadail a chur i gcrích ar maoiníodh iad le linn an chláir roimhe seo (2019-2021) agus a raibh bac suntasach orthu mar gheall ar an bpaindéim Covid. Cuireadh tús le hacmhainní teicniúla foirne in Uisce Tuaithe a athlíonadh in 2023 ach tá dúshlán fós ag baint le hearcú agus le coinneáil foirne de bharr leibhéal na ndeiseanna agus an éilimh atá ar fhoireann theicniúil cháilithe. Rachaidh an Chomhairle i dteagmháil leis an earnáil chun an chéad Chlár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe eile a chur le chéile nuair a thagann sé ón Roinn. Sa chéad chlár eile, déanfar an infheistíocht san earnáil a threorú trí chostais fad saoil a thabhairt san áireamh agus roghanna maidir le hinfheistíocht i gcóireáil uisce á mbreithniú. Beidh cáilíocht uisce atá inbhuanaithe agus comhlíontach fós ina cuspóir lárnach. Cuirtear béim sa bheartas náisiúnta ar fhoinsí a íoslaghdú agus ar an úsáid is mó agus is féidir a bhaint as an acmhainn atá ann cheana i scéimeanna poiblí agus príobháideacha araon chun aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh i gcáilíocht an uisce. Lean an Chomhairle ar aghaidh ag cabhrú le scéimeanna ina n-oibríochtaí ó lá go lá leis an scéim Fóirdheontais fhaofa a chur i bhfeidhm agus íocadh maoiniú suntasach chuige seo.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Is é an príomhchuspóir do 2024 ná Clár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe uaillmhianach agus dírithe a thiomsú agus an fhoireann riachtanach a earcú chun a chinntiú go ndéanfar é a chur i bhfeidhm agus a sheachadadh.

## BAINISTÍOCHT MÓRÉIGEANDÁLA (MEM)

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Tá an Coiste Forbartha Móréigeandála (MEDC) a bhunaigh an Chomhairle mar chuid den Chreat Náisiúnta do MEM ag leanúint ar aghaidh. Tá Derek Pender (Stiúrthóir Seirbhísí) ina chathaoirleach ar an gcoiste mar chuid de Stiúrthóireacht Bonneagair agus Oibríochtaí na Comhairle.
- Rinneadh athbhreithniú ar an bPlean Móréigeandála agus ar na Fophleananna um Dhrochaimsir agus Freagairt ar Thuilte. Lean Córas Bainistíochta Teagmhas Drochaimsire (SWEMS) ar aghaidh ag feidhmiú le linn drochaimsire. Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe tús le hobair ar thriail idirchontae le dhá Údarás Áitiúla eile chomh maith.
- Leanann Grúpa Stiúrtha Réigiúnach MEM an Iarthair (RSG) faoi stiúir an Gharda Síochána, ar aghaidh ag teacht le chéile chun Bainistíocht Móréigeandála a chomhordú idir na hocht bpríomhghníomhaireacht Freagartha (PRAanna) i.e. 3 Rannán Áitiúla de chuid an Gharda Síochána, 4 Údarás Áitiúla agus FSS an Iarthair, I gceantair na Gaillimhe, Mhaigh Eo agus Ros Comáin.
- Leanann Grúpa Oibre Réigiúnach MEM an Iarthair (RWG) a bhfuil baill de na Príomhsheirbhísí Éigeandála (PESanna) i Réigiún an Iarthair páirteach ann, i.e. Seirbhísí Dóiteáin na nÚdarás Áitiúil, Rannáin Áitiúla an Gharda Síochána agus Seirbhís Náisiúnta

Otharcharranna FSS, ar aghaidh ag feidhmiú, faoi choimirce Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnach MEM an Iarthair agus tá an Garda Síochána ina chathaoirleach ar an ngrúpa faoi láthair.

- Tá Ceanncheathrú Chomhairle Chontae na Gaillimhe fós ina shuíomh don Ionad Comhordaithe Áitiúil (LCC) do na trí Phríomhghníomhaireacht Freagartha (PGFanna) – Comhairle Chontae na Gaillimhe, FSS an Iarthair agus Rannán an Gharda Síochána – le haghaidh Móréigeandálaí i gceantar Chontae na Gaillimhe. Uasghrádaíodh na háiseanna bainistíochta faisnéise (IM) ag LCC i Halla an Chontae in 2018 agus tá siad á n-úsáid fós agus suiteáil áiseanna físchomhdhála críochnaithe anois chomh maith. Tugadh isteach córas leictreonach bainistíochta faisnéise freisin san Ionad Comhordaithe Áitiúil agus san aonad Comhordaithe Soghluaiste Ar an Láthair atá bunaithe i Stáisiún Dóiteáin an Ghoirt.
- In 2019, faomhadh maoiniú ón NDFEM chun gineadóir taca (cúltaca) a cheannach agus a shuiteáil do Halla an Chontae chun foinse cumhachta iomarcach a sholáthar don LCC, don Rannóg IS agus do rannóga ríthábhachtacha eile. Ceannaíodh an gineadóir agus beidh sé á shuiteáil roimh dheireadh 2023 chun cumhacht cúltaca a sholáthar do bhonneagar ríthábhachtach CCG agus d'Ionad Comhordaithe Áitiúil MEM Chontae na Gaillimhe.
- Is fiú a bheith ar an eolas go bhféadfaidh leis an gComhairle Cathrach Halla na Cathrach a úsáid mar LCC le linn teagmhas drochaimsire.
- Bunaíodh grúpa comhtháthaithe MEM Contae/Cathrach idir na PRAnna i gCathair agus I gContae na Gaillimhe faoi stiúir Stiúrthóir Seirbhísí ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun dul i ngleic le saincheisteanna sa cheantar Cathrach/Contae agus le himeachtaí a mbíonn sluaite móra ann agus tá sé ag feidhmiú fós. Táthar ag leanúint ar aghaidh chun pleananna atá sonrach do shuíomhanna a fhorbairt sa chathair agus sa chontae.
- Tá oiliúint réigiúnach ar siúl do phearsanra ábhartha sna hocht PRA i réigiún an Iarthair.
- D'fhreastail pearsanra GFRS/GCC ar roinnt seimineár MEM agus ar seisiúin faisnéisithe maidir le drochaimsir. D'fhreastail comhaltaí MEDC ar Chomhdháil Náisiúnta MEM ar an 5 Deireadh Fómhair 2023 chomh maith.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Cuirfear oiliúint agus tástáil bhreise ar phearsanra áitiúla agus réigiúnacha araon ina róil nua éagsúla mar a leagadh amach i bPleananna Móréigeandála MEM.
- Leanfaidh an Coiste Forbartha Móréigeandála (MEDC), a bhunaigh an Chomhairle mar chuid den Chreat Náisiúnta Nua do MEM, ar aghaidh ag teacht le chéile ar bhonn démhíosúil agus leanfaidh an tUasal Derek Pender (Stiúrthóir Seirbhísí) ar aghaidh mar chathaoirleach ar an gCoiste. Cuirfear an bhéim ar chur i bhfeidhm córais nua chun iarratais ar chúnamh a bhainistiú agus a mhapáil le linn teagmhas drochaimsire, agus ar fheabhas a chur ar chumarsáid foirne, lena n-áirítear comhtháthú iomlán TETRA.
- Táthar ag súil go leanfar ar aghaidh le bailíochtú agus le nuashonrú Phlean Móréigeandála na Comhairle Contae in 2024.
- Leanfaidh pearsanra na Comhairle agus pearsanra GFRS ar aghaidh ag tacú le Grúpaí Stiúrtha Réigiúnacha agus Oibre Réigiúnacha, leis an MEDC áitiúil agus le Grúpa Comhtháthaithe Contae/Cathrach na Gaillimhe.
- Leanfar ar aghaidh leis an obair ar an bPlean Comhordaithe Réigiúnach Móréigeandála lena n-áirítear an Plean Réigiúnach do na Meáin agus an Plean Aslonnaithe Réigiúnach.

- Leanfar ar aghaidh leis an obair in 2024 maidir le tástáil a dhéanamh ar an ngineadóir cúltaca nua ag Halla an Chontae.
- Cuirfear an t-athbhreithniú (de réir Rialacháin COMAH) ar Phlean Éigeandála Seachtrach shuíomh Stáisiún Cumhachta Tíne i gcrích in 2024.
- Cuirfidh CCG, i gcomhar leis an gComhairle Cathrach, tús le hobair ar an bplean éigeandála seachtrach don Mhol Glas Hidrigine atá beartaithe ag Calafort na Gaillimhe.
- Déanfaidh Grúpa Comhordaithe Áitiúil GCC agus Grúpa Comhordaithe ar an Láthair GCC cleachtaí straitéiseacha boird in 2024.
- Leanfaidh GCC ar aghaidh in 2024 leis an obair ar thriail idirchontae le dhá Údarás Áitiúla eile maidir le tionscadal SWEMS.

## CLÁIR OIDEACHAIS AGUS SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN POBAIL

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Tá GFRS fós ina cheannasaí náisiúnta maidir le forbairt an Ardáin Náisiúnta Aontaithe Oibriúcháin Riosca (NUROP). Cuireann an t-ardán seo ar chumas na ngrúpaí rannpháirteacha faisnéis riosca a roinnt i bhfíor-am chun cinnteoireacht a fheabhsú i ngach rannán GFRS. Áirítear leis seo córas chun riosca dóiteán baile sa phobal a aithint agus a mhapáil. Tá pearsanra GFRS i gceannas ar ghrúpa oibre náisiúnta chun córas a fhorbairt chun riosca a chinneadh i ngach maoin (maoin tráchtála agus baile araon) a chuirfidh ar chumas na n-údarás dóiteáin gníomhaíochtaí sábháilteachta dóiteáin a dhíriú. Tá gnéithe den chóras seo á dtriail i roinnt údarás dóiteáin eile.
- Fuair GFRS aláram deataigh féinchuimsitheach le cadhnraí fadsaoil do theaghlaigh i gCathair agus i gContae na Gaillimhe lena suiteáil ag grúpaí pobail. Tá siad á n-eisiúint fós chuig teaghlaigh i gCathair agus i gContae na Gaillimhe lena suiteáil ag grúpaí pobail mar a bhí sna blianta roimhe seo. Rinneadh an tionscadal seo le cúnamh ó na hAonaid Pobail agus Fiontair i gComhairlí Chathair na Gaillimhe agus Chontae na Gaillimhe mar chuid de Chlár leanúnach na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála (NDFEM). Tá clár cuairteanna um shábháilteacht ó dhóiteán sa bhaile curtha i bhfeidhm ag GFRS freisin agus béim faoi leith ar cheantair tuaithe agus ar thithíocht shóisialta.
- Reáchtáladh feachtais meán um fheasacht ar shábháilteacht ó dhóiteán in 2023 don tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteán, do shábháilteacht ó dhóiteáin fhiáin, do shábháilteacht um Oíche Shamhna agus tá feachtas eile beartaithe le haghaidh aimsir na Nollag. Rinne roinnt oifigeach agallaimh raidió.
- In 2022 lean an Clár um Dhaoine Leochaileacha ar aghaidh, lena n-áiríodh Leabhrán Seiceála um Shábháilteacht ó Dhóiteán Baile a sheol Sean Canney, an tAire Stáit um Fhorbairt Pobail, Acmhainní Nádúrtha agus Forbairt Dhigiteach ar an 7 Deireadh Fómhair 2019 ag Stáisiún Dóiteáin Thuama. Tá an tionscnamh um Shábháilteacht ó Dhóiteán sa Bhaile leathnaithe anois agus tá seicliosta ar líne um shábháilteacht ó dhóiteán sa bhaile ar fáil do gach ball den phobal. Tá an nasc ar fáil ar leathanach tosaigh shuíomh gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tá nasc san áireamh freisin faoi bhloc sínithe ríomhphoist phearsanra uile na seirbhíse dóiteáin. Go dtí seo, críochnaíodh beagnach 1000 seiceáil sábháilteachta dóiteáin baile ar líne.

- In 2022, leanadh ar aghaidh leis an bhfeachtas fógraíochta nua um shábháilteacht ó dhóiteán leis na teachtaireachtaí sábháilteachta dóiteáin 'Tine a Chosc' agus 'Do Bhrathadóir a Sheiceáil', agus clár ann chun an teachtaireacht a thaispeáint ar gach fearas dóiteáin céadfhreagartha.
- In 2023 leanadh ar aghaidh leis an obair ar shuíomh gréasáin nua GFRS chun feasacht ar shábháilteacht ó dhóiteán a chur chun cinn.
- Tá sé mar aidhm ag tionscnamh um Shábháilteacht ó Dhóiteán do Phobail na nOileán, ar cuireadh tús leis in 2021, a chinntiú go bhfuil ar a laghad 2 aláram deataigh suiteáilte i ngach teach ar na hOileáin. Leanadh ar aghaidh leis an tionscnamh seo in 2023 ar na hoileáin mhóra go léir. Ina theannta sin, rinneadh an plean freagartha idirghníomhaireachta do theagmhais ar na hoileáin a nuashonrú agus a chleachtadh.
- Ar an drochuair, cuireadh srian le go leor gníomhaíochtaí duine le duine de chuid na seirbhíse dóiteáin de bharr na paindéime. Cuireadh Clár Sábháilteachta Dóiteáin na Scoileanna ar athló; tá sé ar fáil do gach bunscoil i gCeantair Stáisiúin Chontae, áfach. Chuir GFRS tús le hullmhúcháin do chlár NDFEM 'Bí Sábháilte ó Dhóiteán' do mheánscoileanna chomh maith.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfaidh GFRS ar aghaidh mar cheannasaí náisiúnta maidir le forbairt an Ardáin Náisiúnta Aontaithe Oibriúcháin Riosca (NUROP). Cuireann an t-ardán seo ar chumas na ngrúpaí rannpháirteacha faisnéis riosca a roinnt i bhfíor-am chun cinnteoireacht a fheabhsú i ngach rannán GFRS. cuimsíonn sé seo córas chun rioscaí neamhbhaile agus baile sa phobal a aithint agus a mhapáil. Leanfaidh GFRS ar aghaidh chun ar thriail idirchontae i gcúig Údarás Dóiteáin eile a threorú in 2024.
- Leanfar ar aghaidh le haláraim deataigh fhéinchuimsitheacha a eisiúint in 2024 sa chathair agus sa chontae araon ó leithdháiltí a fuarthas in 2023 agus ceannófar aláram breise i lár 2023. Bainfear úsáid as seo chun an Tionscnamh Sábháilteachta Dóiteáin do Phobail na nOileán a chríochnú agus chun leanúint ar aghaidh leis an gClár Cuairteanna um Shábháilteacht ó Dhóiteán sa Bhaile. Cuirtear aláraim dheataigh ar fáil do dhaoine a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu anois mar chuid den scéim seo agus dáilfear iad in 2024.
- Reáchtálfar clár go háitiúil arís in 2024 mar chuid den tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteán mar a tharla sna blianta roimhe seo lena n-áirítear gach Stáisiún Dóiteáin a oscailt don phobal. Tá súil againn i mbliana roinnt seimineár agus léirsithe um shábháilteacht ó dhóiteán a chur san áireamh agus iad a chur ar siúl sna bailte.
- Reáchtálfar feachtais feasachta sna meáin maidir le sábháilteacht ó dhóiteán arís in 2024 don tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteán, do shábháilteacht ó dhóiteán fiáin, do shábháilteacht um Oíche Shamhna agus do shábháilteacht um Nollaig. Táthar ag súil go ndéanfaidh na hoifigigh níos mó agallamh raidió agus teilifíse in 2024.
- In 2024 leanfaidh an Clár Daoine Leochaileacha ar aghaidh i ngach stáisiún, lena n-áirítear an Chathair, agus leanfar ar aghaidh leis an Leabhrán Seiceála um Shábháilteacht ó Dhóiteán sa Bhaile a chur chun cinn go forleathan. Beidh an clár nasctha leis an bpleanáil réamhtheagmhais agus leis an gClár Cuairteanna um Shábháilteacht ó Dhóiteán sa bhaile. Leanfaidh GFRS ar aghaidh ag forbairt naisc le gníomhaireachtaí eile chun tuilleadh feabhais a chur ar na cláir seo.
- In 2024 leanfar leis an bhfeachtas fógraíochta um shábháilteacht ó dhóiteán leis na teachtaireachtaí um shábháilteacht ó dhóiteán 'Tine a Chosc' agus 'Do Bhrathadóir

a Sheiceáil'. Táthar ag súil go gcuirfear na teachtaireachtaí seo ar dhoirse bá na bhfearas dóiteáin i ngach stáisiún, ach an maoiniú a bheith ar fáil.

- Tá GFRS ag súil leis an suíomh gréasáin nua a sheoladh in 2024 chun feasacht a ardú maidir le sábháilteacht ó dhóiteáin.
- Leanfar ar aghaidh leis an gClár Sábháilteachta ó Dhóiteáin do Scoileanna in 2024, faoi réir na hacmhainní airgeadais a bheith ar fáil. Áirítear leis an gclár seo go dtugann oifigigh dóiteáin áitiúla cuairt ar ranganna rang 4 i mbunscoileanna i nGaillimh. Déanfar gach cuairt a mhapáil ar chóras NUROP. Tá sé beartaithe ag GFRS chomh maith, tús a chur leis an gclár 'Bí Sábháilte ó Dhóiteán' a sheoladh i meánscoileanna.

## OIBRÍOCHTAÍ DÓITEÁIN – POBAIL A CHOINNEÁIL SÁBHÁILTE (KCS)

## CREAT UM SHÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN IN ÉIRINN

Tá an tSeirbhís Dóiteáin faoi réir na srianta airgeadais céanna agus na hiniúchtaí caiteachais dá réir, agus mar a bhíonn gach seirbhís Údaráis Áitiúil eile. Beidh sé dúshlánach infheistíocht bhreise a dhéanamh sna Seirbhísí Dóiteáin, seachas an méid atá cláraithe cheana féin, mar thoradh ar na srianta ar airgeadas rialtais poiblí agus áitiúil. Is é an dúshlán, mar a léirítear sa doiciméad "Pobail a Choinneáil Sábháilte" ná na hacmhainní atá ar fáil a bhainistiú chun an toradh is fearr a bhaint amach don phobal ó thaobh sábháilteachta aonair de, agus chun caillteanas agus cur isteach ar an tsochaí a íoslaghdú.

Is ionann an dúshlán thuasluaite agus an dúshlán atá roimh na húdaráis dóiteáin go léir. Glacann na ceardchumainn agus an bhainistíocht leis anois, nach bhfuil múnla reatha na Seirbhíse Dóiteáin ar Áirithíocht oiriúnach don fheidhm atá leis. Tá sé seo le haithint sna deacrachtaí laistigh de na húdaráis dóiteáin go léir, pearsanra a earcú agus a choinneáil sa tseirbhís dóiteáin ar áirithíocht. Mar thoradh ar ghníomhaíocht thionsclaíoch thar ceann bhaill SIPTU na Seirbhíse Dóiteáin ar Áirithíocht go náisiúnta, ghlac an dá thaobh le moladh ón gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC). Leis an gcomhaontú seo, tiocfaidh méadú ar líon na bpearsanra ar áirithíocht ó fhoireann lán-nirt de 120 go 164 pearsanra, agus tabharfar rogha do bhaill freagairt do theagmhais éigeandála ar bhonn seachtain ar glao-dhualgas / seachtain saor. Mar gheall ar chur i bhfeidhm chomhaontú an WRC, beidh costas aonuaire tosaigh i gceist ar luach thart ar €3.5m mar gheall ar arduithe pá, ar bhillí pá breise, ar chostais oiliúna tosaigh agus costais choimhdeacha eile in aghaidh an chomhraiceora dóiteáin.

Chun cur i bhfeidhm rathúil na bpríomhfhorálacha i KCS a bhaint amach, beidh gá le tiomantas leanúnach ón tSeirbhís Dóiteáin, ó na Foirne Bainistíochta Contae agus Cathrach agus ó Ionadaithe Tofa na Cathrach agus an Chontae. Ag leanúint ar aghaidh ó thuarascáil Ghrúpa Bailíochtú Seachtrach (EVG) an NDFEM maidir leis na cuairteanna a tugadh ar gach Seirbhís Dóiteáin in 2014 dar teideal "Seirbhísí Dóiteáin in Éirinn – Seachadadh Áitiúil – Comhsheasmhacht Náisiúnta", rinneadh an dara babhta de chuairteanna Grúpa Bailíochtaithe Seachtracha a sceidealú do dheireadh 2019 agus i rith 2020. Chuir paindéim COVID-19 stad leis an gcuairt sin don Ghrúpa Bailíochtú Seachtrach, ach tionóladh cruinniú agus measúnú ar líne d'Athbhreithniú Acmhainne NDFEM i mí Mheán Fómhair 2020 in ionad na cuairte EVG. Dréachtphlean nua um Sheachadadh Seirbhíse 2019 – 2024, d'ullmhaigh Bainistíocht na Seirbhíse Dóiteáin Dréachtphlean nua Alt

26 agus cuireadh faoi bhráid na Stiúrthóireachta Pleanála, Comhshaoil agus Seirbhísí Éigeandála é. Samhlaítear go gcuirfear na pleananna seo faoi bhráid Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin na Comhairle i Ráithe 1 de 2024 agus chuig an SPC um Pleanáil, Comhshaol agus Seirbhísí Éigeandála agus chuig an gComhairle Iomlánach i R2 2024. Tá obair ar siúl freisin maidir le Pleananna nua Sábháilteachta Dóiteáin Reachtúla agus Pobail.

Le linn chruinniú Athbhreithnithe Acmhainne NDFEM ar líne, tharraing tionscadal Faisnéise Oibriúcháin de chuid Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe atá bunaithe ar ardán ArcGIS aird an ghrúpa athbhreithnithe. Is léir go bhfuil an tionscadal seo an-luachmhar ó thaobh anailíse de agus tá sé á úsáid anois chun gníomhaíochtaí seirbhíse dóiteáin amach anseo a phleanáil agus a spriocdhíriú. Tá beirt Oifigeach Shinsearach de chuid na Seirbhíse Dóiteáin agus ball de rannóg IT GCC ag obair le baill den Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála (NDFEM) chun an tionscadal seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta.


## OIBRÍOCHTAÍ DÓITEÁIN – POBAIL A CHOINNEÁIL SÁBHÁILTE (KCS)

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023 (BUNAITHE AR SHONRAÍ 2022):

- Tá 11 Stáisiún Dóiteáin sa Chathair agus sa Chontae (féach léaráid 1) lonnaithe i mBaile Átha an Rí, i mBéal Átha na Sluaighe, sa Chlochán, Cathair na Gaillimhe, An Gort, Baile Locha Riach, An Creagán, Port Omna, Tuaim, Inis Mór agus An Cheathrú Rua. Tá pearsanra faoi choinneáil ag gach stáisiún ach amháin Cathair na Gaillimhe, ina bhfuil meascán de phearsanra lánaimseartha i mbun sealoibre agus pearsanra ar áirithíocht ar glaodhualgas ann.
- Fostaíonn an Chomhairle thart ar 156 pearsanra comhraicthe dóiteáin ag líon iomlán go díreach i Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe lena n-áirítear comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus ar áirithíocht sa Chathair agus sa Chontae. Áirítear leis an bhfigiúr seo comhaontú a idirbheartaíodh in 2021 chun líon na gcomhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht sa Chathair a mhéadú le beirt chomhraiceoirí dóiteáin bhreise.
- Tá 11 oifigeach shinsearacha dóiteáin maoirseachta agus coiscthe dóiteáin, lena n-áirítear an Príomhoifigeach Dóiteáin (POD) agus pearsanra 5 shibhialtach tacaíochta, Meicneoir Briogáide agus Oifigeach Cosanta Sibhialta (CDO) ag obair sa Cheanncheathrú i Stáisiún Dóiteáin Chathair na Gaillimhe.


  Le linn 2022, d'fhreagair Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe 1,830 glao éigeandála; 1131 do Bhriogáidí Dóiteáin an Chontae agus 699 do Bhriogáid Dóiteáin Chathair na Gaillimhe sna tailte dóiteáin Cathrach agus Contae. B'ionann sin agus méadú 418 ar líon na slógadh in 2021. Léirítear i Léaráid 2 thíos leibhéal na nglaonna a fuarthas in 2012. Ó bhuaicphointe in 2013, laghdaíodh agus níor tháinig aon mhéadú ar líon na nglaonna ó 2014 go 2017. Tháinig méadú suntasach ar líon na nglaonna in 2018. Rinneadh an líon is lú glaonna amach le 12 bhliain anuas in 2021 agus in 2022, rinneadh an líon is mó glaonna amach ó 2011. Táthar á tuaradh go mbeidh líon na glaonna amach do 2023 idir leibhéil 2021 agus 2022. Taispeántar líon na nglaonna amach in aghaidh an stáisiúin i léaráid 3 anseo thíos.

**LÉARÁID 1: LIMISTÉIR STÁISIÚIN DÓITEÁIN REATHA**





- Ba é an meánchostas in aghaidh an duine den daonra chun an tSeirbhís Dóiteáin a sholáthar i gCathair agus i gContae na Gaillimhe in 2022 ná €52.66. Ba é 2.03 nóiméad agus 5.10 nóiméad na meán-amanna freagartha do gach teagmhas d'fheithiclí céadfhreastail lánaimseartha sa Chathair agus do na stáisiúin ar áirithíocht sa Chontae faoi seach.
- Léirítear céatadán na n-amanna freastail ar láthair dóiteáin agus teagmhais eile do Bhriogáidí Dóiteáin Cathrach agus Contae i dTábla 1 thíos. Ní bhfuair aon duine bás mar thoradh tine in 2022 agus fuair duine amháin bás mar thoradh tine go dtí seo in 2023.
- Rinne an Chomhairle iarracht a chinntiú go bhfuair pearsanra uile na Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála oiliúint, mar a rinneadh sna blianta roimhe seo ag an leibhéal áitiúil. Rinneadh dul chun cinn freisin ar oiliúint na nOifigeach Sinsearach agus Sóisearach Dóiteáin leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála (NDFEM). Rinneadh oiliúint de réir an Phlean Oiliúna / an Chláir Bhliantúil Oiliúna do 2023, go dtí an leibhéal ab airde agus ab fhéidir, faoi réir na srianta agus an riosca a bhain leis an bpaindéim. Leanadh ar aghaidh leis na caighdeáin oiliúna a aistriú go dtí an creat QQI in 2021.

## LÉARÁID 2: TAIFEAD NA NGLAONNA AMACH 2013 - 2022




## LÉARÁID 3: MIONDEALÚ AR GHLAONNA AMACH DE RÉIR STÁISIÚIN IN 2022




## TÁBLA 1: CÉATADÁN NA N-AMANNA FREASTAIL I GCATHAIR AGUS I GCONTAE NA GAILLIMHE 2022

| % Am Freastail | % Tinte | % Teagmhais Eile |
|---|---|---|
| Níos lú ná 10 nóiméad | 45.29 | 47.99 |
| 10 go 20 nóiméad | 25.95 | 35.38 |
| Níos mó ná 20 nóiméad | 28.76 | 16.68 |

- Tá sé i gceist ag an tSeirbhís Dóiteáin leanúint ar aghaidh ag ullmhú pleananna réamhtheagmhála do rioscaí suntasacha Cathrach agus Contae, gníomh ar dualgas reachtúil é faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003. Tá dlúthbhaint ag an obair seo leis an gClár nua um Shábháilteacht ó Dhóiteán do Dhaoine Soghonta agus don Phobal, ar cuireadh tús leis in 2019.
- Lean Grúpa Stiúrtha Sláinte agus Sábháilteachta na Seirbhíse Dóiteáin ar aghaidh ag teacht le chéile in 2023 le cruinnithe míosúla chun an tSeirbhís Sláinte a bhainistiú agus a stiúradh. Ba é an cuspóir ná an creidiúnú ISO 45001 a baineadh amach i nDeireadh Fómhair 2018 a choimeád, a tháinig tar éis chreidiúnú OHSAS 18001 a baineadh amach roimhe sin i mí na Nollag 2017. Leanadh ar aghaidh le cruinnithe míosúla an Ghrúpa Sábháilteachta Oibriúcháin in 2023 chomh maith. Rinne NSAI iniúchadh ar na Seirbhísí Dóiteáin maidir le comhlíonadh ISO 45001 ar an 29 agus an 30 Bealtaine 2023.

## MOLTAÍ DO 2024:

## OIBRIÚCHÁIN

- Déanfaidh an Chomhairle iarracht a chinntiú go gcuirfear oiliúint ar phearsanra uile na Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála mar a rinneadh sna blianta roimhe seo, ag an leibhéal áitiúil. Leanfar ar aghaidh le hoiliúint Oifigigh Dóiteáin / Teagascóra leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála. Cuirfear oiliúint i gcrích i gcomhréir leis an bPlean Oiliúna Bliantúil do 2024 faoi réir forálacha buiséadacha. Leanfaidh SOGanna náisiúnta ar aghaidh agus iad mar chnámh droma don phlean oiliúna ar fud na Cathrach agus an Chontae do gach pearsanra dóiteáin in 2024. Cuirfear an chéad sraith eile de SOGanna i bhfeidhm in 2024 agus leanfaidh na Treoirlínte Oibriúcháin Caighdeánacha Náisiúnta (SOGanna) ar aghaidh mar bhonn taca le measúnuithe riosca ginearálta agus measúnaithe riosca bunaithe ar ghníomhaíochtaí mar chuid den Chóras Bainistíochta Sábháilteachta.
- In 2024 leanfaimid ar aghaidh leis na caighdeáin oiliúna a aistriú chuig an gcreat QQI i gcomhar le NDFEM.
- Bhí ráta scoir/éirí as seasta sa tSeirbhís Dóiteáin ar áirithíocht agus lánaimseartha i nGaillimh in 2021 agus in 2022 ach laghdaíodh líon na ndaoine a ndeachaigh ar scor/ a d'éirigh as in 2023. Ba cheart go gcuirfeadh an comhaontú náisiúnta WRC lena dtagraítear anseo thuas, moill bhreise ar rátaí scoir. Meastar go gcuideoidh na socruithe níos tarraingtí maidir lena bheith ar glao-dhualgas le hearcaíocht, agus caveat ag gabháil leis an gcomhaontú go n-éilítear leibhéal earcaíochta níos airde in 2024 agus le linn 2025. Leanfaidh ionduchtú earcaithe ar áirithíocht ar aghaidh tríd an nGrúpa Oiliúna Náisiúnta do Sheirbhísí Údarás Áitiúil (LASNTG), chuig an gcaighdeán nua QQI in 2024.
- Leanfar ar aghaidh le béim a chur ar phleananna réamhtheagmhais in 2024 i gcomhar leis an gClár do Dhaoine Soghonta a chuirfear i bhfeidhm i ngach stáisiún. Áirítear leis an mbéim seo ar phleananna réamhtheagmhais, pleananna d'fhoirgnimh ardstóracha agus meánstóracha agus d'fhoirgnimh a bhfuil fadhbanna oidhreachta ag baint leo.
- In 2024, leis an bhfeabhas atá tagtha ar an mbonneagar, tá súil againn go mbeimid in ann leanúint ar aghaidh chun amanna slógtha agus freastail a fheabhsú.

- Beidh an tsábháilteacht mar thosaíocht fós i rith 2024 agus tionólfar cruinnithe míosúla den Ghrúpa Stiúrtha Sábháilteachta agus Sábháilteachta Oibriúcháin. Déanfar iniúchadh arís ar GFRS le haghaidh creidiúnú leanúnach ISO 45001 ar bhonn sé mhí.

## IONAD CUMARSÁIDE RÉIGIÚNACH AN IARTHAIR (WRCC)

Tá baint ag Údaráis Dóiteáin Chonnacht agus Dhún na nGall leis an tionscadal glaonna amach agus cumarsáide Lárnach seo trí Ionad Cumarsáide Réigiúnach an Iarthair (WRCC) i gCaisleán an Bharraigh, atá á reáchtáil ag Comhairle Contae Mhaigh Eo mar Údarás Conarthach. Ranníocann comhpháirtithe uile na nÚdarás Áitiúil le costas na seirbhíse seo agus méadóidh na costais de bheagán in 2023 fad is a reáchtálfar na córais atá ann faoi láthair in éineacht leis an seanchóras. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ag an NDFEM ar na trí Ionad Cumarsáide Réigiúnacha mar chuid den tionscadal nua CTRI.

In 2019 d'aistrigh GFRS, mar aon le gach Seirbhís Dóiteáin eile de chuid na nÚdarás Áitiúil, chuig ardán nua de chuid na Seirbhíse Raidió Digiteach ar a dtugtar TETRA uirthi. Críochnaíodh suiteáil trealaimh nua slógtha agus raidió i Stáisiúin Dóiteáin agus gach fearas i lár 2019 mar chuid den tionscadal leanúnach CTRI.

Bhí impleachtaí suntasacha airgeadais ag an athrú go TETRA do Sheirbhísí Dóiteáin uile na nÚdarás Áitiúil ó 2020 ar aghaidh mar go mbeidh táille bhliantúil ar gach feiste TETRA a bheidh in úsáid, iníoctha le TETRA Ireland a bhuaigh an tionscadal cumarsáide digiteach náisiúnta do gach Seirbhís Éigeandála in Éirinn. Ba é NDFEM a d'íoc an costas ioncaim do ghléasanna nua TETRA don chéad bhliain oibríochta in 2019. D'fhill an costas seo ar Sheirbhís Dóiteáin gach Údaráis Áitiúil in 2020. Tá costas suntasach méadaithe ar luach thart ar €90,000 in aghaidh na bliana le híoc ag na hÚdaráis Áitiúla anois.

Tuigtear, de réir mar a aistríonn WRCC ó mhúnla Réigiúnach go múnla Náisiúnta, go mbunófar múnla nua maoinithe Náisiúnta. D'fhéadfadh impleachtaí éadroma a bheith aige seo do bhuiséid na nÚdarás Áitiúil ó 2024 ar aghaidh, ach níl aon chomhartha ann maidir le cén uair a thabharfar isteach an múnla náisiúnta maoinithe nua.

## TIONSCADAL RÉIGIÚNACH UM BAINISTÍOCHT AR AN STRUS A LEANANN TEAGMHAIS CHRITICIÚLA (CISM)


Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe an tÚdarás Conarthach don chóras CISM do na sé Údarás Dóiteáin i gConnacht agus i nDún na nGall. Tá soláthar á dhéanamh i mbuiséid 2024 chun leanúint ar aghaidh leis an tionscadal seo, agus beidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ag gníomhú mar Údarás Conarthach arís. Bronnadh conradh don tréimhse 2021-2024 i réigiún an Iarthair ar Inspire Wellbeing ó Thuaisceart Éireann.

# SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN / COSC DÓITEÁIN


## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023 (BUNAITHE AR SHONRAÍ 2022):

- In 2022, rinne Rannóg Coiscthe Dóiteáin na Seirbhíse Dóiteáin 237 iniúchadh ar áitribh mar chuid dá feidhm um chosc dóiteáin. Ba mhéadú é seo ó 194 iniúchadh in 2021 a rinneadh i gcomhréir le hAcht na Seirbhísí Dóiteáin (FSA) 1981 agus 2003, na hAchtanna Ceadúnaithe, na hAchtanna Pleanála agus an tAcht um Shubstaintí Contúirteacha. Rinneadh iniúchtaí freisin maidir le heisiúint Deimhnithe Sábháilteachta ó Dhóiteán (DSD) faoin Acht um Rialú Foirgníochta 1990 (arna leasú).
- Phléigh an Rannóg um Chosc ar Dhóiteán le 278 Iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta ó Dhóiteán (FSC) de gach cineál in 2022 faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta. Léirítear gníomhaíochtaí maidir le Deimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán ó 2012 go 2022 i Léaráid 4 thíos. Is comhartha teacht aniar sa tsochaí é an méadú beag ar líon na n-iarratas FSC a fuarthas in 2022, tar éis phaindéim COVID-19.
- Go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2023, fuair agus phléigh an Rannóg um Chosc Dóiteáin le 219 Iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán (FSC) de gach cineál. Tá an treocht seo cosúil lena raibh ann in 2022, agus is léiriú soiléir é ar éifeacht leanúnach na paindéime agus imeachtaí idirnáisiúnta eile.
- Phróiseáil an Rannóg um Chosc Dóiteáin 95 iarratas ar Dheimhniú Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas (DAC) in 2022. Léirítear gníomhaíocht maidir le Deimhnithe Rochtana Míchumais ó 2012 go 2022 i Léaráid 5 anseo thíos. Go dtí seo agus go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2020, tá 74 Iarratas ar Dheimhniú Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas (TRM) faoi Rialacháin um Rialú Foirgníochta faighte ag an Rannóg um Chosc ar Dhóiteáin agus phléigh siad leo.

## LÉARÁID 4: GNÍOMHAÍOCHT MAIDIR LE DEIMHNITHE UM SHÁBHÁILTEACHT Ó DHÓITEÁN (FSC) 2012- 2022



### LÉARÁID 5: GNÍOMHAÍOCHT MAIDIR LEIS AN DEIMHNIÚ ROCHTANA DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS 2012-2022




### MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfaidh an Rannóg um Chosc ar Dhóiteáin ar aghaidh ag próiseáil gach cineál iarratas FSC thar ceann na gComhairlí Contae agus Cathrach agus iarratais DAC thar ceann na Comhairle Contae.
- Leanfaidh an Rannóg um Chosc ar Dhóiteáin ar aghaidh ag próiseáil iarratas ar cheadúnais agus ar atreoruithe pleanála de réir mar a thagann siad isteach.
- Leanfaidh an Rannóg um Chosc ar Dhóiteáin ar aghaidh leis an gclár iniúchtaí ar stórais peitriliam mhiondíola sa Chathair agus sa Chontae. Leanfaidh siad ar aghaidh ag próiseáil ceadúnais DSA do shiopaí peitriliam miondíola sa Chathair agus sa Chontae de réir mar a thagann siad isteach. Ba chóir a thabhairt faoi deara go gcuirfidh na rialacháin nua atá beartaithe don réimse seo go mór le hualach oibre na Rannóige agus go mbeidh acmhainní breise ag teastáil as seo amach.
- Leanfaidh an Rannóg um Chosc ar Dhóiteáin ar aghaidh leis an gclár iniúchtaí sábháilteachta dóiteáin a chur i bhfeidhm agus béim ar leith á cur ar thithe altranais, ar áiseanna cúraim, ar bhrúnna agus óstáin sa Chathair agus sa Chontae. Leagfar béim freisin ar fhoirgnimh mheánstóracha / ardstóracha agus ar fhoirgnimh a bhfuil fadhbanna oidhreachta ag baint leo.
- Leanfaidh an Rannóg um Chosc ar Dhóiteáin ar aghaidh ag déanamh iniúchtaí sa Chathair agus sa Chontae mar fhreagairt ar ghearáin ar bhonn tosaíochta. Cuirfear gníomh forfheidhmithe i bhfeidhm de réir mar is gá.

## COSAINT SHIBHIALTA NA GAILLIMHE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Feidhmíonn Cosaint Shibhialta na Gaillimhe ó 5 ionad oiliúna; Cathair na Gaillimhe, Órán Mór, Baile Locha Riach, Béal Átha na Sluaighe agus Cluain Bheirn. In 2023 d'oscail na haonaid go léir ina n-iomláine le haghaidh oiliúna agus lean siad ar aghaidh i rith na bliana.
- Lean baill de Chosaint Shibhialta na Gaillimhe ar aghaidh ag cabhrú le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ag na clinicí a reáchtáladh i gcathair agus i gcontae na Gaillimhe i rith na bliana.
- Chuidigh Cosaint Shibhialta na Gaillimhe le go leor Cuardach Duine ar Iarraidh laistigh den Chathair/Chontae ar iarraidh ón nGarda Síochána agus chabhraigh siad le Cosaint Shibhialta an Chláir ó am go chéile i rith na bliana nuair ar iarradh orthu le haghaidh cúnaimh. Baineadh úsáid as dróin agus as córas nua sonóra bád i gcuardaigh go príomha, agus is sócmhainní luachmhara de chuid na foirne cuardaigh iad.
- Tá tús curtha le hoiliúint san Aonad Rialaithe d'oibrithe deonacha. Tá an t-aonad seo tar éis a bheith ina shócmhainn luachmhar do Rialú Oibríochtaí ag imeachtaí agus le linn cuardach.
- Téann gach Teagascóir CFR, FAR agus EFR Cosaint Shibhialta i mbun ath-teistithe de réir Chlár Oiliúna Choláiste na Cosanta Sibhialta.
- Chuir Teicneoirí Éigeandála Leighis de chuid na Cosanta Sibhialta Uas-sciliú CPG PHECC 2021 i gcrích i Márta 2023 de réir mar a éilíonn an Chomhairle um Chúram Práinne Réamh-Ospidéil (PHECC).
- Rinneadh Teagascóirí Freagróirí Gasta agus Tuile de chuid na Cosanta Sibhialta ath-teistiú in 2023 de réir Chlár Choláiste na Cosanta Sibhialta.
- Sheol Brainse na Cosanta Sibhialta VEMS (Córas Bainistíochta Trealaimh agus Oibrithe Deonacha) i mí Iúil 2023. Tháinig an córas in ionad Chlár na Cosanta Sibhialta. D'fhreastail an tOifigeach Cosanta Sibhialta ar go leor laethanta oiliúna maidir le feidhmiú an chórais nua.
- Íoschaighdeáin Oiliúna a chur i bhfeidhm do gach oibrí deonach, agus do bhaill nua agus reatha.
- Tá réimse clár oiliúna ar siúl faoi láthair d'oibrithe deonacha in 2023, lena n-áirítear Céad Fhreagairt Chairdiach, Freagróir Garchabhrach, Freagairt Éigeandála Céaduaire, Oiliúnú maidir le Láimhsiú Sábháilte agus maidir le Láimhsiú Daoine.
- Fuair Cosaint Shibhialta na Gaillimhe €35,000 ó Dheontas an Chiste Dhíomhaoin do 2023 chomh maith ón Roinn Cosanta chun feithicil Ford Ranger 4x4 a cheannach. Chuir an leithdháileadh seo le cumas na n-aonad go léir chun freastal ar ghlaonna.
- Glacadh páirt i bhFóram Pobail Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus cuireadh tascanna i gcrích ar mhaithe leis na daoine leochaileacha ar aithníodh sna grúpaí fóraim iad.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Díreofar an oiliúint in 2024 ar an gcumas Bainistíochta Cuardaigh agus ar an oiliúint do Fhreagróirí Uisce Tuile a fhorbairt. Glacfaidh baill páirt in oiliúint leanúnach ath-teistithe agus in oiliúint tosaigh in 2023/2024 faoin gclár Cosanta Sibhialta.
- Tá oiliúint agus ath-teistiú maidir le tiomáint le linn drochaimsire le cur ar siúl sa chéad ráithe de 2024.
- Glacfar páirt in oiliúint Ath-teistithe i ngach disciplín i gcomhréir le clár an Choláiste Cosanta Sibhialta do 2024.
- Forbróidh freagróirí ar gach leibhéal cliniciúil a gcuid scileanna i rith na bliana oiliúna
- Déanfar idirchaidreamh leanúnach leis na PRAnna chun Cosaint Shibhialta a fhorbairt agus a chur chun cinn mar eagraíocht tacaíochta.
- Bainfear leas as oiliúint bhreise tacaíochta idir piaraí do bhainistíocht ar an strus a leanann teagmhais chriticiúla (CISM), de chuid clár oiliúna Bhrainse na Cosanta Sibhialta in 2024.
- Leanfaidh gach ball ar aghaidh chun na hÍoschaighdeáin Oiliúna a chomhlíonadh de réir an Bheartais Cosanta Sibhialta.

# FORBAIRT AGUS PLEANÁIL EACNAMAÍOCH

## OIFIG FIONTAIR ÁITIÚIL (LEO)

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Cuireadh Ionad Céadfhreastail den scoth agus éifeachtach ar fáil do ghnólachtaí i gContae & i gCathair na Gaillimhe
- Cuireadh Tacaíochtaí Fiontraíochta ar fáil, lena n-áirítear Gearrchúrsaí Oiliúna, clinicí Meantóireachta agus Comhairleacha Gnó.
- Cuireadh tacaíochtaí airgeadais ar fáil do ghnólachtaí incháilithe i bhfoirm Deontas Féidearthachta, Prímeála agus Leathnaithe Gnó chun cabhrú leis na gnólachtaí agus iad ag tosú agus ag leathnú amach.
- Cuireadh tacaíochtaí Airgeadais ar fáil i bhfoirm Dearbháin Trádála Ar Líne a chuir ar chumas gnólachtaí suíomh gréasáin ríomhthráchtála a fhorbairt agus díolacháin ar líne a mhéadú.
- Cuireadh Tacaíocht Airgeadais ar fáil i bhfoirm an Chúnaimh Theicniúil do Mhicrea-Easpórtálaithe chun cabhrú le gnólachtaí margaí thar lear a iniúchadh, le díolacháin easpórtála a mhéadú agus lena ngnó a idirnáisiúnú.
- Rinneadh Cláir do Ghnó Glas a sheachadadh chun cabhrú le gnólachtaí an chéad chéim a ghlacadh i dtreo a bheith níos inbhuanaithe.
- Rinneadh Cláir do Ghnó Barainneach a sheachadadh chun cabhrú le gnólachtaí prionsabail bharainneacha a ghlacadh chun táirgiúlacht agus a iomaíochas a fheabhsú.
- Rinneadh Cláir Dhigiteacha do Ghnó a sheachadadh chun cabhrú le gnólachtaí plean a ullmhú agus a chur i bhfeidhm chun uirlisí agus teicnící digiteacha a ghlacadh ar fud an ghnó.
- Tacaíodh le hÚinéirí gnó le hiarratas ar iasachtaí Microfinance Ireland.
- Méadaíodh feasacht ar sheirbhísí LEO atá ar fáil do ghnólachtaí ar bhonn áitiúil agus náisiúnta agus cabhraíodh le caidrimh a fhorbairt idir gnólachtaí agus na soláthraithe seirbhíse seo.
- Forbraíodh caidrimh le páirtithe leasmhara trína bheith ag freastal ar imeachtaí fiontraíochta seachtracha, trína bheith ag cur le beartas fiontraíochta, agus ag obair i gcomhar le tionscnaimh tacaíochta fiontair i nGaillimh.
- Cuireadh sraith tacaíochtaí agus seirbhísí tógála cumais ar fáil. Cuireann siad seo le luach gnó, agus téann siad chun tairbhe gnólachtaí.
- Tacaíodh le cruthú fostaíochta sa Chontae trí infheistíocht a dhéanamh i ngnólachtaí incháilithe.
- Tacaíodh le forbairt eacnamaíoch atá dírithe ar phoist a chruthú sa Chontae agus sa réigiún.
- Cothaíodh cultúr fiontraíochta trí rannpháirtíocht le líonraí earnála, le scoileanna agus le hinstitiúidí tríú leibhéal.
- Chuathas i dteagmháil le comhpháirtithe ar leibhéal áitiúil agus leibhéal náisiúnta lena n-áiríodh, CREW, Ardán, DCCOI, WDC, Údarás, BIM, Líonra na Gaillimhe, chun tionscnaimh chruthaithe fiontair agus tacaíochta a dhearadh agus a sheachadadh.

- Glacadh páirt in imeachtaí Náisiúnta amhail Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla, Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta, Clár Fiontraíochta na Mac Léinn, Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan, Sárthaispeántas & an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Soláthar faisnéise – Ionad Céadfhreastail agus imeachtaí for-rochtana.
- Comhairle Gnó, Meantóireacht & Líonrú.
- Cláir forbartha bainistíochta agus forbartha earnála.
- Ceardlanna Oiliúna Gnó agus Clinicí Comhairleacha Gnó.
- Tacaíocht Airgeadais - le Dearbháin Trádála Ar Líne, Féidearthacht, Príméail, Leathnú Gnó, TAME agus Deontais Tosaigh do Chéimithe.
- Maoiniú taighde agus forbartha a sheachadadh d'earnálacha ardacmhainne (Deontais um Nuálaíocht Shofhreagrúil agus Deontais Tosaigh Um Maoin Intleachtúil).
- Cláir do Ghnó Glas, do Ghnó Barainneach agus do Ghnó Digiteach a sheachadadh.
- Cláir Easpórtála a sheachadadh do chliaint spriocdhírithe chun méadú agus fás a dhéanamh.
- Rannpháirtíocht na gcliant in imeachtaí Náisiúnta – Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla, Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta, Clár Fiontraíochta na Mac Léinn, Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan, Sárthaispeántas & An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta.
- Tacú le mol Nuálaithe Bia trí chomhoibriú a dhéanamh leo chun tacú le cláir do ghnólachtaí nuathionscanta Bia agus Dí agus le SMEnna, agus iad a fhorbairt.
- Tacaíochtaí a sheachadadh do ghnólachtaí a bhfuil tionchar ag cogadh na hÚcráine orthu de bharr an tionchair atá á imirt ag an gcogadh ar chostais fuinnimh (úsáideoirí Ceirisín, cuir i gcás).
- Leanúint ar aghaidh ag tógáil agus ag forbairt caidrimh le páirtithe leasmhara le himeachtaí agus le tionscnaimh chomhoibríocha.

## PLEANÁIL DON FHORBAIRT INBHUANAITHE:

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023

- Tá 1,704 Iarratas Pleanála faighte faoin dáta seo (An 23 Deireadh Fómhair 2023).
- Tá an córas Náisiúnta ríomhphleanála ag feidhmiú anois d'Iarratais Phleanála, d'aighneachtaí agus iarratais agus d'aighneachtaí Chuid VIII. Go dtí seo i mbliana (an 23 Deireadh Fómhair), fuarthas 1,269 ríomhiarratas agus fuarthas 478 ríomh-aighneacht tríd an tairseach.Tá iarratais Chuid VIII ar fáil ar an tairseach le breathnú ar aighneachtaí nó lena ndéanamh. Tá 9 n-iarratas ar an tairseach.
- Tionóladh 3 chruinniú d'iarratais phleanála maidir le forbairtí mórscála cónaithe (LRD).
- Tharla 18 gcruinniú d'fhorbairtí móra a d'eascair as 35 iarratas san iomlán.
- Próiseáladh 111 Iarratas ar Fhorbairt Dhíolmhaithe amhail an 23 Deireadh Fómhair 2023.
- Críochnaíodh agus glacadh le Plean Ceantair Áitiúil Thuama 2023-2029, i Ráithe 3 de 2023.
- Ullmhaíodh Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Bhaile Átha an Rí 2023-2029, ar foilsíodh é i Ráithe 2 2023.
- Ullmhaíodh Dréachtphlean Ceantair Áitiúil Bhaile Locha Riach 2023-2029, a foilsíodh in Ráithe 4 2023.

- Rinneadh obair leanúnach ar na Léarscáileanna Cánach Talún Criosaithe Cónaithe - Léarscáileanna Deiridh le foilsiú ar an 1 Nollaig 2023.
- Cuireadh ionchur pleanála ar fáil do Ghrúpaí Stiúrtha éagsúla a bhaineann leis an gContae.
- Leanadh ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht leis an Stiúrthóireacht Bóithre maidir le Staidéar Iompair.
- Tugadh faoi thionscnamh trasteorann san oideachas agus sa phleanáil spásúil i mBaile Átha an Rí agus sa Chreagán i Ráithe 1 2023. Bhí an tionscnamh seo a reáchtáil idir Ollscoil na Gaillimhe, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste agus an fhoireann tíreolaíochta agus mic léinn i gColáiste na Toirbhirte, Baile Átha an Rí agus Coláiste an Phaidrín Naofa, An Creagán i gContae na Gaillimhe, agus Coláiste Comhtháite an Droichid Nua, Droichead na Banna, Contae an Dúin. Chuir foireann na Rannóige um Pleanáil Chun Cinn i gComhairle Chontae na Gaillimhe tacaíocht ar fáil agus ghlac siad páirt sa tionscnamh trasteorann seo.
- Rinneadh obair leanúnach maidir le Foireann URDF chun an tIarratas ar Mhaoiniú Call2 a sheachadadh.
- Rinneadh Idirchaidreamh agus Bainistiú i gcomhar leis an gComhairleoir Iompair agus Comhairleoirí Comhshaoil do Bhaile Átha an Rí agus do Bhaile Locha Riach.
- Glacadh páirt i Straitéis Iompair Limistéar Cathrach na Gaillimhe leis an Údarás Náisiúnta Iompair, TII agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Forbraíodh Córais IT chun an córas réamhphleanála a bhainistiú.

## MOLTAÍ 2024

- Leanúint ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar shonraí iarratais phleanála de réir riachtanais RSES.
- Dréachtscéim Ranníocaíochta Forbartha a ullmhú agus a fhoilsiú.
- Pleananna Limistéir Áitiúil don Ghort a ullmhú agus a fhoilsiú.
- Idirchaidreamh agus bainistiú a dhéanamh leis na Comhairleoirí Comhshaoil ar Phleananna Limistéir Áitiúil Bhaile Locha Riach agus an Ghoirt.
- Léarscáileanna Forlíontacha (1 Bealtaine 2023 – 1 Meitheamh 2023) agus Léarscáileanna Deiridh (1 Nollaig 2023) a ullmhú le foilsiú. Pléifear le haighneachtaí poiblí a thagann ina dhiaidh sin ar an RZLT: idirchaidreamh a dhéanamh leis an Roinn, le hUisce Éireann, le TII, An Bord Pleanála agus na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an tionscadal seo agus a bheith ag plé le ceisteanna a thagann chun cinn dá bharr.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chuspóirí beartais maidir le straitéisí atá geallta i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2022 – 2028.
- Tionscadal URDF a chur chun cinn.
- Téigh i gcomhairle leis an Stiúrthóireacht Bóithre/Comhairleoirí Iompair arna gceapadh ar roinnt Straitéisí Iompair (Múnlú Iompair/Pleananna Iompair Áitiúil/Straitéis Siúlóide/Rothaíochta).
- Ionchur Pleanála a sholáthar do Ghrúpaí Stiúrtha éagsúla a bhaineann leis an gContae.
- Páirt a ghlacadh i dTionscnamh na Foirne Baile/Foirne RRDF.
- Straitéisí Fearainn Phoiblí a ullmhú do bhailte sonraithe sa Phlean Ceantair Áitiúil, nuair a cheadaíonn acmhainní.
- Páirt a ghlacadh sa tionscnamh píolótach um Ghabháil Sonraí Spásúla Pleanála leis an Roinn Pleanála, Tithíochta agus Rialtais Áitiúil.

- Teagmháil a dhéanamh le hOifigigh i ndáil le reachtaíocht ceadúnaithe imeachtaí reachtúla mar is cuí.
- Tionscadail a bhainistiú do na Comhairleoirí maidir le dearadh an ionaid áitiúil, an charrchlóis agus na soláthairtí spáis oscailte atá leagtha amach sa Dréachtphlean Forbartha Contae agus i dtionscadal URDF don Gharrán.
- Tionscadail a bhainistiú do na Comhairleoirí maidir leis an Staidéar Toipeolaíochta don Gharrán, Órán Mór.
- Tairiscintí a ullmhú do Mháistirphlean Iar-Thailte Aerfort na Gaillimhe agus tionscadail a bhainistiú do na Comhairleoirí ina dhiaidh sin.
- Paraiméadair an Bhille nua um Pleanáil agus Forbairt a chur i bhfeidhm - athruithe féideartha.
- An córas cruinnithe réamhphleanála a chur i bhfeidhm.

## ATHGHINIÚINT

### URDF GLAOCH 3- TUAIM, BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE AGUS ÓRÁN MÓR

D'éirigh leis an bhFoireann Athnuachana maoiniú ar luach €2,000,000 a fháil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi ghlao 3 den URDF (Ciste Forbartha um Athghiniúint Uirbeach) chun aghaidh a thabhairt ar fholúntas agus dearóiliú laistigh de na bailte. Beidh an ciste ar fáil chun costais a chlúdach le haghaidh éadála maoine nó láithreáin agus aon oibreacha sibhialta, nó dearaidh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil chun an riosca a bhaint ó na láithreáin/foirgneamh, nó iad a fheabhsú le go mbeidh siad níos tarraingtí lena n-athúsáid, lena bhforbairt ag daoine eile nó lena ndíol ar aghaidh. Tá sé i gceist go ndéanfaí an ciste a athshlánú ó na fáltais a fhaightear ón úsáid deiridh/ ón úsáideoir deiridh, rud a ligfeadh don údarás áitiúil clár rollach a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le fadhb fhadtéarmach na dtithe folmha agus dearóiliú, gan dul i muinín iasachtaí agus an riosca airgeadais a bhaineann leo.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Bunaíodh grúpa oibre inmheánach lena n-áiríodh baill foirne Comhshaoil, Tithíochta agus Athghiniúna.
- Cuireadh tús le suirbhéanna tógála chun áitíocht/úinéireacht foirgneamh a aithint.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Comhairleoir seirbhísí maoine a cheapadh chun cabhrú le tionscadal a chur i ngníomh.
- Dul chun cinn a dhéanamh maidir le réadmhaoin fholamh a aithnítear a cheannach, lena n-athdhíol ar an margadh oscailte.

## LÁR AN BHAILE AR DTÚS (TCF)

Ceapadh Oifigeach Athnuachana Bhaile Chontae na Gaillimhe i Meitheamh 2023. Ainmníodh an Gort mar bhaile píolótach don phlean Lár an Bhaile ar dTús do Chontae na Gaillimhe. Bunaíodh Foireann fhoirmiúil don Bhaile chun cabhrú le plean Lár an Bhaile ar dTús (TCF) a sheachadadh. I measc na n- ionadaithe ar an bhfoireann tá baill ó ghrúpaí pobail áitiúla, daoine a bhfuil cónaí orthu sa bhaile agus úinéirí gnó. Leanfar leis an gclár a chur i bhfeidhm sna chéad bhailte TCF aitheanta eile.

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

- Bunaíodh Foireann Bhaile an Ghoirt.
- Rannpháirtíocht an phobail agus comhairliúchán don phlean TCF.
- Foilsíodh plean píolótach TCF don Ghort.
- Cuireadh Iarratas TVRS isteach le haghaidh feabhsú Sráid-dreacha sa Ghort

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Tairiscint a ullmhú don chéad dá phlean TCF eile.
- Foirne foirmiúla Baile a bhunú i lonnaíochtaí TCF.
- Dul chun cinn a dhéanamh maidir le hullmhú agus le cur i gcrích phlean TCF Bhaile Átha an Rí.
- Cuidigh le foirne an Bhaile iarratais ar mhaoiniú a ullmhú do na dtionscadail a shonraítear i bplean TCF an Ghoirt.

## RRDF BHAILE ÁTHA AN RÍ

Chuaigh an fhoireann Athnuachana ar aghaidh le gradam maoinithe RRDF Chatagóir 2 chun scéim nua réimse poiblí a chur ar fáil do Chearnóg an Mhargaidh agus do Shráid na Croise.

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

- Ullmhaíodh iarratas pleanála Chuid 8 do Chearnóg an Mhargaidh agus do Shráid na Croise
- Rinneadh dul chun cinn ar an iarratas éadála agus maoinithe d’fhoirgneamh Burke’s Lane.
- Cuireadh tacaíocht theicniúil iomlán ar fáil don iarratas pleanála lena n-áiríodh comhairleoirí seachtracha agus an chéim deartha mhionsonraithe don mhaoin, Burke’s Lane.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Déan iarratas ar mhaoiniú faoi chatagóir 1 RRDF don scéim Réimse Poiblí ar Chearnóg an Mhargaidh agus ar Shráid na Croise.
- Dul chun cinn a dhéanamh leis an tionscadal tríd an próiseas soláthair agus seachadta (faoi réir dámhachtain maoinithe)

## RRDF AN CHLOCHÁIN

Tá maoiniú ar luach €792,029 faofa don Chlochán faoi chatagóir 2 den RRDF agus tá riachtanas maoinithe meaitseála ar luach €198,007 ag gabháil leis. Áirítear leis an tionscadal Réimse Poiblí an Chlocháin a fheabhsú agus a athbheochan, Páirc Chuan an Chlocháin a athdhearadh agus idirghabhálacha réimse poiblí a chur i bhfeidhm ar feadh Chéibh Bhóthar na Trá.

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

- Rinneadh idirchaidreamh poiblí le cónaitheoirí áitiúla, le húinéirí gnó agus le comhairleoirí araon.
- Cuireadh bailchríoch ar dhearadh mionsonraithe agus ar ullmhú iarratas pleanála Chuid 10 le cur faoi bhráid an Bhoird Pleanála.
- Cuireadh tacaíocht theicniúil ar fáil do rannóg an Chomhphobail maidir le hiarratas a dhéanamh ar éadáil tógála don Mhol Cianoibre.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Iarratas pleanála Chuid 10 a chur isteach agus iarratas ar mhaoiniú Chatagóir 1 RRDF a ullmhú don scéim réimse poiblí.

## BAILTE CINN SCRÍBE - AN CLOCHÁN

Tá an fhoireann Athnuachana tar éis seilbh a ghlacadh ar an tionscadal chun gradam maoinithe na mBailte Cinn Scríbe ar luach €500,000 ó Fháilte Éireann a sheachadadh, le maoiniú meaitseála 25%. Tógann sé seo an caiteachas iomlán chuig €666,000.

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

- Forbraíodh scéimeanna lena n-áiríodh “ullmhacht do ghlasbhealaí” ag Droichead Aird Bhéarra.
- An pailliún ag an gClós Cóistí a athdhearadh.
- Uasghrádú a dhéanamh ar chomharthaíocht sa bhaile lena n-áirítear seachadadh comharthaí Conair Thairseach an Atlantaigh.
- Obair a dhéanamh ar rochtain do choisithe ar chúl an Phríosúin go dtí an glasbhealach.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Maoiniú iomlán do thionscadal na mBailte Cinn Scríbe a chríochnú agus a tharraingt anuas.

## AN GORT

D’éirigh le foireann Athnuachana Chomhairle Chontae na Gaillimhe maoiniú ar luach €798,584 a fháil (le riachtanas maoinithe meaitseála ar luach €199,646).

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

- Rinneadh idirchaidreamh mionsonraithe leis an bpobal maidir le forbairt an tionscadail Réimse Poiblí don bhaile.
- Cuireadh bailchríoch ar dhearadh mionsonraithe agus ar ullmhú iarratas pleanála Chuid 10 le cur faoi bhráid an Bhoird Pleanála.
- Fuarthas tailte le haghaidh carrchlós poiblí chun tacú leis an tionscadal réimse poiblí.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Iarratas Pleanála Chuid 10 a chur isteach.
- Tailte a cheannach le haghaidh carrchlós poiblí chun tacú leis an tionscadal réimse poiblí.
- Iarratas ar Chatagóir 1 RRDF a dhéanamh chun Scéim Réimse Poiblí a sheachadadh.

## RRDF BHAILE LOCHA RIACH

Is é an maoiniú atá faofa faoi Chatagóir 1 RRDF do Bhaile Locha Riach ná €1,628,879 agus maoiniú meaitseála ar luach €542,960 ag gabháil leis. Cuideoidh an tionscadal le hathbheochan Bhaile Locha Riach agus Halla Baile Locha Riach agus Réimse Poiblí Shráid na Beairice tríd an bhfoirgneamh stairiúil agus tábhachtach seo a úsáid arís.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Rinneadh dul chun cinn ar dhearadh mionsonraithe agus socraíodh an tairscint do chonraitheoirí le haghaidh tógála.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Conraitheoirí le ceapadh agus tús le cur leis an gclár tógála 18 mí ar an láthair.

## RRDF PHORT OMNA

Is é an maoiniú a faomhadh faoi RRDF do Phort Omna ná €1,192,855 agus ceanglas cistiú meaitseála ar luach €397,618 ag gabháil leis. Áirítear leis an tionscadal athchóiriú an tSeantí Cúirte, idirghabhálacha an fhearainn phoiblí, dearadh páirce agus conair dealbhóireachta/ealaíne poiblí, aimsiú bealaigh agus léirmhíniú chomh maith le hathnuachan suíomhanna stairiúla lár an bhaile. Ceapadh comhairleoirí RPS chun Seirbhísí Comhairliúcháin na Foirne Dearaidh a sholáthar.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Rinneadh idirchaidreamh mionsonraithe leis an bpobal maidir le forbairt an tionscadail Réimse Poiblí don bhaile.
- Dearadh mionsonraithe agus ullmhú iarratas pleanála Chuid 8 a thabhairt chun críche lena chur isteach.
- Tugadh éadáil an láithreáin forbartha ar Shráid na Mainistreach chun críche.
- Earcaíodh sainchomhairleoirí chun limistéar snámha a dhearadh.
- Cuireadh tacaíocht theicniúil ar fáil d’iarratas feabhsaithe sráid-dreacha TVRS agus do chur i bhfeidhm na scéime.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Iarratas Pleanála Chuid 8 agus Iarratas ar Mhaoiniú RRDF Chatagóir 1 a chur isteach.
- Tailte a cheannach le haghaidh carrchlós poiblí chun tacú leis an tionscadal réimse poiblí.
- Conair Ealaíne/Dealbhóireachta a Sheachadadh.
- An Doiciméad Treorach um Dhearadh Uirbeach a thacaíonn le forbairt lár an bhaile a fhoilsiú.

## RRDF TEACH CÚIRTE PHORT OMNA

Is é an maoiniú atá faofa faoi RRDF Chatagóir 1 do Theach Cúirte Phort Omna ná €2,552,309 agus ceanglas cistiú meaitseála ar luach €283,590 ag gabháil leis. Déanfaidh an tionscadal seo athfhorbairt ar fhoirgneamh stairiúil an tí cúirte agus ar an gclós i bPort Omna chun ionad úrscothach do na healaíona agus don chultúr, spás cianoibre d’fhiontraithe agus spás nua cruinnithe agus sóisialta don phobal a sholáthar.

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

- Rinneadh dul chun cinn ar dhearadh mionsonraithe, cuireadh tairscint amach do chonraitheoirí agus ceapadh iad

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Tús a chur le clár tógála 14 mhí ar an láthair.

## TUAIM

Cuireadh máistirphlean Athnuachana Thuama i gcrích in 2021 agus faomhadh an maoiniú faoi RRDF.

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

- Cuireadh tacaíocht theicniúil ar fáil d'iarratas agus do scéim feabhsúcháin sráid-dreacha TVRS.
- Cuireadh iarratas pleanála Chuid 8 isteach don mhargadh clúdaithe lasmuigh, Tuam Shambles.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Iarratas RRDF Chatagóir 1 a chur isteach do Halla Baile Thuama agus don mhargadh clúdaithe lasmuigh, Tuam Shambles.
- Iarratas URDF a ullmhú chun tograí i Máistirphlean Athghiniúna Thuama faoi Ghlao 4 a chur i ngníomh, ag díriú ar Chearnóg an Mhargaidh, ar Shráid na Siopaí agus ar Shráid an Bhiocáire go dtí Ceathrú an Stáisiúin.

## RIALÚ FOIRGNÍOCHTA

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

- Bailíochtaíodh 683 fógra tosaithe amhail an 19 Deireadh Fómhair 2023. Is méadú 2% é seo ar an am seo anuraidh.
- Bailíochtaíodh 137 teastas críochnaithe amhail an 19 Deireadh Fómhair 2023. Is méadú 49% é seo ar an am seo anuraidh.
- Tá 73 iniúchadh curtha i gcrích ag an Oifigeach Rialaithe Foirgníochta chun comhlíonadh na Rialacháin Foirgníochta a chinntiú, amhail an 19 Deireadh Fómhair 2023.
- Cuireadh tús le 749 foirgneamh nua amhail an 19 Deireadh Fómhair 2023.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Leanfaidh an tOifigeach Rialaithe Foirgníochta ar aghaidh ag cur na rialacháin reachtúla foirgníochta i bhfeidhm agus ag cur an t-íosleibhéal iniúchtaí riachtanacha ar fhorbairtí nua i gcrích, ar a laghad.

## BEARTA FORFHEIDHMIÚCHÁIN

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Seirbheáladh 96 fógra/litir rabhaidh amhail an 23 Deireadh Fómhair 2023.
- Seirbheáladh 58 fógra forfheidhmiúcháin amhail an 23 Deireadh Fómhair 2023.
- Cuireadh 23 comhad ar aghaidh le haghaidh caingean dlí amhail an 23 Deireadh Fómhair 2023.
- Fuarthas 189 gearán forbartha neamhúdaraithe amhail an 23 Deireadh Fómhair 2023.
- Réitíodh/dúnadh thart ar 158 comhad forfheidhmithe amhail an 23 Deireadh Fómhair 2023.

### MOLTAÍ 2024:

- Tá sé beartaithe leanúint ar aghaidh ag cur acmhainní ar fáil don Fhoireann Forfheidhmithe chun cur i bhfeidhm na Rialachán Pleanála in 2023 a chinntiú agus go leanfar go réamhghníomhach le gearáin agus tarchuir maidir le forbairtí neamhúdaraithe.
- Tús áite a thabhairt d'eastáit tithíochta neamhchríochnaithe le haghaidh gníomhaíochta forfheidhmithe de réir mar is gá.

## OIDHREACHT

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Lá Bailte Múrtha Bhaile Átha an Rí: Bhí an lá spraoi teaghlaigh seo ar siúl ar Dhomhnach an 13 Lúnasa. Léirítear saibhreas na hoidhreachta tógtha, nádúrtha agus cultúrtha i mBaile Átha an Rí sna meánaoiseanna ag an ócáid.
- Oibreacha Caomhnaithe Bhallaí Bhaile Átha an Rí: Fuarthas maoiniú ón gComhairle Oidhreachta agus tá tús curtha leis na hoibreacha. Táthar ag súil go gcuirfear na hoibreacha i gcrích i mbliana.
- Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach: Reáchtáladh an ócáid oidhreachta 3 lá seo ón 25 go dtí an 27 Lúnasa 2023 i gcomhpháirtíocht le Coiste Fhéile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta.
- Scéim Deontais Oidhreachta mar chuid de Dheontais Phobail: Rinneadh measúnú ar Dheontais mheasúnaithe, sannadh coinníollacha do na deontais chéanna agus tá an próiseas chun na deontais a íoc ar siúl faoi láthair.
- Tá Éire Ildánach mar chuid d'fhoireann Éire Ildánach ag obair ar an tionscadal "Geataí Gaibhnithe na Gaillimhe: Céim 2". Seoladh céim 1 in Aibreán 2023 le taispeántas, leabhrán, scannáin agus físeáin.
- Is éard bhí i gceist le Deich mBliana na gCuimhneachán ná raon tionscadal lena n-áiríodh Aleen Cust, leabhrán agus físeán Ionad Theach na mBocht in Éirinn, Cuimhneacháin Cois Slí a Thaifeadadh, Leabhar Oibre dátheangach an Gharda Síochána do Leanaí, Imeacht deiridh do Dheich mBliana na gCuimhneachán i gContae na Gaillimhe. Tionóladh seoladh an leabhair *Ever and Always The Marvellous Story of Aleen Cust 'Britain And Ireland's First Female Vet'* (leabhar oibre dátheangach do bhunscoileanna) i mí Aibreáin 2023.

- ICAN – Suíomh Gréasáin Oidhreachta Pobail - Lean an Oifig Oidhreachta - ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le hArd-Mhúsaem Shaol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh agus le pobail éagsúla ar fud an Chontae chun an láithreán gréasáin seo a fhorbairt tuilleadh.
- Féile na gCloch 14-17 Meán Fómhair 2023 - Oibríodh i gcomhpháirtíocht le Comhar Caomháin Teo, le hAonad Beartas Cultúrtha Idirnáisiúnta na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus Cumann Tógála Ballaí Cloch Shingil na hÉireann. D'éirigh thar cionn leis an bhféile agus bhí líon mór rannpháirtithe ó gach cearn den domhan páirteach ann, lena n-áiríodh 14 Thír de chuid an Aontais Eorpaigh, Ceanada, na Stáit Aontaithe, an Astráil, an Ostair agus an tSeapáin.
- *Mapáil Dhigiteach ar Reiligí sa Chontae* – Seoladh córas nua mapála digití le Roinn GIS chun úsáid drón agus Suirbhé 123 a ionchorprú. Oibríodh le Grúpaí Pobail chun a gcuid sonraí reilige a uaslódáil chuig an gcóras.
- Imeachtaí Pobail, Comhdhálacha agus Ceardlanna
- Tugadh cúnamh, comhairle agus tacaíocht do go leor grúpaí Bailte Slachtmhara, Oidhreachta Pobail agus scoileanna in 2023 chomh maith. Áiríodh leis an gcúnamh seo, comhairle agus treoir maidir le foilseacháin oidhreachta, forbairt rianta oidhreachta, taifeadtaí oidhreachta béil, Imeachtaí le linn na Seachtaine Oidhreachta, oiliúint oidhreachta agus comhdhálacha oidhreachta áitiúla ábhartha agus seimineáir srl.
- Rannpháirtíocht ar Choistí/foirne amhail an *Coiste Logainmneacha, An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Oidhreacht Chultúrtha Dholáimhsithe,* Cuideachta *Oidhreachta agus Forbraíochta Bhaile Locha Riach.*
- Ciste na Séadchomharthaí Pobail – Glacadh le maoiniú maidir le pleananna bainistíochta caomhnaithe agus oibreacha do roinnt séadchomharthaí taifeadta sa Chontae.
- Iniúchadh na dTobar Beannaithe Céim 4 - Rinneadh obair i gConamara Thuaidh ar an gcéim seo den togra.
- Cuireadh féilire ar fáil do Chontae na Gaillimhe le haghaidh na Míle Órga.
- Cuireadh tús le forbairt *Plean nua Oidhreachta agus Bithéagsúlachta do Chontae na Gaillimhe 2023 - 2030.*
- Clár Seandálaí Pobail - D'oibrigh an Seandálaí Pobail le go leor grúpaí sa chontae maidir le comhairle agus treoir a sholáthar maidir le hoidhreacht seandálaíochta agus tá roinnt acmhainní ar líne curtha le chéile aici. Féach ar https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/
- Tá Iniúchadh ar Thaifeadtaí Oidhreachta Béil, Céim 1: Gaillimh Thoir, ar siúl faoi láthair. Cuireadh tús le hiniúchadh á dhéanamh ar thaifeadtaí béil de scéalta, de stair theaghlaigh agus de chuimhní cinn in Oirthear na Gaillimhe in 2023 – chun iad a chaomhnú do na glúnta atá le teacht sula gcaillfear ríleanna agus closchaiséid go deo.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Leanúint ar aghaidh leis an tionscadal mapála digití ar reiligí. Oibriú i gcomhpháirtíocht le roinnt grúpaí pobail áitiúla, le Comhlachtaí LEADER agus le Roinn GIS Chomhairle Chontae na Gaillimhe chun rochtain saor in aisce a sholáthar ar an réimse leathan eolais oidhreachta agus staire áitiúla atá i reiligí Chontae na Gaillimhe i bhfoirm mapála reilige, inscríbhinní cuimhneacháin, suíomh beacht na n-áiteanna uaighe agus grianghraif de na cuimhneacháin de réir mar is féidir faoi réir na hacmhainní atá ar fáil.

- An leabhar oibre dátheangach ar gheolaíocht an Chontae a thabhairt chun críche agus a chur i gcló do mhic léinn dara leibhéal i gcomhpháirtíocht le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus leis an gComhairle Oidhreachta.
- Tuilleadh mapaí scéala a fhorbairt.
- Oibreoidh an seandálaí pobail le grúpaí, le scoileanna agus le daoine aonair éagsúla sa Chontae chun feasacht, eolas agus léirthuiscint ar oidhreacht seandálaíochta an Chontae a mhéadú. Cuirfidh sí treoir agus cúnamh ar fáil freisin maidir le tabhairt faoi thionscadail oidhreachta seandálaíochta de réir dea-chleachtais oidhreachta. Iarratas a dhéanamh ar Mhaoiniú Séadchomharthaí Pobail chomh maith.
- Leanúint ar aghaidh leis an Tionscadal 'Léarscáil Fuaime' do Chontae na Gaillimhe.
- Cúrsa 'An Tírdhreach a Léamh'- Leanúint ar aghaidh ag obair le grúpaí pobail chun scileanna obair pháirce a fhoghlaim agus iad a úsáid chun ábhar a uaslódáil ar an suíomh gréasáin oidhreachta pobail nua.
- Lá na mBailte Múrtha i mBaile Átha an Rí – Lorgófar maoiniú ó Chistí na mBailte Múrtha ón gComhairle Oidhreachta agus má éiríonn leis reáchtálfar Lá na mBailte Múrtha i mí Lúnasa 2024.
- Tionscadal Oideachais Bhailte Múrtha Bhaile Átha an Rí agus Bhaile Locha Riach – Maoiniú le lorg chun leanúint ar aghaidh leis an tionscadal fiúntach seo.
- Oibreacha Caipitil ar Bhallaí Bhaile Átha an Rí – Lorgófar maoiniú chun tabhairt faoi chlár eile oibreacha do na Ballaí agus beidh obair ar siúl ina dhiaidh sin má éiríonn leis.
- Féile Mheánaoiseach Bhaile Locha Riach – Iarracht a dhéanamh chun imeacht a fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Coiste Fhéile Meánaoise Bhaile Locha Riach.
- Deich mBliana na gCuimhneachán- Tuilleadh forbartha agus uasdátaithe a dhéanamh ar an suíomh gréasáin dátheangach le haghaidh Deich mBliana na gCuimhneachán le faisnéis bhreise agus podchraoltaí. Leanúint ar aghaidh le forbairt sraith foilseacháin do Dheich mBliana na gCuimhneachán i gContae na Gaillimhe. (Má tá maoiniú fós ar fáil).
- Iarratas a dhéanamh ar Mhaoiniú Séadchomharthaí Pobail
- ICAN – Suíomh gréasáin Oidhreachta Pobail. Leanfaidh an Oifig Oidhreachta ar aghaidh ag obair i gcomhpháirtíocht le hArd-Mhúsaem Shaol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh agus le pobail éagsúla ar fud an Chontae chun an láithreán gréasáin seo a fhorbairt tuilleadh.
- Imeachtaí, Comhdhálacha agus Ceardlanna Pobail – Tabharfar cúnamh, comhairle agus tacaíocht freisin d'imeachtaí iomadúla Baile agus Pobail in 2024 lena n-áirítear Féile na gCloch, Imeachtaí Sheachtain na hOidhreachta, oiliúint oidhreachta agus comhdhálacha agus seimineáir ábhartha oidhreachta áitiúla srl.
- Beidh Tionscadal Scoileanna Beo le INSIGHT, Ollscoil na Gaillimhe agus Ionad Oideachais na Gaillimhe fós ar siúl.
- Leanúint ar aghaidh le hiniúchadh na dTobar Beannaithe i gContae na Gaillimhe (Conamara Theas).
- Leanúint ar aghaidh leis an Iniúchadh Oidhreachta Béil (Conamara).
- Rannpháirtíocht ar Choistí/fhoirne amhail an Coiste Logainmneacha, Cuideachta Oidhreachta agus Forbartha Bhaile Locha Riach, Éire Ildánach, agus tionscnaimh eile dá leithéid
- An Scéim Deontais Oidhreachta a sheoladh mar chuid de na Deontais Pobail.
- Féilire Míle Órga a chruthú.
- Leanúint ar aghaidh le Taighde na mBailte Fearainn agus le hIniúchtaí Oidhreachta Paróiste/Ceantair Áitiúil.

- Cruinnithe a reáchtáil agus tionscnaimh oidhreachta a chur chun cinn le Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe.
- Leanúint ar aghaidh le plean nua *Oidhreachta agus Bithéagsúlachta a fhorbairt do Chontae na Gaillimhe 2023-2030*.
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt na leabhráin oidhreachta baile.
- Tabhairt faoi Fhéile na gCloch in Inis Oírr.
- Oiliúint oidhreachta a fhorbairt agus a sheachadadh.
- Tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí don tSeachtain Oidhreachta agus tabhairt fúthu.

## AN BHITHÉAGSÚLACHT

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Seachtain na Bithéagsúlachta Bealtaine 2023: Reáchtáladh agus tacaíodh le himeachtaí ar fud an Chontae lena n-áirítear Ceardlann Bláthanna Fiáine i nGairdín Bhríde, Ceiliúr na Camhaoire in Áth Cinn, ceardlann Garraíodóireachta Inbhuanaithe i mBaile Locha Riach, 'BioBlitz' sa Chreagán agus Ceardlann Bainistíochta Úllord in Úllord Pobail Áth Cinn.
- Tionscadail an Chiste Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Áitiúil: Blue Dot Conamara (Foilseachán, físeán & 10 gceardlann bunscoile), I-WeBS Cuan na Gaillimhe (ceardlanna agus trealamh), Bainistiú Róslabhras (FORUM Conamara), Ag Obair leis an Dúlra (Foilseachán Miontreoirleabhar Aitheantais, ceardlann plandála cósta, físeán faoin gcreimiríd, agus dearadh gairdín leabharlainne), Staidéar Féidearthachta Athchóirithe Bogaigh (Gaillimh Thuaidh Thoir), Bainistiú Speicis Choimhthíocha Ionracha (Conamara), Mapáil Speicis Choimhthíocha Ionracha (Conamara Theas), Staidéar Diúilicíní Quagga, Clár Feasachta ar Oidhreacht Nádúrtha Phortach Chonamara (Póstaer, scannánaíocht, podchraoladh), Leabhrán faoi Scréachóga reilige (foilseachán), Niút Alpach (monatóireacht ar líon an speicis) agus Algaí Ionracha *Nitellopsis obtusa*.
- Cuireadh Oiliúint ar Speicis Ionracha ar fáil do Mhaoir Chomhphobail.
- Ciste Maoirseachta Oidhreachta: Prionsabail Bhainistíochta Crann do Chontae na Gaillimhe (Bunachar Sonraí Léarscáil Náisiúnta na gCrann a shocrú do Chontae na Gaillimhe, ceardlanna agus bileoga eolais)
- Rinneadh forbairt agus comhoibriú ar Phlean Bainistíochta Inbhuanaithe do Phlandaí chun úsáid lotnaidicídí a dhoiciméadú agus a bhainistiú. Ghlac an SPC um Athrú Aeráide agus Bithéagsúlacht leis seo i Meán Fómhair 2023.
- Cuireadh comhairle agus treoir a chur ar fáil maidir le gnéithe éagsúla den bhithéagsúlacht lena n-áiríodh crainn a chur, speicis ionracha a bhainistiú, plandáil do phailneoirí agus bainistiú féarach don fhoireann agus do ghrúpaí pobail.
- Rannpháirtíocht sna meáin agus sna meáin shóisialta chun feasacht ar bhithéagsúlacht a ardú ar fud an Chontae.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Leanúint ar aghaidh le tionscadail bhithéagsúlachta a chur i bhfeidhm le tacaíocht mhaoinithe ón gComhairle Oidhreachta agus ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.
- Gníomhartha a chur i gcrích mar atá sonraithe i bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- Tacaíocht a chur ar fáil do ghrúpaí pobail, do ghrúpaí Bailte Slachtmhara, d'institiúidí oideachais agus do chomhlachtaí forbartha áitiúla.
- Na gealltanais don Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí a chomhlíonadh.
- Plean nua Oidhreachta agus Bithéagsúlachta a fhorbairt do Chontae na Gaillimhe 2024-2030.
- Cruinnithe a reáchtáil agus tionscnaimh bhithéagsúlachta a chur chun cinn le Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe.
- Tabhairt faoi imeachtaí Sheachtain na Bithéagsúlachta agus Seachtain na hOidhreachta agus obair a dhéanamh ar an Straitéis um Speicis Ionracha.

CAOMHNÚ

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Sainaithníodh, measúnaíodh agus cuireadh comhairle ar fáil maidir le struchtúir, grúpaí de limistéir struchtúir agus gnéithe eile a bhfuil tábhacht oidhreachta ailtireachta ag baint leo. Cuireadh comhairle ar fáil d'úinéirí agus d'áititheoirí déanmhas stairiúla ar dhea-chleachtas agus ar an infhaighteacht cúnaimh, lena n-áirítear cúnamh airgeadais, le haghaidh caomhnú den sórt sin.
- Rinneadh measúnú ar struchtúir ar Thaifead na Struchtúr Cosanta (RPS) d'fhonn Dearbhuithe a eisiúint maidir le hoibreacha a dteastaíonn cead pleanála uathu agus chun comhairle réamhphleanála a sholáthar.
- Cuireadh comhairle ar fáil d'úinéirí/áititheoirí struchtúir a tógadh le cleachtais thraidisiúnta, go háirithe maidir le bearta éifeachtúlachta fuinnimh.
- Tuairiscíodh agus tugadh comhairle maidir le hiarratais phleanála nuair a tháinig saincheisteanna oidhreachta ailtireachta chun cinn i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACAnna) agus maidir le Struchtúir Chosanta (foirgnimh aonair nó grúpaí foirgneamh) ina raibh forbairt beartaithe.
- Rinneadh monatóireacht ar bhail na struchtúr ar Thaifead na Struchtúr Cosanta, agus de réir mar ba ghá, rinneadh moltaí ar an ngá don údarás pleanála beart forfheidhmithe a ghlacadh.
- Coinníodh bunachar sonraí Fardail Ailtireachta.
- Chuathas i gcomhairle leis an Roinn ábhartha, le gníomhaireachtaí stáit, le heagraíochtaí deonacha agus idirnáisiúnta ar ábhair a bhaineann le caomhnú ailtireachta lena n-áirítear Comhlachas na nOifigeach Caomhnaithe Ailtireachta, ICOMOS, agus Cumann Seoirseach na hÉireann.
- Chuathas i mbun plé le pobail áitiúla maidir le Bailte Slachtmhara agus tionscnaimh phobail.
- Mhaoinigh Éire Ildánach suirbhé píolótach ar éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh thraidisiúnta sa Ghort.
- Grúpa Sócmhainní Stairiúla – lean an grúpa oibre idirdhisciplíneach-idir-rannach inmheánach lena chuid oibre chun Struchtúir Chosanta a choinneáil faoi chúram an údaráis áitiúil.

Chuathas i gcomhairle leis an bhFoireann Athnuachana maidir le hathchóiriú agus athchóiriú a dhéanamh ar roinnt réadmhaoine faoi úinéireacht údaráis áitiúil.

- *Na Siúlóidí, Baile Locha Riach* a chur chun cinn agus a riar; tionscadal caomhnaithe ar bhallaí teorann agus ar dhroichid san fhearann poiblí stairiúil.
- Chuathas i mbun plé le GRETB, le CIF agus le seirbhís Chomhairleach na Roinne um Oidhreacht Thógtha maidir le cúrsaí oiliúna i scileanna tógála traidisiúnta.
- Rannpháirtíocht i bhféile ailtireachta Ailtireacht ar an Imeall le téama Deisiúchán - Bhí rannpháirtíocht mhaith sna himeachtaí ag an gCoill Mhóir, i mBaile Locha Riach, sa Chreagán, san Eiscir, i mBéal Átha Ghártha chomh maith le himeachtaí hibrideacha ar líne agus i nGaillimh.
- Riaradh an Scéim Infheistíochta san Oidhreacht Thógtha (BHIS) agus Ciste na Struchtúr Stairiúil (HSF) a cuireadh ar fáil tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Ciste Séadchomharthaí Oidhreachta agus Pobail ón tSeirbhís Séadchomharthaí Náisiúnta sa roinn chéanna.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Leanúint ar aghaidh le dualgais reachtúla an Oifigigh Chaomhnaithe Ailtireachta a chomhlíonadh mar atá leagtha amach i gCiorclán 5/99 nó mar atá leasaithe.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Thaifead na Struchtúr Cosanta trí bhreiseanna leis an RPS a mholadh agus taighde a dhéanamh agus Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a mholadh agus dul i dteagmháil le húinéirí agus áititheoirí.
- Córas Fardail Ailtireachta a chothabháil.
- Deiseanna a chur chun cinn chun feasacht a ardú ar an oidhreacht ailtireachta agus ar a chaomhnú agus a athúsáid go cuí trí Éire Ildánach, Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann, an Chomhairle Ealaíon agus deiseanna maoinithe eile de réir mar atá ar fáil.
- Na tionscnaimh agus an maoiniú a chuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar fáil a chur chun cinn.
- Leanúint ar aghaidh le tionscnaimh chun úsáid na scileanna traidisiúinta agus le tionscnaimh oiliúna maidir leis na scileanna seo a chur chun cinn i gcomhar le Fóram Aolta Tógála na hÉireann, Cónaidhm Thionscal na Tógála agus GRETB.
- Leanúint ar aghaidh ag cur leis an ngrúpa oibre um Shócmhainní Stairiúla agus ag obair le pobail áitiúla chun an timpeallacht thógtha stairiúil a ionchorprú i saol pobail na mbailte agus na sráidbhailte.
- Imlínte tionscadail costáilte agus pleananna a ullmhú le bheith in ann leas a bhaint as maoiniú caipitil i mbailte stairiúla agus ACAnna agus le haghaidh Sócmhainní Stairiúla atá faoi chúram an údaráis áitiúil de réir mar a bheidh sé ar fáil i gcomhar leis an bhFoireann Athnuachana.
- Leas a bhaint as aon tionscnaimh mhaoinithe atá ar fáil agus iad a chur chun cinn, lena n-áirítear Ciste Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha, Ciste na Struchtúr Stairiúil, maoiniú na mBailte agus na Sráidbhailte Tuaithe, Tionscnamh na mBailte Stairiúla, Ciste na Séadchomharthaí Pobail agus Éire Ildánach.
- Comhairle a thabhairt don údarás áitiúil ar chúrsaí caomhnaithe ailtireachta; Téigh i mbun plé leis an rannóg um Bóithre maidir le droichid áirse saoirseachta cloiche a chaomhnú; Téigh i mbun plé le seirbhísí corparáideacha maidir le sócmhainní stairiúla faoi úinéireacht Údarás Áitiúil; Téigh i mbun plé leis an rannóg um Chomhshaol maidir le reiligí; Téigh i mbun plé le hinnealtóirí ceantair áitiúil maidir leis an bhfearann poiblí agus saincheisteanna a thagann chun cinn ina leith. Téigh i mbun plé leis an rannóg um Thithíocht maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i dtithe a tógadh go traidisiúnta.

# AN COMHSHAOL, AN T-ATHRÚ AERÁIDE, ACMHAINNÍ DAONNA, TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE AGUS DIGITIÚ

## BONNEAGAR BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Cuireadh doiciméid tairisceana do Thionscadal Láithreán Conláiste Cathartha an Ghoirt i gcrích agus eisíodh cuireadh chun tairsiceana ar an ardán nua eTenders. Ba é dáta deiridh na tairisceana ná an 25 Deireadh Fómhair, 2023.
- Cuireadh Creatphlean, Tuarascáil Roghanna, agus Réamhthuarascáil Meastacháin Costais i gcrích do Thionscadal Éiceapháirc Oirthear na Gaillimhe. Eagraíodh comhairliúchán poiblí agus lá oscailte faisnéise chun cuireadh a thabhairt don phobal páirt a ghlacadh i bpróiseas deartha na páirce.
- Bronnadh conradh ar Brady Shipman Martin (Ailtire Tírdhreacha) chun Réamhthuarascáil a chur i gcrích maidir le Páirc Conláiste a fhorbairt ag líonadh talún an Phoill Bhuí. Tá sé beartaithe imeacht faisnéise poiblí a óstáil i mí na Samhna, 2023.
- Uasghrádú a dhéanamh ar chóras SCADA ag Líonadh Talún an Phoill Bhuí 90% críochnaithe.
- Rinneadh dul chun cinn ar iarratais deimhniúcháin Údaraithe (CoA) maidir leis na láithreáin líonta talún stairiúla ardriosca deireanacha atá fágtha – Gleann na Madadh, Cill Rónáin.
- Cuireadh síneadh leis an gconradh seirbhíse banc buidéal ar na téarmaí tráchtála céanna go dtí an 1 Márta, 2024.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Aighneacht pleanála a ullmhú d'Éiceapháirc Oirthear na Gaillimhe. Iarratais ar mhaoiniú caipitil seachtrach a chur isteach.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an Réamhthuarascáil d'Fhorbairt Pháirc Conláiste an Phoill Bhuí agus an tionscadal a chur chun cinn de réir mar is cuí.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar Láithreán Conláiste Cathartha an Ghoirt faoi réir theorainn an bhuiséid.
- Tabhairt faoi dhualgais faoi réir an CoA do líonta talún stairiúla a bhfuiltear ag súil lena eisiúint i rith na bliana – Tulaigh Bhoithín, An Gort agus Tuaim. Iarratais CoA do Chill Rónáin agus do Ghleann na Madadh a thabhairt chun críche agus a chur isteach.
- Tacú le hAthchúrsáil Árann maidir leis an tseirbhís bainistíochta drámhaíola ar na hoileáin a bhainistiú.
- Aghaidh a thabhairt ar impleachtaí na Scéime um Fhilleadh Taisce (DRS atá le seoladh i mí Feabhra 2024), ar sheirbhísí bailithe bancanna buidéil Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

## MONATÓIREACHT TIMPEALLACHTA AGUS BEARTA FORFHEIDHMITHE

Cuireadh an clár oibre a bhí leagtha amach sa Phlean um Íoschritéir Mholta d'Iniúchta Comhshaoil (RMCEI) 2023 i gcrích.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Leagfar amach sonraí na bhfógraí forfheidhmiúcháin agus na litreacha rabhaidh a eisíodh agus na hionchúisimh a tionscnaíodh faoin reachtaíocht chomhshaoil in 2023 i dtuairisceáin RMCEI 2023 atá le heisiúint faoi dheireadh mhí Feabhra 2024.
- Leagadh mionsonraí amach i dtuairisceáin RMCEI 2023 maidir le hiniúchtaí pleanáilte arna ndéanamh ar shaoráidí rialaithe agus iniúchtaí neamhphleanáilte a rinneadh maidir le gearáin a fuarthas agus teagmhais truaillithe comhshaoil. Rinneadh iniúchtaí maidir le gearáin, le saoráidí ceadaithe dramhaíola, le bailitheoirí ceadaithe, cairéil, garáistí, catagóirí éagsúla táirgeoirí dramhaíola, ceadúnais scaoilte, saoráidí sloda séarachais, feirmeacha, córais chóireála fuíolluisce príobháideacha, ceadúnais truaillithe aeir, saoráidí péinteanna deco agus láithreáin chláraithe tuaslagóirí agus uiscí snámha.
- Rinneadh comh-iniúchtaí forfheidhmithe leis na Gardaí, le hoifig NWTFS, le CU WERLA agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Eagraíodh Bailiúcháin Earraí Toirtiúla i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Rinne an Fhoireann Forfheidhmithe Comhshaoil Feachtais Feasachta maidir le húsáid cheart áiseanna bainc beir leat agus na háiseanna atá ar fáil ag Láithreáin Áiseanna Cathartha. Cuireadh feachtas comharthaíochta leictreonacha agus cláir fhógraí i bhfeidhm ar fud an chontae inar leagadh béim ar shaincheisteanna a bhaineann le bailitheoirí mídhleathacha.
- Rinneadh monatóireacht maidir le huisce óil, uisce snámha, aibhneacha, lochanna, agus láithreáin líonta talún de réir riachtanais reachtúla go díreach agus trí chonarthaí le saotharlanna seachtracha. Cuireadh bearta leantacha i ngníomh mar fhreagra ar neamhchomhlíonta.
- Rinneadh iniúchtaí maidir le 149 ceadúnas scaoilte, 6 chóras cóireála fuíolluisce tí agus 25 feirm. Rinneadh gníomhartha forfheidhmithe nuair ba ghá.
- Eisíodh fógraí poiblí, agus rinneadh monatóireacht imscrúdaithe de réir mar ba ghá mar fhreagra ar neamhchomhlíonta uisce óil agus uisce snámha. Bronnadh Sé Bhrat Ghorma agus Sé phlaic Cósta Glas ar limistéir snámha i gContae na Gaillimhe.
- Rialaíodh gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le truailliú aeir amhail tirimghlanadh, ath-bhailchríochnú feithiclí agus cairéil.
- Rinne an Rannóg Comhshaoil athbhreithniú ar gach iarratas pleanála suntasach d'fhorbairtí seachas iarratais ar thithe aonair. Áiríodh orthu seo forbairtí tionsclaíochta, eastáit tithíochta, fuinnimh, bainistíocht dramhaíola agus cairéil. Déantar athbhreithnithe cuimsitheacha lena chinntiú go gcloíonn na tograí leis an iliomad reachtaíocht ábhartha comhshaoil agus treoirdhoiciméid.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Leagfaidh an Chomhairle amach gach iniúchadh réamhghníomhach atá beartaithe ar shaoráidí údaraithe faoi reachtaíocht chomhshaoil éagsúla i bPlean RMCEI 2024 atá le heisiúint faoin 16 Feabhra, 2024. Léireoidh scála na gníomhaíochta forfheidhmithe in 2024 na hacmhainní atá ar fáil le haghaidh iniúchtaí agus beidh sé ar bhonn tosaíochta ag cur san áireamh treoir na Roinne, an EPA, LAWPRO agus WERLA.
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh imscrúduithe agus monatóireachta faoi reachtaíocht comhshaoil, de réir bheartas an rialtais agus threoracha an EPA, agus glacfaidh sí bearta forfheidhmithe de réir mar is gá i gcás neamhchomhlíonta na reachtaíochta comhshaoil.
- Déanfar athbhreithniú leanúnach ar na bealaí is rathúla chun déileáil le dumpáil neamhdhleathach. Cuirfear na Fodhlíthe um Chur i Láthair Dramhaíola i bhfeidhm, agus eiseofar fógraí pionóis sheasta de réir mar is gá.
- Oibreoidh an Chomhairle leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear Oifig an WFD, chun cáilíocht an uisce a fheabhsú i ndobharcheantair aitheanta tosaíochta, trí fheasacht an phobail agus trí chlár comhchruinnithe iniúchtaí ar fhoinsí a d'fhéadfadh a bheith truaillitheach lena n-áirítear córais phríobháideacha cóireála fuíolluisce ar mhórscála, feirmeacha, agus córais chóireála fuíolluisce tí.

## LÁITHREÁIN THRÉIGTHE AGUS STRUCHTÚIR CHONTÚIRTEACHA

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

- Lean an Chomhairle ar aghaidh ag cur a cumhachtaí faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 agus faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta), 1964, i bhfeidhm chun oibriú le húinéirí foirgneamh agus talamh a ndearnadh faillí iontu, a scriosadh agus a mhíshocracht chun gníomh feabhais a dhéanamh. Leanadh ar aghaidh le gníomh forfheidhmithe nuair ba ghá.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Leanfar ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar láithreáin sa chontae de réir an pholasaí um Láithreáin Thréigthe agus an bheartais um Struchtúir Chontúirteacha.

## REILIGÍ

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

- Faoi láthair tá 233 reilig liostaithe ar chlár reilige na Comhairle. Déanann an Chomhairle, le rannpháirtíocht an iliomad coistí reilige áitiúla, obair chothabhála agus feabhsúcháin de réir na n-acmhainní atá ar fáil.
- Leanadh ar aghaidh le clár oibreacha caipitil na reiligí ar feadh 2023. Cuireadh oibreacha i gcrích ar shíntí ar reiligí sa Chríoch agus i nDún Doighre a chuir 407 agus 62 plota uaighe dhúbailte bhreise ar fáil faoi seach. Críochnaíodh dhá fhorbairt chun síothla a imtheorannú

i Maigh Cuilinn agus sa Spidéal lenar cuireadh 24 nideog agus 10 bplota faiche ar fáil faoi seach agus cuirfear limistéar plásóg faiche ar leataobh sa Chríoch le haghaidh 59 n-adhlacadh. Bronnadh conradh oibreacha agus cuireadh tús leis an síneadh ar reilig Bhaile Conaola a chuirfidh thart ar 150 plásóg dhúbailte leis an reilig.

- Cuireadh iarratas pleanála Chuid 8 isteach le síneadh a chur le reilig Chill Bheanáin agus rinneadh fiosrúcháin láithreáin ar thailte le síneadh a chur le reiligí Cill Chon Iarainn agus Rinn Mhaoile.
- Cuirtear deontas bliantúil ar fáil do choistí a dhéanann cothabháil ar na reiligí ina gceantar. Bronntar deontais ar Choistí ar luach €1,400, €900, €600, €450, €300, agus €200 agus bronnadh deontais ar bhreis agus 190 coiste in 2023.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Tionscadail atá ag céim na tógála a chur i gcrích, conraitheoirí a sholáthar do thionscadail cheadaithe agus tionscadail atá ag céim na pleanála a chur chun cinn agus iarratas a chur isteach.
- Feachtas fógraíochta a eisiúint chun cuireadh a thabhairt d'úinéirí talún teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle i gceantair ina bhfuil acmhainn reilige íseal iontu.
- Comhairleoirí Tírdhreacha a Fháil le síneadh a chur le reiligí Rinn Mhaoile.
- Oibriú le pobail ina bhfuil easpa acmhainne sna reiligí chun réitigh a aimsiú agus suíomhanna oiriúnacha a aithint.
- Dréacht-Fhodhlíthe Reiligí nua le breithniú ag an gComhairle.

## FEASACHT AGUS OIDEACHAS TIMPEALLACHTA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Tá baint ag Oifigeach Cúnta Feasachta Comhshaoil le feasacht comhshaoil a chur chun cinn trí rannpháirtíocht leanúnach leis na hearnálacha baile agus tráchtála.
- Rinneadh Athbhreithniú ar Phlean Bainistíochta Bruscair 2019-2022 agus glacadh le Plean Bainistíochta Bruscair 2023-2025 tar éis an phróisis chomhairliúcháin.
- Chabhraigh na meáin shóisialta, raidió, pictiúrlann, teagmháil dhíreach ríomhphoist, agus líonraí lena n-áiríodh an PPN, Bailte Slachtmhara, Scoileanna, Comhairleoirí, agus baill foirne le faisnéis a sholáthar maidir le bruscar, bainistiú dramhaíola, cosc dramhaíola, dramhaíl bia, múiríniú baile, cur chun cinn seirbhísí bainistíochta dramhaíola agus saincheisteanna comhshaoil eile.
- Rinneadh idirchaidreamh leanúnach le grúpaí Bailte Slachtmhara agus grúpaí Pobail eile agus tugadh tacaíocht dóibh.
- Cuireadh an Feachtas Athchúrsála Dramhbhia i bhfeidhm.
- Tionóladh Seastán d'Fhaisnéis Feasachta Comhshaoil ag 4 imeacht phoiblí agus 3 chruinniú grúpa, agus tá 3 cinn beartaithe do mhí na Samhna 2023.
- Tugadh tacaíocht do WEEE Ireland chun 22 bailiúchán drámh-earraí leictreacha a sheachadadh ag leibhéal an phobail áitiúil.

- Rannpháirtíocht leanúnach i gclár na Scoileanna Glasa, rinne 41 scoil a mbrat a athnuachan in 2023.
- Scaipeadh eolas faoi imeachtaí eile, amhail comórtas Bailithe Ceallraí WEEE, Clár Aer Glan An Taisce agus clár Ambasadóirí Uisce An Taisce a sheachadadh le scoileanna.
- Reáchtáladh an comórtas póstaer frithbhruscair i scoileanna. Reáchtáladh ócáid bhronnta do na buaiteoirí in Áras an Chontae. Bronnfar duaiseanna ar na buaiteoirí Meánscoile i mí na Samhna 2023.
- Rolladh an clár 'Picker Pals' amach chuig 66 rang i scoileanna náisiúnta.
- Tugadh tacaíocht do chlár Eco Unesco, Óg-ghníomhaí Timpeallachta.
- Tugadh tacaíocht do Ghlantachán Náisiúnta an Earraigh le níos mó ná 180 imeacht agus dáileadh breis agus 600 crann le linn Sheachtain Náisiúnta na gCrann.
- Cuireadh 13 láthair athchúrsála crann Nollag ar fáil i bpobail.
- Tá feachtais frithbhruscair fós á gcur i bhfeidhm i bpobail. Rinneadh na prionsabail 'Ná Fág Lorg' a chomhtháthú i bhfeachtais frith-Bhruscair. Suiteáladh gléasanna fuaime don Fheachtas in aghaidh an Bhruscair in áiteanna ina mbíonn a lán bruscair. Tacaíodh le feachtas an Tascfhórsa Bruscair Guma. Reáchtáladh fógraí frithbhruscair ar an raidió áitiúil agus ar na meáin shóisialta.
- Leanadh ar aghaidh le tuairiscí Ghnó na hÉireann in Aghaidh Bruscair (IBAL).
- Reáchtáladh Fógra in aghaidh Salú Madraí i bpictiúrlanna i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus gealltanas ag gabháil leis go bhfeicfeadh 192,000 daoine a d'fhreastalódh ar an bpictiúrlann an fógra.
- Leanadh ar aghaidh le hidirchaidreamh agus obair a dhéanamh le hOifig Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola Chonnacht Uladh.
- Feasacht comhshaoil a chur chun cinn leis an Aonad Forfheidhmithe Dramhaíola, Pobail agus Fiontair, le Tithíocht, le hÁiseanna, Comhordaitheoir PPN agus Oifigeach Oidhreachta.
- Tugadh tacaíocht do rolladh amach na Straitéise um Oiriúnú Aeráide.
- Tacaíodh le Brat Gorm an Taisce, leis an gCósta Glas, agus leis an gClár Cósta Glan. Cuireadh Comórtas Ealaíne do scoileanna chun cinn maidir le Bratacha Gorma.
- Sheolamar an feachtas Frithbhruscair Trá, agus reáchtálamar an chéad Lá Feasachta Trá le linn Sheachtain na hOidhreachta agus bhí freastal maith ar an ócáid.
- Tacaíodh le feachtais náisiúnta meán sóisialta ó WEEE Ireland, ó Ná Fág Lorg agus ó Oifigí Pleanála Bainistíochta Dramhaíola Réigiúnacha.

---

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Leanfar ar aghaidh leis an bhfeachtas Feasachta chun comhpháirtíochtaí le pobail, le scoileanna agus le grúpaí deonacha a fheabhsú tuilleadh agus leanúint ar aghaidh le heolas a scaipeadh ar gach earnáil.
- Leanúint ar aghaidh leis an bPlean Bainistíochta Bruscair 2023-2025 a sheachadadh. Cur i láthair le déanamh leis na Comhairleoirí le linn 2024 maidir le dul chun cinn.
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le rolladh amach na Straitéise um Oiriúnú Aeráide.
- Leanúint ar aghaidh ag déanamh idirchaidrimh agus ag tacú leis an Oifig Réigiúnach um Pleanáil Dramhaíola.

- An Clár um Bainistiú Bruscair, Bainistiú Dramhaíola agus Cosc Dramhaíola a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.
- Leanúint ar aghaidh ag tacú le feachtais amhail Glantachán Náisiúnta Earraigh, Seachtain Náisiúnta na gCrann, feachtas tascfhórsa bruscair guma, Brat Gorm, Cóstaí Glasa, Scoileanna Glasa, Picker Pals agus eile.
- Feachtas Feasachta Frithbhruscair a spriocdhíriú trí chumarsáid le pobail, le scoileanna, leis na meáin shóisialta agus a leithéid.
- Leanúint ar aghaidh leis an gClár in aghaidh Salú Madraí agus leis an bhfeachtas Feasachta Trá.
- Clár Feasachta ar Bhruscar Cois Bóthair agus feachtas Buta Toitíní a chur i bhfeidhm.

## FUINNEAMH AGUS AERÁID

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Is é misean na n-údarás áitiúil, mar atá leagtha amach i nGníomh Éifeachtach ar son na hAeráide a Sheachadadh, 2030 ná athrú ó bhonn agus gníomh intomhaiste aeráide a sheachadadh ar fud na gcontaetha agus laistigh d'eagraíochtaí na Comhairle féin, trí cheannaireacht, trí shampla dea-chleachtais, agus trí ghníomhaíocht a spreagadh ar an leibhéal áitiúil. Chun na céimeanna a thógfaimid chun é seo a bhaint amach a shonrú, ní mór dúinn Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide a ullmhú agus a ghlacadh. Rinneadh idirchaidreamh le páirtithe leasmhara roimh fhorbairt an Dréachtphlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus forbraíodh doiciméid tacaíochta lena n-áirítear Bonnlíne maidir le hAstaíochtaí Gás Ceaptha Teasa agus Measúnú Riosca.

- Bunaíodh Aonad um Ghníomhú ar son na hAeráide agus earcaíodh an Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide, an tOifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an tOifigeach Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide. Cuireadh struchtúr nua rialachais i bhfeidhm lena n-áirítear Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide, Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, agus Foireann Fuinnimh. Tá 28 mball páirteach sna foirne éagsúla.

- Tá obair ar siúl freisin ar fud na heagraíochta maidir le hathrú aeráide lena n-áirítear tithíocht shóisialta a iarfheistiú, laghdú ar úsáid fuinneamh inmheánach i bhfoirgnimh agus soilsiú, straitéis EV a fhorbairt, aistriú cóir, pleananna na Comhairle a phromhadh ar son na haeráide, feasacht a ardú, líonraí páirtithe leasmhara a fhorbairt lena n-áirítear tacaíocht a thabhairt do thionscadail atá ann cheana féin, oiliúint foirne, cosaint bithéagsúlachta, oideachas comhshaoil, agus go leor réimsí gaolmhara eile. Mar chuid dár ról, tacaíonn Rannóg an Chomhshaoil leis an obair seo, tuairiscíonn sí uirthi agus leagann sí béim uirthi ar leibhéil éagsúla.

- Clár Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe SEAI: Tá GCC tar éis tacaíocht a thabhairt do 5 phobal chun Máistirphleananna Fuinnimh a fhorbairt lena n-áirítear Dún Mór, Baile an Mhuilinn, Áth Cinn, Baile Átha an Rí agus Béal Átha na Sluaighe. Táimid tiomanta do thacaíocht a thabhairt do 5 phobal bhreise. Tá na pobail seo ag céimeanna forbartha éagsúla. Is ionann seo agus tiomantas iomlán ar luach thart ar €120,000, a fhorchúiteofar ó SEAI.

- Chomhlíon Comhairle Chontae na Gaillimhe a dualgais reachtúla maidir le monatóireacht agus tuairisciú ar ídiú fuinnimh. Bhain GCC an sprioc amach maidir le feabhas 33% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2020 agus tá sí ag obair anois ar spriocanna nua: feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030.

- Freastalaíonn an Biúró Réigiúnach Fuinnimh ar na 5 Údarás Áitiúla i Réigiún an Atlantaigh Thiar Thuaidh. Tá an Biúró cómhaoinithe, le maoiniú 50% ó na hÚdaráis Áitiúla agus 50% ó SEAI. Faoin gclár seo, ceapadh Oifigeach Biúró Fuinnimh Réigiúnach ar GCC agus tá tacaíocht againn ó ATU. Tá ball foirne inmheánach ainmnithe ag an gComhairle freisin mar Oifigeach Fuinnimh. Tá na hacmhainní seo dírithe ar Chláir Treo-Aimsitheora SEAI a chur chun cinn, deimhniú ISO50001 fháil in 2024, úsáid fuinnimh ceirde a laghdú agus spriocanna fuinnimh GCC do 2030 a bhaint amach.

---

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Riarfaidh an tOifigeach Um Ghníomhú ar son na hAeráide Pobail an Ciste €726,000 um Ghníomhú ar son na hAeráide a leithdháileadh ar Chontae na Gaillimhe. Tá an ciste seo ann le haghaidh tionscadail agus tionscnaimh nua pobail um ghníomhú ar son na haeráide a fhorbairt thar thréimhse 18 mí. Is é cuspóir foriomlán an chláir ná tacú le pobail agus iad a chumhachtú, i gcomhpháirtíocht leis an gComhairle, pobail ísealcharbóin inbhuanaithe a mhúnlú agus a thógáil ar bhealach comhleanúnach a chuirfidh leis an iarracht chun spriocanna náisiúnta aeráide agus fuinnimh a bhaint amach.

- Tuarascáil aighneachtaí a ullmhú maidir leis an Dréachtphlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide agus í a chur faoi bhráid an tSeisiúin Iomlánaigh lena glacadh faoin 24 Feabhra, 2024. Leanúint ar aghaidh ag saothrú agus ag glacadh páirt ghníomhach i gcomhpháirtíochtaí le hinstitiúidí fiontraíochta, le pobail, leis an earnáil dheonach, le hinstitiúid tríú leibhéal agus leis an bpobal taighde chun tionscnaimh a chur i gcrích a laghdóidh an droch-thionchar ar an aeráid. Leanúint ar aghaidh ag plé le tionscadail atá ann cheana féin lena n-áirítear CONNECTED, LEAP agus Clár Foraoise Comhpháirtíochta na Gaillimhe.

- An Grúpa Stiúrtha um Ghníomhú ar son na hAeráide agus an Fhoireann Gníomhaíochta Aeráide a bhainistiú agus dul chun cinn a thuairisciú don Fhoireann Bainistíochta. Leanúint ar aghaidh ag tabhairt tacaíochta agus ag tuairisciú ar obair atá ar siúl ar fud na heagraíochta maidir le hathrú aeráide. Feachtais rannpháirtíochta agus oideachais inmheánacha a reáchtáil. Na gníomhartha sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur i bhfeidhm.

- An Fhoireann Fuinnimh a bhainistiú agus oibriú ar spriocanna GCC maidir le feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030. Leanúint ar aghaidh ag obair i dtreo deimhniú ISO50001 a bhaint amach do Chóras Bainistíochta Fuinnimh GCC.

- Leanúint ar aghaidh ag plé le hOiliúint Gníomhaithe Aeráide na nÚdarás Áitiúil CCMA.

- Leanúint ar aghaidh ag tacú le Pobail Fuinnimh Inbhuanaithe ar fud an chontae chun a Máistirphleananna Fuinnimh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

# RIALÚ AGUS LEAS AINMHITHE

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Faoin Acht um Rialú Madraí, cuireann 2 Mhaoir Madraí lánaimseartha seirbhís rialaithe madraí ar fáil sa Chontae ag baint úsáide as 1 áis punt madraí ar léas atá faoi mhaoirseacht tréidliachta agus a fheidhmíonn mar atá leagtha amach i mBeartas Rialaithe Madraí na Comhairle.
- In 2023, reáchtáil Contae na Gaillimhe tairiscint chun Dídean Madraí agus Seirbhísí Gaolmhara a Sholáthar agus i mí Iúil rinne siad comhaontú le Conraitheoir chun na seirbhísí seo a sholáthar.
- Tá 61 ghníomh fhorfheidhmithe tugtha faoin Acht um Rialú Madraí go dtí seo.
- Leanaimid orainn ag cur cleachtais úinéireacht fhreagrach madraí chun cinn sa phobal agus trí ardáin meán sóisialta na Comhairle. Tá os cionn 40 aonad dáileora Málaí Dramhaíola Madraí suiteáilte anois i gcuid mhaith de na bailte, sráidbhailte agus limistéir áineasa i gContae na Gaillimhe.
- Lean an Chomhairle ar aghaidh ag cur an Achta um Bunaíochtaí Pórúcháin Madraí 2010 i bhfeidhm, lena n-éilítear clárú, agus comhlíonadh caighdeáin, ó gach áitribh a thagann faoin sainmhíniú ar 'eagras pórúcháin madraí'.
- Lean an Chomhairle ar aghaidh ag cur áiseanna dídine ar fáil chun capaill, caoirigh, eallach agus gabhair a ghaibhniú.
- In 2023, d'oibrigh Comhairle Chontae na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht le MADRA maidir le Ciste Millie, feachtas a seoladh i Márta na bliana seo ag tairiscint seirbhísí neodraithe saor in aisce do mhadraí baineann incháilithe i gContae na Gaillimhe. Tá os cionn 120 dearbhán eisithe do mhadraí incháilithe go dtí seo.
- De réir mar ab fhéidir, bhí baint ag Maoir Madraí le teagmháil a dhéanamh leis an bpobal agus leis na Gardaí chun dul i ngleic le gadaíocht madraí agus cúnamh a thabhairt maidir le madraí ar iarraidh.
- Rinneadh athbhreithniú ar chásanna leasa ainmhithe a bhain le madraí, eallach, caoirigh agus capaill agus cuireadh ar aghaidh iad chuig na Gardaí ábhartha, an Roinn Talmhaíochta agus Grúpaí Leasa nuair ba chuí.
- Tá an tseirbhís Maor Madraí fós ag fiosrú maruithe caorach de réir polasaí agus déantar teagmháil leis an nGarda Síochána mar is gá.
- Lean an tseirbhís Maor Madraí ar aghaidh ag feidhmiú an Phrótacail chomhaontaithe leis an nGarda Síochána nuair is gá cabhrú le hoibríochtaí cuardaigh agus gabhála i gcásanna éagsúla.
- Lean seirbhís tréidliachta na Comhairle ar aghaidh ag dul i dteagmháil leis an Rannóg Tithíochta chun an tAcht um Rialú Capall a chur i bhfeidhm.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Feabhsuithe leanúnacha a chur i bhfeidhm ar éifeachtúlacht na seirbhíse Rialaithe Madraí maidir le hacmhainní éifeachtacha na seirbhíse lena n-áirítear soláthar foirne agus áiseanna atá ar fáil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais oiliúna agus ar ghnáthnósanna imeachta oibríochta do Mhaoir Madraí de réir na reachtaíochta atá ann cheana agus de réir an dea-chleachtais.

- Leanúint ar aghaidh ag breathnú ar chomhlíonadh méadaitheach ceadúnú madraí faoi réir na hacmhainní atá ar fáil. Déanfar seiceálacha spriocdhírithe ceadúnais ar fud an Chontae i gcomhar leis an tseirbhís Maor Pobail.
- Reáchtálfar feachtais Feasachta Ceadúnaithe agus Micrishlisnithe chun dul i ngleic le gadaíocht madraí sa Chontae.
- I gcomhar le Dogs Trust Ireland, leanfar le ceardlanna freagracha maidir le hÚinéireacht Madraí a chur chun cinn i Leabharlanna Contae agus i mBunscoileanna.
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú le Feachtais i gCoinne Salú Madraí agus tabharfar bearta nua isteach chun díriú ar shalú madraí.
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le hathbhreithniú a dhéanamh ar chásanna tuairiscithe de sháruithe ar leas ainmhithe, agus rachaidh sí i dteagmháil leis an Roinn Talmhaíochta, Gardaí agus grúpaí leasa de réir mar is cuí, faoi réir na hacmhainní atá ar fáil.
- Déanfar iniúchadh ar Ionaid Pórúcháin Madraí ar an gclár agus déanfar gach tuairisc ar ionaid pórúcháin neamhchláraithe a fhiosrú. Is ceanglas dlíthiúil é go ndéanfaidh gach eagras iarratas ar chlárú.
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag soláthar agus ag feabhsú seirbhísí dídine GCC, ionas go gcinnteofar folláine ainmhithe do gach ainmhí a thagann faoina cúram.

## SÁBHÁILTEACHT BIA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Tá conradh seirbhíse ag an gcomhairle leis an FSAI faoina rialaíonn sí seamlais agus monarchana próiseála feola atá ceadaithe ag EC agus atá lonnaithe i gcontae agus i gcathair na Gaillimhe, tríd an tseirbhís tréidliachta.

- Ceanglaítear leis an gconradh seirbhíse seo go ndéanfaí iniúchadh ar gach ainmhí roimh agus ina dhiaidh a maraithe. Ní mór chomh maith, go gcuirfear sampláil iarmhair ainmhithe agus seiceálacha leasa i gcrích ina ndéanfar iniúchtaí mionsonraithe, gníomhartha a chinnteoidh sláine agus inrianaitheacht an bhiashlabhra ón bhfeirm go forc sna 11 sheamlas atá ceadaithe ag an EC sa chontae. Maraítear eallach, caoirigh, gabhair, muca agus éanlaith chlóis, agus próiseáiltear géim fiáin sna hionaid seo.

- Éilítear leis an gconradh seirbhíse chomh maith, maoirsiú agus rialáil a dhéanamh ar 14 mhonarcha próiseála feola atá ceadaithe ag an EC sa chathair agus sa chontae. Is éard atá i gceist leis seo ná táirgí feola a shampláil le haghaidh éillithe micribhitheolaíochta, breiseáin bia, ailléirginí, iarmhair, faireachas ar ghalair, comhlíonadh lipéadaithe, inrianaitheachta, agus calaois bia. Tá sceideal rialta ann chomh maith maidir le hiniúchtaí gan réamhfhógra agus iniúchtaí réamhphleanáilte san áitreabh, rud a chuireann fostaíocht ar fáil do níos mó ná 200 fostaí.

- Cuireadh dhá ghnólacht chláraithe sa bhreis leis an gclár agus bhain siad an caighdeán riachtanach EC amach le haghaidh clárúcháin i seirbhís tréidliachta GCC. D'éascaigh sé seo ceadú gníomhaíochtaí breise do ghnólachtaí feola éagsúla de réir mar a lean na gnólachtaí beaga orthu ag athrú agus ag oiriúnú chun teacht slán ó thionchar na paindéime.

- Chuir an Chomhairle oiliúint leanúnach agus seirbhís chomhairleach ar fáil d'Oibreoirí Gnó Bia a bhí bunaithe cheana maidir le reachtaíocht bia an EC atá ag athrú a chur i bhfeidhm, agus maidir leis agus na dúshláin a bhaineann leis an mBreatimeacht. Chomh maith leis sin, bualadh leis na hOibreoirí, tugadh cuairteanna ar láithreáin agus cuireadh comhairle ar ghnólachtaí bia nuathionscanta ar fud na Cathrach agus an Chontae.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le rialuithe oifigiúla sábháilteachta bia a chomhlíonadh i gContae agus i gCathair na Gaillimhe, faoi réir comhaontaithe idir CCMA agus FSAI maidir le téarmaí comhaontaithe leibhéil seirbhíse.

- Leanfar le hOiliúint Rialta d'Oibreoirí Gnó Bia agus do Chigirí Tréidliachta a chur ar fáil le linn 2024, agus díreofar ar rialacháin nua EC a tugadh isteach. Beidh ról feabhsaithe oiliúna agus comhairleach ann freisin do ghnólachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an mBreatimeacht agus an gá le deimhniú feabhsaithe i measc gnólachtaí a bhíonn ag plé le táirgí bia a thagann ón Ríocht Aontaithe nó a théann chuig an Ríocht Aontaithe.

- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag déanamh idirchaidrimh le FSAI chun a chinntiú go bhfuil leithdháileadh buiséid leordhóthanach ann le go mbeidh GCC in ann na hoibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh i gcomhthéacs na gceanglas sláinte phoiblí agus an díchill chuí.

- Leanfar le hOiliúint Rialta d'Oibreoirí Gnó Bia agus do Chigirí Tréidliachta a chur ar fáil le linn 2024, agus díreofar ar rialacháin nua EC a tugadh isteach. Beidh ról feabhsaithe oiliúna agus comhairleach ann freisin do ghnólachtaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis an mBreatimeacht agus an gá le deimhniú feabhsaithe i measc gnólachtaí a bhíonn ag plé le táirgí bia a thagann ón Ríocht Aontaithe nó a théann chuig an Ríocht Aontaithe.

- Cláir shamplála leanúnacha a chur ar aghaidh in 2024 arna stiúradh ag an Roinn Talmhaíochta agus Mara agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann araon.

- Rannpháirtíocht agus idirchaidreamh leanúnach a dhéanamh leis an gCoiste Stiúrtha agus leis Gníomhaireachtaí Reachtúla DAFM, Teagasc, SFPA agus FSS i bhforbairt leanúnach an Ilionad Nuálaíochta Bia agus na Gorlainne de chuid Teagasc / GCC atá beartaithe do Bhaile Átha an Rí. Tá 3 bhloc sa Mhol Bia, ina bhfuil ionad foghlama agus aonad táirgthe cistine amroinnte, bloc 8 n-aonad tosaigh agus bloc ina bhfuil 3 aonad fáis níos mó.

- Leanfar ar aghaidh le meantóireacht leanúnach a chur ar fáil do ghnólachtaí atá ann cheana féin chun gníomhaíochtaí nua a cheadú agus deiseanna nua gnó a sholáthar.

- Cláir shamplála leanúnacha a chur ar aghaidh mar a rinneadh in 2020, arna stiúradh ag an Roinn Talmhaíochta agus Mara agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann araon.

- Tacófar le Cur i bhFeidhm Náisiúnta Chórais na nÚdarás Áitiúil.

## GNÍOMHAÍOCHT ACHAINNÍ DAONNA

Lean an Roinn Acmhainní Daonna ar aghaidh ag tacú le Cultúr Eagraíochtúil agus an cultúr sin a fhorbairt, maidir le rannpháirtíocht dhearfach fostaithe agus forbairt phearsanta agus ghairmiúil trí bheartais agus reachtaíocht ábhartha HR a chur i bhfeidhm, as a dtiocfaidh feabhas ar fholláine fostaithe, cothromaíocht oibre is saoil, sásamh poist agus táirgiúlacht.

Tugann an Rannóg Acmhainní Daonna tús áite d'earcú foirne trí Phleanáil Fórsa Saothair agus déanann sí a dícheall a chinntiú go mbaintear an úsáid is éifeachtaí agus is féidir as scileanna agus as cumais gach fostaí chun spriocanna straitéiseacha Phlean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe a sheachadadh.

Tugadh faoi Phlean Straitéiseach Fórsa Saothair in 2023, chun scrúdú a dhéanamh ar riachtanais foirne don Chomhairle amach anseo de réir an Phlean Chorparáidigh do na cúig bliana amach romhainn. Beidh cur i bhfeidhm na moltaí sa Phlean Straitéiseach Fórsa Saothair faoi réir fhorálacha buiséadacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

## EARCAÍOCHT AGUS PLEANÁIL FÓRSA SAOTHAIR

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Seo a leanas mar a bhí Líon na bhFostaithe i gComhairle Chontae na Gaillimhe ag deireadh Ráithe 3, 2023:

| ***Catagóir*** | ***Líon na nDaoine*** |
|---|---|
| ***An Bhunfhoireann*** | *873* |
| ***Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht*** | 104 |
| ***Neamh-Roinn Tithíochta, Pleanála agus Údarás Áitiúil*** | *79* |

**Gníomhaíocht Earcaíochta, amhail Ráithe 3, 2023**:

Reáchtáil Roinn na nAcmhainní Daonna 62 chomórtas earcaíochta suas go dtí deireadh Ráithe 3, 2023, agus rinneadh na ceapacháin seo a leanas dá mbarr:

| Ceapacháin/Daoine Nua | Ceapacháin Róil Ghníomhaithe | Ceapacháin Ardú Céime Seasta |
|---|---|---|
| **111 + 53 Gardaí Tarrthála Trá** | **51** | **50** |

Tá earcaíocht agus ath-imscaradh foirne tar éis a bheith dírithe ar na réimsí tosaíochta seo a leanas: Tithíocht, Forfheidhmiú Comhshaoil, Athrú Aeráide, Pleanáil agus Ceantair Bhardasacha. Díreofar ar phoist bhreise a ceadaíodh don tSeirbhís Dóiteáin ar áirithíocht in 2024 a chur i bhfeidhm chomh maith.

## OILIÚINT AGUS FORBAIRT FOIRNE

- Soláthraíonn an Rannóg Oiliúna agus Forbartha réimse leathan clár oiliúna chun a chur ar chumas na foirne agus na bainistíochta a gcuid dualgas a chomhlíonadh ar bhealach muiníneach inniúil, i dtimpeallacht shábháilte oibre.
- Téann infheistíocht in oiliúint foirne chun tairbhe na heagraíochta trí bhreisoiliúint a chur ar fhostaithe agus trí fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil leanúnach.
- Bhí oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta Fostaithe mar chuid shuntasach den Phlean Oiliúna in 2023. Áiríodh leis seo na cúrsaí seo a leanas: Pas Sábháilte, Láimhsiú Sábháilte, Ath-dheimhniú Garchabhair Saothair, Oiliúint ar Shábh-Slabhrach, Oiliúint um Athchóiriú ar Oscailt Bóthair, Rothaí Scríobacha, Oiliúint Aslonnaithe Dóiteáin.
- D’éascaigh foireann Oiliúna na Roinne HR thart ar 2506 lá oiliúna ó Eanáir go Deireadh Fómhair 2023.

## LEAS FOIRNE

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe roinnt Scéimeanna a Thacaíonn le Teaghlaigh ar fáil d’fhostaithe. Bhain baill foirne leas as na scéimeanna éagsúla seo a leanas suas go deireadh Ráithe 3, 2023:

- **Scéim Saoire Atharthachta:** Bhain **9** mball foirne leas as an scéim saoire atharthachta in 2023.
- **Scéim Saoire Cúramóra:** Bhain **3** bhall foirne leas as Saoire Cúramóra in 2023.
- **Sos Gairme:** Bhain **13** bhall foirne leas as sosanna gairme in 2023.
- **Scéim Saoire na dTuismitheoirí:** Bhain **18** mball foirne leas as an scéim saoire do thuismitheoirí in 2023.
- **Scéim Roinnte Oibre:** Bhain **51** bhall foirne leas as socruithe roinnte oibre in 2023.
- **Scéim Saoire do Thuismitheoirí:** Bhain **59** mball foirne leas as an scéim saoire do thuismitheoirí in 2023.
- **Scéim Bliana Oibre Níos Giorra:** Bhain **52** bhall foirne leas as saoire gan phá faoi Scéim na Bliana Oibre Níos Giorra in 2023.

## SEIRBHÍSÍ EILE ATÁ AR FÁIL DON FHOIREANN

- **Seirbhís Cúnaimh d'Fhostaithe:** Rinne rannóg na nAcmhainní Daonna athbhreithniú ar Scéim Cúnaimh d'Fhostaithe (EAS) Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus i mí Mheán Fómhair na bliana seo caite, tugadh seirbhísí nua EAS isteach trí Spectrum.Life. Cuireann an tSeirbhís seo seirbhísí rúnda comhairleoireachta agus comhairleacha ar fáil do gach fostaí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe, dá gcéile, dá bpáirtí agus dá gcleithiúnaithe os cionn 18 mbliana d'aois, a bhfuil cónaí orthu in áras an teaghlaigh.
- **Scéim Rothaíochta chun na hOibre:** Rinneadh athbhreithniú ar an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre mar chuid de Phlean Spreagtha Post an Rialtais le méadú ar chaiteachas incheadaithe ó Lúnasa 2020.
- Próiseáladh **21** iarratas ar rannpháirtíocht sa Scéim um Rothaíocht chun na hOibre ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023 d'fhostaithe na Comhairle.
- Scéim Pas Taistil: Bhain **5** bhall foirne leas as an scéim pas taistil do choigilteoirí cánach sa tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meán Fómhair, 2023. Bhain **7** mball foirne leas as an scéim mhíosúil pas taistil do choigilteoirí cánach ón 1 Eanáir go dtí an 30 Meán Fómhair, 2023.
- **Measúnuithe VDU:** Rinneadh **41** tástáil VDU idir an 1 Eanáir agus an 30 Meán Fómhair, 2023.

## SCOIR

- Ó tugadh Acht Aoisliúntais na Seirbhísí Poiblí (Aois Scoir), 2018, isteach tá an aois scoir éigeantach d'fhormhór na mball foirne a earcaíodh roimh 1 Aibreán 2004, méadaithe ó 65 go 70 bliain d'aois.
- Tá aois scoir éigeantach de 70 bliain d'aois i gceist do bhaill foirne a earcaíodh tar éis an 1 Eanáir 2013 agus atá ina gcomhaltaí den Scéim Pinsin Aonair chomh maith.
- Tugtar le fios i dtaifid seirbhíse Chomhairle Chontae na Gaillimhe go mbainfidh beirt bhall foirne lánaimseartha aois scoir amach in 2024.
- Tá 21 ball foirne tar éis dul ar scor go dtí seo, in 2023.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Leanadh ar aghaidh le foireann a earcú agus a imscaradh ar bhealach éifeachtach gairmiúil, agus de réir bheartas an Rialtais agus tosaíochtaí seirbhíse.
- Leanadh ar aghaidh le hoiliúint éigeantach Sláinte agus Sábháilteachta a sholáthar agus le tacaíocht a thabhairt do chláir oideachais agus forbartha foirne.
- Forbraíodh beartais chuí acmhainní daonna, agus rinneadh iad a chur i bhfeidhm agus a chur in iúl de réir na reachtaíochta reatha agus nua, agus de réir dea-chleachtais.
- Tugadh tacaíocht agus comhairle do Bhainisteoirí Líne maidir le cur i bhfeidhm polasaithe san ionad oibre.
- Cuireadh dínit san ionad oibre, éagsúlacht agus comhionannas chun cinn d'fhostaithe uile na Comhairle.
- Leanadh ar aghaidh le timpeallacht dea-chaidrimh thionsclaíoch a chur chun cinn agus an cur chuige comhpháirtíochta a neartú maidir le comhréiteach fadhbanna ar mhaithe le caidreamh fostaithe agus custaiméirí.
- Rinneadh an glacadh le PMDS a neartú ar fud na hEagraíochta trí oiliúint a sholáthar agus de réir riachtanais an Bheartais Oibre Chumaisc.
- Cuireadh éifeachtúlachtaí i bhfeidhm don rannóg HR trí Fheabhsuithe leanúnacha Próisis Gnó.

## CÓRAIS TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Tugadh príomhchóras teileafónaíochta nua isteach don fháiltiú le roghanna roghchláir níos fairsinge le haghaidh rochtain ar sheirbhísí.
- Tugadh seirbhís cosanta i gcoinne bogearraí mailíseacha isteach do 24 x 7 PC, Ríomhaire Glúine agus Freastalaí.
- Rinneadh comhdhlúthú agus comhtháthú breise seirbhísí slándála le haghaidh luathrabhaidh agus rianú bagairtí.
- Bhog seirbhís teileafóin na Comhairle agus uimhreacha na foirne go léir chuig néalseirbhís iontaofa.
- Cuireadh tús le hoibreacha bonneagair líonra do thacaíocht foirne Uisce Éireann.
- Rinneadh uasghrádú ar Chórais Slándála chun seirbhísí a fheabhsú agus chun nuashonruithe agus cosaint níos tráthúla a sholáthar.
- Rinneadh uasghrádú leanúnach ar ríomhairí glúine le haghaidh cianoibre agus rinneadh athsholáthar ar threalamh as feidhm
- Suiteáladh Córais Físchomhdhála i seomraí cruinnithe i Halla an Chontae agus in oifigí réigiúnacha chun leathadh rochtain hibrideach a éascú.
- Tacaíodh le Mol Nuálaithe BIA chun rochtain a fháil ar líonraí.
- Cuireadh feabhsuithe i bhfeidhm ar Chórais Chúltaca le haghaidh bearta agus áiseanna breise.
- Rinneadh scáileán taispeána dáileacháin físe de chuid Chomhairle Halla an Chontae a athsholáthar agus a leathnú.
- Tá Conradh Tairisceana ar siúl faoi láthair le haghaidh Printéir Ilfheidhmeacha.
- Ceanglaíodh idirlín phoiblí Leabharlann Órán Mór leis an Líonra Ceantair Chathrach.
- Cuireadh baill foirne bhreise le Foireann na gCóras Faisnéise Geografaí.
- Cruthaíodh post lánmhaoinithe atá tiomnaithe do NUROP na Seirbhíse Náisiúnta Dóiteáin (Clár Oibriúcháin Riosca Aontaithe Náisiúnta) le Contae na Gaillimhe mar phríomhghníomhaireacht theicniúil ar an togra.
- Seoladh Tairseach na dTuarascálacha Réamhphleanála d’iarratasóirí agus do ghairmithe dearaidh.
- Próisis Uathoibrithe don Fhoireann Pleanála Forbartha le haghaidh iniúchtaí láithreáin.
- Aistríodh ríomh-íocaíochtaí Gréasáin chuig seirbhís ardáin nua.
- Leanadh ar aghaidh leis an gClár suirbhé ar Reiligí Oidhreachta faoi Threoir an Phobail agus bhuaigh GCC Gradam Um Chlaochlú Digiteach na hEarnála Poiblí sa Chatagóir Rannpháirtíochta Pobail.
- Tugadh tacaíocht don bhunachar sonraí agus iarratais agus rinneadh é a chothabháil.
- Aistríodh gach doiciméad scanta go caighdeán inrochtana aonair le haghaidh úsáide poiblí agus úsáid inmheánach.

## MOLTAÍ DO 2024:

- Dul chun cinn agus feabhsú leanúnach a dhéanamh ar chaighdeáin agus ar bheartais Chibearshlándála laistigh den Chomhairle.
- Dul chun cinn leanúnach a dhéanamh ar thionscadal Sheomra na Comhairle chun an tairiscint seirbhísí lán-chomhtháite do chianchliaint a chur i bhfeidhm, chomh maith leis an gcomhpháirt chomhtháite réitigh Gréasáin atá beartaithe do R4 2023 a fháil ó Taiden, chun an taithí oibríochtúil is fearr a sholáthar do chomhaltaí.
- Glacadh le Straitéis Dhigiteach agus ICT Rialtas Áitiúil 2030 de chuid LGMA Éireann chun straitéis Dhigiteach agus ICT na Comhairle a sheachadadh.
- Cumasú digiteach próiseas agus seirbhísí a chur chun cinn chun seachadadh agus cumas obair chumaisc a fheabhsú.
- Tacú le gach Tionscnamh Náisiúnta Tionscadail ICT.
- Oibriú ar chomhlíonadh iomlán Chaighdeáin Náisiúnta Cibearshlándála an Stáit agus ullmhú do chreat rialála NIS2 an Aontais Eorpaigh mar Chomhlacht Riaracháin Poiblí.
- Tuilleadh feabhais a chur ar bhailiú sonraí soghluaiste agus páirce.
- Clár Soláthar a reáchtáil chun líonra lasctha inmheánach iomlán na Comhairle a athsholáthar.
- Oifigí Bhaile Átha an Rí, an Ghoirt, an Chlocháin agus na Ceathrún Rua agus aonaid seirbhísí tadhlacha a cheangail le Nasc líonra Néalríomhaireachta Rialtas na hÉireann agus an próiseas a chur i gcrích.
- Tacú leis an rannóg teicneolaíochta chun athsholáthar iomlán www.galway.ie a sheachadadh.
- Foireann Slándála Córais Faisnéise atá maoinithe go lárnach a bhunú.

# AIRGEADAS AGUS MÓTARCHÁIN

## AIRGEADAS

## LUACH AR AIRGEAD, SEIRBHÍSÍ COMHROINNTE AGUS SOLÁTHAR POIBLÍ

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

Úsáideann Comhairle Chontae na Gaillimhe an t-ardán www.supplygov.ie a thairgeann an Lárionad Soláthair Oibriúcháin Rialtais Áitiúil (LGOPC) maidir le soláthar earraí, oibreacha agus seirbhísí ó sholáthraithe (lena n-áirítear conraitheoirí agus soláthraithe seirbhíse). D'fhorbair an Lárionad Soláthair Oibriúcháin Rialtais Áitiúil (LGOPC) an suíomh gréasáin www.supplygov.ie chun an próiseas soláthair a chuíchóiriú. Bíonn dhá mhodúl á bhfeidhmiú ar an ardán chun earraí, oibreacha agus seirbhísí a sholáthar trí Iarratais Fhorlíontacha ar Thairiscintí (SRFTanna) agus Iarratais ar Luachaintí (RFQanna). Le linn 2023, chruthaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe 193 RFT agus 30 RFQ ar www.supplygov.ie.

Is é ardán tairisceana leictreonach an Rialtais arna riar ag an Oifig um Sholáthar Rialtais ná www.etenders.gov.ie. Is áis lárnach é an t-ardán seo do gach údarás conarthach san earnáil phoiblí chun deiseanna soláthair agus fógraí bronnta a fhógairt. Tá an t-ardán á oibriú ag soláthraí nua ó mhí na Bealtaine. Phróiseáil Comhairle Chontae na Gaillimhe 23 iarratas ar thairiscintí ar an ardán seo i mbliana.

Cártaí Ceannaithe: Úsáideann an Chomhairle an Tairseach 'Lighthouse' (Ascendas) chun idirbhearta chuig Agresso a phróiseáil. Faoi láthair tá 193 cárta gníomhach ag GCC le caiteachas €1,051,625 agus tá 8,548 idirbheart próiseáilte aici bliain go dtí seo.

Cártaí Breosla: Tá 224 cárta breosla gníomhach ag an gComhairle faoi láthair agus caitheadh €706,464 le linn 2023 go dtí seo.

Tá feidhmiú céimneach an Chórais Rianaithe Caiteachais tugtha chun críche in am agus i gcomhar leis an LGMA.

Tá GCC ag obair leis an gcomhlacht cities4forests chun beartas inbhuanaithe soláthair adhmaid a fhorbairt a bhaineann go sonrach le riachtanais na comhairle. Táthar ag súil go mbeidh sé sin críochnaithe faoi dheireadh 2023.

Forbraíodh clár lárnach conartha soláthair chun gach conradh lárnach OGP atá in úsáid ag GCC a thaifeadadh, a bhainistiú agus a chur in iúl don fhoireann.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Úsáid na n-ardán www.supplygov.ie agus www.etenders.gov.ie a fhorbairt a thuilleadh ar fud na heagraíochta d'fhonn úsáid na gcreataí agus na DPSanna a bhunaigh LGOPC agus OGP ar fud na heagraíochta a mhéadú.
- Monatóireacht a dhéanamh ar www.etenders.gov.ie agus www.supplygov.ie chun a chinntiú go gcuirtear próisis iomaíochta i gcrích de réir Threoracha agus threoirlínte an AE.
- Anailís a dhéanamh ar phróifíl caiteachais 2023 d'fhonn tionscnaimh shábháilte costais a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint i gcomhréir le creataí agus conarthaí LGOPC agus OGP.
- Conarthaí nua agus socruithe lárnacha a chur in iúl don fhoireann ábhartha lena chinntiú go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na ciorcláin ábhartha agus ag cinntiú an luach is fearr ar airgead.
- Rannpháirtíocht níos mó SME a spreagadh trí shuíomh gréasáin na comhairle a nuashonrú le faisnéis ábhartha maidir le rochtain ar chreataí agus ar DPSanna.
- Leanúint ar aghaidh ag baint úsáide as áiseanna atá ann cheana féin ar shuíomh gréasáin etenders chun clár conartha a fhorbairt.
- A chinntiú go gcuirfear baill foirne ar an eolas faoi rialacháin soláthair inmheánaigh GCC trí oiliúint a chur i gcrích le haonaid ghnó.
- Cabhrú leis an bhfoireann faisnéis faoi dhámhachtain conartha a thabhairt chun críche ar an ardán nua eTenders. Leanúint ar aghaidh ag cabhrú leis an bhfoireann le hoiliúint agus eolas ar an ardán nua eTenders. Úsáid critéar GPP a spreagadh in RFTanna agus i gconarthaí.

## SCAOILEADH ÍOCAÍOCHTA

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

- Cuireadh modhanna íocaíochta leictreonacha/uasghráduithe leictreonacha i bhfeidhm chun comhlíonadh ríomh-Shonraisciú faoi stiúir LGMA a chinntiú.
- Rinneadh dea-chleachtas a sheachadadh i bhfeidhmeanna cuntais iníoctha agus párolla le feabhas leanúnach ar phróisis, ar theicnící agus ar chleachtais ionas go raibh gníomhaíochtaí éifeachtúil, cruinn agus éifeachtach, rud a chuir le cáilíocht an tuairiscithe airgeadais. Cuireadh trédhearcacht ar fáil maidir leis na cinntí a rinneadh don obair a cuireadh i gcrích.
- Cuireadh Treoracha arna n-eisiúint ag na Coimisinéirí Ioncaim agus ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i bhfeidhm, le haghaidh tuairisceáin éagsúla airgeadais, reachtúla agus neamhreachtúla.
- Cuireadh tionscnaimh leictreonacha amhail Ríomh-Imréiteach Cánach i bhfeidhm
- Rinneadh tuairisciú fíor-ama do Sheirbhísí Párolla agus do Sheirbhísí Ríomhghairmiúla amhail Cáin Shiarchoinneálach, Cáin Chonartha Iomchuí, Tiarnaí Talún Neamhchónaitheacha agus Cáin Shiarchoinneálach, agus eile.

### MOLTAÍ DO 2024:

- De réir an Achta Airgeadais, 2022: Alt 897C, tabharfar Isteach Ceanglais Tuairiscithe Fheabhsaithe in 2024, a éileoidh íocaíochtaí áirithe a rinneadh le Fostaithe agus Stiúrthóirí a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim.
- Bainfear leas as raon feidhme agus cur i bhfeidhm na teicneolaíochta Bainistíochta Caidrimh Soláthraí chun próisis a shimpliú, leas a bhaint as cumas iomlán GCC chun caighdeáin ardchaighdeáin a sheachadadh agus a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh.
- Bonneagar íocaíochtaí a nuachóiriú trí íocaíochtaí seiceanna a laghdú de réir a chéile. Córais Bhainistíochta Airgeadais

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Baineadh amach éifeachtúlachtaí breise maidir le: Córas dréachtaithe buiséid (Buiséadú / Réamhaisnéisiú/Tuairisciú) agus rannpháirtíocht iomlán leis an soláthraí bogearraí le haghaidh feidhmiúlacht mhéadaithe.
- Baineadh amach éifeachtúlachtaí breise maidir le: córas éilimh le haghaidh taistil agus cothabhála agus laghdú ar éilimh dhéanacha/ ar chuntais fóntais agus rialú ar riaráistí.
- Nótaí beartais agus nósanna imeachta forbartha do Chuntais Iníoctha lena n-áirítear ráitis soláthraithe / calaois a chosc.
- Cuireadh tionscnaimh éifeachtacha pleanála foirne i bhfeidhm lena n-áirítear róta trédhearcach, cumhdach foirne le haghaidh oibríochtaí ríthábhachtacha agus pleanáil saoire bhliantúil.
- Bogearraí Makodata tar éis a bheith tógtha isteach in ionad Croí-Thuairisciú BI le haghaidh tuairisciú Párolla.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Leanúint ar aghaidh leis an athbhreithniú leanúnach ar nósanna imeachta/ar dhea-chleachtas d'fheidhm iomlán na gCuntas iníoctha agus doiciméadú a dhéanamh orthu.
- Imscrúdú a dhéanamh ar fheabhsuithe/modhanna eile uathoibrithe chun gnéithe den timthriall BUISÉID a bhaint amach. Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar Mhodúil Bhuiséid CCAS agus feidhmiú iomlán na feidhme lena n-áirítear Buiséadú do Phinsin san áireamh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar shaineolas cánachais san aonad Airgeadais agus ar scileanna a fheabhsú le haghaidh bearnaí sainaitheanta eolais agus saineolais.

## BAILIÚ IONCAIM

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Reáchtáladh an Clár Náisiúnta Athluachála do Chontae na Gaillimhe in 2023 agus rinneadh foráil d'athluacháil iomlán ar gach maoin tráchtála agus thionsclaíoch maidir le rátaí tráchtála sa Chontae. Reáchtáil an Oifig Luachála, le cúnamh ó Bhailitheoirí Choimisinéirí Ioncaim GCC, clinicí sa Chlochán, i dTuaim, i mBéal Átha na Sluaighe, i mBaile Locha Riach agus in Áras an Chontae. Is é cuspóir na hathluachála ná trédhearcacht agus cothromas méadaithe a thabhairt don chóras rátála agus caidreamh i bhfad níos dlúithe agus

aonfhoirmeach a sholáthar idir luachanna cíosa bliantúla reatha na maoine tráchtála agus a ndliteanas rátaí tráchtála. Tá sé seo mar chuid den Chlár Náisiúnta Athluachála agus ba é Meán Fómhair, 2023 an spriocdháta chun an Liosta Luachála nua a tháirgeadh. Tiocfaidh na luachálacha nua i bhfeidhm ar an 1 Eanáir, 2024.

- Chuir an Rannóg Airgeadais córas nua íocaíochta ar líne i bhfeidhm le haghaidh cíosanna, rátaí agus iasachtaí tithíochta i mí Iúil, 2023. Soláthraíonn an córas MyCoCo seirbhís níos éifeachtaí do chustaiméirí. Tar éis do chustaiméirí clárú, is féidir leo íocaíochtaí ar líne a dhéanamh agus a ráitis a fheiceáil ar líne.
- Baineadh úsáid leanúnach as an gcóras ASCENDAS chun sruthanna ioncaim a bhainistiú, mar shampla rátaí, cíosanna agus tobhaigh forbartha.
- Baineadh úsáid leanúnach as an bpróiseas MARPS maidir le hiasachtaí tithíochta.
- Cuireadh an Scéim Morgáiste go Cíos i bhfeidhm do thionóntaí oiriúnacha i gcomhar leis an Rannóg Tithíochta.
- Baineadh úsáid as an gcóras Rabhaidh Tionóntachta de réir mar ba ghá do thionóntaí a raibh riaráistí cíosa acu, faoi théarmaí Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2014.
- Leanadh ar aghaidh le modhanna íocaíochta leictreonacha a chur i bhfeidhm m.sh. íoc bille, Buiséad Teaghlaigh, EFT, áis íocaíochta ar líne srl chun custaiméirí a éascú.

### MOLTAÍ DO 2024:

- Monatóireacht agus nuashonrú a dhéanamh ar fheidhm bhailiúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le dea-chleachtas
- Leanúint ar aghaidh ag déanamh athbhreithniú ar nósanna imeachta bailithe fiachais.
- Éilimh Rátaí nua a eisiúint tar éis an Chláir Náisiúnta Athluachála a rinneadh sa Chontae in 2023.
- Leanúint ar aghaidh le haon síneadh ar an Scéim Tarscaoilte le haghaidh rátaí tráchtála de réir Threoracha an Rialtais.
- Leanfaidh an t-aonad ag tairiscint an rogha Íoc Bille do chustaiméirí Cíosanna, Iasachtaí, RAS agus Rátaí chun cabhrú le riachtanais bhuiséadacha teaghlaigh.
- Oiliúint chuí a sholáthar don fhoireann ar nósanna imeachta um bailiú fiach.

## CÓRAIS MHÓTARCHÁNACH AGUS CHEADÚNÚ TIOMÁNAITHE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:

- Ba é líon na n-idirbheart mótarchánach a rinne oifigí mótarchánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2023 ná 45,889. Ghlac Oifigí Mótarchánach na Gaillimhe breis agus €7.8M isteach don tréimhse seo. Rinneadh thart ar 83.5% de na hidirbhearta mótarchánach iomlán do limistéar na Gaillimhe ar líne go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2023.

- Eisíonn na hoifigí mótarchánach dioscaí cánach d'fheithiclí príobháideacha agus tráchtála, tarracóirí, hacnaí, tacsaithe agus feithiclí móra seirbhíse poiblí. Eisítear plátaí trádála, ceadúnais leantóir, doiciméid athsholáthair freisin agus próiseáiltear fiosrúcháin ón nGarda agus fiosrúcháin eile ón Údarás Áitiúil ar nós S103 agus CT53.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Leanfar ar aghaidh leis an obair ar thaifid mhótarchánach a aisghabháil agus a dhigitiú i stóráil fhadtéarmach d'fhonn innéacs inrochtana a chruthú de gach taifead clárúcháin seanfheithiclí.
- Leanfaidh na hOifigí Mótarchánach ar an gCeathrú Rua, Béal Átha na Sluaighe agus Gaillimh ar aghaidh leis na beartais agus na nósanna imeachta mótarchánach go léir a chur i bhfeidhm, agus tabharfar tacaíocht agus comhairle do bhaill an phobail, lena n-áirítear custaiméirí na seirbhíse mótarchánach ar líne.

## RIALÚ RIOSCA

**GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA IN 2023:**

- Rinneadh cumarsáid le baill den phobal maidir le héilimh a chuirtear faoi bhráid Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- Rinneadh idirchaidreamh le IPB maidir le gach gné d'éilimh árachais a bpléann Comhairle Chontae na Gaillimhe leo lena n-áirítear Dliteanas Fostóra, Dliteanas Poiblí, Tithíocht, Damáiste Mótair agus Ábhar.
- Rinneadh comhfhreagras leis an bhfoireann dlí agus le ranna eile na comhairle maidir le doiciméid a bhailiú le húsáid agus gach éileamh á fhiosrú.
- Soláthraíodh eolas do ranna na comhairle maidir le cúrsaí árachais lena n-áirítear gach gné den chumhdach.

**MOLTAÍ DO 2024:**

- Sonraí árachais a sholáthar do IPB maidir le gach roinn a bhaineann le faisnéis athnuachana agus clúdach polasaí.
- A chinntiú go ndéantar préimheanna íocaíochtaí polasaí árachais leis an IPB
- Soláthar a dhéanamh do chomhordú pleanáilte na n-iniúchtaí reachtúla maidir le trealamh ardaithe agus brú idir soláthraí IPB IES agus Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Comhoibriú leanúnach a dhéanamh leis na geallsealbhóirí go léir maidir le haon éileamh a gheobhaidh an Oifig um Rialú Riosca amach anseo.

# CLÁR CAIPITIL 3 BLIANA 2024 – 2026

## FORBAIRT AGUS PLEANÁIL EACNAMAÍOCH

### RRDF BHAILE ÁTHA AN RÍ

Is é €3,554,000 an maoiniú a ceadaíodh faoi Chatagóir 1 & Chatagóir 2 RRDF do Bhaile Átha an Rí, agus riachtanas maoinithe meaitseála ar luach €888,500 ag gabháil leis. Is é an Príomhtháirge insoláthartha ná Campas Nuálaí BIA atá tionóntaithe faoi láthair le LEO agus le cliant BIA eile. Beidh an oscailt oifigiúil ag tarlú in 2024.

Cuireadh pacáiste deartha feabhsaithe Shráid na Croise agus Chearnóg an Mhargaidh, atá á ionchorprú sa réimse poiblí níos leithne do Chuid VIII, isteach

Táthar ag súil go ndéanfar iarratas suntasach faoi Chatagóir 2 amach anseo chun feabhsuithe a dhéanamh ar an réimse poiblí de réir na moltaí do bhailte eile amhail an Clochán, an Gort agus Port Omna. Áireofar príomhghnéithe eile leis chomh maith amhail cur chuige uile-baile, a mbeidh tionchar eacnamaíoch agus pobail aige.

### RRDF AN CHLOCHÁIN

Is é €792,029 an maoiniú atá faofa faoi Chatagóir 2 RRDF don Chlochán agus tá riachtanas maoinithe meaitseála ar luach €198,007 ag gabháil leis. Is éard atá i gceist leis an tionscadal ná Réimse Poiblí an Chlocháin a fheabhsú agus a athbheochan, Páirc Chuan an Chlocháin agus idirghabhálacha réimse poiblí feadh Ché Bhóthar na Trá a athdhearadh.

Tá bailchríoch á cur anois ag an bhfoireann Deartha ar an iarratas pleanála agus táthar ag súil go gcuirfear faoi bhráid an Bhoird Pleanála é.

### AN GORT

Tá an tOifigeach Athnuachana Baile (TRO) tar éis a bheith ag obair go dlúth le Foireann Bhaile an Ghoirt le bailchríoch a chur ar ábhar phlean píolótach Lár an Bhaile (TCF) don Ghort. Tá an plean curtha i gcrích anois agus táthar ag súil go seolfar an plean deiridh go foirmiúil i mí na Nollag. Tá 12 phríomhthéama leagtha amach sa phlean, agus tá thart ar 2 thionscadal i ngach téama aitheanta mar thograí gearrthéarmacha, meántéarmacha nó fadtéarmacha. Chuidigh an TRO leis an gcéad iarratas ar mhaoiniú a ullmhú ó cuireadh plean TCF i gcrích, ar iarratas TVRS é ar fheabhsú sráid-dreacha don Ghort.

Tá an tionscadal réimse poiblí sna céimeanna deiridh de dhearadh mionsonraithe mar ullmhúchán chun iarratas pleanála a chur isteach. Tá scagadh comhshaoil á dhéanamh ar an tionscadal faoi láthair.

## CINN MHARA

Is é an maoiniú ceadaithe faoi Chatagóir 2 RRDF do Chinn Mhara ná €122,790.20 agus ceanglas cistiú meaitseála ar luach €40,930.06 ag gabháil leis. Forbraíodh an tionscadal go dtí an réamhchéim deartha agus aistríodh é le déanaí go Bonneagar agus Oibríochtaí mar chuid de scéim níos mó atá ar bun ag an NRPO thar ceann TII. Forbróidh an scéim seo dearaí mionsonraithe agus tabharfaidh sí clárchosán agus cosán chun na céime pleanála agus soláthrófar rochtain shábháilte do choisithe ón sráidbhaile go dtí an láithreán oidhreachta náisiúnta seo agus chuig na hoibreacha uasghrádaithe tairgthe ar an N67.

## RRDF BHAILE LOCHA RIACH

Is é an maoiniú atá faofa faoi Chatagóir 1 RRDF do Bhaile Locha Riach ná €1,628,879 agus maoiniú meaitseála ar luach €542,960 ag gabháil leis. Cabhróidh an tionscadal le hathbheochan Bhaile Locha Riach agus go háirithe Halla an Bhaile Locha Riach agus Réimse Poiblí Shráid na Beairice leis an bhfoirgneamh stairiúil agus tábhachtach seo a úsáid arís.

Tá Doiciméid Tairisceana Tógála tugtha chun críche do Halla an Bhaile. Tá siad seo le foilsiú ar an ardán etender agus táthar ag súil le conraitheoirí a cheapadh i Ráithe 1 2024 agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis an tógáil ar an láthair i Ráithe 2 2024.

## RRDF PHORT OMNA

Is é an maoiniú a faomhadh faoi RRDF do Phort Omna ná €1,192,855 agus ceanglas cistiú meaitseála ar luach €397,618 ag gabháil leis. Áirítear leis an tionscadal athchóiriú an tSean-tí Cúirte, idirghabhálacha an fhearainn phoiblí, dearadh páirce agus conair dealbhóireachta/ealaíne poiblí, aimsiú bealaigh agus léirmhíniú chomh maith le hathnuachan suíomhanna stairiúla lár an bhaile.

Tá an tionscadal anois ag an gcéim mhionsonraithe deartha agus tá na tograí le cur isteach do phleanáil Chuid VIII i Ráithe 1 2024.

## RRDF TEACH CÚIRTE PHORT OMNA

Is é an maoiniú atá faofa faoi RRDF Chatagóir 1 do Theach Cúirte Phort Omna ná €2,552,309 agus ceanglas cistiú meaitseála ar luach €283,589.90. ag gabháil leis. Déanfaidh an tionscadal seo athfhorbairt ar fhoirgneamh stairiúil an tí cúirte agus ar an gclós i bPort Omna chun ionad úrscothach do na healaíona agus don chultúr, spás cianoibre d'fhiontraithe agus spás nua cruinnithe agus sóisialta don phobal a sholáthar.

Tá measúnú déanta anois ar thairiscintí do chéim tógála an tionscadail agus táthar ag súil go gceapfar na conraitheoirí tógála i Ráithe 1 2024.

## TUAIM

Ba é an maoiniú a faomhadh faoi RRDF do Thuaim ná €175,000 le riachtanas cistiú meaitseála ar luach €43,750 ag gabháil leis. Áiríodh leis an gcistiú Máistirphlean Athnuachana Lár an Bhaile a ullmhú, a bhfuil measúnú comhshaoil déanta anois air agus a d'fhormhuinigh Ceantar Bardasach Thuama ar an 12 Aibreán, 2021.

Tá an fhoireann Athghiniúna ag ullmhú don ghlao maoinithe ar iarratas Chatagóir 1 faoin RRDF. Fógraíodh glao ar iarratais ar an 10 Samhain, agus is é an spriocdháta d'iarratais Chatagóir 1 ná an 8 Feabhra 2024. Tá an fhoireann ag obair i dtreo iarratas a chur isteach arís do Halla Baile Thuama a bhfuil pleanáil Chuid VIII i bhfeidhm ann cheana féin.

## AN GARRÁN (STÁISIÚN TRAENACH ÓRÁN MÓR) URDF

Tá trí phríomhghné den leithdháileadh maoinithe seo, atá dírithe ar an stáisiún traenach reatha in Órán Mór i gceantar cathrach Chontae na Gaillimhe.

Bronnadh maoiniú ar na nithe seo a leanas:

- Uasghrádú Bonneagar Iarnróid, lena n-áireofar lúb thrasnaithe iarnróid 1KM ag an Stáisiún Traenach atá ann cheana in Órán Mór; lena n-áireofar ardán breise agus bonneagar gaolmhar (12m).
- Dearadh an ionaid áitiúil (féach faoi iamh) agus tailte laisteas den stáisiún traenach lena n-áireofar dearadh mionsonraithe ar an ionad áitiúil, an carrchlós gaolmhar (atá ann cheana), (sonraí ailtireachta/innealtóireachta struchtúrtha) agus plean tírdhreachtaithe (d'úsáid phoiblí); (€300,000).
- Staidéar ar Fhorbairt Dearaidh na dTípeolaíochtaí chun an Creatphlean Uirbeach a chur i bhfeidhm (€75,000). Déanfar measúnú riosca tuile don suíomh chomh maith.

Cuireadh tús leis an tionscadal in 2021 i ndlúthchomhar le hIarnród Éireann. Faoi réir chead pleanála, táthar ag súil go dtiocfaidh na feabhsuithe nua ar an stáisiún i bhfeidhm go luath, nó i lár 2025.

Tá sé beartaithe go gcuirfidh na tailte timpeall ar an stáisiún suas le 1,100 aonad cónaithe ar fáil ar deireadh, chomh maith le spásanna fostaíochta, tráchtála, oideachais agus pobail. Tá soláthar iompair phoiblí ar ardchaighdeán ríthábhachtach don phlean seo agus cuirfidh uasghrádú Stáisiún Órán Mór go mór le seirbhísí.

## IAR-LÁITHREÁN AERFORT NA GAILLIMHE

Cheannaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe iarshuíomh Aerfort na Gaillimhe ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch. Áiríodh an suíomh sa Phlean Forbartha Contae agus é mar fhís ag an gComhairle Campas Nuálaíochta, Gnó agus Teicneolaíochta a dhéanamh de, a mheallfaidh agus a chinnteoidh infheistíocht fhadtéarmach i nGaillimh agus i Réigiún an Iarthair agus a thacóidh le forbairt Cheantar Cathrach na Gaillimhe.

I gcomhpháirtíocht leis an IDA, tá pleananna d'fhorbairt an tsuímh á gcur chun cinn ag an gComhairle anois. Tá obair maidir le seachadadh an mháistirphlean iomláin le tosú anois, mar a shonraítear i gcuspóirí Phlean Forbartha an Chontae. Cuirfear infheistíocht in anailís ar bhonneagar, seirbhísí agus anailís airgeadais chun cinn sa ghearrthéarma agus beidh sé seo mar bhonn eolais d'fhorbairt an tsuímh amach anseo ar sócmhainn straitéiseach é a bhfuil an poitéinseal aige poist agus an geilleagar a chruthú agus a chothú. Beidh an infheistíocht chaipitil tosaigh i bhforbairt an mháistirphlean agus an treochláir don láithreán mar bhonn eolais do na riachtanais chaiteachais caipitil.

## TITHÍOCHT

Seoladh Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta nua d'Éirinn i Meán Fómhair 2021. Is éard atá i "Tithíocht do Chách" ná plean an rialtais chun an soláthar tithíochta a mhéadú go dtí meán de 33,000 in aghaidh na bliana thar na deich mbliana atá romhainn. Soláthraíonn an plean do mheascán optamach de thithíocht shóisialta, inacmhainne agus phríobháideach le díol agus le ligean ar cíos. Tá an plean bunaithe ar cheithre bhealach, as a dtiocfaidh córas tithíochta níos inbhuanaithe:

- Tacú le húinéireacht tí agus le hinacmhainneacht a mhéadú.
- Deireadh a chur le heaspa dídine, soláthar tithíochta sóisialta a mhéadú agus tacú le cuimsiú sóisialta.
- Soláthar tithíochta nua a mhéadú.
- Aghaidh a thabhairt ar fhadhb na dtithe folmha agus úsáid éifeachtúil a bhaint as an stoc tithíochta atá ann cheana.

Tá soláthar an chláir tithíochta sóisialta agus inacmhainne is mó riamh faoi Thithíocht do Chách fós mar thosaíocht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus dírítear go príomha ar thógáil nua chun tithe sóisialta a sholáthar. Soláthróidh soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne ar ardchaighdeán sna láithreacha cearta tithíocht inbhuanaithe fhadtéarmach don ghlúin reatha agus do na glúnta atá le teacht.

Ceadaíodh an plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta (HDAP) ar an 1 Iúil 2022 ina dtugtar sonraí maidir le cathain agus conas a dhéanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe tithíocht inbhuanaithe a sholáthar sna láithreacha cearta le linn fhráma ama an chláir Tithíocht do Chách.

Tá an Chomhairle tiomanta do gach sruth maoinithe caipitil atá ar fáil a úsáid chun seachadadh na tithíochta sóisialta agus inacmhainne a uasmhéadú lena n-áirítear tógáil, forbairtí lán-déanta, Cuid V agus Scéimeanna Ceannaigh agus Athnuachana. Leanann an Chomhairle ar aghaidh ag tabhairt tacaíocht ghníomhach do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta chun leas a bhaint as an Scéim Cúnaimh Chaipitil chun tithíocht shóisialta a sholáthar.

| **Cur Síos** | **2024** | **2025** | **2026** |
|---|---|---|---|
| | **(Measta)** | | |
| **Príomhchomhlachtaí Tógála, Tithíocht lán-déanta agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta** (lena n-áirítear an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil) | €110m | €120m | €140m |
| **Clár Éadála** (lena n-áirítear Cuid V) | €4.5m | €4.5m | €4.5m |
| **Scéim Cúnaimh Caipitil** | €0m | €2m | €2m |

Tá an Chomhairle ag leanúint go gníomhach le talamh breise a cheannach chun cur leis an mbanc talún reatha chun a chinntiú go mbeidh fáil ar thalamh chun aonaid tithíochta a thógáil amach anseo.

Tá gach togra tionscadail faoi réir mhaoiniú na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ceaduithe sonracha céime agus reachtúla de réir na dtionscadal agus braithfidh siad ar chómhaoiniú a bheith ar fáil mar is gá.

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag plé go gníomhach leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le tograí breise le haghaidh tionscadail tógála atá le seachadadh faoi Thithíocht do Chách. Is é an fócas do 2024 ná 358 teach sóisialta a sheachadadh trí ghníomhaíochtaí na Comhairle agus Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.

Déanfar clár tógála mór a sheachadadh in 2024 agus léirítear é seo sa phróifíl caiteachais. Leanfar ar aghaidh leis an bhfócas a aistriú ó shocruithe léasaithe agus féachfar i dtreo tógála (seachadadh tógála nua) agus éadálacha. Leanfar ar aghaidh le héadálacha Chuid V le 20% ar fhorbairtí. Leithdháilfear 10% ar a laghad ar thithíocht shóisialta. Féadfar an 10% eile a leithdháileadh ar thithíocht shóisialta nó inacmhainne.

Tá roinnt scéimeanna caipitil eile á gcur chun cinn ag an Aonad Tithíochta trí dhearadh agus pleanáil a chuirfidh ar chumas na Comhairle aonaid a sheachadadh ó 2024 go dtí 2026.

Áirítear leis na forbairtí atá beartaithe ag an gComhairle go dtí 2026 faoi Thithíocht do Chách, seachadadh ar bhainc talún reatha agus nua a fuarthas le déanaí i bPort Omna, i dTuaim, i mBaile Locha Riach agus in Órán Mór. Beidh costas iomlán na talún le forchúiteamh ón Roinn Tithíochta tar éis na forbartha. Féadfar tithe lán-déanta a fháil ó am go ham ag brath ar a n-oiriúnacht.

## SCÉIMEANNA BEARTAITHE (2024)

| Suíomh | Cineál | Aonaid Tithíochta Sóisialta |
|---|---|---|
| Cathair Uaitéir | Lándéanta | 44 |
| Cill Gharbh (Céim 2) | Lándéanta | 30 |
| Vicars Choral (Plota 2) | Lándéanta | 22 |
| Vicars Choral | Lándéanta | 6 |
| Cnoc Odhráin (Suíomh Considine) | Lándéanta | 0 |
| An Cuarbhóthar | Lándéanta | 2 |
| Carraig Weir (Céim 2) | Lándéanta | 7 |
| St. Joseph’s | Tógáil | 8 |
| Béal Átha Mó | Tógáil | 8 |
| Caisleán Raithin | Tógáil | 10 |

| | | |
|---|---|---|
| Páirc na Cille, Baile an Teampaill, Weir Road (Céim 2) | Tógáil | 15 |
| Corr an Locha | Tógáil | 1 |
| **Iomlán** | | **153** |

Táthar ag súil go n-aimseofar tionscadail bhreise lándéanta in 2024 tar éis na bhfógraí a eisíodh le déanaí maidir le léirithe spéise. Beidh tionchar ag an soláthar talún do thionscadail féin-thógála na Comhairle ar réimse an chláir tógáil dhíreach. Féachfaidh an tAonad Tithíochta le leibhéal seachadta na tógála do 2024 agus do na blianta atá le teacht a chothabháil agus a mhéadú.

Is iad seo a leanas na spriocanna maidir le seachadadh tógála faoin bPlean Tithíochta do Chách sa tréimhse 2024 go 2026:

**2024**: 358 aonad **2025**: 385 aonad **2026**: 393 aonad **Iomlán**: **1,136 aonad**

Beidh ról na gComhlachtaí Ceadaithe Tithíochta maidir le haonaid tógála nua a sheachadadh ina ghné ríthábhachtach de rath Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir lena spriocanna a bhaint amach. Faoin bPlean Tithíocht do Chách, táthar ag súil go soláthróidh Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe 40% de na haonaid in aghaidh na bliana chomh fada le 2026

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le hoibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ar gach cineál Cóiríochta don Lucht Siúil. Tá sé i gceist athfhorbairt a dhéanamh ar Láithreán Stad Thuama. Leanfar ar aghaidh le tograí maoinithe a chur faoi bhráid an Aonaid um Chóiríocht don Lucht Siúil in 2024 agus sna blianta amach anseo de réir mar a chuirtear pleananna chun cinn le haghaidh athchóiriú mór a dhéanamh ar Ghrúpscéimeanna Reatha a Bhaineann go Sonrach leis an Lucht Siúil agus chun Scéimeanna nua a fhorbairt de réir an Chláir Ghlactha Cóiríochta don Lucht Siúil.

## IASACHTAÍ CEANNACH TÍ:

Leanfar ar aghaidh le hIasachtaí Ceannaithe Tithe a eisiúint do cheannaitheoirí incháilithe. Leathnaíodh na hiasachtaí chun uasteorainn ioncaim mhéadaithe €70,000 a chur san áireamh do dhaoine singile nó ioncam comhcheangailte comhiarratasóirí ar luach €85,000. Faightear maoiniú trí iasachtaí ón gComhairle, agus íoctar seirbhísiú an fhiachais trí aisíocaíochtaí ó iasachtaithe.

## INFHEISTÍOCHT CHAIPITIÚIL I STOC TITHÍOCHTA ÚDARÁIS ÁITIÚIL:

| Cur Síos | 2024 | 2025 | 2026 |
|---|---|---|---|
| Éifeachtúlacht Fuinnimh, Iarfheistiú Tithe Folmha agus Clár Cothabhála Pleanáilte | €4.56m | €4m | €4.5m |
| Mórchlár Athchóirithe – | €.5m | €.5m | €.5m |

Tá gá le clár infheistíochta caipitil suntasach do stoc tithíochta na n-údarás áitiúil atá ann cheana chun comhlíonadh le híoschaighdeáin a bhaint amach, oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh a chómhaoiniú, láimhdeachas aonad tithíochta folmha agus chun clár cothabhála pleanáilte a sheachadadh.

## CLÁR COTHABHÁLA PLEANÁILTE:

Tá maoiniú curtha ar fáil trí áis iasachta €10M do Chlár Cothabhála Pleanáilte don stoc tithíochta atá ann cheana féin chun comhlíonadh na gceanglas reachtúil a bhaint amach, lena n-áirítear íoschaighdeáin.

## CLÁR IARFHEISTITHE ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH:

Tá foráil déanta d'oibreacha faoin gClár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh (EERP) atá le déanamh ar stoc tithíochta Chomhairle Chontae na Gaillimhe. In 2023 cuireadh 89 maoin iarfheistithe i gcrích faoin gClár Éifeachtúlachta Fuinnimh. Tá sé seo sa mhullach ar an 121 maoin a iarfheistíodh in 2022.

Tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe 90 maoin dá stoc tithíochta a aisfheistiú in 2024. Beidh na maoine a shainaithneofar le haghaidh iarfheistithe fós ina meascán de chineálacha tithe, faoi réir threoirlínte an Chláir. Bainfidh an stoc tithíochta eile tairbhe as an gClár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh sna blianta amach romhainn, faoi réir maoiniú deontais agus maoiniú meaitseála.

## MÓRCHLÁR ATHCHÓIRITHE:

Tá sé i gceist móroibreacha athchóirithe a chur i gcrích ar 4 mhaoin atá faoi úinéireacht na Comhairle i gCeantar Bardasach Thuama, Bhéal Átha na Sluaighe, Bhaile Locha Riach agus Chonamara.

# BONNEAGAR & OIBRÍOCHTAÍ, BAINISTÍOCHT DÓITEÁIN & ÉIGEANDÁLA

Sonraítear thíos na tionscadail chaipitil a bhaineann le Bóithre, Céanna agus Cuanta, scéimeanna Maolaithe do Thuilte, Fáil Gléasra agus Taisteal Níos Cliste (Glasbhealach).

Tá cur i gcrích na dtionscadal seo a leanas faoi réir smachtbhannaí cuí na Roinne, an maoiniú riachtanach a bheith ar fáil agus na forálacha reachtúla agus rialála cuí a chomhlíonadh.

## BÓITHRE NÁISIÚNTA

Chomh maith le hoibreacha ar Mhórbhealaí Idiruirbeacha, leanfar ar aghaidh le clár iomlán d'Oibreacha Cosán agus Mionfheabhsuithe, Bearta Sábháilteachta agus Oibreacha Feabhsúcháin Droichead a dhéanamh ar an nGréasán Príomhbhóithre Náisiúnta agus Bóithre Náisiúnta den Dara Grád. Tá an Clár seo ag brath ar leithdháiltí bliantúla ó Bhonneagar Iompair Éireann (TII) agus mar sin cuirfear an clár oibreacha faoi bhráid na Comhairle ar bhonn bliantúil i gcomhthéacs an Chláir Bóithre Bliantúil.

| **Tionscadal:** | **Stádas:** |
|---|---|
| **N6 Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe** | Faoi réir agóidí dlíthiúla d'fhéadfaí an scéim a chur ar ais chuig an mBord Pleanála. Ag brath ar tharchur, dara cinneadh ón ABP, agóidí dlíthiúla breise agus maoiniú atá ar fáil, is féidir leis an tionscadal dul ar aghaidh go dtí na chéad chéimeanna eile - éadáil talún agus réadmhaoine, dearadh mionsonraithe agus oibreacha cumasúcháin. Conraitheoir a sholáthar don phríomhchéim tógála le leanúint sna blianta ina dhiaidh sin. |
| **N59 Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn** | Tá dul chun cinn maith déanta ar oibreacha tógála, agus meastar go mbeidh siad críochnaithe go mór faoi R3 2023 agus an scéim á hoscailt ina dhiaidh sin do thrácht, ag seachaint sráidbhaile Mhaigh Cuilinn agus ag fáil réidh le brú tráchta trí cheann de na sráidbhailte is mó brú tráchta i nGaillimh. Áirítear ar phríomheilimintí na scéime a bheartaítear 4.6km de charrbhealach singil de chineál 1, athailíniú bóithre Chaladh an Chnoic thar 850m, 1.7km de bhóithre feirme/lóistín, 2 uimh. timpealláin comhréidh agus 8 struchtúr comhdhéanta de 5 dhroichead, 2 íosbhealach agus 1 lintéar. |

| | |
|---|---|
| **Scéim Athailínithe N63 Lios go Mainistir** | Táthar ag súil go ndéanfaidh an Bord Pleanála cinneadh i R1 2023 agus ansin cuirfear an Scéim ar aghaidh trí Chéim 5 agus 6 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal TII. |
| **N59 Bun an Choill go dtí An Clár Mór** | Ráitis mhodha a chur chun cinn le haghaidh gnéithe eile den rannóg ó Bhun an Choill go dtí an Clár Mór le Páirceanna Náisiúnta agus Seirbhísí Fiadhúlra (NPWS) agus Iascaigh Intíre Éireann (IFI) amhail réamhchonarthaí le haghaidh oibreacha imscrúdaithe talún agus suirbhéanna topagrafacha agus imscrúduithe seandálaíochta in 2023. Táthar ag súil le bogadh ar aghaidh chuig an dearadh mionsonraithe do Bhun an Choill go dtí an Clár Mór in 2023, bunaithe ar thorthaí na suirbhéanna agus na n-imscrúduithe tosaigh. Leanfar ar aghaidh le cainteanna leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus leis IFI maidir le ráitis mhodhanna céime na tógála don chuid eile ó Bhun an Choill go dtí an Clár Mór ar feitheamh fhorbairt an mhiondearaidh. |
| **N17 Ailíniú Bhaile an Mhuilinn go Gort na Gonaide** | Dul chun cinn a dhéanamh ar cheannach talún agus ar dhearadh mionsonraithe agus ansin cuirfear an Scéim ar aghaidh trí Chéim 5 agus 6 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal TII. |
| **Glasbhealach ó Ghaillimh go dtí an Clochán** | An 6km eile ón gClochán go dtí an Sraith Salach a chríochnú. Éadáil talún idir lámha. An chonair bhealaigh is dealraithí atá roghnaithe a fhoilsiú i R1 2023 don chuid idir Gaillimh agus Uachtar Ard agus leanúint ar aghaidh leis an idirchaidreamh atá á dhéanamh le húinéirí talún, chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le bealaí féideartha don rotharbhealach laistigh den chonair bhealaigh is dealraithí atá roghnaithe. Measúnú dearaidh agus comhshaoil le déanamh |
| **Rotharbhealach NCN Gaillimh go Baile Átha Luain** | Rotharbhealach NCN Gaillimh go Baile Átha Luain - Idirchaidreamh a dhéanamh le húinéirí talún chun leanúint ar aghaidh ar bhealaí féideartha don rotharbhealach laistigh den chonair bhealaigh is dealraithí atá roghnaithe. Measúnú dearaidh agus comhshaoil le déanamh. |

## BÓITHRE NEAMHNÁISIÚNTA

Na Scéimeanna Bóithre Neamhnáisiúnta seo a leanas a chur chun cinn/a thosú

- Bóthar Faoisimh Laistigh Bhéal Átha na Sluaighe
- Cuarbhóthar Thuaidh Bhaile Átha an Rí
- R336
- R374 Cabhsaí agus Droichid
- R332 Cill Bheanáin
- R339 Belville

Tá cur chun cinn na dtionscadal thuas ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil agus, de réir mar is gá, ar na hacmhainní inmheánacha atá riachtanach chun na tionscadail a chur chun cinn.

## CLÁIR ÉADÁLA/ ATHNUACHAN GLÉASRA AGUS COTHABHÁIL GEIMHRIDH –

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|
| **Athbhreithniú ar Oibríochtaí Clóis an Chabhlaigh agus ar an Innealra** | Tá infheistíocht shuntasach ag teastáil chun cabhlach a chur in ionad an fhlít aosaithe. Rinneadh athbhreithniú ar Chlós Innealra de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus cuireadh tús le hathrú feithiclí de réir a chéile ag teacht leis na moltaí a d'eascair ón gcleachtadh sin. |
| **Aonaid Íoc agus Taispeáin a Athrú** | Suiteálfar 57 n-aonad ionaid sa Ghort agus i mBaile Átha an Rí. Déanfar 48 n-aonad eile a athsholáthar mar chuid den chéim dheireanach in 2024 i mBéal Átha na Sluaighe, sa Chlochán agus sa Chloigeann. Tá céimniú na suiteála deartha faoi réir infhaighteacht maoinithe. |

## SCÉIMEANNA COSANTA /MAOLAITHE TUILTE

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) tríd an nGrúpa Oibre agus Stiúrtha Comhpháirteach agus geallsealbhóirí eile chun scéimeanna cuí um fhaoiseamh tuilte/maolaithe a chur chun cinn de réir na bhforálacha reachtaíochta agus rialála cuí agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil.

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|
| **Scéim Cosanta Tuile na Gaillimhe Theas (Ísealchríocha an Ghoirt)** | Tá oibreacha imscrúdaithe láithreáin agus gach suirbhé bunlíne don Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) curtha i gcrích.<br><br>Tá dul chun cinn á dhéanamh leis an Ráiteas Tionchair EIAR agus Natura (NIS). Tá taispeántas poiblí (próiseas an Achta um Dhraenáil Artaireach) réamh-mheasta do R1 go R3 2024. |
| **Scéim Cosanta Tuilte Bhéal Átha na Sluaighe** | Tá oibreacha imscrúdaithe láithreáin agus gach suirbhé bunlíne don Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) curtha i gcrích.<br><br>Tá dul chun cinn á dhéanamh leis an Ráiteas Tionchair EIAR agus Natura (NIS). Tá taispeántas poiblí (próiseas an Achta um Dhraenáil Artaireach) réamh-mheasta do R1 go R3 2024. |
| **Scéim Cosanta Tuilte an Chlocháin** | Tá an tionscadal seo á mhaoiniú ag OPW – le maoiniú CFRAM ó Thráinse 1.<br><br>Tá oibreacha imscrúdaithe láithreáin agus gach suirbhé bunlíne don Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) curtha i gcrích. Tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an EIAR agus an NIS agus tá an dearadh á thabhairt chun críche.<br><br>Ní bhaineann an scéim seo úsáid as an Acht um Dhraenáil Arteria agus rachaidh sí tríd an ngnáthphróiseas pleanála. Táthar ag tuar go gcuirfear aighneacht pleanála isteach i R1 2024. |

Tá an Chomhairle ag leanúint ar aghaidh ag comhoibriú le hOifig na n-Oibreacha Poiblí (OPW) ar iarratais ar Scéim Faoisimh Tuilte d'Órán Mór, do Dhroichead an Chláirín, do Chinn Mhara agus Deisceart na Gaillimhe, chomh maith le Béal Átha na Sluaighe agus an Clochán. Leanfaidh sí ar aghaidh ag lorg maoinithe chun na hoibreacha seo agus mionoibreacha faoisimh tuilte eile a dhearadh agus a sheachadadh. Beidh luach ollmhór ag baint leis na hoibreacha seo do phobail áitiúla, mar is léir ón tionchar a bhí ag Stoirm Debi le déanaí.

## CLÁR STRAITÉISEACH CÉANNA AGUS CUANTA

Tá maoiniú le haghaidh oibreacha ar chéanna straitéiseacha ar na hoileáin á chur ar fáil tríd an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|
| **Feabhsúcháin ar Chéibh Inis Oírr – tonnchosc agus síneadh ar an gcéibh a thógáil, dreidireacht a dhéanamh agus beartlann bhreise a chruthú** | Tá an próiseas Éadála Talún/CPO curtha i gcrích agus fuarthas na tailte go léir a bheidh ag teastáil don tionscadal.<br>Tá Cás Gnó nuashonraithe faofa ag an DRCD agus tá tús curtha leis an bpróiseas chun conraitheoir a fháil chun tabhairt faoi na hoibreacha. Táthar ag súil le conradh a bhronnadh sa chéad leath de 2024 agus an tionscadal a chríochnú roimh shéasúr an tsamhraidh 2026. |
| **Feabhsúcháin ar Inis Meáin** | Ullmhaíodh Cás Gnó agus cuireadh faoi bhráid an DRCD é mar iarratas ar mhaoiniú chun tabhairt faoi mheasúnú féidearthachta ina scrúdófar na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun uasghrádú a dhéanamh ar áiseanna tuirlingthe ar Inis Meáin lena chinntiú go ndéanfar soláthar cuí do sheirbhísí paisinéirí agus lastais chuig an oileán thar thréimhse shuntasach ama amach anseo.<br><br>Beidh an moladh ón Tuarascáil Féidearthachta atá á coimisiúnú faoi láthair, mar bhonn taca le hiarratas ar mhaoiniú amach anseo chun bogadh ar aghaidh agus cibé moltaí a thiocfaidh as an bpróiseas a bhaint amach le céimeanna deartha, pleanála agus tógála. |

## CLÁR CUANTA IASCAIGH AGUS AN BHONNEAGAIR CHÓSTA

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|
| **Céanna agus**<br>**Cuanta Éagsúla** | Tá clár leanúnach ann chun oibreacha a theastaíonn chun uasghrádú a dhéanamh ar áiseanna ag áiteanna tuirlingthe atá faoi chúram Chomhairle Chontae na Gaillimhe a aithint agus tús áite a thabhairt dóibh. Faoi réir faomhadh ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, cuirtear na tionscadail seo chun cinn le céimeanna pleanála, deartha agus tógála. |

## TAISTEAL GNÍOMHACH

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|
| **Tionscadal Taisteal Gníomhach – An tÚdarás Náisiúnta Iompair** | In 2023, fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe €3m faoi chiste an Údaráis um Thaisteal Gníomhach d'oibreacha Taisteal Gníomhach ar fud an Chontae. Áirítear leis seo pleananna d'iompar áitiúil, staidéir faoi iompar pobail, tionscadail dearadh uirbeach, suiteáil cosán, lánaí rothaíochta, soilsiú poiblí, páirceáil rothar agus trasrianta coisithe. Tá na hoibreacha ar fad críochnaithe anois ar gach tionscadal Tógála a bhí faofa ag an Údarás do 2023.<br><br>Leanfar ar aghaidh le Comhairleoirí Dearaidh Taisteal Gníomhach a cheapadh áfach, do thionscadail na Scéime um Dhearadh Taisteal Gníomhach don chuid eile de 2023 agus isteach go 2024. Maidir le haon tionscadail dearaidh nach gcuirfear i gcrích go hiomlán faoi dheireadh na bliana, déanfar iarratais leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun leanúint ar aghaidh leis na tionscadail sin in 2024. Athraíodh an fócas do 2023 go tionscadail dearaidh atá plean-treoraithe agus leanfar ar aghaidh leis seo in 2024.<br><br>D'aontaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair in 2023 post breise Innealtóra Feidhmiúcháin a mhaoiniú do scéim deartha Thaisteal Gníomhach na Gaillimhe agus táthar ag súil go líonfar an post sin go luath in 2024.<br><br>Is clár rollach é an Clár Taisteal Gníomhach agus leanfar ar aghaidh le hiarratais ar thionscadail nua ar bhonn leanúnach chomh maith. I ndeireadh na dála, beidh gach tionscadal faoi réir fhaomhadh an Údaráis Náisiúnta Iompair agus ní mór do na tionscadail uile Treoirlínte Breithmheasa Tionscadail an Údaráis a chomhlíonadh. |

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|
| **Plean Náisiúnta Leathanbhanda** | Tá an Plean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP) le leathanbhanda snáithín ardluais a sholáthar do 40,084 áitreabh i gContae na Gaillimhe. Is é an infheistíocht réamh-mheasta do Chontae na Gaillimhe thar shaolré an tionscadail ná €153 Milliún.<br><br>In 2020 chuir NBI tús le líonra a thógáil don leathanbhanda snáthoptaice a bheidh á leathadh amach, agus táthar ag súil le clár tógála 5-7 mbliana.<br><br>Amhail mí na Samhna 2023 tá NBI tar éis dul thar 16,172 (32%) áitreabh a raibh líonra leathanbhanda iontu agus nascadh 5,203 de na réadmhaoin sin.<br><br>Tá tús curtha leis an líonra a thógáil i 5,502 áitreabh eile. Tá NBI ag tuar go mbeidh thart ar 81% d'obair shuirbhé NBI i nGaillimh críochnaithe faoi dheireadh 2023.<br><br>Táthar ag súil de réir sceideal tógála reatha NBI, go mbeidh 54.6% den líonra i gContae na Gaillimhe críochnaithe faoi dheireadh 2024. Tugtar le fios i bplean tógála NBI atá foilsithe faoi láthair go mbeidh leathadh amach an líonra i gContae na Gaillimhe curtha i gcrích faoi Nollaig 2026.<br><br>Foinse: https://nbi.ie/where-are-we-working/ Samhain '23<br><br>Tá 22 Phointe Nasctha Leathanbhanda (BCP) i gContae na Gaillimhe a mbeidh nascacht ardluais gan sreang ar fáil iontu mar chuid den NPB, chun tacú le pobail go dtí go gcuirfear leathanbhanda snáthoptaice i bhfeidhm ina gceantar féin. Cuireadh seirbhísí leathanbhanda ardluais gan sreang ar fáil do 21 de na láithreáin BCP go dtí seo. Suiteáladh nasc eatramhach leathanbhanda gan sreang ag an suíomh deiridh, go dtí go bhféadfar réiteach gan sreang de chuid na scéime BCP a sheachadadh ag an suíomh seo.<br><br>Príomhphrionsabal de chuid an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda is ea tacú le hinfheistíocht tráchtála agus í a spreagadh trí bhearta beartais agus rialála. D'fheidhmigh sé seo mar chatalaíoch d'infheistíocht tráchtála san earnáil teileachumarsáide.<br><br>Éascóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe feidhmiú céimneach na teileachumarsáide trí infheistíocht stáit agus phríobháideach araon sa Chontae.<br><br>Tógadh líonraí leathanbhanda snáthoptaice gan sreang i mbailte Thuama, Bhaile Átha an Rí, an Ghoirt, an Chlocháin, Órán Mór, Bhearna agus Bhaile Locha Riach.<br><br>Tá tógáil líonra ar siúl faoi láthair i mbaile Bhéal Átha na Sluaighe. |

| | |
|---|---|
| | Fógraíodh tógáil líonraí breise in 2023 do bhailte Bhaile Átha an Rí agus an Ghoirt agus táthar ag tuar go mbeidh siad críochnaithe in 2024. Cuirfidh na líonraí breise seo rogha níos fearr ar fáil do chónaitheoirí agus do ghnólachta sna bailte seo.<br><br>Rinneadh an tascfhórsa nua Fón Póca agus Leathanbhanda a thionól arís i mí na Nollag 2021.<br><br>Is é ceann de na saincheisteanna a dtabharfaidh an tascfhórsa seo tosaíocht dóibh, ná Feabhas a chur ar chlúdach fón póca lasmuigh.<br><br>Tá Oifigeach Leathanbhanda lánaimseartha fostaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe. |
| **Straitéis Dhigiteach** | Foilsíodh Straitéis Dhigiteach Chontae na Gaillimhe i R1 2021 agus é mar sprioc ag an straitéis, láidreachtaí agus laigí an Chontae a aithint mar thoradh ar nascacht mhéadaithe ó infheistíocht stáit agus phríobháideach araon sa teileachumarsáid sa Chontae. Spreagfaidh sé pobail an Chontae chun tógáil ar na láidreachtaí agus chun dul i ngleic leis na laigí a aithnítear sa straitéis.<br><br>Is léiriú intinne agus tacaíochta d'fhorbairt dhigiteach an Chontae í Straitéis Dhigiteach Chontae na Gaillimhe, i dtréimhse ina bhfuil nascacht á méadú agus úsáid níos airde á baint as seirbhísí digiteacha, teicneolaíochtaí digiteacha agus bonneagar digiteach. Tacóidh straitéis dhigiteach Chontae na Gaillimhe le daonra Chontae na Gaillimhe leas a bhaint as na hathruithe seo.<br><br>Chun tacú le Nascacht don phobal in 2023, mhéadaigh Comhairle na Gaillimhe na pointí Rochtana Wi-Fi poiblí saor in aisce go 41 faoin scéim Wifi4eu. Tháinig an méadú seo anuas ar na 21 phointe rochtana Wi-Fi Poiblí ag láithreacha PNLB.<br><br>Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe ar aghaidh ag tacú leis na BCPanna mar a fhorbraítear an raon seirbhísí a chuireann siad ar fáil don phobal, idir wi-fi poiblí, spásanna chun dul ar líne agus spásanna cianoibre.<br><br>In 2023, thacaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe tuilleadh le 4 chlár théamacha de chuid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail, i réimsí na Ríomhshláinte, na Scileanna Digiteacha, na Cianoibre agus na hEalaíne.<br><br>Ceapadh Oifigeach Tacaíochta Leathanbhanda (BSO) in 2023 chun oibriú le grúpaí pobail a óstálann BCPanna. Chuir an BSO soláthraithe scileanna agus a gcúrsaí scileanna digiteacha chun cinn ar an líonra BCP, agus tógfar ar an obair seo in 2024.<br><br>Tá cur chun cinn scileanna digiteacha ar cheann de phríomhthéamaí na Straitéise Digití reatha.<br><br>Le linn 2024, forbróidh an Chomhairle suíomh gréasáin uasghrádaithe chun rannpháirtíocht na saoránach lenár seirbhísí poiblí a fheabhsú. Ullmhófar straitéis dhigiteach nua de chuid na Comhairle. |

## SEIRBHÍS DÓITEÁIN AGUS TARRTHÁLA NA GAILLIMHE (GFRS)

Is í GFRS an Phríomh-Sheirbhís Éigeandála (PES) do Chomhairlí Cathrach agus Contae na Gaillimhe. Leagtar amach anseo thíos an clár Caipitil táscach do GFRS don tréimhse 2022-2024.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil gach tionscadal faoi réir mhaoiniú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) agus faomhadh sonrach de réir an tionscadail.

### FEARAIS DÓITEÁIN

- Leithdháil an DHLGH Fearas nua Aicme B ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar chuid de Phlean Soláthair Náisiúnta 2021-2025. Soláthraíodh an fearas Aicme B seo go lárnach mar chuid de phróiseas soláthair Náisiúnta ag an OGP. Ba é Emergency One in Albain an soláthraí a roghnaíodh. D'fhreastail pearsanra ó GFRS ar mhonarcha Emergency One in Albain in 2021 agus thug foireann Emergency One breac-chuntas ar shonraíocht mhionsonraithe an ordaithe. Tá moill ar fud an domhain ar sholáthar fonnaidh agus seachadadh an fearas nua i R3 2023.
- I Ráithe 3 2023 fógraíodh go bhfaighidh GFRS 2 fhearas dóiteáin nua faoin gcreat soláthair reatha. Tá an t-ordú á chur faoi láthair. Is é an soláthraí roghnaithe ná Emergency One in Albain.
- Tá iarrachtaí ar siúl chun roinnt fearais Aicme B athláimhe a fháil. Cabhróidh sé seo le meánaois na bhfearas, atá ard faoi láthair, a ísliú. Faoi láthair tá fíorbheagán Fearas athláimhe oiriúnach ar an margadh. Tá iarrachtaí ar siúl freisin chun tancaer uisce athláimhe a fháil do Stáisiún Dóiteáin Thuama.

## STÁISIÚIN DÓITEÁIN

Tugtar breac-chuntas ar thionscadail nua stáisiúin dóiteáin i gClár Caipitil Náisiúnta DHLGH 2021-2025.

### STÁISIÚN DÓITEÁIN THUAMA

- Cuireadh an Stáisiún Dóiteáin nua i dTuaim i bhfeidhm go déanach i mí Mheán Fómhair 2018. D'oscail Sean Canney T.D. an tAire Stáit um Fhorbairt Pobail, Acmhainní Nádúrtha agus Forbairt Dhigiteach é go hoifigiúil ar an 15 Aibreán 2019.
  Thóg Carey Construction Ltd an Stáisiún Dóiteáin agus an tIonad Oiliúna coinnithe ceithre bhá.

### STÁISIÚN DÓITEÁIN BHAILE ÁTHA AN RÍ

- Tá láthair do Stáisiún Dóiteáin nua i mBaile Átha an Rí aitheanta i gceantar bhaile Bhaile Átha an Rí. Ceapadh foireann deartha in 2020 agus críochnaíodh dearadh mionsonraithe in 2021. Chuaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe chun tairisceana do Chéim Tógála an Mhaoirseora Tionscadail i lár -2022.
- Tá an tionscadal á thógáil faoi láthair agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe le linn 2024.

## STÁISIÚN DÓITEÁIN BHAILE LOCHA RIACH

- Sainaithníodh roinnt suíomhanna oiriúnacha, agus aimsíodh suíomh cuí. Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe aighneacht leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun faomhadh a fháil chun bogadh ar aghaidh go dtí an chéim deartha agus ceapadh Foireann Dearaidh. Tá an próiseas chun stáisiún dóiteáin nua a sheachadadh i mBaile Locha Riach faoi lánseol agus na comhairleoirí deartha ceaptha agus iarratas Pleanála Chuid 8 curtha isteach. Rinne duine den phobal achomharc ar an iarratas pleanála faoi Chuid 8 chuig APB. Rinneadh measúnú ar an agóid sin agus rialaigh ABP nach raibh aon chúis agóide ann. Tá an tIarratas Pleanála faoi Chuid 8 tar éis a bheith curtha isteach arís.

## STÁISIÚN DÓITEÁIN BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

- Seoladh measúnú caipitil leasaithe chuig an Roinn i mí na Samhna 2019 maidir le hathchóiriú Stáisiún Dóiteáin Bhéal Átha na Sluaighe ina láthair reatha. Nuair a gheofar faomhadh i bprionsabal don tionscadal, leanfar ar aghaidh chuig an gcéim deartha agus ceapfar Foireann Dearaidh.

## STÁISIÚN DÓITEÁIN CHATHAIR NA GAILLIMHE AGUS AN CHEANNCHEATHRÚ

- Tá obair ar siúl ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le suíomh cuí a aithint agus a fháil. Tá sé tugtha le fios ón Roinn go gcuirfear cistí ar fáil nuair a bheidh suíomh faighte.
- I bhfianaise scála an tionscadail seo agus costas measta idir €7-9 milliún (ag brath ar an tsamhail seachadta seirbhíse a roghnófar sa todhchaí (de réir thuarascáil GFRS a ullmhaíodh in 2017) tá sé ríthábhachtach go gcuirfí breithmheas caipitil faoi bhráid na Roinne lena chur san áireamh sa Chlár Caipitil Náisiúnta nua a luaithe agus is féidir. Tá an dá Chomhairle ar an eolas faoin bpráinn a bhaineann leis an tionscadal seo.

## CEARDLANN MEICNEORA BRIOGÁIDE

- Coinníonn GFRS cabhlach de thart ar seasca (60) feithicil. Níl aon Cheardlann Meicneora Briogáide tiomnaithe ann faoi láthair, rud atá riachtanach faoi Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na Comhairle. In 2022, seoladh measúnú caipitil chuig DHLGH chun ceardlann tiomnaithe nua a thógáil ar an suíomh céanna leis an Stáisiún Nua Dóiteáin i mBaile Átha an Rí. Fuarthas faomhadh i bprionsabal agus tá GFRS ag dul ar aghaidh leis an bpróiseas chun an tionscadal a chur chun cinn.

### EILE - CAIPITEAL DO THIONSCADAIL BHEAGA

- Aláraim deataigh a sholáthar do 2023, mar chuid den Scéim Náisiúnta Aláraim Deataigh Pobail mar a bhí sna blianta roimhe seo. Tá aighneacht curtha faoi bhráid DHPLG chun 650 aláram deataigh (lena n-áirítear aláraim dóibh siúd a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu) a sholáthar in 2024 agus chun leanúint ar aghaidh leis an dáileadh aláram do theaghlaigh leochaileacha faoin Scéim Aláraim Deataigh Chontae agus Chathair na Gaillimhe in 2024, agus fócas ar leith á leagan ar na hoileáin amach ón gcósta.
- Leanfar ar aghaidh le hathsholáthar trealaimh leanúnach in 2024. Rinneadh trealamh Gaireas Análaithe a bhí as feidhm a athsholáthar ar chostas thart ar €100k in 2020. Cuireadh cás faoi bhráid na Roinne chun an costas seo a fhorchúiteamh agus d'éirigh leis.

- Tá buiséad caipitil náisiúnta an-teoranta ann le haghaidh fearais/trealamh na Seirbhíse Dóiteáin. Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe roinnt iarratas faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil ar mhaoiniú caipitil/cúnamh deontais le haghaidh trealaimh in 2023 agus tá faomhadh faighte chun roinnt earraí beaga agus móra a sholáthar. Chomh maith le forchuíteamh chostas an fhearais dóiteáin nua GFRS in 2023, tá GFRS tar éis thart ar €400k a fhorchúiteamh ó NDFEM i maoiniú cúnaimh deontais.

## AN ROINN COMHSHAOIL

### LÁITHREÁN CONLÁISTE CATHARTHA AN GHOIRT

Cuirfear meastóireacht tairisceana i gcrích i mí na Samhna 2023. Meastar go mbeidh an costas iomlán chun an tionscadal a chur i gcrích (oibreacha tógála, costais cheangail agus táillí comhairleoireachta) thart ar €585K.

### LÍONADH TALÚN CHILL CHONAILL - ÉICEAPHÁIRC ATÁ BEARTAITHE

Tá comhairleoir deartha ceaptha againn ar chostas €108,370 lena n-áirítear VAT. Tá €50,000 den mhaoiniú seo ceadaithe faoin Scéim ORIS agus tá tacaíocht iarrtha againn ón Roinn (DECC). Beidh ranníocaíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar luach thart ar €59,000.

### AN POLL BUÍ

Ceapadh comhairleoir tírdhreacha chun Réamhthuarascáil a chur le chéile d'fhorbairt na Páirc Conláiste. Is ionann costais na seirbhíse seo agus €38k, a bheidh le híoc i R1 2024. Má théann GCC ar aghaidh leis an tionscadal a thuilleadh, táthar ag súil go mbeidh costas thart ar an luach céanna ag baint le haighneacht pleanála a ullmhú.

## REILIGÍ

Is iad seo a leanas na réamh-mheastacháin ar chaiteachas caipitiúil ar Reiligí in 2024:

| | | |
|---|---|---|
| **Tógáil ar siúl:** | Baile Conaola | €145,000 |
| **Ag Cuid 8:** | Cill Bheanáin | €40,000 |
| **Suíomh Aitheanta:** | Cill Chon Iarainn | €40,000 |
| | Forbairtí Plota Síothal | €25,000 |
| | | €250,000 |

I measc na n-áiteanna nach bhfuil aon suíomh aitheanta iontu go fóill agus a bhfuil acmhainn adhlactha teoranta iontu tá, Leitir Móir, Indreabhán, Baile Chláir agus Eanach Dhúin. I measc na gcostas sna cásanna seo beidh iarratas pleanála, fáil láithreáin agus obair ar conradh. Ba é an toradh is fearr ná go rachfaí ar aghaidh leis na hiarratais phleanála do na láithreacha seo in 2024. Sa chás sin, bheadh buiséad €50K ag teastáil ina leith.

Tá buiséad €25K á lorg chomh maith le líníochtaí pleanála a sholáthar do shíneadh le reilig Rinn Mhaoile. Tá FSS tar éis tailte GCC a fhaomhadh mar thailte atá oiriúnach don fhorbairt.

## ÁINEAS AGUS CONLÁISTÍ

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag tacú le hinfheistíocht in áiseanna áineasa agus conláiste sa Chontae ag giaráil maoiniú deontais nuair a bhíonn sé ar fáil, chun tacú le huasghrádú clóis súgartha atá ann cheana féin, le forbairt áiseanna nua lena n-áirítear bealaí siúil agus taitneamhachtaí, agus Straitéis Forbartha Áineasa agus Conláiste a ullmhú do Chontae na Gaillimhe

## SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, BAINISTÍOCHT SAORÁIDÍ AGUS INFHEISTÍOCHTAÍ ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH

Chuir an Rannóg Áiseanna, i gcomhar leis an bhfoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide, isteach trí chlár Treo-Aimsitheoir Fuinnimh na nÚdarás Áitiúil d'fhonn maoiniú a fháil chun tabhairt faoi oibreacha riachtanacha feabhsúcháin fuinnimh ar cheithre fhoirgneamh de chuid na Comhairle. Áirítear leis na foirgnimh seo Áras an Chontae, Oifig MD Bhéal Átha na Sluaighe, MD Thuama agus Leabharlann agus Leabharlann an Taoibh Thiar. Tá measúnuithe leanúnacha ar siúl sna foirgnimh, lena n-áirítear tástálacha tréscaoilteachta aeir agus suirbhéanna aispeiste mar chuid den phróiseas deartha. Tá sé i gceist oibreacha a dhéanamh ar na ceithre fhoirgneamh seo chun dícharbónú a dhéanamh ar an bhfuinneamh a úsáidtear ó lá go lá. Beidh

infheistíocht chaipitil ag teastáil don chlár seo, má éiríonn leis. Údar imní is ea fabraic síondíonach an dín i Halla an Chontae, áfach, agus tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh chun an fhabraic a dheisiú. Beidh infheistíocht chaipitil ag teastáil chun an fhabraic dín seo a athsholáthar go luath.

Is ábhar imní i gcónaí iad na hoibreacha Sláinte agus Sábháilteachta ar an mballa teorann atá ann cheana féin ag Bóthar na mBan. Beidh aird agus infheistíocht ag teastáil chuige seo.

Chuir an rannóg Áiseanna iarratais isteach ar mhaoiniú tríd an gClár Ciste um Aistriú Cóir chun áiseanna Muirir EV a fhorbairt ag suíomh Ionad Fóillíochta Bhéal Átha na Sluaighe agus ag suíomh Ionad Léirmhínitheach Eachroma. Rinne rannóg na n-áiseanna na critéir tosaigh maidir le leibhéal iontrála don dá shuíomh seo a fhíorú agus tá na hiarratais cláraithe. Má éiríonn leis na hiarratais seo ar mhaoiniú, beidh gá le dearadh breise d'fhonn áiseanna Luchtaithe EV poiblí a fhorbairt i MD Bhéal Átha na Sluaighe.

Teastaíonn infheistíocht chaipitiúil freisin ar fud phunann foirgneamh na Comhairle Contae, lena n-áirítear oifigí réigiúnacha agus an líonra leabharlainne araon chun na sócmhainní seo a choinneáil agus chun punann réadmhaoine níos tíosaí ar fhuinneamh a chinntiú de réir an Phlean reatha Gníomhaithe ar son na hAeráide.

Le linn thréimhse an Chláir Chaipitil 3 bliana seo 2024-2026, tá sé beartaithe roinnt tionscadal eile a chur chun cinn faoi réir mhaoiniú na Roinne, ach d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le roinnt oibreacha a theastaíonn chun críocha Sláinte & Sábháilteachta agus/nó caomhnaithe riachtanacha a dhéanamh le maoiniú ón gcuntas caipitil.

## CÓIRÍOCHT OIFIGE NA COMHAIRLE

Tá tús curtha le hathbhreithniú ar chóiríocht oifige uile na Comhairle. Ullmhófar cás gnó do riachtanais chóiríochta oifige na Comhairle amach anseo in 2024 ina n-aithneofar riachtanais agus roghanna cóiríochta amach anseo agus na costais a bheidh i gceist.

## LEABHARLANNA

Ós rud é go gcuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe an tseirbhís leabharlainne chomhroinnte ar fáil do Chathair agus do Chontae na Gaillimhe, tá tús curtha ag an gComhairle le hathbhreithniú iomlán ar riachtanais chóiríochta leabharlainne ar fud an Chontae agus na Cathrach agus tá iarratas ar mhaoiniú curtha faoi bhráid na roinne. Cuirfidh toradh an iarratais seo bonn eolais faoi chaiteachas cóiríochta na leabharlainne as seo go ceann 3 bliana.